Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge mar Chéad Teanga sa Dátheangachas Dealaitheach

Ciarán Lenoach

Stiúrthóirí

An Dr Stanislava Antonijević-Elliott

An Roinn Teiripe Urlabhra agus Teanga

Scoil na nEolaíochtaí Sláinte

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An Dr Conchúr Ó Giollagáin

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Bealtaine 2014

CLÁR ÁBHAR

ACHOIMRE i

DEARBHÚ ii

BUÍOCHAS iii

RÉAMHRÁ 1

Aidhm 1

An Comhthéacs Léinn (Stairiúil agus Comhaimseartha) 2

Stairiúil 2

Comhaimseartha 3

Gaeilge Neamhiomlán agus Gaeilge Laghdaithe 5

Leas 7

An Scoil 7

An Teaghlach 7

Achoimre ar na Ceisteanna Taighde 8

1. AN LÉIRMHEAS LITRÍOCHTA 9

1.1 Réamhrá 9

1.2 Féiniúlacht Aonair / Shóisialta agus Cumas Teanga: Fite Fuaite 11

1.3 Éifeacht Fhéiniúlacht na Mórtheanga ar an Mionteanga 19

1.4 Sealbhú Neamhiomlán agus Aois 21

1.5 An Dátheangachas (Dealaitheach) ag Aois Óg 25

1.6 Cumas Teanga Ginearálta le hais Cumas Teanga ar Leith 30

1.7 T2 Ag Tiontú Ina T1 31

1.8 Minicíocht, Ionchur agus Aschur 31

1.9 Litearthacht agus Cumas Teanga Ginearálta 35

1.10 An Tearmann agus Laghdú Teanga 40

1.11 Fabht Léinn 45

1.12 Conclúid 50
2. AN MHODHEOLAÍOCHT 52
2.1. Réamhrá 52
2.2. Na Faisnéiseoirí 52
2.2.1 Na Príomhfhaisnéiseoirí 52
2.2.2 Na Tuismitheoirí 54
2.3. Obair Pháirce Phíolótach 55
2.3.1. Aoisghrúpa 4 56
2.3.2 Aoisghrúpaí 8 agus 12 57
2.3.3 Aoisghrúpa 16 58
2.4. An Phríomhobair Pháirce 59
2.4.1 Sa scoil 59
2.4.2 Sa bhaile 60
2.5. Próiseáil na Faisnéise 62
2.6. Idirchódú Neamhspleách 63
2.7. Raon agus Teorainneacha 64
3. NA hATHRÓGA 66
3.1 Réamhrá 66
3.1.1 Neamhspleách 66
3.1.2 Spleách 66
3.1.3 Na Ceisteanna Taighde 67
3.2 Foclóir Gaeilge agus Béarla 69
3.2.1 Modheolaíocht 69
3.2.2 Na Léaráidí a léiríonn acmhainn ar fhoclóir sa T1 agus sa T2 70
3.2.3 Foclóir Iomlán: Suntasacht agus fachtóirí ar leith 90
3.2.4.Foclóir Iomlán 94

3.3 Deilbhíocht Gaeilge 95
3.3.1 Modheolaíocht 95
3.3.2. Aidiachtaí Comparáideacha 95
3.3.3 Aidiachtaí Comparáideacha: Suntasacht agus fachtóirí ar leith 98
3.3.4 Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt 99
3.3.5 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal 103
3.3.6 An Forainm Sealbhach mo + Séimhiú 108
3.4 Briathra 110
3.4.1 Modheolaíocht 110
3.4.2 Leicséim Bhriathartha Béarla + -áil / -ál- 110
3.4.3 Briathra Neamhthraidisiúnta eile 114
3.5 An Phragmataic 116
3.5.1 Modheolaíocht 116
3.5.2 Marcóirí Dioscúrsa / Intriachtaí 117
3.5.3 Marcóirí Dioscúrsa / Intriachtaí Gaeilge agus Béarla sa Ghaeilge: Gach Aoisghrúpa 124
3.5.4 Yeah agus no sa Ghaeilge 126
3.6 Freagra Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach 129
3.6.1 Modheolaíocht 129
3.6.2 Na Léaráidí a léiríonn acmhainn ar fhreagraí traidisiúnta 130
3.7 Códmheascadh 134
3.7.1 Modheolaíocht 134
3.7.2 Na Léaráidí a léiríonn forleithne an chódmheasctha 137
3.8 Achoimre 146
4. AN TUAIRISC 147
4.1 Réamhrá 147

4.2 Aoisghrúpa 4 147
4.2.1 Foclóir 147
4.2.2 Deilbhíocht 155
4.2.3 Briathra 157
4.2.4 An Phragmataic 158
4.2.5 Freagraí agus Dearbhú Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach 160
4.2.6 Códmheascadh 162
4.2.7 Comhthéacs Sochtheangeolaíochta 166
4.3. Aoisghrúpa 8 170
4.3.1 Foclóir 170
4.3.2 Deilbhíocht 176
4.3.3 Briathra 182
4.3.4 An Phragmataic 187
4.3.5 Freagraí agus Dearbhú Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach 189
4.3.6 Códmheascadh 190
4.3.7. Comhthéacs Sochtheangeolaíochta 193
4.4. Aoisghrúpa 12 197
4.4.1 Foclóir 197
4.4.2 Deilbhíocht 203
4.4.3 Briathra 207
4.4.4 An Phragmataic 209
4.4.5 Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach 213
4.4.6 Códmheascadh 214
4.4.7 Comhthéacs Sochtheangeolaíochta 216
4.5 Aoisghrúpa 16 219
4.5.1 Foclóir 219

4.5.2 Deilbhíocht 225
4.5.3 Briathra 228
4.5.4 An Phragmataic 229
4.5.5 Códmheascadh 230
4.5.6 Comhthéacs Sochtheangeolaíochta 231
4.6. Conclúid 235
5. ACHOIMRÍ AGUS TÁTAL 236
5.1 Achoimrí 236
5.1.1 Achoimre ar Ábhar na gCaibidlí 236
5.1.2 Achoimre ar na Ceisteanna Taighde agus an Tátal 236
5.2. Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge: Tátal Sochtheangeolaíochta 239
5.2.1 Aoisghrúpa 4 240
5.2.2 Aoisghrúpa 8 241
5.2.3 Aoisghrúpa 12 242
5.2.4 Aoisghrúpa 16 243
5.3 Achoimre ar Léargais Nua a eascraíonn ón Taighde 243
5.4. Clabhsúr 245
TAGAIRTÍ 247
AGUISÍN 1: Cód na bhFaisnéiseóirí 255
AGUISÍN 2.1: Litir chuig stiúrthóir naíonra 256
AGUISÍN 2.2: Litir chuig príomhoidí bunscoile 258
AGUISÍN 2.3: Litir chuig príomhoide meánscoile (1) 260
AGUISÍN 2.4: Litir chuig príomhoide meánscoile (2) 262
AGUISÍN 2.5: Litir chuig tuismitheoirí 264
AGUISÍN 2.6: Eolas do thuismitheoirí 265
AGUISÍN 2.7: Eolas do na gasúir is óige (dhá ghrúpa) 269

AGUISÍN 2.8: Eolas don tríú dream is óige 272

AGUISÍN 2.9: Eolas do na déagóirí 274

AGUISÍN 2.10: Foirm cheada na dtuismitheoirí..... 278

AGUISÍN 2.11: Foirm cheada na ndéagóirí..... 280

AGUISÍN 2.12: Foirm cheada príomhoide, stiúrthóir 281

AGUISÍN 3.1: An Prótacal Taighde (pictiúir) 282

AGUISÍN 3.2: An Prótacal Taighde (déagóirí amháin) 283

AGUISÍN 4.1: Páistí agus Tuismitheoirí sa bhaile..... 284

AGUISÍN 4.2: AN CORP 285

AGUISÍN 4.3: DIALANN 286

AGUISÍN 5: 287

TRASCRÍOBH..... 288

RÉAMHRÁ 288

NODA CLÓ..... 289

Bb8 (Ar scoil) 290

Bb8 (Sa bhaile) 306

Bd8..... 329

Be8 332

Bf12..... 334

Bf12..... 336

Fa16..... 339

Fd16 342

Bc16 344

GRAIF

Graf 3.1 Líon Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla de réir faisnéiseora, in ord aoise agus gnéis 70

Graf 3.2 % Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe 71

Graf 3.3 Líon Foclóir Coirp Gaeilge agus Béarla de réir faisnéiseora, in ord aoise agus gnéis 73

Graf 3.4 % Foclóir Coirp Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe 73

Graf 3.5 % Foclóir Coirp de réir aoisghrúpa 75

Graf 3.6 % Foclóir Coirp de réir gnéis 77

Graf 3.7 % Foclóir Coirp de réir an tsóisialaithe Ghaeilge 77

Graf 3.8 % Foclóir Coirp de réir an tsóisialaithe Bhéarla 78

Graf 3.9 % Foclóir Coirp de réir na teilifíse Gaeilge 79

Graf 3.10 % Foclóir Coirp de réir na teilifíse Béarla 79

Graf 3.11 % Foclóir Coirp de réir mheánchumas Gaeilge a muintire 80

Graf 3.12 % Foclóir Coirp de réir scoile 81

Graf 3.13 % Foclóir Iomlán de réir scoile 81

Graf 3.14 % Foclóir Gruaige Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe 84

Graf 3.15 % Foclóir Ainmhithe Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe ... 85

Graf 3.16 % Foclóir Ainmhithe Gaeilge agus Béarla de réir aoisghrúpa 86

Graf 3.17 % Foclóir Fuaimeanna Coirp Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe 86

Graf 3.18 Foclóir Fuaimeanna Coirp aoisghrúpa 8 agus gnéas 87

Graf 3.19 % Foclóir Aimsire Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe 88

Graf 3.20 % Foclóir Mothúcháin Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe . 89

Graf 3.21 % Foclóir Mothúcháin Gaeilge agus Béarla de réir aoisghrúpa 90

Graf 3.22 Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla in aoisghrúpaí 8 agus 12 (meán) 91

Graf 3.23 Comhghaolúchán idir aois i míonna agus méid an fhoclóra Gaeilge 92

Graf 3.24 Comhghaolúchán idir aois i míonna agus méid an fhoclóra Béarla 93

Graf 3.25 % Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla de réir aoisghrúpa 94

Graf 3.26 % Aidiachtaí Comparáideacha de réir treochta sealbhaithe 96

Graf 3.27 % Aidiachtaí Comparáideacha de réir an tsóisialaithe Gaeilge 96

Graf 3.28 % Aidiachtaí Comparáideacha de réir an tsóisialaithe Béarla 97

Graf 3.29 % Aidiachtaí Comparáideacha de réir na teilifíse Gaeilge 97

Graf 3.30 % Aidiachtaí Comparáideacha de réir na teilifíse Béarla 98

Graf 3.31 Comhghaolúchán idir méid an fhoclóra Gaeilge agus táirgeadh aidiachtaí comparáideacha 99

Graf 3.32 % Claochluithe Tosaigh ann de réir treochta sealbhaithe 100

Graf 3.33 % Claochluithe Tosaigh ann de réir aoisghrúpa 100

Graf 3.34 % Claochluithe Tosaigh ann de réir an tsóisialaithe Ghaeilge 101

Graf 3.35 % Claochluithe Tosaigh ann de réir an tsóisialaithe Bhéarla 101

Graf 3.36 % Claochluithe Tosaigh ann de réir scoile (meán) 102

Graf 3.37 % Alt + Séimhiú Ainmfhocal Baininscneach ann de réir treochta sealbhaithe 103

Graf 3.38 % *mo* + Séimhiú ann de réir treochta sealbhaithe 109

Graf 3.39 % *mo* + Séimhiú ann de réir aoisghrúpa 110

Graf 3.40 Líon Leicséimí Béarla Fréamh Bhriathartha de réir faisnéiseora, aoise agus gnéis 110

Graf 3.41 Leicséim Bhéarla Fréamh Bhriathartha de réir scoile (meán) 111

Graf 3.42 Leicséim Bhéarla Mheánach Fréamh Bhriathartha de réir aoisghrúpa ... 112

Graf 3.43 Leicséim Bhéarla Mheánach Fréamh Bhriathartha de réir an tsóisialaithe Ghaeilge 112

Graf 3.44 Leicséim Bhéarla Mheánach Fréamh Bhriathartha de réir an tsóisialaithe Bhéarla 113

Graf 3.45 Leicséim Bhéarla Mheánach Fréamh Bhriathartha de réir na teilifíse Gaeilge 113

Graf 3.46 Leicséim Bhéarla Mheánach Fréamh Bhriathartha de réir na teilifíse Béarla 114

Graf 3.47 Líon Briathra Neamhthraidisiúnta de réir faisnéiseora, aoise agus gnéis 114

Graf 3.48 Briathra Neamhthraidisiúnta de réir aoisghrúpa 115

Graf 3.49 Briathra Neamhthraidisiúnta de réir an tsóisialaithe Ghaeilge 115

Graf 3.50 Briathra Neamhthraidisiúnta de réir an tsóisialaithe Bhéarla 116

Graf 3.51 Briathra Neamhthraidisiúnta de réir scoile (meán) 116

Graf 3.52 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir faisnéiseora, aoise agus gnéis 117

Graf 3.53 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir aoisghrúpa 119

Graf 3.54 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir scoile (meán) 120

Graf 3.55 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir gnéis 121

Graf 3.56 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir an tsóisialaithe Ghaeilge 121

Graf 3.57 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir an tsóisialaithe Bhéarla 122

Graf 3.58 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir na teilifíse Gaeilge 122

Graf 3.59 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir na teilifíse Béarla 123

Graf 3.60 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir mheánchumas Gaeilge a muintire 123

Graf 3.61 Líon yeah agus no sa Ghaeilge 126

Graf 3.62 Líon meánach yeah agus no sa Ghaeilge de réir aoisghrúpa 127

Graf 3.63 Meán yeah agus no sa Ghaeilge de réir an tsóisialaithe Ghaeilge 127

Graf 3.64 Meán yeah agus no sa Ghaeilge de réir an tsóisialaithe Bhéarla 128

Graf 3.65 Meán yeah agus no sa Ghaeilge de réir na teilifíse Gaeilge 128

Graf 3.66 Meán yeah agus no sa Ghaeilge de réir na teilifíse Béarla 129

Graf 3.67 Meán yeah agus no sa Ghaeilge de réir gnéis 129

Graf 3.68 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach 130

Graf 3.69 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach de réir aoisghrúpa . 132

Graf 3.70 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach de réir an tsóisialaithe Ghaeilge 133

Graf 3.71 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach de réir an tsóisialaithe Bhéarla 133

Graf 3.72 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach de réir na teilifíse Gaeilge 134

Graf 3.73 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach de réir na teilifíse Béarla 134

Graf 3.74 Líon Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir treochta sealbhaithe 139

Graf 3.75 Líon Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar aoisghrúpa 4..... 139

Graf 3.76 Líon Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar aoisghrúpa 8..... 140

Graf 3.77 Líon Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar aoisghrúpa 12..... 141

Graf 3.78 Líon Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar aoisghrúpa 16..... 142

Graf 3.79 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir aoisghrúpa .. 142

Graf 3.80 % Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir aoisghrúpa..... 143

Graf 3.81 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir scoile (meán) 143

Graf 3.82 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir gnéis 144

Graf 3.83 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir an tsóisialaithe Ghaeilge 144

Graf 3.84 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir an tsóisialaithe Béarla 145

Graf 3.85 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir na teilfíse Gaeilge 145

Graf 3.86 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthair de réir na teilífíse Béarla 146

TÁBLAÍ

Tábla 1.1 Tábla Hipitéise 39

Tábla 2.1 Achoimre ar an bPríomhobair Pháirce 62

Tábla 3.1 Aoisghrúpa 8 74

Tábla 3.2 Aoisghrúpa 12 75

Tábla 3.3 Aoisghrúpa 16 75

Tábla 3.4 Líon na bpáistí i Scoileanna 1–12 82

Tábla 3.5 % Foclóir Coirp agus Foclóir Iomlán i Scoileanna 9–10 82

Tábla 3.6 Foclóir Coirp agus Foclóir Iomlán i Scoileanna 11–12 83

Tábla 3.7 Alt + Séimhiú Ainmfhocal Baininscneach 104

Tábla 3.8 Aidiacht Bhaininscneach Séimhiú 105

Tábla 3.9 Alt + *t*- Ainmfhocal Firinscneach 107

Tábla 3.10 Líon agus % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge 117

Tábla 3.11 Marcóirí Dioscúrsa Béarla is coitianta i gcomhrá Gaeilge 124

Tábla 3.12 Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach 130

Tábla 3.13 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar 137

Tábla 4.1 Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla 148

Tábla 4.2 Níos mó Gaeilge ná Béarla = 18 focal 153

Tábla 4.3 Níos mó Béarla ná Gaeilge =11 focal 153

Tábla 4.4 Gaeilge agus Béarla Cothrom = 23 focal 154

Tábla 4.5 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal 156

Tábla 4.6 Samplaí de Yeah sa Ghaeilge 159

Tábla 4.7 Samplaí de No sa Ghaeilge 160

Tábla 4.8 Samplaí de Fhreagraí agus Dhearbhú Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach 161

Tábla 4.9 Samplaí de Fhreagraí agus Dhiúltú Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach 161

Tábla 4.10 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthair Ba4..... 163

Tábla 4.11 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthair Fa4 165

Tábla 4.12 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthair Bb4 165

Tábla 4.13 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthair Bc4..... 166

Tábla 4.14 Foclóir Iomlán Gaeilge 170

Tábla 4.15 Foclóir Iomlán Béarla 172

Tábla 4.16 Aidiachtaí Comparáideacha 177

Tábla 4.17 Claochluithe Tosaigh agus Easpa Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt 179

Tábla 4.18 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal 180

Tábla 4.19 Easpa Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal 180

Tábla 4.20 Leicséim Bhriathartha Bhéarla (Gluaisne) + *-áil* / *-ál-* 183

Tábla 4.21 Leicséim Bhriathartha Bhéarla + *-áil* / *-ál-* de réir cainteora..... 184

Tábla 4.22 Yeah sa Ghaeilge..... 188

Tábla 4.23 No sa Ghaeilge 189

Tábla 4.24 Samplaí de Fhreagraí, Dhearbhú agus Dhiúltú Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach..... 189

Tábla 4.25 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar..... 191

Tábla 4.26 Foclóir Iomlán Gaeilge 197

Tábla 4.27 Foclóir Iomlán Béarla 199

Tábla 4.28 Aidiachtaí Comparáideacha 203

Tábla 4.29 Claochluithe Tosaigh agus Easpa Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt 204

Tábla 4.30 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal 205

Tábla 4.31 Easpa Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal 206

Tábla 4.32 Leicséim Bhriathartha Bhéarla (Gluaisne) + *-áil* / *-ál-* 207

Tábla 4.33 Leicséim Bhriathartha Bhéarla + *-áil* / *-ál-* de réir cainteora..... 208

Tábla 4.34 Yeah sa Ghaeilge..... 211

Tábla 4.35 No sa Ghaeilge 212

Tábla 4.36 Samplaí de Fhreagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach (Dearfach agus Diúltach)..... 213

Tábla 4.37 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar..... 215

Tábla 4.38 Foclóir Iomlán Gaeilge 219

Tábla 4.39 Foclóir Iomlán Béarla 221

Tábla 4.40 Aidiachtaí Comparáideacha 225

Tábla 4.41 Claochluithe Tosaigh agus Easpa Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt 226

Tábla 4.42 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal 226

Tábla 4.43 Easpa Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal 227

Tábla 4.44 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar..... 230

Tábla 5.1 Sealbhú Hipitéiseach i gCróineolaíocht na Teanga is Láidre 240

Tábla 5.2 Siondróm an tSealbhaithe Neamhiomláin (T1 Gaeilge)..... 245

NODA

COGG	An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
IA	*The Irish of Iorras Aithneach, County Galway* (Ó Curnáin 2007)
ICD	*Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach Cainteoirí Óga Dúchais Gaeilge sa Ghaeltacht*: *An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta* (Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan 2014)
SCT	*Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin, Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha agus O'Brien 2007)
T1	Teanga 1 (an chéad teanga a shealbhaíonn cainteoir de réir ord an tsealbhaithe)
T2	Teanga 2 (dara teanga an chainteora de réir ord an tsealbhaithe**)**

ACHOIMRE

Anailís atá sa taighde seo ar fhaisnéis a taifeadadh ó dhátheangaithe óga i gceithre aoisghrúpa sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Léiríonn an staidreamh, na samplaí teangeolaíochta agus an anailís sochtheangeolaíochta go n-imríonn sealbhú an Bhéarla mar dhara teanga (T2) tionchar dealaitheach ar shealbhú na Gaeilge mar chéad teanga (T1) i measc chainteoirí óga na Gaeltachta. Is sealbhú neamhiomlán a dhéanann daoine óga ar an nGaeilge mar chéad teanga ach sealbhú iomlán ar an mBéarla mar dhara teanga. De réir mar a théann na cainteoirí in aois, is forás mall a thagann ar shealbhú na Gaeilge agus forás bisiúil tréan ar shealbhú an Bhéarla. Is sna blianta idir aois 4 agus aois 8 is mó atá an chodarsnacht idir shealbhú an dá theanga le sonrú sa taighde seo. Is ag aois 8, thar aon aois eile, atá an acmhainn is ísle ar an nGaeilge i gcomparáid leis an mBéarla, de réir na faisnéise. Cé gur sealbhú neamhiomlán a dhéantar ar an nGaeilge, is teanga mhaitríse ag na faisnéiseoirí i gcónaí í. Leis na bearnaí sa Ghaeilge a líonadh, tarraingíonn na cainteoirí ar fad i ngach aoisghrúpa ar struchtúir Bhéarla. Tá an fhorbairt léacsach ar cheann de phríomhshlata tomhais an taighde agus léiritear ann go gcúitítear easnaimh san fhoclóir bunúsach Gaeilge le focail Bhéarla. Léirítear impleacht an easnaimh sin sa chomhghaolúchán suaithinseach idir sealbhú foclóra Gaeilge agus cumas gramadaí sa Ghaeilge. Léirítear sa taighde freisin go bhfuil an phragmataic Ghaeilge agus an Ghaeilge Thraidisiúnta nach mór mífheidhmiúil go sóisialta i bhfianaise an chódmheasctha aontreoch a bheith fite go dlúth i dteanga mhaitríse na Gaeilge. I bhfianaise fhorfheidhmiúlacht shóisialta an Bhéarla sa saol sár-iarnua-aoiseach, ní léir go bhfuil sé d’acmhainn shocheolaíoch ag an bpobal Gaeilge sa Ghaeltacht cur in aghaidh imtharraingt na mórtheanga agus shealbhú neamhiomlán na Gaeilge.

DEARBHÚ

Dearbhaím gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atá mé a thíolacadh le haghaidh measúnachta léinn. Dearbhaím nár baineadh aon chuid de as saothar aon duine eile ach amháin sa mhéid atá luaite agus aitheanta sa téacs.

Ciarán Lenoach, Bealtaine 2014

BUÍOCHAS

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo stiúrthóirí, An Dr Stanislava Antonijević-Elliott agus An Dr Conchúr Ó Giollagáin, le mo mhaoinitheoirí, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, leis an Dr Brian Ó Curnáin, le ceann Roinn na Teiripe Urlabhra agus Teanga, An Dr Rena Lyons, lena comhghleacaí, An Dr Mary Pat O'Malley-Keighran, leis an Ollamh Agnes Shiel ó Scoil na nEolaíochtaí Sláinte, le Caitlín Nic an Ultaigh ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus lena comhghleacaí, Colm Ó Méalóid, leis an nGael-Mhaigiarach, Tamás Péterváry, le Mairéad Uí Churnáin agus le príomhoidí na scoileanna Gaeltachta. Tá buíochas ar leith ag dul d'fhaisnéiseoirí an taighde — daoine óga na Gaeltachta agus a muintir a chuir fáilte mhór romham agus a chaith go fial liom. Is i gcuimhne ar m'athair agus mo mháthair a thiomnaím an saothar seo.

SEALBHÚ NEAMHIOMLÁN NA GAEILGE MAR CHÉAD TEANGA SA DÁTHEANGACHAS DEALAITHEACH

RÉAMHRÁ

Aidhm

Is é móraidhm an taighde seo anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar éifeacht an chaidrimh éagothroim idir an Ghaeilge (T1) agus an Béarla (T2) sa Ghaeltacht chomhaimseartha ar chumas Gaeilge an chainteora óig le hais a chumais Bhéarla.[1] Tá sé mar aidhm freisin impleachtaí an dátheangachais sin don Ghaeilge mar theanga aisti féin i measc cainteoirí óga agus mar theanga phobail a mheas, le súil is gur féidir le lucht polasaí dul i ngleic le claonadh an mheatha agus le himtharraingt mhórtheanga an Bhéarla.

Is é hipitéis an tsealbhaithe neamhiomláin go scoitheann cumas Béarla (T2) an dátheangaí óig sa Ghaeltacht a chumas Gaeilge (T1) ag aois óg mar gheall gur sa T2 is feidhmiúla a shóisialaítear é nó í. Sealbhaíonn an cainteoir óg níos mó den T2 níos tréine de réir mar a théann sé in aois agus i mbun idirghníomhaíochta sóisialta ar scoil agus sa chomharsanacht. De bharr na héagothroime idir ionchur, ionghlacadh agus aschur an dá theanga, is sealbhú neamhiomlán ar an T1 agus sealbhú iomlán ar an T2 an toradh teangeolaíochta.

I bhfianaise na hipitéise sin, taifeadadh iliomad athróga teanga, idir Ghaeilge agus Bhéarla, ó dhaoine óga i limistéar Gaeltachta i gceithre aoisghrúpa atá á dtógáil nó a tógadh sa bhaile le Gaeilge amháin ach nach féidir leo ach a bheith dátheangach ó aois an-óg i ndálaí na linne. Limistéar i gCatagóir A, i dtéarmaí *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* 2007 (SCT feasta), atá i gceist ós ann atá feidhm ag an nGaeilge fós mar theanga phobail.[2] Is le go ndéanfaí comparáid agus go léireofaí na héagsúlachtaí idir a gcumas T1 agus a gcumas T2 a taifeadfadh macasamhla Béarla cuid de na hathróga Gaeilge ó na daoine óga agus a anailísítear cuid de na dálaí socheolaíochta ar leith is cúis lena

[1] Cé gur léir gur breac-Ghaeltacht (Lenoach, Ó Giollagáin agus Ó Curnáin 2012) nó iarsma na Gaeltachta (Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan 2014) atá anois ann, baintear leas as an téarma stairiúil 'Gaeltacht' sa taighde seo ós ann fós atá an pobal Gaeilge is mó.

[2] Léiríonn an staidreamh is deireanaí nach bhfuil ach toghroinn amháin i gCatagóir A anois ó thaobh an dreama óig de, i gcomparáid le 24 toghroinn nuair a foilsíodh SCT (Ó Giollagáin agus Charlton 2014) ó thaobh an phobail iomláin de.

n-acmhainní éagsúla ar an dá theanga. Anailísítear na hathróga de réir struchtúr teangeolaíochta, agus de réir aoise, gnéis, cúinsí baile agus gréasáin shóisialta. Cuid de mhórthuairisc agus de mhórléargas stairiúil, mar sin, is ea an tuairisc mhion / léargas mion seo ar an gcuid dheiridh, is cosúil, de chointeanóid an aistrithe teanga ó Ghaeilge go Béarla i stair na hÉireann, treocht réasúnta leanúnach ón 17ú haois i leith.[3]

An Comhthéacs Léinn (Stairiúil agus Comhaimseartha)

Stairiúil

Leagtar amach cuid mhór de chomhthéacs stairiúil theacht chun cinn an léinn i dtaobh mionteangacha sa dátheangachas i Lenoach (2012: 20–25). Go hachomair:

- Go dtí seascaidí na haoise seo caite, ba dhual do chanúineolaithe ar fud an domhain faisnéis a thaifeadadh ó chainteoirí traidisiúnta agus níor tugadh mórán suntais den chaint neamhthraidisiúnta a tháinig chun cinn i mionteangacha i gcúinsí dátheangacha.
- I dtír dhátheangach na hÉireann, teimpléid idéalacha a bhí sna monagraif éagsúla ar na canúintí Gaeilge agus atá iontu i gcónaí, don dream a bheadh ag iarraidh canúint thraidisiúnta ar leith a fhoghlaim, a labhairt, a chraobhscaoileadh nó a athbheochan.
- Ba chuid de dhearbhú féiniúlachta náisiúnta — arbh í an Ghaeilge an phríomhshiombail — agus d'iarrachtaí pleanála corpais an stáit nua iad na monagraif agus an t-iniúchadh ar na canúintí Gaeilge.
- Nuair a fuair an t-iarnua-aoiseachas an lámh in uachtar ar an saol traidisiúnta san Eoraip, go háirithe ó na seascaidí i leith, d'athraigh nádúr an léinn freisin. Tionscnaíodh staidéir inar tugadh aird ar na dinimicí sóisialta agus teangeolaíochta leanúnacha sa tsochaí arbh í an teanga neamhthraidisiúnta a dtoradh go minic (féach Trudgill 1983: 37).
- Ainneoin an fhoráis a tháinig ar an tsochtheangeolaíocht go hidirnaisiúnta, leanadh de mhúnla léinn na fileolaíochta agus d'anailís théacsúil na

[3] Den chuid is mó, aistriú giorraisc idir na glúine ó Ghaeilge go Béarla a bhí i gceist go stairiúil (aistriú déghlúineach agus tríghlúineach; féach Ó Riagáin 1997) seachas an creimeadh idirghlúineach de réir a chéile i gcúinsí comhaimseartha atá faoi chaibidil sa taighde seo (féach Ó Riagáin 1997).

nualitríochta i bhformhór na ranna Gaeilge / Ceiltise sna forais ardléinn in Éirinn agus thar lear.

- Mar gheall ar an easpa struchtúir léinn chuí in Éirinn maidir le hiniúchadh an dátheangachais éagothroim, go minic sa dioscúrsa acadúil ní dhearnadh anailís idirdhealaitheach ar na cineálacha athruithe éagsúla a thagann ar mhionteangacha le hais mórtheangacha. Fágadh scoláirí óga gan an oiliúint dhóthaineach sa dátheangachas éagothrom dá bharr sin.

Comhaimseartha

Mar sin, is go réasúnta deireanach a tionscnaíodh léann na sochtheangeolaíochta in Éirinn ó thaobh na Gaeilge de. Dhá shaothar fhíorthábhachtacha maidir le bunús sóisialta an aistrithe teanga in Éirinn is ea *The Death of the Irish Language* (Hindley 1990) agus *Language Policy and Social Reproduction, Ireland 1893–1993* (Ó Riagáin 1997). Cé nach bpléann Ó Riagáin teacht chun cinn na Gaeilge Neamhthraidisiúnta, leagann sé amach go cuimsitheach na cúinsí inar cothaíodh í, go háirithe ó sheascaidí na haoise seo caite i leith (1997: 141 mar shampla). Idir foilsiú Hindley agus Uí Riagáin, dearbhaítear in alt ceannródaíoch Krauss (1992) go bhfuil 90% de theangacha labhartha an domhain i mbaol. Cuireann Ó Giollagáin (2002 agus 2005) le staidéar Uí Riagáin trí chúinsí trioblóideacha athghiniúint teanga i ndá phobal Ghaeltachta (Ros Muc agus Ráth Cairn faoi seach) a scrúdú go mion, cé nach bpléann sé creimeadh struchtúr na teanga.

Ba ar fhoilsiú SCT i 2007 a tarraingíodh aird níos forleithne ar mheath foircneach labhairt na Gaeilge agus ar shealbhú neamhiomlán na Gaeilge i dtéarmaí géarchéime sóisialta. Cé gur pléadh cuid de chonclúidí SCT ar ardáin phoiblí ag am a fhoilsithe, ní léir gur glacadh le haon cheann acu go sistéimeach i dtéarmaí polasaí in aon fhoras pobail ná stáit.[4] Sa bhliain chéanna, foilsíodh mórshaothar canúineolaíochta *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway* [IA feasta] (Ó Curnáin 2007), ina bpléitear an sealbhú neamhiomlán i dtéarmaí socheolaíochta agus teangeolaíochta (lgh. 57–66 agus 1912–1928 go háirithe). Bunchlocha acadúla agus intleachtúla a bhí sa dá shaothar sin i bhforbairt dhisciplín na Pleanála Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge idir 2007 agus 2012, a raibh ceist phráinneach shealbhú na

[4] Ach chuir An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta [COGG feasta] maoiniú ar fáil le haghaidh tograí taighde a d'eascair as tátal SCT, an togra seo ina measc.

Gaeilge sa dátheangachas ina cuid lárnach de. Ba chuid den oiliúint a cuireadh ar mhic léinn Aonad na Pleanála Teanga tuiscint idirdhealaitheach ar na cineálacha éagsúla dátheangachais, m.sh. dátheangachas comhuaineach, dátheangachas seicheamhach, dátheangachas breisitheach agus — chomh fada is a bhaineann sé le mionteangacha ar fud an domhain — dátheangachas dealaitheach.[5] I gcaitheamh na mblianta sin freisin, cuireadh leis na tuiscintí ar an gceist ar fhoilsiú 'Mionteangú na Gaeilge' (Ó Curnáin 2009) agus na dtráchtas iarchéime éagsúla a soláthraíodh d'Aonad na Pleanála Teanga agus ar foilsíodh cuid acu in *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas* (Lenoach, Ó Giollagáin agus Ó Curnáin 2012). Ó cuireadh tús leis an taighde seo, foilsíodh *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach*: *An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta* [ICD feasta] (Péterváry *et al*. 2014), saothar teangeolaíochta cuimsitheach eile a mhaoinigh COGG, a dheimhníonn trí chruinneas staidrimh fabht agus míbhuntáiste an dátheangachais i gcás mhionteanga na Gaeilge.

Tá sé i gceist go ndéanfadh an tráchtas seo comhlánú de bheagán ar ICD sa mhéid is go ndeimhníonn a bhfuil ann torthaí staitistiúla ICD trí bhíthin tuilleadh staidrimh agus neart samplaí tuairisciúla. Tá súil go dtarraingeoidh an tuairisc seo aird ar an áit a bhfuil an fabht agus an dúshlán; go dtuigfear go nithiúil cé na tréithe agus na struchtúir theangeolaíochta atá i gceist sa sealbhú neamhiomlán; agus go bhfaighidh lucht oideachais (idir mhúinteoirí, dhearthóirí curaclaim agus siollabais, lucht polasaí ag leibhéal Stáit agus i gcoláistí oiliúna) léargas nithiúil ar an dátheangachas dealaitheach le gur féidir leo polasaithe agus straitéisí praiticiúla a dhréachtú le dul i ngleic leis na dúshláin teanga a shoilsítear sa saothar seo agus mionteanga na Gaeilge a chosaint an oiread agus is féidir ar an sealbhú neamhiomlán agus an dátheangachas dealaitheach.

Go sonrach mar sin, tá sé i gceist go gcuirfeadh an taighde seo leis na tuiscintí is eolaí agus is cruinne sa léann comhaimseartha. Deimhnítear anseo tátal an léinn áitithigh, .i. (i) go bhfuil inmharthanacht phobal teanga na Gaeltachta go mór i mbaol agus ag staid fhoircneach nach mór mar gheall ar an dátheangachas éagothrom agus (ii) go bhfuil laghdú tréan cointeanóideach idirghlúineach ag teacht ar struchtúir na teanga Gaeilge sa chaoi is nach féidir léi ach géilleadh do bhuntáiste an Bhéarla,

[5] Pléitear an dátheangachas sa mhionteangachas go sonrach i gCaibidil 2: An Léirmheas Litríochta.

d'uireasa na hidirghabhála práinní. Cuirtear leis an tátal sin trína thuilleadh fianaise sochtheangeolaíochta comhaimseartha a chur ar fáil.

Léirítear i Lenoach (2012) gurbh iomaí sin míthuiscint agus anailís mhíchruinn neamhidirdhealaitheach i leith na Gaeilge Neamhiomláine. Cé nach bpléitear an cheist anseo, cuireann an taighde seo *de facto* le háithitheacht na hanailíse a rinneadh i Lenoach (2012) ar an dioscúrsa acadúil maidir leis an dátheangachas agus staid reatha na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Gaeilge Neamhiomlán agus Gaeilge Laghdaithe

I dtéarmaí ginearálta, tagann idir fhorás, iontaisiú nó caillteanas nó laghdú[6] ar chumas coibhneasta an dátheangaí óig ina dhá theanga — ar bhonn tuile is trá, ach na cúinsí ar leith a thuiscint. Tríd is tríd, is ag dhá bhun an speictrim shealbhaithe a bhíonn an mhórtheanga (forás tipiciúil ar shealbhú) agus an mhionteanga (forás neamhthipiciúil / iontaisiú / cailleadh / laghdú ar shealbhú). Is ionann forás neamhthipiciúil agus forás rómhall roimh an aois chriticiúil i dtéarmaí Montrul (2008). Mar a mhaítear i hipitéis an tsealbhaithe neamhiomláin (lch. 1), i gcás mhórtheanga an Bhéarla sa Ghaeltacht, forás tipiciúil is mó atá i gceist ós é teanga na feidhmiúlachta sóisialta é. Is lú forás a thagann ar shealbhú mhionteanga na Gaeilge, áfach. Forás neamhthipiciúil / iontaisiú / cailleadh / laghdú — agus cúiteamh struchtúr comhuaineach ó theanga cheannasach an Bhéarla — is mó atá i gceist. I dtaca leis an nGaeilge de, mar sin, is féidir a rá gur dátheangachas dealaitheach atá i bhfeidhm sa Ghaeltacht. Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge a thugtar ar an bpróiseas agus Gaeilge Neamhiomlán a thugtar ar thoradh an fheiniméin i gcodarsnacht le sealbhú iomlán na teanga, mar a bhí sna glúine roimhe seo (Ó Curnáin 2007 agus 2009; Lenoach 2012). I dtéarmaí diacronacha is féidir a rá gur idirtheanga (shealadach) atá sa Ghaeilge Neamhiomlán ar chointeanóid an aistrithe teanga ó Bhéarla go Gaeilge, arb é an fhortheagmháil éagothrom ag an mórtheanga leis an mionteanga a shaintréithíonn a dreach agus a deilbh. B'fho-aidhm sa taighde seo anailís a dhéanamh ar chumas na bhfaisnéiseoirí san idirtheanga sin. Ós daoine óga iad atá ag forbairt go tipiciúil ó thaobh chogneolaíocht teanga de trí chéile, is cosúil

[6] Tugtar 'creimeadh' ar an laghdú freisin (m.sh. Hagège 2009).

go bhfuil cumas tipiciúil acu san idirtheanga. Is é príomhaidhm an taighde seo cumas Gaeilge an aosa óig i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena gcumas Béarla a anailísiú.

Mar sin, ar mhaithe le téarmaíocht oibre a chur ar fáil don tráchtas seo, is féidir cineálacha éagsúla Gaeilge a shonrú, .i. (i) Gaeilge Thraidisiúnta, (ii) Gaeilge Neamhthraidisiúnta, (iii) Gaeilge Neamhiomlán,[7] (iv) Gaeilge Laghdaithe agus (v) Gaeilge Iarthraidisiúnta. I gcás (iii) na Gaeilge Neamhiomláine, ní thagann forás substaintiúil — an forás teanga tipiciúil a mbíonn súil leis — ar chumas T1 Gaeilge an duine óig agus é ag éirí aníos. Cúitítear an t-easnamh Gaeilge le struchtúir an Bhéarla den chuid is mó. I dtéarmaí Dressler (1996: 206), agus é ag trácht ar mhionteangacha: "the recessive languages have become partially dysfunctional, because lack of compensation through structural enrichment, etc. of the recessive language was compensated not by elaboration within the same recessive language but by functional shifts towards the dominant language." Maidir le (iv), an Ghaeilge Laghdaithe, deirimid go bhfuil sí laghdaithe nuair a chuireann cainteoir struchtúir mhórtheanga T2 an Bhéarla ag obair in áit struchtúir mhionteanga T1 na Gaeilge a bhí sealbhaithe aige roimhe sin nó a mbeadh súil go mbeadh sin sealbhaithe le linn an tsealbhaithe iomláin. Is féidir a rá go ngéilleann an mhionteanga don mhórtheanga ina lán diméan agus gréasán i saol an duine óig de réir a chéile agus go dtéann an próiseas sin i gcion ar an teanga a shealbhaíonn sé. Laghdú diméan agus gréasán teanga faoi ndeara teanga laghdaithe (féach Francis 2005: 501–02). Sa tráchtas seo, baintear earraíocht as an téarma 'Gaeilge Laghdaithe' freisin mar aicmiú mórthuairisiciúil ar an laghdú struchtúr atá tagtha ar Ghaeilge an phobail trí chéile sa mhéid is gur laghdú ar an nGaeilge Thraidisiúnta í an Ghaeilge Neamhiomlán sa Ghaeltacht chomhaimseartha (féach Montrul 2008: 21–22).[8] Baintear feidhm as an téarma freisin agus próiseas an laghdaithe á mhíniú. Tá an laghdú i gcaint an duine óig agus an laghdú ar theanga an phobail trí chéile ar fad fite fuaite ina chéile, dar ndóigh.

[7] Is féidir a rá freisin gur Gaeilge easnamhach í.

[8] Tugann Ó Curnáin (2009) 'Gaeilge Laghdaithe' ar theanga daoine óga a rugadh i ndiaidh na bliana 1990.

Leas

Mar chuid de chorpas taighde COGG agus Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, tá sé i gceist go mbainfí leas as torthaí an taighde seo chun comhairle chuí a chur ar phobal agus ar fhorais na Gaeltachta (agus na Gaeilge) maidir leis an staid dhátheangach agus na bealaí le dul i ngleic leis. Dhá mhórláthair shóisialta atá i gceist, an scoil agus an teaghlach.

An Scoil

Is iomaí saothar taighde a fhiosraíonn rogha na bpatrún foghlama i gcás teanga sa seomra ranga, idir an T1 sa chomhthéacs aonteangach agus / nó an T2 sa chomhthéacs dátheangach (m.sh. Baker 2003, 2006; Cummins 2000, 2001; García 2008; Harris *et al*. 2006; Hickey 1999; Mac Donnacha *et al.* 2005; Nic Cionnaith 2012; Ní Chonchúir 2012). Tá sé i gceist go gcuirfeadh an taighde seo le tuiscintí na saothar úd agus patrún foghlama optamach do mhionteanga a dheimhniú i bhfianaise na dtorthaí. Moltar in ICD (2014) gur oideachas breisithe Gaeilge an múnla optamach don sealbhú iomlán (nó chomh gar do shealbhú iomlán agus is féidir) sa mhionteanga ar a láthair dhúchais. Múnla oideachais a bheadh ann "a leagfadh roimhe feidhm níos láidre a thabhairt don Ghaeilge i bhforás pearsanta agus cogneolaíochta an dalta."

An Teaghlach

Cé gur tábhachtaí an teaghlach ná an scoil, den chuid is mó, mar ghorlann teanga dhúchais, níl na saothair a scrúdaíonn an patrún sealbhaithe optamach i gcás mionteanga sa bhaile (m.sh. Caldas 2006; de Houwer 2007; Gathercole agus Thomas 2009; Montrul 2008; Pearson *et al*. 1997; Schmidt 1985 srl.) chomh hiomadúil leo sin a dhíríonn ar an oideachas foirmiúil. Tagann taighde Gathercole agus Thomas (2009), i gcás na Breatnaise, agus Montrul (2008) le tátal Uí Ghiollagáin (2011) gurb é an dátheangachas moillithe claonta i dtreo na Gaeilge an rogha optamach sa teaghlach. Léiríonn an taighde sin go sealbhaíonn páistí an mhórtheanga (Béarla) luath nó mall, ach ionas go mbeadh seans maireachtála — gan trácht ar bhláthú — ag an mionteanga nár mhór don teaghlach a bheith ina thearmann aici: "the 'optimal' learning pattern might be, if the parents speak Welsh, to expose children to only Welsh at home." In ICD (2014), aithnítear nach iad na tuismitheoirí an t-aon fhoinse

teanga amháin atá ag na páistí ach "go mbeadh gréasáin éagsúla shóisialta an pháiste chomh Gaelach agus chomh feidhmeach sa Ghaeilge agus ab fhéidir."

Mar sin, i bhfianaise laghdú na Gaeilge sa dátheangachas, tá súil gur féidir le lucht oideachais torthaí na saothar taighde éagsúla a nascadh le beartais optamacha a d'fhéachfadh le sealbhú optamach na Gaeilge (.i. sealbhú iomlán nó cóir a bheith iomlán) a chinntiú i gcúinsí neamhoptamacha (mórtheanga á forleathnú sa tsár-iarnua-aoiseachas). Léiríonn SCT, ICD agus taighde ábhartha eile gurb é an t-optamachas forghníomhach seo an mhodheolaíocht is dóichí a thabharfadh an Ghaeilge slán mar theanga phobail. Faoi go bhfuil laghdú na teanga agus a meath foircneach thar a bheith feiceálach agus sofheicthe sa taighde seo, creidim go ndeimhneofar ann an t-optamachas cinniúnach sin.

Achoimre ar na Ceisteanna Taighde

Déantar achoimre anseo ar cheisteanna taighde an tráchtais i bhfianaise na míreanna agus na bhfomhíreanna thuas agus arb iad príomhshlata tomhais an taighde iad. Is ar na ceisteanna seo ba chóir cuimhneamh agus an tráchtas á léamh.

1. Cé mar a chuirtear an dátheangachas i láthair sa léann comhaimseartha?
2. Cén cumas sa teanga Ghaeilge atá ag an dátheangaí óg sa Ghaeltacht chomhaimseartha, le hais a chumais Bhéarla, i bhfianaise dhinimic na mionteanga in iomaíocht shóisialta leis an mórtheanga?
3. Cé na leibhéil fhoráis, laghdaithe agus chúitimh ón mBéarla (i dtéarmaí na Gaeilge Traidisiúnta) atá i nGaeilge na ndaoine óga ó aoisghrúpa go haoisghrúpa?
4. Cén chaoi a sealbhaíonn páistí i dteaghlaigh Ghaeilge an Béarla a chéaduair?
5. Cé na dinimicí sochtheangeolaíochta is cúis leis seo?

I gCaibidil 1, a leanas seo, féachtar le ceist taighde 1 a fhreagairt agus tuilleadh de chomhthéacs léinn agus de réasúnaíocht an taighde seo a mhíniú trí léirmheas a dhéanamh ar an litríocht ábhartha.

1. AN LÉIRMHEAS LITRÍOCHTA

1.1 Réamhrá

Pléitear thíos cuid den litríocht is ábhartha maidir le ceist seo shealbhú mionteanga sa dátheangachas. Tugtar aird ar leith ar dhá shaothar a chuimsíonn an cheist ar bhealaí éagsúla, saothair nár pléadh a gcuid impleachtaí roimhe seo i dtéarmaí na Gaeilge. I dtéarmaí ginearálta, tá Koven (2007) agus Montrul (2008) i measc na saothar is ábhartha a dhéanann cur síos ar an gcomhthéacs socheolaíochta agus teangeolaíochta faoi seach. Chomh maith le comhthéacsanna comhaimseartha, leagtar amach sa dá shaothar sin na himpleachtaí agus torthaí teangeolaíochta agus socheolaíochta.[9]

Cruthaíonn an fhianaise eimpíreach sa litríocht idirnáisiúnta go dtagann meath sochtheangeolaíochta ar mhionteanga i bhfianaise brú ó mhórtheanga (m.sh. Crystal 2000, Dorian 1981, Dressler 1996, Montrul 2008, Schmidt 1985 srl.).[10] Is é sin, ní amháin go dtagann laghdú ar líon na gcainteoirí ach tagann meath ar struchtúr na teanga freisin. I bhfianaise an taighde eolaíoch, is féidir a rá gur treocht uilíoch — nó prionsabal uilíoch go deimhin — is ea iontaisiú agus laghdú (reo agus feo) struchtúr mionteanga sna cúinsí sochtheangeolaíochta uilíocha atá i réim nach mór ar fud na cruinne agus gurb é an pointe foircneach céanna a bhíonn ag an treocht sin, .i. síothlú agus éag na mionteanga. Pobal cainteoirí a bheith dátheangach — sa mhionteanga agus sa mhórtheanga — is ea an cúinse is suntasaí agus is ábhartha ar fad. Ní haon eisceacht í an Ghaeilge. Go deimhin, is féidir a rá gur eiseamláir *par excellence* í an Ghaeilge mar, ainneoin na ndianiarrachtaí tarrthála polaitiúla agus institiúideacha ó aimsir bhunú an Stáit i leith, leanann sí uirthi ag síothlú léi sa Ghaeltacht beag beann den chuid is mó ar pholasaithe oifigiúla stáit.[11] Is léir go bhfuil sí ag teannadh leis an bpointe foircneach sa chointeanóid meatha sin, ó thaobh líon na gcainteoirí de agus ó

[9] Ní phléitear Lenoach *et al*. (2012) anseo mar gur ceann de bhunchlocha móra an taighde seo é (féach lch. 5). Ní phléitear ICD go mion ach an oiread mar gheall ar an ngaol idir é agus an taighde seo (féach lch. 4).

[10] De bharr oll-líon na saothar sa réimse seo, fágtar ar lár anseo cuid mhór den litríocht a phléitear i Lenoach (2012).

[11] Féach Ó Giollagáin (2014a agus 2014b).

thaobh struchtúr na teanga de. Go hachomair, tá an patrún meatha teangeolaíochta ceannann céanna leanta agus á leanacht ag an nGaeilge agus atá ag an iliomad mionteangacha eile ar domhan sa chaoi is gurb í an teanga is laige í as an dá theanga ag lucht óg a labhartha sa Ghaeltacht dhátheangach. Tá a chruthú sainiúil sin ar fáil i bhfaisnéis ICD (2014): "Tá tuairisc sa taighde ... ar chumas ginearálta níos ísle sa Ghaeilge a bheith ag na daltaí le hais a gcumais sa Bhéarla ... Sna gnéithe teangeolaíochta inchomparáide a scagamar bhí cóimheas ag an mBéarla ar an nGaeilge de 7 : 3 ... Tuairiscíodh chomh maith 15% de mheándifríocht chumais idir cumas na Gaeilge i measc na ndaltaí ar fad, agus tá an míbhuntáiste ar thaobh na Gaeilge de i gcás gach dalta."

Is féidir sainmhíniú Montrul (2008: 102) ar an ní is teanga lag ann a thabhairt mar údarás anseo: "In early childhood bilingualism, the weaker language is defined as the less proficient or [the] structurally underdeveloped language as measured by mean length of utterance (MLU), morphosyntactic development, word types, functional elements and degree of language mixing." Is áisiúil freisin tábla La Morgia (2010: 16) mar shainmhíniú ar fhorbairt theanga laige agus mar sheicliosta don Ghaeilge:

WEAK LANGUAGE DEVELOPMENT
1. Slow rate of acquisition of syntactic structures or functional categories
2. Production of target-deviant forms
3. Limited vocabulary
4. Limited/no switching into the weak language
5. Frequent switching from the weak into the strong language
6. MLU consistently shorter than L1 children
7. MMU consistently shorter than L1 children[12]
8. Infrequent initiation of conversation in the weak language
9. Avoidance of complex structures
10. Avoidance/refusal to use the weak language

[12] MLU [mean length of utterance] = meánfhad friotail; MMU [multi-morphemic utterances] = friotail ilmhoirféimeacha.

Cuirtear síos anseo ar chuid, atá suntasach agus ábhartha, dá bhfuil foilsithe maidir le meath teangacha laga / mionteangacha trí chéile agus mionteangacha áirithe in áiteanna éagsúla i gcúinsí an dátheangachais.[13] Cruthaíonn an taighde sna foilseacháin sin go soiléir gur iontaisiú agus laghdú teangeolaíochta a thagann ar mhionteangacha fearacht na Gaeilge atá ag streachailt le mórtheanga chreachach. Baintear feidhm as deich gcinn de rúibricí thíos le comhthéacsanna sochtheangeolaíochta éagsúla an mheatha a rangú agus déantar trácht ar thráthúlacht agus ar ábharthacht na gcomhthéacsanna sin chomh fada is a bhaineann siad leis an nGaeilge.

1.2 Féiniúlacht Aonair / Shóisialta agus Cumas Teanga: Fite Fuaite

Mórfhoinse spreagtha meanman agus lón anama i saol an duine is ea a fhéiniúlacht mar dhuine aonair, an caidreamh atá aige le daoine aonair eile, an chaoi a gcuireann sé é féin in iúl ina chuid gréasán agus diméan sóisialta, .i. ina theaghlach féin, ina phobal féin, ina réigiún féin agus ina náisiún féin. Ar na saolta seo, tá an teaghlach, an pobal, an réigiún agus an náisiún i mórán gach áit á gcomhionannú, á bhfordhomhandú agus ag géilleadh de réir a chéile, tríd is tríd, do pé mórchultúr atá ag cur brú orthu (féach m.sh. Hobsbawm 2007), staid a dtugaimid an sár-iarnua-aoiseachas air anseo. Tá mórchultúr na mórtheanga ag urú na mionteanga — an mórchomhartha féiniúlachta agus eitniúlachta traidisiúnta. Ach oiread le cainteoirí mionteangacha eile, tá an cainteoir Gaeilge dátheangach ar a láthair féin — an Ghaeltacht — á scuabadh chun bealaigh ag an sruth comhshamhlaithe seo.

Ina staidéar géarchúiseach ar chainteoirí dúchais Portaingéilise den dara glúin inimirceach sa Fhrainc, agus a bhfuil Fraincis acu chomh maith, léiríonn Koven (2007) go paiteanta na prionsabail uilíocha a mhíníonn cuid de na fáthanna sóisialta go mbíonn an lámh in uachtar ag an mórtheanga ar an mionteanga. Léiríonn sí an nasc idir féiniúlacht mhná óga a staidéir agus na teangacha (agus na cineálacha urlabhara) a mbaineann siad feidhm astu i gcomhthéacsanna éagsúla: “[A]ssociated

[13] Baintear earraíocht as an téarma ‘mionteanga’ freisin i gcás teanga nach í an phríomhtheanga i réigiún a labhartha í. Áirítear, mar sin, teangacha imirceach — nó teangacha oidhreachta — atá láidir ina dtíortha dúchais. Mar shampla, is mionteangacha iad an Spáinnis i Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Phortaingéilis sa Fhrainc, an tSínis i Sasana srl. (féach Montrul 2008: 100).

with these languages [Frainicis agus Portaingéilis] are the identities of the young urban Parisian/suburbanite second-generation immigrant (in France), versus the archaic, rural/provincial Portuguese second-generation émigré (in Portugal)" (Koven 2007: 6). Tagann an méid sin lena bhfuil sa litríocht ábhartha i dtaca leis an gcoimhlint idir an Béarla agus an Ghaeilge i measc daoine óga sa Ghaeltacht: "cheap an t-aos óg nach raibh an Ghaeilge '*cooláilte*', agus gurb in é an bunús a bhaineann le húsáid an Bhéarla i measc a gcomhaoiseach" (SCT: 465–6), .i. ó thaobh cúrsaí teanga de, is duine '*cooláilte*', gó-uirbeach é an Béarlóir Éireannach (nó bíonn sé ag tóraíocht na féiniúlachta sin) le hais an Ghaeil sheanfhaiseanta ar den talamh é. Le tástáil reachta comhoiriúnaithe, cuireann Koven (2007) lenár dtuiscint ar an déscaradh idir na féiniúlachtaí teanga-bhunaithe:

> "[T]hese bilinguals consistently "do" self-narration differently in French and Portuguese, and thus do different kinds of "identity" work in their two languages ... As one listener put it, "I feel like I'm dealing with two different girls, one who knows how to behave herself [in Portuguese] and the other who lets herself go [in French]." Another said, "In Portuguese, I imagined a totally shy chick, but in French everything changes - she's funnier; she asserts herself more." Listeners tended to perceive the original speakers as more aggressive in French and more reserved and "hicklike" in Portuguese." (Koven 2007: 7–8).[14]

Is géarchúiseach an tuiscint atá ag na cainteoirí iad féin ar a gcur in iúl sa mhéid seo: "People who know me in Portuguese, well, Portuguese especially, I think they see me as a shyer person ... more calm and reserved, whereas in French ... I'm a little wacky, y'know" (Koven 2007: 65). Tráchtann sí ar an dinimic mórtheanga–mionteanga i Meicsiceo: "Spanish has several potential meanings, as the language of capitalism, authority and aggression. Mexicano, on the other hand, is the language of familiarity, peasant identity and local connectedness" (Koven 2007: 26). Is féidir indibhidiúlacht, réchúis, comhaimsearthacht agus faisean a chur le suáilcí na mórtheanga freisin i súile an duine óig.

[14] Is í an Phortaingéilis an mhionteanga agus is í an Fhraincis an mhórtheanga sa chomhthéacs seo.

Tagann seo le féiniúlacht daoine óga Gaeltachta freisin a bhíonn níos drogallaí agus níos cúthailí ina gcuid Gaeilge (Neamhiomlán) ná ina gcuid Béarla ((Sár-Iar)Nua-Aoiseach). Is fusa dóibh iad féin — a bhféiniúlacht — a chur in iúl ina gcuid Béarla ná ina gcuid Gaeilge. Is greannmhaire, tochtmhaire, feirgí, brónaí, lúcháirí, caointí, faití ina gcuid Béarla ná ina gcuid Gaeilge iad (SCT: 316–8; Lenoach 2012: 29). Tá siad níos saoire, níos scaoilte i mBéarla. Sa staidéar a rinne Mac Con Raoi (2011) i nGaeltacht Dhún na nGall, maíonn roinnt cainteoirí óga go bhfuil pearsantacht éagsúil acu sa dá theanga, cé gur cosúil go maolaítear an déscaradh sin de réir mar a mhéadaíonn an dátheangeachas: " ... i dtaca leis na daoine (an triúr: 1, 2, 8) a tógadh leis an dá theanga [seachas le Gaeilge amháin sa bhaile], cheap siad go léir gurb ionann a bpearsantacht i mBéarla agus i nGaeilge" (Mac Con Raoi 2011: 88). I dtaca le cumas Gaeilge na ndaoine a tógadh le Gaeilge amháin sa bhaile, is cosúil nach bhfuil bonn láidir faoin déscaradh: " ... insíonn siad scéalta i ndóigheanna comhchosúla sa dá theanga. Níl aonstíleachas sa Ghaeilge, ach tá réimsí stíle níos leithne ag na cainteoirí seo i mBéarla ná i nGaeilge (idir ardréim agus ghnáthchaint)" (Mac Con Raoi 2011: 125). Is léir, den chuid mó, gurb í an fhéiniúlacht atá ceangailte leis an mBéarla is láidre i measc na n-óg sa Ghaeltacht agus go méadaíonn ceannas na féiniúlachta sin ar an bhféiniúlacht Gaeilge de réir mar a théann siad in aois. De réir mar a mhéadaíonn féiniúlacht an Bhéarla, is amhlaidh a mhéadaíonn feidhm agus labhairt an Bhéarla ina measc agus dá réir sin ar a gcumas Béarla. De réir mar a mhéadaíonn a n-eispéireas Béarla is amhlaidh a laghdaíonn a n-eispéireas Gaeilge agus a gcumas Gaeilge (féach Ó Curnáin 2009).

Mar sin, cén sórt caipitil shiombalaigh atá sa mhionteanga don chainteoir óg? Cé hiad na dálaí comhaimseartha eitneagrafaíochta agus sochtheangeolaíochta? Ó thús ré na Gaeilge Neamhthraidisiúnta i leith (*circa* 1960), tá ag dul ag an mBéarla ar an nGaeilge — idir chaipiteal eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha — i measc na n-óg (féach Ó Curnáin 2009 agus Lenoach 2012). Mar a léirionn Koven:

> "Luso-descendants [daoine de bhunadh na Portaingéile] who have grown up in France during the 1970s and 1980s are part of the historically situated and heavily mediatized cohort of les jeunes ... Their patterns of dress, musical taste, consumption of popular culture, and speech practices ... are quite similar to those of their French peers" (Koven 2007: 40).

Macasamhail an phróisis sin a tharla sa Ghaeltacht agus in Éirinn trí chéile i gcaitheamh na mblianta céanna, mar atá mínithe go snasta ag Ó Riagáin (1997). Ní comhtharlú é an saol sár-iarnua-aoiseach neamhthraidisiúnta agus an teanga neamhthraidisiúnta a bheith ag teacht chun cinn ag an am céanna. Tá an saol sin agus an laghdú teanga fite fuaite ina chéile. Aithníonn Koven cé go bhfuil Portaingéilis agus Fraincis araon ag na cainteoirí atá faoi chaibidil aici nach ionann a gcumas *sóisialta* sa dá theanga: "[A]lthough many Luso-descendants are fluent speakers of both languages, the varieties of each language they command are not socially equivalent. As a result of this difference, Luso-descendants have access to non-equivalent ranges and kinds of identities in each language" (Koven 2007: 43). Ní féidir cumas *sóisialta* sa chás seo agus cumas *teangeolaíochta* a dheighilt óna chéile, mar a léiríonn Tomasello (1992). Is é sin, is go sóisialta a shealbhaítear agus a bhaintear feidhm as teanga.

Tá Béarla na ndaoine óga sa Ghaeltacht níos feidhmiúla sa saol atá acu ná a gcuid Gaeilge. Feileann an Béarla don saol sin mar gur saol Béarla fordhomhandaithe é. Luíonn an saol agus an teanga go deas le chéile. Go deimhin, tá an mhórtheanga sin agus an saol sin fite fuaite ina chéile. Léiríonn Koven (2007) an prionsabal:

> "Whereas they are clearly participants in French youth culture and its associated speech practices, this is usually not the case in Portuguese. The Portuguese spoken by LDs often bears the traces of the parents' social origins as rural, regional, lower socioeconomic status, and French-influenced ... As a sociolinguistic "package", therefore, LDs' speech evokes class, region, migration, and sociohistorical era" (Koven 2007: 45).

Ní thagann an cur síos sin go hiomlán le cás na Gaeilge, áfach, mar nach féidir a rá go bhfuil teanga a dtuismitheoirí sealbhaithe ag páistí Gaeltachta. Fiú sa chás go bhfuil an teanga sin ag cuid acu go glacach nó go fulangach (mar éisteoirí den chuid is mó), ní hí a labhraíonn siad go bisiúil.[15]

Tá labhairt na mionteanga mar mharcálaí den duine 'sochstairiúil' chomh fréamhaithe sin anois gur minic go samhlaítear an cainteoir a bheith níos sine ná atá: "The use of "old-fashioned" Portuguese can literally make the user seem older ... In

[15] Dátheangaithe glacacha a thugann Sherkina-Lieber *et al.* (2011) ar an aos óg i bpobal mionteanga a thuigeann an mhionteanga ach nach labhraíonn í.

one instance, the same speaker seemed to several listeners to be forty in Portuguese and to be in her late teens in French" (Koven 2007: 46) ach '"I've already been told that I have a higher voice[16] and that I seemed younger when speaking Portuguese."' (2007: 77). Léiríonn taighde sa Ghaeltacht (Ní Chonchúir 2012: 115) gur teanga na n-aosach í an Ghaeilge [Thraidisiúnta] i súile daoine óga go minic. Is í an idirtheanga, nó an Béarla, canúint na n-óg agus na hóige, dar leo. Déanann siad critíc agus tugann siad breithiúnas sóisialta ar an teanga thraidisiúnta tríd an (idir)teanga fhaiseanta. Seachnaíonn na daoine óga an marcálaí féiniúlachta coiscthe — féiniúlacht an duine sheanfhaiseanta — tríd an idirtheanga (an Ghaeilge Neamhiomlán) nó an Béarla a labhairt. Den chuid is mó sa Ghaeltacht, ní seachaint roghnach é, áfach. Cé is moite den mhionlach cainteoirí cumasacha, seachaint éigeantach atá ann, mar nach bhfuil aon teanga Ghaeilge eile acu seachas an idirtheanga. I gcás na gcainteoirí is cumasaí fiú, dealraíonn sé go ndéanann siad iarracht a nGaeilge mhaith a cheilt ar a gcomhaoisigh agus ar dhaoine eile ar fhaitíos go marcálfaí iad mar dhaoine seanfhaiseanta. I gcohórt Koven, seo mar a chuirtear an dá theanga ag obair go minic: "The speakers regularly use Portuguese to present the voice of Portuguese backward social norms and French to present their own more youthful, modern perspectives" (2007: 48). Aithníonn sí an éifeacht teangeolaíochta atá ag an bpróiseas seo ar fad:

> "[T]hey maneuver and *shift* creatively among them [réimeanna teanga] less in Portuguese than in French ... in Portuguese, speakers are more sociolinguistically constrained and restrained. Luso-descendants may be able to produce an *unmarked* form, but be less likely to strategically produce creatively marked forms ... Therefore, in monolingual settings speakers do not accomplish the same kinds of sociolinguistic identity work in each language" (Koven 2007: 55 –6).

Léiríonn sí go bhfuil teannas íogair — nó coimhlint — sa dá fhéiniúlacht teanga. Féachann daoine le fad a chur idir iad féin agus ceann de na féiniúlachtaí sin agus taobhú leis an gceann eile, de réir comhthéacs. De ghnáth, áfach, is í an mhionteanga a bhíonn thíos leis de bharr na dialachtaice:

[16] Is féidir tuin ard tabhairt le fios gur caint fhoirmiúil atá ar bun ag duine .i. cuma níos sine seachas níos óige.

> "Results indicate that when participants speak in their "own" voices (interlocutor role), they use greater percentages of colloquial speech (familiar and vulgar) in French than in Portuguese. This shows that participants make greater use of register variation to present current personas and attitudes in French than in Portuguese ... In French the speaker adopts a much more extreme, colloquial style ... virtually the same events are presented, but in French the speaker shifts into a familiar and vulgar register ... Overall, we see in these results and examples that in presenting their own here-and-now personas, participants consistently use a wider range of socially marked ways of speaking in French than they do in Portuguese" (Koven 2007: 126–8).

Léiriú eile ar chumas sóisialta agus teangeolaíochta níos fearr sa mhórtheanga is ea castacht, doimhne agus toisí an chur-in-iúil sa teanga sin. "They quote characters' thoughts more in French, presenting an "interior" view of the characters ... These speakers' more flexible quoted and nonquoted self-presentations in French may point to a greater range of socially available identities to which they have access and with which they can be creative in French contexts" (Koven 2007: 142). Ar ndóigh, tá féiniúlacht an duine agus a chumas i réimeanna na mionteanga agus na mórtheanga araon fite fuaite ina chéile. Comhartha é d'fhéiniúlacht an duine a chumas sa raon réimeanna teanga; comhartha é de chumas an duine sa raon réimeanna teanga a fhéiniúlacht. Ní féidir anailís chuimsitheach a dhéanamh ar chumas duine sa dá theanga trí chomparáidí teangeolaíochta amháin. Braitheann cumas duine i dteanga ar staid agus stádas na teanga sin freisin. Mar sin, caithfear comparáid eitneagrafaíochta a dhéanamh idir na féiniúlachtaí sóisialta atá ag na dátheangaithe freisin a léireodh an staid agus an stádas sin: "It is thus not merely a question of speakers' ignorance of particular ways of speaking, but a question of how speakers position themselves and are positioned relative to the multiple social locations and personas that the different available ways of speaking conjure up" (Koven 2007: 145). Chomh fada is a bhaineann sé leis an nGaeltacht, is laige suíomh sóisialta na Gaeilge agus pearsa na Gaeilge ná a macasamhail Béarla agus sin ceann de na cúinsí a chinneann an teanga a labhrós an duine (óg), .i. Gaeilge Neamhiomlán (an idirtheanga) nó Béarla. Ní mór a rá go bhfuil difríochtaí féiniúlachta idir an Ghaeilge Neamhiomlán agus an Béarla. Tá bonn na Gaeilge le haithint ar fhormhór struchtúr na hidirtheanga (Gaeilge Neamhiomlán) go fóill agus cé gur féidir léi a bheith

'*cooláilte*', is mó i bhfad mar chomhartha féiniúlachta óg, uirbeach agus faiseanta é an Béarla.

Bhí duine amháin, ar a laghad, de na mná óga [Teresa] a ghlac páirt i dtaighde Koven an-bhródúil as a bhféiniúlacht Phortaingéileach. Léirigh sí tírghrá náisiúnach don Phortaingéil agus mhaígh sí gur mhian léi dul chun cónaithe ann go buan amach anseo. Éilíonn sí go gcaithfí léi mar Phortaingéileach-go-smior sa Fhrainc agus sa Phortaingéil araon. Ina dhiaidh sin féin, dúirt sí gur Fraincis a labhraíonn sí 70% den am lena cairde den chúlra Portaingéileach céanna agus Portaingéilis 30% den am. Má ghlactar leis go bhfuil thart ar an méid céanna cairde Francacha agus Portaingéileacha aici, tugann sin le fios nach labhraíonn Teresa Portaingéilis lena cairde ach tuairim is 15% den am san iomlán agus Fraincis 85% den am.[17] Dheimhnigh cainteoir eile [Isabel] an cleachtas teanga céanna: "They indeed speak mostly French together in France, because it's "easier, except when we really want to speak Portuguese, or it comes out ... With LDs in France, Isabel therefore accepts that French is the matrix language, with Portuguese interspersed for expressive purpose" (Koven 2007: 211). Ní haon iontas é mar sin nach bhfuil an Phortaingéilis sealbhaithe go hiomlán acu, mar a thugann Teresa thuasluaite le fios í féin: "She feels most comfortable speaking Portuguese in intimate settings, with people whom she knows well, who will not judge her Portuguese or her" (Koven 2007: 181). Léiríonn sé sin chomh goilliúnach is atá Teresa i leith a cuid Portaingéilise Neamhiomláine ainneoin a bhfuil le maíomh aici faoina féiniúlacht Phortaingéileach.

Mar atá cruthaithe i gcás daoine óga sa Ghaeltacht, is éadoimhne a gcuid Gaeilge ná a gcuid Béarla, i dtaca le mothúcháin spontánacha (nó spadhair) a chur in iúl, mar shampla. Nuair a éiríonn idir í agus fear de bhunadh na hAfraice, léiríonn Portaingéileach Francach an tréith chéanna:

> "[W]e see that she jumps between the extremes in French, of hip, justified frustration (in familiar/vulgar speech) and the stance of an educated liberal (*de couleur*), who does not otherwise judge on the basis of race (in formal speech). In Portuguese, she limits herself to a more middle-of-the-road familiar style – less concerned with showing the tensions she displays in

[17] Níl sa mhéid seo ach buille faoi thuairim ar ndóigh. Iarradh ar na rannpháirthe i dtaighde Koven tomhas a dhéanamh ar an minicíocht choibhneasta idir labhairt shóisialta na Portaingéilise agus na Fraincise.

> French between conveying a sense of polite gentility and assertive intolerance for a thug" (Koven 2007: 192).

Arís, is údar suntais an tuiscint atá ag na rannpháirtithe ar a gcuid urlabhra féin sa mhéid seo: '"Nearly all the participants, for instance, reported that they felt they could be angry more effectively in French ... "my anger in ... Portuguese ... what will come out will be really minimal in relation to what I have inside ... It comes out more easily in French"' (Koven 2007: 80). Is géarchúisí fós a dtuiscint ar an tábhacht a bhaineann le tosaíocht teanga amháin ar theanga eile:

> "Furthermore, multiple speakers talked about the importance of speed in the verbal release of anger. They express anger more effectively in French, because they can speak more rapidly ... Several reported that they feel so compelled to use French when they are angry, they sometimes inadvertently speak French ... Several reported that anger is the only reason they speak French in Portugal" (Koven 2007: 81).

Téann an dá fhéiniúlacht chontrártha i bhfeidhm ar éisteoirí den chúlra céanna leo: "Listeners consistently imagined the French-speaking Teresa to be more self-assertive or aggressive ... [and she] ... defended herself more effectively in French" (Koven 2007: 202–3). Sa chás seo ar a laghad, is í an Fhraincis an teanga is feidhmiúla *go sóisialta* mar gurb í an teanga is fearr atá aici *go teangeolaíoch* agus *vice versa*: "[I]t is not simply a question of their decontextualized mastery of linguistic resources. Teresa's and Isabel's [rannpháirtí eile] available French and Portuguese linguistic resources are inherently indexes of social resources and identities" (Koven 2007: 235). Mar sin féin, níl aon amhras ar na cainteoirí faoi easnamhacht nó neamiomláine a gcumais sa mhionteanga:

> "Some framed the difference as one of their *lack* of the "same" vocabulary in Portuguese, attributing this different vocabulary to *their own* incomplete knowledge of comparable "vocabulary" in each language (what *others* can say in each language, but that they cannot, because of ignorance). These speakers posit that the two languages must be equivalent sociolinguistic systems with comparable register systems, that they would be able to use if they were fully bilingual' ... "I don't chew people out as much in Portuguese – maybe 'cause I don't know the vocabulary" ... Antónia [rannpháirtí eile] talked about how she is different in Portuguese because she doesn't command

> "expressions and interjections", therefore coming off as less spontaneous than she feels in French" (Koven 2007: 70, 75, 78).[18]

Ní léir go mothaíonn cainteoirí óga Gaeltachta an teannas céanna idir a ndá theanga mar ní athraíonn siad a dteanga mhaitríse ó Ghaeilge go Béarla. Ina áit sin, coinníonn siad leis an teanga mhaitríse agus cúitíonn siad na heasnaimh Ghaeilge leis an mBéarla.

1.3 Éifeacht Fhéiniúlacht na Mórtheanga ar an Mionteanga

Is léir mar sin go bhfuil an fhéiniúlacht shóisialta fite fuaite in acmhainn teanga an duine. Is léir freisin gurb í féiniúlacht na mórtheanga atá i réim i mórán gach áit a bhfuil coimhlint agus teannas idir í agus an mhionteanga. Tá cuid den éifeacht a bhíonn ag an gcoimhlint, nó ag an gcoraíocht seo, ar an mionteanga leagtha amach ag Koven (2007). Seo achoimre ar chuid dá príomhchonclúidí sochtheangeolaíochta:[19]

- Ní bhíonn an réim teanga iomlán a bhaineann le hinseacht scéil / eachtra sa mhionteanga ag na cainteoirí dátheangacha (128)[20]
- Bíonn raon na pragmataice i bhfad níos ilghnéithí sa mhórtheanga. Bíonn na marcálaithe dioscúrsa agus intriachtaí i bhfad níos sofaisticiúla sa mhórtheanga (131)
- Is sa mhórtheanga a thuairiscíonn na cainteoirí formhór na monalóga inmheánacha (idir a gcuid monalóga féin agus monalóga pearsana eile), fiú más sa mhionteanga a bhíonn an scéal á inseacht. Is í an mhórtheanga teanga shuibiachtúil na gcainteoirí (132, 231)
- Tuairiscíonn na cainteoirí a gcuid monalóga inmheánacha i réim neamhfhoirmiúil níos minice sa mhórtheanga ná sa mhionteanga. Bíonn 'féin' na gcainteoirí níos dlúthpháirtí, agus níos gnaíúla sa mhórtheanga. Bíonn na cainteoirí mór leis na héisteoirí sa mhórtheanga (137)

---

[18] Ní gá go mbeadh an *persona* céanna inchurtha in iúl ag an dátheangaí cothrom ach oiread.

[19] Bíodh is go bhfuil siad scríofa i mo chuid focal féin agus gur ag trácht ar an dinimic mionteanga / mórtheanga trí chéile atá mé, is le Koven (2007) na conclúidí seo.

[20] Uimhir an leathanaigh i Koven (2007) atá sna figiúirí idir lúibíní sna pointí piléir seo.

- Caint déagóra atá ag cainteoir fásta amháin sa mhórtheanga le monalóg inmheánach a bhí aici agus í ina déagóir a thuairisciú. Caint níos foirimiúla atá aici sa suíomh céanna sa mhionteanga (137)
- Bíonn an cineál teanga a labhraítear agus scéal á inseacht neodrach sa mhionteanga ach dlúthpháirteach sa mhórtheanga (141)
- Bíonn níos mó samhlaoidí agus uigeacht mhothálach sa mhórtheanga (fn. 147, 221). Mar léiriú air seo, baineann an inseacht sa mhórtheanga níos mó gáire as na héisteoirí, .i. bíonn na héisteoirí iad féin níos dlúthpháirtí sa mhórtheanga freisin (fn. 147)
- Tráchtann éisteoirí den chúlra céanna ar luas agus nádúr na cainte sa mhionteanga, chomh maith le raon fhoclóir na gcainteoirí. Ní thugann siad an breithiúnas sochtheangeolaíoch céanna ar an mórtheanga. Ní gá dóibh, is dóigh, mar go bhfuil seilbh níos iomláine ag na cainteoirí ar an mórtheanga. (Is ar aois, aicme shóisialta, oideachas agus áit chónaithe na gcainteoirí mórtheanga a bhíonn éisteoirí ag trácht) (159)
- Dar leis na héisteoirí céanna go mbíonn i bhfad níos mó réimeanna teanga ag na cainteoirí sa mhórtheanga agus go mbíonn siad níos fuinniúla agus níos greannmhaire sa mhórtheanga (161, 229)
- Admhaíonn na cainteoirí iad féin go mbíonn an inseacht níos dlúthpháirtí sa mhórtheanga (181)
- Baintear feidhm as teanga gháirsiúil níos minice sa mhórtheanga (192)
- Labhraítear mar reacaire níos minice sa mhionteanga agus mar rannpháirtí níos minice sa mhórtheanga (186, 211)
- Imítear ón inseacht le trácht ar impleachtaí an scéil níos minice sa mhórtheanga (186-7)
- Bíonn níos mó idirghníomhaíochta idir na cainteoirí agus an t-agallaí sa mhórtheanga. Nuair a thagann ceisteanna sóisialta chun cinn in inseacht an scéil, déantar iarracht iad a phlé leis an agallaí níos minice sa mhórtheanga. Seo léiriú ar chumas ceisteanna casta a ionramháil sa mhórtheanga le hais na mionteanga (198)
- Bíonn moill ar chainteoirí focail sa mhionteanga a aimsiú. Bíonn an chaint stadach dá bharr sin. Tagann an chaint ina sruth sa mhórtheanga (199)

- Bíonn níos mó sonraí san inseacht agus bíonn an chaint níos ornáidí sa mhórtheanga (224–5)
- Bíonn níos lú téarmaí comhaimseartha ag cainteoirí sa mhionteanga. Cé go mbíonn ionchur i gceist i gcás na dtéarmaí sin sa mhionteanga, bíonn deacrachtaí ag na cainteoirí iad a aschur, dar leo féin (225).

Mar sin, cé gur dátheangaithe iad na cainteoirí mionteanga / mórtheanga atá faoi chaibidil ag Koven, níl an tseilbh atá acu ar na réimeanna éagsúla — idir ard agus íseal — ná ar na struchtúir éagsúla ar aon dul. I mbeagán focal, is cumasaí iad sa mhórtheanga. Is furasta an dinimic a shainmhíníonn an caidreamh idir an Ghaeilge agus an Béarla a aithint sna pointí thuas (féach SCT, Ó Curnáin 2009, Lenoach 2012, ICD), a chuireann le prionsabal na huilíochta / an uilíochais i dtaobh saintréithe sochtheangeolaíochta staid mhionteangacha an domhain.

1.4 Sealbhú Neamhiomlán agus Aois

Na torthaí céanna, nó gaolmhara, atá cruthaithe ag Montrul ina leabhar ceannródaíoch siúd maidir le sealbhú teanga neamhiomlán i gcás daoine dátheangacha (2008). Léirítear ina cuid taighde, i gcás an Bhéarla agus na Spáinnise sna Stáit Aontaithe ach go háirithe,[21] gur dóichí go n-iontaiseofar agus / nó go laghdófar mionteanga dhúchais an dátheangaí, de bharr bhrú na mórtheanga, mura mbeidh sí sealbhaithe aige faoi aois chriticiúil. Is é sin nach dtiocfaidh forás mar is cuí ar chumas an dátheangaí sa mhionteanga agus gur sealbhú easnamhach nó neamhiomlán a dhéanfaidh sé uirthi. Braitheann an toradh ar an aois a thosaíonn an duine ag sealbhú na mórtheanga, chomh maith leis na cúinsí teaghlaigh agus sóisialta ina maireann sé. I gcás mionteangaithe, a deir Montrul: "[A]n L2 [an mhórtheanga] acquired early in life ... reaches native-like attainment in adulthood, while linguistic control of the L1 [an mhionteanga] varies dramatically" (2008: 4).

Tá míniú ar fáil i Hipitéis na Tréimhse Criticiúla (Montrul 2008: 6) ar an tábhacht a bhaineann le haois i bhforbairt bhithchróineolaíoch teanga an duine: "[Children] ... are exposed to human language during a biologically-determined period in early childhood that is crucial to their developing linguistic skills ... This idea is known as

[21] Is é an Béarla an mhórtheanga agus is í an Spáinnis an mhionteanga sa chomhthéacs sin. Pléann sí roinnt teangacha eile freisin.

the Critical Period Hypothesis." Is thart ar ocht mbliana d'aois a thosaíonn meath ag teacht ar inniúlacht páiste teanga a shealbhú, dar le Montrul (2008: 24). Dá chriticiúla cúrsaí aoise, níl ann ach leath an scéil:

> "[A] mature linguistic system can be incomplete for at least two reasons. The first is because the learning mechanisms themselves are subject to maturational constraints, and this is consistent with the Critical Period Hypothesis position. But the second reason is simply because the amount of input received was not optimal to fully develop and sustain the linguistic system in the first place, even when the exposure occurred early in childhood. Thus, age of acquisition is a necessary but not sufficient, condition for complete acquisition. My primary assertion is that, hardly a hallmark of adult L2 acquisition, *incomplete acquisition is also a possible result – but certainly not the only one – of language acquisition by children and adults in a dual language environment*" [mo chló iodálach féin] (Montrul 2008: 6).

Is cosúil gur fíor do Schmid (2010: 1) nuair a deir sí "The single most astonishing feature of first language attrition is how minimal and localised it usually appears to be. Once a speaker has attained a stable (monolingual) command of his or her first language, large areas of this knowledge appear to be so entrenched that they are affected to a surprisingly small degree by non-use and non-exposure," ach is daoine atá imithe thar an aois chriticiúil atá i gceist aici nó, go deimhin, roinnt tréimhsí criticiúla ó thaobh aoise de i dtéarmaí Francis (2005: 503).

Is deacair a thomhas go minic ar comh-dhátheangaithe nó dátheangaithe seicheamhacha iad daoine óga éagsúla sa Ghaeltacht:

> "Simultaneous bilingualism [comh-dhátheangachas] occurs in early childhood, before the linguistic foundations of the languages are in place. It is also referred to as *bilingual L1 acquisition* ... because the two languages develop together as first languages (two L1s). Sequential bilingualism [dátheangachas seicheamhach], on the other hand, happens after the individual has acquired basic command of the first language, which for monolingual acquisition is typically taken to be roughly the age of 3–4. In this situation, there is a first language (L1) and a second language (L2) sequentially ordered" (Montrul 2008: 17).

Is minice gur faoi mhíbhuntáiste atá na comh-dhátheangaithe: "L1 attrition is likely to be more severe in simultaneous than in sequential bilinguals" (Montrul 2008: 23) agus

> "[Anderson's and Silva-Corvalán's] longitudinal studies show that pre-school bilingual children who speak a minority language run the risk of developing incomplete proficiency in the minority language as a result of intense contact with the majority language and reduced exposure and use of the minority language. Very often, minority language-speaking children do not reach age-appropriate levels of morphological development. This raises the question of whether incomplete acquisition in bilingual children is also severe in other aspects of syntax and its interfaces with other domains" (Montrul 2008: 117).

Mar sin, níl bonn chomh domhain ná chomh seasmhach sin faoi mhionteanga (Gaeilge) na gcomh-dhátheangaithe ón gcéad lá riamh, ainneoin iarrachtaí ionchuir a muintire. Tá an bhunchloch Gaeilge míshocair, guagach agus sochloíte ag an mBéarla ón tús. De réir mar a théann an páiste Gaeltachta in aois, de réir mar a mhéadaíonn a rannpháirtíocht in imeachtaí an tí, sa chomharsanacht agus sa tsochaí, tagann borradh faoin méid Béarla a chloiseann agus a labhraíonn sé (Lenoach 2012: 54–71). Sna dálaí seo, a mhaíonn Montrul, a tharlaíonn an t-iontaisiú agus an laghdú:

> "Fossilization in one of the languages (and even possibly in both) is likely when rich input in the language becomes reduced or is completely interrupted before the closure of the critical period. This is typically the case of immigrant children and adults who begin to use their family language less as they embrace their new L2-speaking society. In this particular sociolinguistic situation, the family language is the minority language and the host country language is the majority language" (Montrul 2008: 20).

Ar ndóigh, tá cuid de thréithe sóisialta na teanga iasachta ag baint leis an nGaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Léiríonn SCT go bhfuil an Ghaeilge á coimhthiú ar a láthair dhúchais stairiúil féin. Sa chás sin, ní údar iontais é go mbeadh Béarla níos iomláine ná Gaeilge sealbhaithe ag an bpáiste. Ar aon chuma, ní bhíonn cumas in dhá theanga cothrom, seachas i gcás daoine fíoreisceachtúla, gan trácht ar chúinsí éagothroma na mionteanga / mórtheanga:

> "Although balanced proficiency (with native-like command of two languages) is a possible outcome of bilingualism, it is indeed very rare ... The reality is that most bilinguals are linguistically unbalanced, both functionally (in their language use) and representationally (in their linguistic knowledge). Bilingual speakers typically possess a stronger and a weaker language ... the relative strength of the two languages fluctuates along the lifespan depending on a variety of factors, such as age and order of acquisition, as well as what language is most often used and preferred in the community (i.e., the sociolinguistic status of the languages as majority or minority languages), and the contexts for use of each language (home, church, school, work, etc.)" (Montrul 2008: 18).

Mar sin, is follas go ndéanann cúinsí sár-iarnua-aoiseacha sochar don mhórtheanga seachas don mhionteanga d'uireasa na hidirghabhála straitéisí ag gach leibhéal den tsochaí, .i. an teaghlach, an chomharsanacht, an mórcheantar *srl*. Mar a deir Schmid, go drogallach (2010: 5): "active bilingualism *might be* a factor which is conducive to language change in an attritional setting" [mo chló iodálach féin]. Chuige sin a mholtar an dátheangachas moillithe ar láthair dhúchais na mionteanga (m.sh. Ó Giollagáin 2012). Is é sin go gcuirfí moill ar shealbhú na mórtheanga mar T2, go háirithe sa bhaile agus sa gharthimpeallacht, i gcás an pháiste Ghaeltachta agus nach dtosódh sé ag foghlaim an T2 go foirmiúil go dtí tar éis na haoise criticiúla. Ar ndóigh, thabharfadh an páiste leis an T2 ó iliomad foinsí eile roimh an aois chriticiúil (ocht mbliana i dtéarmaí Montrul) agus níor mhór, mar chuid de straitéis pleanála teanga an teaghlaigh agus / nó an phobail, iarracht a dhéanamh moill a chur leis an bhfáil ar na foinsí sin freisin ach a macasamhla T1 a chur ar fáil chomh fada agus ab fhéidir. Tagann tuiscint Montrul leis an méid sin:

> "Granted that late L2 learners are *less likely* than early L2 learners to acquire complete native-like linguistic competence and overall proficiency in the L2, they are at the same time, very likely to maintain full linguistic competence and proficiency in their L1. Conversely, while child second language learners may be *more likely* to attain native-like proficiency in the L2 as adults, they are very likely to lose linguistic ability in their first language, even to the extent of becoming monolingual in the L2" (Montrul 2008: 22).

Mar sin, is iondúil gurb é sealbhú neamhiomlán na teanga atá mionlaithe go sóisialta is ea toradh phróiseas an tsealbhaithe teanga i bpáiste dátheangach a bhfuil mórtheanga na sochaí aige freisin. Sa chúinse seo, ní thagann an cumas atá ag an bpáiste sa mhionteanga lena aois, ná leis an gcumas optamach dá aois. Is mar gheall nach bhfuil leibhéil an ionchuir, an ionghlactha[22] ná an aschuir theanga sách ard a tharlaíonn sé seo. Ní mór don ionchur, don ionghlacadh agus don aschur a bheith dlúthrialta, ilghnéitheach agus iltoiseach freisin:

> "Just as early and middle childhood is the optimal period in which human beings are biologically equipped to learn language effortlessly, early to middle childhood is also the period most susceptible to language loss in the absence of sustained optimal levels of input and language use. I suggest somewhere between ages 8 and 10 as an approximate time when the possibility of achieving native-like attainment in the L2, and of undergoing significant attrition in the L1, become less likely" (Montrul 2008: 24).

Go loighiciúil, má mhaireann staid neamhiomlán iontaisithe na mionteanga le linn shaolré an duine is neamhiomláine fós a bheas an mhionteanga a sheachadfar chun na chéad ghlúine eile, sa chás gur féidir nó go roghnaítear í a sheachadadh ar chor ar bith. Sna cúinsí sin, is idirtheanga í an mhionteanga ar an gcointeanóid meatha i dtreo an bháis.

1.5 An Dátheangachas (Dealaitheach) ag Aois Óg

I bhfianaise na litríochta atá pléite go dtí seo, is follas go bhfuil sealbhú na mionteanga sa saol dátheangach trioblóideach. Is léir freisin go bhfuil sé an-deacair ach go háirithe ar an gcomh-dhátheangaí an mhionteanga a shealbhú go hiomlán:

> "Because some simultaneous bilingual children [comh-dhátheangaithe] learn the majority language along with the minority language from birth, they have the longest possible period of exposure to the majority language. Accordingly, they receive less input in their family language than sequential bilingual children [dátheangaithe seicheamhacha] whose L1 is the family language. Furthermore when the minority language does not share the prestige of the

[22] Is ionann ionghlacadh anseo agus próiseáil chogneolaíochta an ionchuir theanga.

> majority language, this could also lead to imbalanced acquisition, with a trajectory toward eventual lower proficiency in the minority language than in the majority language. Sequential bilinguals – those children who are native speakers of the minority language and acquire the majority language predominantly at school – are also subject to strong societal and peer influences toward a preference for the majority language" (Montrul 2008: 99).

Is iad na conclúidí céanna, a bheag nó a mhór, a thagann as SCT (464–7 mar shampla). Mar sin, ach oiread leis an gcomh-dhátheangachas, níl slánú na mionteanga le fáil sa dátheangachas seicheamhach. Ainneoin a gcuid iarrachtaí, agus i ngan fhios dóibh féin go minic, is cosúil nach mbíonn tuismitheoirí i gcúinsí mar seo in ann éalú ón dátheangachas: "Japanese-speaking parents [sna Stáit Aontaithe] believed they were using Japanaese exclusively and consistently with their children ... Except for one parent who used 30% English on the three occasions, all other parents used some English instead of only Japanese (up to 10%)" (Montrul 2008: 101). Arís, go minic is i ngan fhios dóibh féin a théann tuismitheoirí le himtharraingt na mórtheanga. I dtéarmaí Hagège:

> "Parents are doing two things: first, the elements that they teach are insufficent, and secondly, by not ensuring a transmission beginning from the earliest ages, as is common for any living language, they hand down knowledge that is not acquired in a continuous fashion ... For certain aspects of the language, the absence of continuity implies an acquisition that is too belated. It comes at an age between childhood and preadolescence when the eagerness to listen and to learn is diminishing, and when a selective stabilization, if not an ossification [an t-iontaisiú thuas], sets in on the part of neurological aptitudes for attention and assimilation ... . In a regrettable coincidence, this is also precisely the age when children become more and more interested in a language or languages present in the near or even distant environment, besides the one used by the community" (Hagège 2009: 78).

Tá stádas na mionteanga sa chomharsanacht agus sa cheantar an-ábhartha sa mhéid seo. Tuigeann an páiste dátheangach ag aois an-óg cé acu teanga is mó a bhfuil feidhm léi sa tsochaí. Go hiondúil, ní féidir an dallamullóg a chur ar pháistí, stádas na mionteanga a cheilt orthu ná iad a mhúnlú ná a dheilbhiú de réir na mionteanga, ach i gcúinsí fíoreisceachtúla:

> "[B]ilingual children who speak a minority language at home become aware very early in life of the political and social status of the languages they speak once they start to socialize beyond the home through childcare, friends, and other social interactions. Even when children are encouraged to use the minority language at home, preference for the majority language is very strong. When the family language is used less frequently than the majority language by simultaneous bilingual children, it runs the risk of becoming weaker, eventually affecting its vocabulary and grammar" (Montrul 2008: 101).

Tuigeann an páiste, d'uireasa straitéis ghlic an tuismitheora, gur féidir cumarsáid a dhéanamh leis an tuismitheoir sa mhórtheanga:

> "In general the children were not consistent in choosing Japanese when addressing the Japanese-speaking parent, because the children knew the Japanese-speaking parent could also communicate in English. Kasuya [an taighdeoir] also showed that parental code switching always led to the child continuing the conversation in English. Children used more Japanese when the parents used explicit discourse strategies ... Implicit or indirect discourse strategies ... were not conducive to the child using the minority language more" (Montrul 2008: 101).

Tagann an méid seo le taighde Uí Churnáin sa Ghaeltacht:

> "Ach nach mbeidh fhios ag gasúir go bhfuil Béarla agat? Is é an pointe is mó go bhfuil gasúir dírithe ar fheidhm. Má tá bac ar an bhfeidhm chumarsáideach de bharr a n-iompair féin, díríonn siad ar an iompar sin is athraíonn siad é. Nó má chuireann siad an cheist, is féidir a rá leo go dtuigeann tú Béarla ach nach dtuigeann tú breac-Ghaeilge nó nach dtuigeann tú Béarla is tú féin ag Gaeilgeoireacht. Glacann siad leis sin, go háirithe má labhrann tú glan-Ghaeilge thú féin" (Ó Curnáin 2009: 40).

Má táthar le dícheall a dhéanamh ar son na mionteanga sna cúinsí sin, ní mór do thuismitheoirí a bheith forghníomhach ó thaobh straitéisí seachadta teanga de agus gan a bheith scaoilte i leith iompair mhórtheanga an pháiste. Is cosúil nach leor tuismitheoir amháin a labhraíonn an mhionteanga leis an bpáiste leis an teanga sin a sheachadadh go hiomlán:

> "[I]n the absence of a broader speech community, input from only one parent does not seem sufficient to help the child *develop* and *maintain* full linguistic ability in the family language. The child evidenced omission of obligatory elements, problems with inflectional morphology, and word order errors (due to transfer). While some aspects of language may have been acquired, they were subsequently lost (*attrition*), whereas others [sic] aspects of the language may have not been [sic] acquired at all, showing delayed and, eventual incomplete acquisition" (Montrul 2008: 102).

Dar ndóigh, is dúshlán mór é do dhuine ar bith nach bhfuil teanga stairiúil an phobail aige í a fhoghlaim go paiteanta, mar a thuairiscítear ó cheann de phobail mhionteanga Cheanada: "Non-Inuit, even those who are married to Inuit and have lived in Inuit communities for many years, rarely learn more Inuktitut than a small set of frequently used words and conversational phrases" (Allen *et al*. 2006: 579). Léiríonn torthaí teangeolaíocha na gcúinsí seo i dhá phobal Gaeltachta (Ó Giollagáin 2002 agus 2005) gur toradh coitianta é ach nach mbíonn an Ghaeilge sealbhaithe go hiomlán ag cainteoirí óga a bhfuil tuismitheoir amháin ina Bhéarlóir mar a dheimhníonn an taighde idirnáisiúnta:

> "Children exposed to family bilingualism, or who are members of an ethno-linguistic minority culture, do not usually get the full benefits of substantial linguistic exposure and use of the two languages. Typically, the less frequently used language lags behind in development and becomes functionally, psycholinguistically, and structurally weaker" (Montrul 2008: 107).

Cuid mhór d'fhéindearcadh pobail mhionteanga atá ag imeacht as is ea an fhéin-dallamullóg (Crystal 2000: 108–9; Lenoach 2012: 71–4). Ceaptar go forleathan gur féidir le daoine óga filleadh ar an teanga nuair atá blianta na ndéaga caite acu. Nochtar an tuairim sin sa Ghaeltacht go minic. Dúirt tuismitheoir amháin

> "gur chreid sí go mbíonn tréimhse i saol duine óig nuair "[is] tábhachtaí dó[ibh] a bheith ag breathnú 'cool' ná cén teanga atá sé a labhairt. Dúradh gur rud é "a tharla riamh" sa Ghaeltacht, .i. go mbíonn tréimhse i saol páistí (déagóirí go hiondúil) ina labhraíonn siad Béarla lena gcairde. De réir thaithí na dtuismitheoirí seo, agus iad féin ina ndéagóirí, bhí go leor déagóirí ann "[a

> d'iontaigh] ar an mBéarla ... ach ansin a d'iontaigh ar ais. Agus le Gaeilge a thóg siad a gclann"" (Nic Cionnaith 2012: 151).

Ní féidir le duine 'filleadh' ar an ní nach raibh ina sheilbh aige a chéaduair, áfach. I bhfocail Gathercole agus Thomas (2005: 871): "[A language becomes] timed 'off the map' for acquisition." Mar a pléadh thuas, ní ligeann bitheolaíocht an duine dó an teanga a shealbhú go hiomlán i ndiaidh na haoise criticiúla. Tarraingítear aird ar cheist an fhillte freisin i staidéar a rinneadh ar chainteoirí óga Tuircise–Gearmáinise (Daller *et al*. 2010) a tógadh go dátheangach i dtíortha Gearmáinise san Eoraip agus a d'fhill ar an Tuirc sna déaga. Léirítear ann, ní amháin nach bhfuil a gcuid Tuircise chomh maith le déagóirí a tógadh go haonteangach sa Tuircis sa Tuirc — mar a bheadh súil leis — ach nach dtagann forás suntasach ar a gcuid Tuircise tar éis dóibh bliain iomlán a chaitheamh ar ais sa Tuirc.

Sa dinimic mionteanga–mórtheanga, ó thaobh stádas agus labhairt na mionteanga sa tsochaí de, ní hann don dátheangachas breisitheach:

> "In cases of true bilingual fluency (i.e., additive bilingualism), a second socially relevant language is added to the individual's linguistic repertoire. The inclusion of the second language does not reduce or disrupt, and may even enhance, proficiency in the heritage language ... This is the pattern shown by most majority-language children (i.e., Anglophone children in North America) who receive instruction in a second language ... [However] [t]he pattern demonstrated by most Native people and many immigrant and minority-language groups is one in which the heritage language is gradually replaced by a more prestigious and powerful second language ... In young children, this subtractive form of bilingualism is demonstrated when increasing acquisition of the dominant language corresponds with a slowing or even reversing of development in their heritage language ..." (Wright *et al*. 2000: 65).

Is léir ón litríocht mar sin gur tréith uilíoch agus prionsabal uilíoch, go deimhin, atá sa dátheangachas dealaitheach: "[T]he experimental evidence ... shows that in minority-language speaking children, the weaker language very often lags behind with respect to the language of other fluent bilingual or monolingual children of the same age and cognitive development" (Montrul 2008: 120).

1.6 Cumas Teanga Ginearálta le hais Cumas Teanga ar Leith

I gcúinsí tipiciúla, ní thagann laghdú ar chumas teanga ginearálta an dátheangaí ná an aonteangaí. Dealraíonn sé go dtagann forbairt teangeolaíoch normálta agus tipiciúil, mar a bheadh súil leis, ar an bpáiste sna cúinsí sin beag beann ar an iontaisiú nó ar an laghdú is féidir teacht ar theanga lag an dátheangaí: "Language (with a capital L) competence never erodes or fossilizes, only knowledge of one or the other (or the third, as the case may be) instantiation of it is lost, ceases to develop, or develops at an unexpectedly slower rate" (Francis 2005: 495).[23] Ina dhiaidh sin féin, maíonn roinnt údar gur féidir leis an bpróiseas sealbhaithe easnamhaigh sa T1 ar mionteanga í tionchar diúltach a imirt ar fhorbairt ghinearálta an pháiste agus ar phróiseas sealbhaithe an T2:

> "[T]he subtractive process can be associated with considerable emotional, cognitive, and developmental risks ... In addition, acquisition of and competence in a second language has been tied to heritage-language proficiency. Poor heritage-language development can adversely affect acquisition of the second language ... Thus, a highly subtractive context encountered at a young age should not only slow the development of the child's heritage language but could also lead to difficulties in acquisition and mastery of a second language" (Wright *et al*. 2000: 65).

Ní léir gur leor an méid a mhaítear san fhoinse sin leis an téis a chruthú, áfach. Ina dhiaidh sin féin, léiríonn taighde a rinneadh sna Stáit Aontaithe gur mó stad a bhíonn i gcaint an dátheangaí ná an aonteangaí: "Bilinguals with two spoken languages, unimodal bilinguals, experience significantly more TOTs [tip-of-the-tongue states] than monolinguals, suggesting that the mechanism underlying TOTs is sensitive to the existence of two lexicons, two phonological systems, or both" (Pyers *et al*. 2009: 323).

[23] Tá cásanna fíoreisceachtúla ann de pháistí nár tháinig forbairt teangeolaíoch chognaíoch orthu de bharr nach i gcúinsí normálta a tógadh iad. Páistí iad seo a ndearnadh faillí antoisceach orthu fearacht 'Genie' sna Stáit Aontaithe agus Oxana Malaya san Úcráin (Steinberg agus Sciarini 2006: 93–100).

1.7 T2 Ag Tiontú Ina T1

Bíodh is gur le teanga amháin go príomha a thógtar an dátheangaí seicheamhach agus fiú an comh-dhátheangaí, is féidir leis an dara teanga tiontú ina príomhtheanga de bharr na gcúinsí sóisialta ina dtógtar an páiste: "Replacing Languages may trace their origin to an L2 but upon effecting attrition of an L1 take on the status of a full-fledged (dominant) primary language, a "new L1"" (Francis 2005: 496). Rinneadh taighde ar an bpróiseas seo i gcás na hEabhraise–Béarla ina léirítear arís ról cinniúnach aois an pháiste, bíodh is go raibh na páistí a scrúdaíodh an-óg:

> "(a) Stage 1: onset, 3 months after initial contact with English, ages 2;9 to 3;1; (b) Stage 2: a short (1-month) bilingual period; (c) Stage 3: disintegration of the Hebrew verbal system, ages 3;2 to 3;5; and (d) Stage 4: reconstruction of the derivational and inflectional system reducing it to a single form, used productively by the child, ages 3;5 to 4;6" (Francis 2005: 498).

Maíonn Francis (2005: 501–2) gur aon dlúthphróiseas teangeolaíoch amháin atá sa mheath agus san fhás: "the attriting language and the Replacing Language interact in a systematic way, not as two interlanguages simply passing each other by in opposite directions, but in close contact one with the other such that the Replacing Language occupies ceded domains systematically." Deir sé:

> "[T]he Replacing Language is not a degraded L1. It "reoccupies" the same linguistic-knowledge domains (from which the attrited L1 was displaced) that underlie complete native-speaker proficiency. At the same time it should be kept in mind that attrited L1s can take two forms: complete attrition and replacement, in which only a vestige may remain of the former L1; or Replacing Language dominance coexisting with an attrited former L1 that retains some measure of representation in the linguistic domains, at the same level, for example, as that of an advanced L2 interlanguage"(Francis 2005: 510).

1.8 Minicíocht, Ionchur agus Aschur

Tagann taighde Stolberg agus Münch (2009) le torthaí Montrul ó thaobh thábhacht cúrsaí aoise i sealbhú teanga de agus, ach oiread le Montrul, leagann siad béim freisin ar chúrsaí ionchuir agus aschuir:

> "The occurrence and extent of L1 attrition, the non-pathological decrease in language proficiency in the individual ... is influenced by several determinants. Among the most important ones are: age at the onset of L2 acquisition, age at the onset of L1 attrition, time elapsed since the onset of L1 attrition, the speaker's level of education, the speaker's attitude towards her languages, and the amount, frequency and settings of use of the attriting language" (Stolberg agus Münch 2009: 19).

Léiríonn taighde eile a thugann siad mar údarás gur deacra don chainteoir teacht ar na focail atá uaidh mar gheall ar laghad na húsáide a bhaineann sé astu. Dar ndóigh, i gcás an dátheangaí óig Ghaeltachta nach bhfuil a chumas teanga ginearálta forbartha go hiomlán go fóill, cuireann an Béarla (T2) isteach ar an bhfáil atá aige ar a stór focal Gaeilge (T1) mar gur forleithne an Béarla ina shaol:

> "The activation threshold is higher for rarely used items than for more common ones ... and, although the threshold is lowered each time an item is activated, it subsequently starts rising again until its next activation ... Thus, the "threshold is subject to permanent fluctuation, depending on frequency and recency of activation" ... In the case of long term contact between two languages in one individual, resulting in L1 attrition, the dominance of the L2 (in the speaker and in the environment) lowers the activation level of L2 items. Therefore it takes more resources to INHIBIT the L2 before the L1 (where items have higher activation thresholds) can be accessed" (Stolberg agus Münch 2009: 19).

Mar sin, tar éis na haoise criticiúla, nó tar éis na haoise ag a bhfuil an teanga sealbhaithe go hiomlán, d'fhéadfadh sé gurb é an bac minicíochta seo an bac is cinniúnaí ar fad:

> "[Schmid proposes] that the quantity of L1 use is an important predictor of L1 maintenance only until a "saturation point of rehearsal" ... is achieved and knowledge is stabilized. After this point, frequency, i.e. language use, may not play as important a role in language accessibility as previously assumed. It is the process of inhibition that will affect the activation threshold most" (Schmitt 2010: 65–6).

Tugann sé seo le fios gurb é forleithne na mórtheanga i saol an mhionteangaí, seachas cúrsaí minicíochta tar éis an tsealbhaithe iomláin, is tábhachtaí i gcinniúint

na mionteanga. Go deimhin, má chuirtear minicíocht úsáide, bac agus ceannas sóisialta na mórtheanga le chéile, is féidir a rá gur laghdú teanga *par excellence* a tharlaíonn. Sin é a léiríonn taighde Schmitt (2010) i gcás an Bhéarla agus na Rúisise:

> "It seems plausible to assume that for early [aois óg] immigrants L2 gradually becomes the language of choice, i.e. the dominant language in peer and other social interactions. L2 is also used more frequently than L1 outside of domestic encounters in the majority of immigrant situations. Moreover, many content morphemes are to some extent congruent in English and Russian, which leads to inhibition of L1 content morphemes when the speaker uses L2, English. Consequently, due to inhibition and decreased frequency of use the activation threshold for L1 lexical items becomes increasingly higher, and eventually accessing some items requires so much effort that a normal conversation in L1 is no longer possible. In order to maintain the flow of conversation, the speaker may resort to many communicative strategies, including circumlocution, simplification, avoidance, code-switching and convergence" (Schmitt 2010: 66)

Ar ndóigh, tá comhionannas *áirithe* idir moirféimí ábhar sa Ghaeilge agus sa Bhéarla — ach comhionannas *tréan* sa Ghaeilge Neamhthraidisiúnta.

I staidéar a rinneadh ar aonteangaithe agus dhátheangaithe an-óga san Ísiltír (Scheele *et al*. 2010), fuarthas amach go raibh cumas teanga (seachas cumas cognaíoch) na n-aonteangaithe níos forbartha ná cumas teanga na ndátheangaithe. Trí aicme gasúr trí bliana d'aois a bhí i gceist sa staidéar — (i) aonteangaithe Ollainnise, (ii) dátheangaithe Beirbeirise–Ollainnise agus (iii) dátheangaithe Tuircise–Ollainnise:

> "Despite equal domain general cognitive abilities, Dutch children scored higher than the bilingual children on a L1 vocabulary test, and Moroccan–Dutch children had higher second language (L2) vocabulary skills compared to Turkish–Dutch children. Multigroup analyses revealed strong impact on both L1 and L2 skills of language specific input in literate and oral activities [.i. dianteagasc]. Finally, indications were found of positive cross-language transfer from L1 to L2 as well as competition between L1 and L2 input" (Scheele *et al*. 2010: 117).

Cé gurbh iad na haonteangaithe Ollainnise ab fhearr, chruthaigh na dátheangaithe Beirbeirise–Ollainnise níb fhearr ná na dátheangaithe Tuircise–Ollainnise.

Tuairiscítear go bhfuil an pobal Turcach níos comhshamhlaithe ná na Beirbeirigh le sochaí na hÍsiltíre agus dealraíonn sé mar sin gur mó ionchur T1 a fhaigheann páistí na mBeirbeireach ná na dTurcach.

Tarraingíonn Scheele *et al*. (2010) aird ar ionchur teanga, mar a pléadh i staidéir eile é:[24] "[S]tudies show that bilingual children's proficiency in each language is strongly related to the amount of input in that language. The more input a child receives in a specific language, the better the child performs on vocabulary, reading, and writing tests in that language" (Scheele *et al*. 2010: 119). I measc na ngníomhaíochtaí ionchuir sin, áirítear comhléitheoireacht lena muintir agus dioscúrsa casta dlútheolais, cláir theilifíse oideachasúla agus canadh amhrán. Tá an t-ionchur idéalach sin trioblóideach sa chomhthéacs dátheangach, áfach: "The consistent relationships found between language input through particular language activities at home and children's language development raise an important question. Is there a competition [idir an dá theanga] for scarce time resources that affect children's L1 and L2 skills?" (Scheele *et al*. 2010: 119). Nuair is mionteanga agus mórtheanga atá i gceist, is léir go gcaithfear an cineál ionchuir ardchaighdeáin seo ar a laghad a chur ag obair sa mhionteanga le caighdeán sealbhaithe measartha ard a bhaint amach sa teanga sin. Ní hé *caighdéan* an ionchuir amháin atá tábhachtach ach *méid* an ionchuir freisin:

> "[D]espite the evidence for positive bilingualism, there is a plausible argument to the contrary, arising from the notion that the quantity of input in either language matters, and that L1 and L2 stand in a competitive relation regarding available time for language learning, as was discussed above. If time for language learning is indeed restricted, time spent on learning a new language inevitably takes away time for learning L1. In this sense, acquiring L2, the majority language, will be at the expense of L1, which is defined as a situation of *negative*, or *subtractive*, bilingualism" (Scheele *et al*. 2010: 119–20).

Léiríonn torthaí an taighde go bhfuil baint ag stádas socheacnamaíoch na dtuismitheoirí le méid an ionchuir sa T2 agus go bhfuil baint aigesean le caighdéan an T1 a shealbhaítear:

[24] Féach Hart agus Risley (1995 agus 1999) mar shampla.

> "The results reveal strong differences in SES [socio-economic status], with the Moroccan–Dutch families, on average, having the lowest SES, because of the low level of education of the parents and the low status of their jobs. Moroccan–Dutch children attended preschool out of home care facilities less frequently than the Turkish–Dutch and Dutch children (mean difference = 3 hr/week), receiving less exposure to Dutch as a consequence" (Scheele *et al*. 2010: 125).

I mbeagán focal, tá T1 na bpáistí Beirbeirise–Ollainnise níos fearr ná T1 na bpáistí Tuircise–Ollainnise de bharr *mhéid* an ionchuir sa T1 agus *laghad* an ionchuir sa T2, bíodh is nach bhfuil *caighdeán* an ionchuir sa T1 optamach.

1.9 Litearthacht agus Cumas Teanga Ginearálta

Ceann d'íoróiní móra iarrachtaí athbheochana mionteanga go minic is ea gur mórfhoinse ionchuir na mórtheanga atá san fhoras oideachais (réamhscoil / scoil), ainneoin an róil thábhachtaigh a chaithfeas a bheith aige san athbheochan. Ní amháin gur coitianta an Béarla ná an Ghaeilge mar theanga shóisialta ag na daltaí i gcuid mhór de na forais oideachais sa Ghaeltacht chomhaimseartha ach léiríonn na staidéir chuimsitheacha is deireanaí go mbaintear feidhm as an mBéarla mar theanga teagaisc go minic freisin: "Is léir géarchéim a bheith ag an teagasc trí Ghaeilge in iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Tá an Béarla in uachtar mar mheán teagaisc i 40% de na seisiúin ranga i mbliain na hArdteistiméireachta ... i gceantair láidre Ghaeltachta (Catagóir A), tá os cionn 10% den teagasc á dhéanamh trí Bhéarla i gcuid de na hábhair thraidisiúnta" (Mac Donnacha *et al*. 2005: 11; féach Lenoach 2012: 62–4). Chomh maith leis sin, mar gheall gur coitianta i bhfad an Ghaeilge Neamhthraidisiúnta chódmheasctha ná an Ghaeilge Thraidisiúnta sa Ghaeltacht chomhaimseartha, agus bíodh is gurb í an Ghaeilge an teanga mhaitríse agus an Béarla an teanga leabaithe (i dtéarmaí Myers-Scotton 2007: 218), is foinse ionchuir Bhéarla *de facto* í freisin an Ghaeilge Neamhthraidisiúnta chódmheasctha mar mheán teagaisc sa réamhscoil / scoil. Cé go dtugann Hickey (2009) le fios nach bhfuil an códmheascadh i measc teagascóirí sa naíonra chomh rábach is atá sa ghnáthchaint, tugann próifíl aoise agus gnéis na dteagascóirí céanna sa staidéar sin le fios gur Gaeilge Neamhthraidisiúnta atá acu ó dhúchas. Cuid lárnach den Ghaeilge Neamhthraidisiúnta is ea an códmheascadh. Áirítear an phragmataic ar fad nach mór,

cuid mhór den léacsacan, briathra agus dobhiarthra, tús agus deireadh (fráma) píosa cainte agus an códmheascadh féinmhéadaitheach (Lenoach 2012: 48–53).

Aithníonn Wright *et al*. (2000) an ról lárnach atá ag an teagasc — idir labhairt agus litearthacht — sa dinimic mionteanga–mórtheanga. Sa chás gur sa mhórtheanga (nó sa teanga neamhthraidisiúnta chódmheasctha) atá an páiste á mhúineadh, molann Wright *et al*. (2000) go gcaithfidh méid áirithe den mhionteanga a bheith sealbhaithe aige ar dtús sula dtabharfaidh sé leis go réasúnta sásúil í:

> "The threshold hypothesis proposes that to avoid the subtractive effects of second-language instruction, the child must [first] acquire and maintain a threshold level of proficiency in the heritage language. Following from this argument, the principle of "first things first" proposes that effort must be made to ensure that the heritage language is adequately developed before second-language acquisition becomes the focus.[25] Recently, several authors have proposed that adequate development of the heritage language may need to include literacy skills as well as oral and aural skills, to avoid the subtractive bilingualism profile" (Wright *et al*. 2000: 65).

Léiríonn na tuarascálacha maidir leis an oideachas sa Ghaeltacht (Mac Donncha *et al*. 2005 agus Ó Flatharta 2007) nach mór na scileanna litearthachta Gaeilge a fhorbairt sa pháiste mar chuid de straitéis cur in aghaidh an dátheangachais dhealaithigh. Léiríonn Nic Cionnaith (2012) go bhfuil géarthuiscint ag roinnt tuismitheoirí Gaeltachta ar na cúrsaí seo agus gur mórúdar imní do chuid acu é: "Ó tharla go gceapann tuismitheoirí go bhfuil caighdeán Gaeilge labhartha a gcuid páistí tite nó gan forbairt ó thosaigh siad ar scoil, go bhfuil fadhbanna aitheanta acu leis na leabhair a úsáidtear chun scileanna léitheoireachta Gaeilge a mhúineadh, agus go bhfuil an chuma ar an scéal go leagtar níos mó béime ar Bhéarla maith a bheith ag páistí ná Gaeilge mhaith" (Nic Cionnaith 2012: 153) agus "[c]huir tromlach mór na dtuismitheoirí in iúl go mbíonn fadhbanna ag a gcuid páistí leis an léitheoireacht Ghaeilge agus nach raibh a ndóthain léitheoireachta Gaeilge ar siúl acu ar scoil" (Nic Cionnaith 2012: 156).

[25] Féach an dátheangachas moillithe in Ó Giollagáin (2012).

Níl roinnt tuismitheoirí i bpobal mionteanga na hIonúitise dall ar an bpróiseas dealaitheach sa scoil ach oiread: "A survey on education in Nunavik by the Nunavik Educational Task Force (1992) reports that parents notice a progressive decline in their children's Inuktitut as they proceed from grade to grade" (Allen *et al*. 2006: 581). D'aithin na tuismitheoirí an laghdú a tháinig ar T1 na bpáistí agus iad ag dul tríd an gcóras scolaíochta T2: "[C]ommunity members felt that the proficiency in Inuktitut of students in Grade 8 (aged 15-16), after 5-6 years of exposure to the majority language in school, was worse than the Inuktitut proficiency of students in Grade 3 (aged 8-9), who were just beginning to be exposed to the majority language in a formal context" (Allen *et al*. 2006: 581). Léiríonn Ní Chonchúir (2012) go bhfuil an-tuiscint ag daltaí agus ag múinteoirí ar an scéal freisin agus gur údar mór frustrachais dóibh é:

> "Tá na deacrachtaí atá ag an spriocghrúpa le léamh agus scríobh na Gaeilge casta agus thug na múinteoirí cur síos beacht ar na deacrachtaí sin. Ní thugtar anseo ach achoimre ar an méid a dúirt siad, ach mhínigh siad go gcaitear streachailt leis na fadhbanna seo a leanas: (i) easpa téacsleabhair Ghaeilge a bheith ar fáil; (ii) téacsleabhair Ghaeilge a bheith ar chaighdeán níos ísle ná na cinn Bhéarla; (iii) caighdeán na Gaeilge sna téacsleabhair a bheith tubaisteach (i.e. gur aistriúcháin díreach ón mBéarla atá iontu agus/nó go bhfuil an teanga róchasta don aoisghrúpa); (iv) caitear a lán Béarla a úsáid sa seomra ranga ó thaobh na cainte agus na scríbhneoireachta de toisc an meascán cumais sa Ghaeilge atá ag na daltaí sa scoil; (v) tá méid áirithe múinteoirí sa scoil nach bhfuil ar a gcumas ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus nótaí maithe a chur ar fáil don dalta sa chás nach bhfuil téacsleabhar oiriúnach ar fáil; (vi) sa chás go dtugtar rogha ábhar a dhéanamh trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla is minic go roghnaíonn cainteoirí dúchais an sruth Béarla. Tá éifeacht ag na deacrachtaí sin ar fad ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta an spriocghrúpa" (Ní Chonchúir 2012: 128–9).[26]

Tagann an taithí sa Ghaeltacht lena bhfuil deimhnithe i gcás na teanga Ionúitise i Québec ag Wright *et al*. (2000):

[26] Molann Ní Chonchúir (2012) curaclam ar leith a chur ar fáil do lucht mhionteanga na Gaeilge sa Ghaeltacht bunaithe ar thrí bhunchloch .i. (i) teangeolaíocht, (ii) sochtheangeolaíocht agus (iii) cultúr na Gaeilge.

> "Education in a dominant second language appears to have a negative impact on the development of the heritage-language proficiency. In addition, the strong performance of the Inuit children educated in Inuttitut can be interpreted as evidence that heritage-language instruction may prevent these disruptions to the heritage language. Thus, this first comparison provides some initial evidence of a pattern of "subtractive bilingualism" among Inuit children educated in English and French ... Both the conversational and academic measures ... demonstrate that Inuit children educated in a societally dominant second language show a lag in Inuttitut proficiency compared with those educated in their heritage language" (Wright *et al*. 2000: 71).

Tugann na húdair suntas do mhéid na dealaitheachta i gcás na teanga acadúla le hais na teanga labhartha: "However, these separate analyses also show that the effects of language of instruction are stronger for academic language proficiency than they are for conversational proficiency" (Wright *et al*. 2000: 71). Ní mór a chur san áireamh, áfach, gur forbairt teanga sóisialta freisin atá i bhforbairt na teanga acadúla. Dá mhéid leibhéal agus réim teanga acadúil a bhaineann an duine óg amach, is mó réimeanna sóisialta a mbeidh sé in ann feidhmiú iontu i gcaitheamh a shaoil, saol sár-iarnua-aoiseach ilréimeach, nach leor go minic scileanna labhartha comhrá le dul chun cinn ann. Mar sin, níl an deighilt idir an teanga acadúil agus an teanga chomhráiteach chomh domhain agus a bhí sa saol traidisiúnta agus is léir go bhfuilid fite fuaite ina chéile ar na saolta seo.

Is é an cás atá Wright *et al*. (2000) a dhéanamh go gcuireann an teagasc sa mhionteanga le cumas agus forbairt an pháiste sa teanga sin: "[I]t appears that instruction in the heritage language leads to relatively strong heritage-language proficiency, both academic and conversational" Wright *et al*. (2000: 71–2). Tá sé de bhuntáiste ag lucht mionteanga na Gaeilge a thuiscint, áfach, go bhfuil an scéal i bhfad níos casta ná sin agus ní chuireann na húdair san áireamh caighdeán ná cineál na mionteanga atá á múineadh, ná go deimhin deiseanna i dtaobh úsáid shóisialta na teanga (féach Fishman 1991: 122–48, go háirithe 138–41). Mar sin féin, tuigeann Wright *et al*. an tábhacht eolaíochtúil a bhaineann le cúlra baile an pháiste. Cé nach bhfuil an cur síos a dhéanann siad chomh pointeáilte le Ó Giollagáin (2002 agus 2005), aithníonn siad go mbíonn ról ag cúlra measctha an pháiste ar a fhorbairt teanga. Is iad na comhchainteoirí sa Ghaeltacht, de réir Uí Ghiollagáin, na daoine is gaire don dream a dtugann Wright *et al*. (2000) 'mixed-heritage children' orthu. De

réir a gcuid taighde, is féidir le comhchainteoirí Ionúitise–Béarla, sa phobal áirithe atá i gceist, a bheith níos cumasaí sa mhionteanga ná cainteoirí dúchais (go hacadúil ar aon chuma):

> "Inuit children educated exclusively in a dominant second language [Béarla] showed lower levels of heritage-language proficiency than did mixed-heritage children educated in a second language [Ionúitis], even when these scores were adjusted for initial differences in heritage-language proficiency. This finding ... [shows] that the second-language instruction has a greater negative impact on the heritage-language development of children who speak a minority language (Inuit children) and are being educated in a societally dominant language than on children whose first language is a societally dominant language (mixed-heritage children)" (Wright *et al*. 2000: 73).

Tar éis trí bliana a chaitheamh ar scoil, bíonn na comhchainteoirí níos cumasaí sa mhionteanga i dtaobh cúrsaí foclóra de ach go háirithe agus beagán níos cumasaí i dtaobh cúrsaí tuisceana agus litearthachta. Cé nach ionann an dá chás go baileach, tagann sé seo go pointe le torthaí an taighde a rinne Harris *et al*. (2006) a léiríonn gur féidir le foghlaimeoirí i scoileanna Gaeilge sa Ghalltacht a bheith níos cumasaí sa teanga ná cainteoirí dúchais sa Ghaeltacht.

Is cosúil (i) go mbíonn a chumas sa mhionteanga ag dul i léig i gcás an chainteora dúchais mionteanga ach ag dul i méid i gcás an chomhchainteora agus (ii) go mbíonn a chumas sa mhórtheanga ag dul i méid i gcás an chainteora dúchais mionteanga agus i gcás an chomhchainteora araon, mar atá simplithe agam sa tábla hipitéise seo thíos:

Tábla 1.1 Tábla Hipitéise

	Cumas sa Mhionteanga	Cumas sa Mhórtheanga
Cainteoir Dúchais Mionteanga	Á laghdú	Á mhéadú
Comhchainteoir	Á mhéadú	Á mhéadú

Arís, tuigtear go rímhaith sa Ghaeltacht ceann de na cúinsí is follasaí ar fad a aithníonn Wright *et al*. (2000):

> "It is possible that as Inuit children begin to acquire some skills in English or French in the classroom, this new language also replaces (or intrudes on)

> heritage language use in interactions outside the classroom, such as on the playground, on the school bus, in the halls, or in the community outside of school. These are all contexts in which conversational language skills are used. If this is true, the heritage language may be receiving less "practice" in conversational contexts during these formative years of language development. It is also informative that the larger (and significant) differences between Inuit and mixed-heritage children's conversational proficiency in the heritage language are found at the end of each school year (i.e., at the spring test occasions). It appears that the school environment provides some support for continued improvement of conversational English of mixed-heritage children, even though they are receiving formal instruction in Inuttitut or French. However, the school environment does not appear to support the same degree of improvement of conversational Inuttitut for Inuit children who are educated in French or English" Wright *et al.* (2000: 74).

Ina dhiaidh sin féin, tá fianaise ag Wright *et al*. gur féidir leis an teagasc sa mhionteanga tacú go mór leis an gcumas sa teanga sin, ach na cúinsí cothaithe cuí a bheith ann: "These data appear to indicate that Inuit children educated in Inuttitut have very strong heritage-language skills. In fact, when adjusted for lower initial heritage-language proficiency, Inuit children perform better at the later test occasion than mixed-heritage children" (Wright *et al*. 2000: 77). Arís, áfach, ní áiríonn Wright *et al*. ceann de na cora is nua agus is casta sa scéal, .i. cineál na teanga (an teanga neamhthraidisiúnta) atá á theagasc.

1.10 An Tearmann agus Laghdú Teanga

Mar atá mínithe ag Ó Riagáin (1997), chuir nascadh na Gaeltachta le gréasáin chomhionannaithe an domhain mhóir dlús le meath na Gaeilge mar theanga labhartha. Ba iad na ceantair ab iargúlta — agus dá réir sin ab fhaide ón bpróiseas sin — croícheantair na Gaeilge go dtí gur imigh siadsan as freisin (Ó Curnáin 2009: 142– 3; Lenoach 2012: 54). Dlúthphobail bheaga a bhí iontu sin, fearacht roinnt ceantar i ndeisceart Chonamara, a bhí scartha amach de bheagán ó phobail eile (féach an phróifíl phobail ar cheantar Ros Muc ag Lenoach 2009: neamhfhoilsithe). Is tearmann teanga é an ceantar beag, fad is a mhaireann sé, ar nós cuid de na pobail Ionúitise i Québec:

> "[C]ommunity members felt that the proficiency in Inuktitut of the majority of Inuit inhabitants of large communities (around 1000 inhabitants) was worse than the proficiency of the majority of Inuit inhabitants of small communities (around 100-300 inhabitants). This was assumed to be the result of increased contact between Inuktitut and the majority languages (i.e. English and French) because of the greater number of native speakers of majority languages living in the larger communities" (Allen *et al*. 2006: 581).

Chinn Allen agus an fhoireann cineál na hIonúitise a bhí ag daoine óga a fhiosrú:

> "We explored a number of lexical and grammatical aspects of their speech as produced in a spontaneous story narrative, to attempt to test the possibility that the students' Inuktitut is indeed stagnating or declining as feared ... Three communities in northern Quebec were selected for this study: one large community and two small ones. The large community (1100 inhabitants) has a significant non-Inuktitut-speaking population (20%) and substantial use of English and French in daily social and business interactions. The two small communities (225, 350 inhabitants) have very small non-Inuktitut-speaking populations (5%) and virtually monolingual [Ionúitis] daily social and business interactions" (Allen *et al*. 2006: 582).

Ach oiread le taighdeoirí mionteangacha eile, b'fhurasta don fhoireann tréithe uilíocha na teanga easnamhaí neamhiomláine a aithint:

> "As in most languages, complexity in Inuktitut is shown in at least two main ways: lexical specificity and morphosyntactic complexity. More advanced speakers typically use more specific vocabulary (e.g. *hard-packed snow good for making igloos* as opposed to simply *snow*) when this is appropriate. In addition, more advanced speakers tend to produce longer utterances on average, evidencing more grammatical morphemes and more complex syntactic structures" (Allen *et al*. 2006: 583).

Léiríonn torthaí an taighde staid choibhneasta na teanga i gcás gach ceann de na pobail:

(i) I gcás na líofachta, deimhníodh gur bhain daoine ó gach aoisghrúpa a fiosraíodh sna pobail bheaga feidhm as níos mó focal ná sa phobal mór agus iad ag insint scéil: "We assumed that the number of words used would be

higher for more linguistically advanced narratives, reflecting both increased fluency and increased verbal expressiveness ... Within each age group, more words were used on average in narratives from participants living in small communities than in those from participants living in large communities. This is unexpected [sic] as a result of development, as one would assume that speakers of the same age would be equivalently proficient in the language regardless of the community they live in. This result, then, may reveal language stagnation or decline" (Allen *et al*. 2006: 586–7).

(ii) I gcás na héagsúlachta móirféimí agus léacsaí freisin, is iad na pobail bheaga atá chun tosaigh: "Within age groups, morpheme diversity is larger for narratives from participants living in small communities than from those living in the large community. This difference is largest for the participants in Grade 3 [páistí idir ocht agus naoi mbliana d'aois], and smallest for the adult participants. Although development in lexical diversity is increasing with age as would be expected, the difference in richness of lexical diversity across community size suggests possible cause for concern" (Allen *et al*. 2006: 587–8).

(iii) Tugadh suntas don iontaisiú: "These results also suggest language stagnation, in that Grade 8 students [idir cúig bliana déag agus sé bliana déag] evidence no more complex words than Grade 3 students" (Allen *et al*. 2006: 589–90).

Mar sin, dealraíonn sé go bhfuil nasc idir méid an phobail — agus dá bhrí sin a shuíomh agus a stádas sa mhór-réigiún agus sa náisiún — agus staid na mionteanga, go háirithe i measc na n-óg:

> "This study was a preliminary investigation of two hypotheses: (1) that Inuit children do not develop their linguistic abilities in Inuktitut between Grades 3 and 8 (i.e. between age 8/9 and age 15/16), and (2) that Inuit living in large communities with more community presence of a majority language (i.e. English and French) have weaker language abilities than those living in small communities with relatively little community presence of a majority language. The overall concern is that L2 acquisition of majority languages in Nunavik constitutes subtractive rather than additive bilingualism, leading to stagnation and perhaps eventual decline of ability in Inuktitut and undermining the

> longterm future of that language ... The patterns revealed in the areas of fluency, lexical diversity, grammatical complexity and narrative structure suggest that these concerns around language stagnation and decline are well founded at least to some extent" (Allen *et al*. 2006: 592).

Gné eile den iargúltacht — seachas méid nó laghad pobail — a bhféadfadh feidhm an tearmainn a bheith aige is ea an suíomh geografaíoch tuaithe. Tugann taighde Yuzhu (2008) maidir leis an Mongóilis sa tSín le fios gur moille an meath a thagann ar mhionteanga sa saol comhaimseartha faoin tuath ná i mbaile mór:

> "Both groups [tuath agus baile mór] spoke more Han [mórtheanga na Sínise] at home now than during childhood and more in public domains than at home. The two groups differ in that more and more of the urban parents spoke Han over time from childhood to the present, while fewer of the rural parents spoke Han over time. Both groups spoke Mongolian more during childhood than they did it [sic] currently, with the urban group shifting significantly to Han, particularly in public domains. The two groups' patterns of bilingualism are similar: More of them practiced bilingualism over time. Their differences lie in that the urban parents practiced it more at home and in the marketplace while the rural parents practiced it more at home than in any public domains" (Yuzhu 2008: 90).

Arís eile, tugann an méid sin le fios gur cuid den chointeanóid meatha é an dátheangachas san aistriú ó mhionteanga go mórtheanga, gur cúinsí ar leith — cúinsí an tsaoil thraidisiúnta — a chuireann moill ar an aistriú agus go bhfuil feidhm chaomhnaithe leis na cúinsí sin. Tá sé ráite go neamhbhalbh ag Yuzhu (2008) ina achoimre:

> "In endangered Mongolian (Harqin dialect) communities, the family is the mother-tongue source, whereas society is the Han-language source, and under normal circumstances the actual language use by members of the community approaches the median of the use of both languages. The usual process of language shift consists of the development of bilingualism, limited use of Mongolian, and gradually expanded use of Han. Thereafter Mongolian recedes from public domains of language use, bilingualism declines, and use of Han steadily rises. Ultimately a complete shift to Han ensues. The shift from Mongolian to Han takes place faster in urban areas than rural areas,

> faster among children than their parents, and faster among cadres [daoine atá níos dlúthpháirtí leis an gcóras rialtais agus riaracháin] than peasants and students" (Yuzhu 2008: 71).

Leagann Yuzhu amach an próiseas aistrithe idir na glúine, de réir a shampla ionadaíoch, san Onn-Mhongóil. Tugaim mar údarás anseo é mar gur féidir an patrún céanna a aithint i gcás na Gaeilge in Éirinn agus i gcás iliomad mionteanga eile sa saol nua-aimseartha agus go stairiúil freisin (féach Dorian 1981: 94 ach go háirithe). Ach oiread le hÉirinn (féach Ó Riagáin 1997), tháinig saol nua creachach uileghabhálach chun cinn sa tSín i seascaidí na haoise seo caite. Cé go raibh dreach eile air ná an saol in Éirinn, bhí an oiread céanna luais agus díograise faoi — Réabhlóid Chultúrtha Mao — a bhí tiomáinte ag ceannas an mhóir ar an mion (féach m.sh. Sneath 1994). Seo mar a tharla an t-aistriú ón Mongóilis go dtí an tSínis ó aimsir na Réabhlóide Cultúrtha i leith:

> "First, there is a shift from Mongolian to Han and Mongolian-Han bilingualism between generations. In Dachengzi [ceantar uirbeach], most of the students have shifted to Han while their parents have become Han or bilingual speakers. In Sanzuodian [ceantar tuaithe] more of the students speak Han than their parents. Among the same generation, most of the parents of the students of both schools have shifted from Mongolian to Han and to Mongolian-Han bilingualism over time from childhood to adulthood. The students in Sanzuodian have the same pattern as their parents, but the students in Dachengzi show increased Mongolian and bilingual proficiency, thanks to their Mongolian classes.
>
> Second, profession affects changes in the pattern of language use. Profession is closely related to domains of language use. The cadres have mostly shifted to Han because government is the domain where Han predominates. The teachers have maintained Mongolian or Mongolian-Han bilingualism because minority schools are supposed to promote and maintain Mongolian use.
>
> Third, the pace of socioeconomic and educational development affects changes in the patterns of language use. Both urban parents and students, such as those in Dachengzi, have shifted from bilingualism to Han monolingualism faster than rural parents and students, such as those in Sanzuodian. Minority

> schools help develop and maintain Mongolian-Han bilingualism among the students in rural Sanzuodian but fail to do so for students in urban Dachengzi.
>
> Fourth, in the endangered Mongolian language communities, public domains are active for the shift from Mongolian to Han, while family is the vital domain for the maintenance of the Mongolian mother tongue. The endangerment seems to unfold in the following steps. First, Mongolian-Han bilingualism is developed, the use of Mongolian is inhibited, and the use of Han gradually expands in public domains. As the second step, Mongolian withdraws from public domains, bilingualism declines, and Han use steadily increases. During the third step there is a complete shift to Han. The shift takes place in public domains first and then enters the family domain. It takes place in urban areas before entering rural areas" (Yuzhu 2008: 92–3).

Tugtar faoi deara an réiteach polaitiúil trioblóideach céanna ar chás na Mongóilise agus atá ar chás na Gaeilge in Éirinn sa mhéid is go dtugann an Stát cead do dhaoine an teanga a labhróidh siad a roghnú, go teoiriciúil, tríd an mhionteanga a chur ar fáil sa chóras scolaíochta. De réir na téise seo, mairfidh agus bláthóidh an mhionteanga i ndálaí na rogha scaoilte seo. Léiríonn an fhianaise stairiúil agus chomhaimseartha, áfach, go fiú agus struchtúir thacaíochta institiúideacha ann, nach dátheangachas breisitheach den tsórt seo a chothaítear nuair is mionteanga agus mórtheanga na sochaí / an réigiúin / an náisiúin atá i gceist.

1.11 Fabht Léinn

Ainneoin na fianaise eimpírí maidir le meath mionteangacha — idir mheath líon na gcainteoirí agus mheath struchtúir na dteangacha — tá an claonadh i measc roinnt taighdeoirí an scéal a mhíniú i dtéarmaí neamhshochtheangeolaíochta. Le léargas cruinn a fháil ar staid mionteanga, ní mór do thaighdeoirí samplaí teangeolaíochta a chur i láthair agus anailís teangeolaíochta a dhéanamh ar an bhfaisnéis, go háirithe taighdeoirí a bhfuil tréimhsí réasúnta fada caite acu i measc pobail mhionteanga. Ag trácht dóibh ar mheath labhairt na dteangacha dúchasacha éagsúla i measc daoine óga in Arizona sna Stáit Aontaithe, tugann McCarty *et al*. (2009) le fios go bhfuil comhartha dóchais sa chinneadh a dhéanann an duine óg gan an mhionteanga a labhairt:

> "These decision-making processes, we argue, are *de facto* manifestations of implicit language policies. Informed by shared meanings about language constructed within peer culture, the culture of schooling, and broader frames of reference, this informal policy making profoundly influences language choices. While these processes can (and do) structure language shift they also foreground the agentive potential of youth in family-, community-, and school-based language planning" (McCarty *et al*. 2009: 292).

An é sin le rá gur chóir fáilte a chur roimh bhás teangacha mar go dtugann sé sin deis agus rogha dúinn na teangacha sin a athbheochan nó gan iad a athbheochan de réir mar is mian linn? Is é sin, is é an rogha seo an rud is tábhachtaí do McCarty *et al*. Ní thugann na taighdeoirí aon fhianaise chomhaimseartha ná stairiúil, áfach, gur féidir leas a bhaint as an ról lárnach atá ag daoine óga in aistriú teanga sna pobail dhúchasacha sin chun an mhionteanga a thabhairt slán, beag beann ar an acmhainn chun gnímh ('agentive potential' thuas). Fágann sin go bhfuil cuma mhíshásúil agus easnamhach ar chuid mhór dá dtuairiscíonn siad:

> "From early- to late-shift settings, these data show that Native American youth are growing up in highly complex, heteroglossic sociolinguistic environments ... In their homes and communities, children are likely to hear varieties of one or more Indigenous languages spoken by older family members, alongside multiple varieties of English and, in some cases, Spanish ... within all communities there is an intricate interweaving of different languages and varieties for distinct purposes depending on sibling order, relative age, social status, and social function and domain (the strongest domains being ceremonial and cultural activities and the weakest being the home)" (McCarty *et al*. 2009: 297).

Ní phléitear brí, dinimic ná treocht na hilbhéascna ná ní chuirtear san áireamh gur idirthréimhse ghearr atá sna 'timpeallachtaí ilbhéascnacha sochtheangeolaíocha fíorchasta' sin, .i. tréimhse idir labhairt na teanga dúchasaí agus bás na teanga dúchasaí. Ní chuirtear san áireamh ach oiread gurb í an teanga dhúchasach neamhiomlán a shealbhaíonn na daoine óga, cé go mb'fhéidir go bhfuil tuiscint fhulangach theoranta acu ar an teanga thraidisiúnta. Is cinnte go gcuireann an teanga neamhiomlán leis an ildaiteacht agus an ilghnéitheacht teanga sa mhéid is gur leagan eile fós den teanga í, ach arís is é toradh na hilghnéitheachta gearrthréimhsí sin ná

bás na mionteanga. Is i gcomhthéacsanna institiúideacha is mó a chloistear na teangacha atá faoi chaibidil fiú san áit a bhfuil an teanga ceaptha a bheith á hathbheochan: "English is the language of choice in both school and community for most youth, and the language youth say they are "most comfortable" speaking" (McCarty *et al*. 2009: 298). Is deacair a shamhlú mar sin go bhfuil 'acmhainn chun gnímh' ar son na mionteanga sna cúinsí sin.

Go deimhin, is dearcadh níos tráthúla agus níos réadúla a léiríonn múinteoirí na ndaoine óga sin in Arizona maidir le staid na dteangacha dúchasacha i measc na n-óg. Údar suntais is ea an chosúlacht idir a ráitis siúd agus a bhfuil le rá ag múinteoirí in Éirinn maidir le cineál Gaeilge daoine óga Gaeltachta (féach Ní Chonchúir 2012: 120–3):

> "Educators' views of their students' Indigenous-language abilities were poignantly illustrated in the metaphors they chose to describe the Indigenous language: "There is this *afterglow* of a language," one administrator said .... "There are only *remnants* of an active [Indigenous] language," another educator maintained ... The Indigenous language is "*withering away*," yet another educator remarked" (McCarty *et al*. 2009: 298).

Dealraíonn sé gur róchosúil le pobal mionteanga atá ag meath iad cuid de dhúchasaigh Arizona: ""I always hear people say, "Oh you need to treasure the language," another teacher stated, "but when it comes ... to their own homes ... they speak English"" (McCarty *et al*. 2009: 301). Tuairiscíonn Dorian an feiniméan ceannann céanna in Oirthear Chataibh (1981: 104). Ní léir aon 'acmhainn chun gnímh' sa staid sin. Aithníonn McCarty *et al*. (2009) na bunchúinsí laethúla a bhaineann le ceannas na mórtheanga ar an mion:

> "On a daily basis, virtually every societal message these youth receive—from the language privileged in their print environment, in the media, and via technology to overt and covert schooling practices that parse "academic" (empowering) knowledge from "traditional" (disempowering) knowledge—conveys the supremacy of English. Youth take up these messages in diverse ways—resisting, accommodating, and sometimes feeling compelled to "forsake who they are"" (McCarty *et al*. 2009: 303).

Tá cor eile sa scéal, áfach, ar geall le dúshlán go haer é sa bhealach ar lucht pleanála teanga. Tugann an fhianaise ó dhátheangaithe óga Spáinnise–Béarla i Miami le fios gurb é an Béarla is fearr a shealbhaíonn siad ainneoin oideachas, leabhair, páipéir nuachta, teilifís agus iliomad meán agus seirbhísí eile Spáinnise a bheith ar fáil go forleathan i measc an phobail sin (Eilers *et al*. 2006). De réir mar a mhíníonn na húdair an scéal, nuair a tháinig na mílte Spáinniseoirí go Miami as Cúba i seascaidí na haoise seo caite bhí súil acu filleadh ar an tír sin nuair a thiocfadh deireadh le réimeas Castro. Chreid siad nach mairfeadh an réimeas sin i bhfad agus nár ghá dóibh, mar sin, comhshamhlú leis an mórphobal neamh-Easpáinneach i Miami:

> "Toward that end, they recreated in Miami many of the institutions – schools, banks, trade associations, and even social clubs – that they hoped would be a bridge between their departure and imminent return to Cuba ... Those institutions created an Hispanic infrastructure in the community which persists to the present ... These factors might make Miami an ideal cultural and linguistic milieu for language maintenance in childhood bilinguals" (Eilers *et al*. 2006: 69).

Shílfí, mar sin, i ngeall ar na toscaí fabhracha ar leith a bhain(eann) le stádas na Spáinnise i measc na gCúbach i Miami go mbeadh seasmhacht áirithe ag an teanga. Go deimhin, ar an gcéad amharc tá an Spáinnis an-láidir ina measc i gcónaí:

> "The presence of the Spanish language alongside that of English is very strong in the media, in boardrooms and government offices, and on the street ... It would seem then that a large cohesive minority population that enjoyed high status in its host community might promote greater maintenance of a minority language than would be found elsewhere. Could Miami be an exception to the three-generation rule?" (Eilers *et al*. 2006: 69).[27]

Ainneoin na cosúlachta dromchlaí, áfach, ní mar sin atá: "Despite public perception to the contrary, we have several indications that young bilingual speakers in Miami and possibly even new immigrants are shifiting towards monolingual English when they are speaking together" (Eilers *et al*. 2006: 75). Fiú sna scoileanna Spáinnise is láidre sa chathair, tá an patrún aontreoch le sonrú: "[C]hildren conversed

[27] Is é sin go mbíonn inimiricigh aonteangach sa teanga oidhreachta, a gclann dátheangach agus clann a gclainne aonteangach sa mhórtheanga.

overwhelmingly in English, even in schools with a large instructional component in Spanish, even among students who spoke little or no English. The trend began at Kindergarten, even in heavily Hispanic neighborhood schools" (Eilers *et al*. 2006: 77). As a dheireadh ar fad mar sin, i ngeall ar a laghad brú sochtheangeolaíochta atá ar na dátheangaithe an Spáinnis a roghnú dá saol sóisialta, ainneoin a forleithne i ndiméin éagsúla, tá a labhairt ag meath ar bhonn glúineach i measc Chúbaigh Miami:

> "Despite Miami's rich cultural diversity and the value it puts on Spanish language and culture, despite the existence of a high-SES community infrastructure with political and financial power, and despite high rates of immigration of Spanish-speaking peoples to Miami, Spanish appears to be losing ground ... It also appears that when Spanish is weakened in the home, there is little prospect for language maintenance, even though there is a cultural desire for it. Even in Miami, the general Spanish ambiance outside the home supports only a minimal level of 'passive' Spanish when its use is progressively weakened, generation by generation, in the home ... Ironically, the greatest threat to the preservation of Spanish in Miami and similar communities elsewhere may be that the language is perceived as unthreatened by American culture and the English language. This perception may act to curb motivation to promote Spanish language fluency with vigor" (Eilers *et al*. 2006: 87–8).

Léiríonn taighde ar an bhFrainicis i ndeisceart Louisiana (Cajun) go bhfuil mearbhall ar an bpobal ansin i dtaca leis an ní is meath cultúir / sochaí ann, de bharr, is cosúil, na doiléire sa phlé dioscúrsúil. Dealraíonn sé go bhfuil an teanga Cajun ag imeacht as go tréan ach go bhfuil rath réasúnta ar an oidhreacht mar phacáiste siombalach — nó mar thaispeántas — do thurasóirí. Dealraíonn sé freisin go bhfuil leibhéal sástachta áirithe i measc an phobail ansin ina thaobh sin mar go gcreideann cuid mhór acu go maireann an tsochaí agus a bhféiniúlacht Cajun sa phacáiste siombalach cheal teanga. Dar leo go bhfuil a bhféiniúlacht Cajun beo beathaíoch fad is atá siad in ann tarraingt go hócáideach, nuair is mian leo, ar an bpacáiste siombalach: "In general, respondents claim that the necessary criteria to be considered Cajun are just those criteria that they themselves satisfy" (Dubois agus Melançon 1997: 63).[28] Tá

[28] Is ionann sin agus 'cultúr ócaideach' (Ó Giollagáin 2008).

an pobal Cajun traidisiúnta mar a bhí, a raibh an teanga ina bunchloch aige, ag imeacht as go tréan agus tá daoine sa phobal iarthraidisiúnta comhshamhlaithe ag iarraidh an fhéiniúlacht Cajun a shainmhíniú as an nua ar a téarmaí aonair féin:

> "Many speakers who have only a passive competence in the language identify themselves as Cajun; others claim to belong to the community by virtue of their genealogy or cultural heritage though they do not speak French; some individuals even identify themselves as Cajun despite lacking both Cajun ancestry and linguistic ability in Cajun French, claiming that everyone living in South Louisiana is to some extent Cajun. Several people base the delimitation of the Cajun community on a certain attitude toward life (Cajun is *la joie de vivre*) or, more humorously, on culinary qualifications (a true Cajun is someone who can look at a rice field and tell you how many servings of gumbo it will yield) ... In order to realize that the traditional borders of a community no longer apply in the case of Cajun, one only needs to leaf through tourist brochures (in which every restaurant serves authentic Cajun food, every Cajun town is the original Acadian settlement), and to recognize the new politically correct rhetoric about Cajun identity" (Dubois agus Melançon 1997: 64–5).[29]

Maidir lena bhfuil fágtha de phobal teanga in Acadiana, áfach, dealraíonn sé go bhfuil siadsan imeallaithe ag an bhféiniúlacht nua scaoilte seo, .i. an dream a bhfuil an comhartha féiniúlachta is láidre acu i gcónaí. Léiríonn an taighde céanna gur láidre an féinaitheanas Cajun ag an té a bhfuil an teanga aige i gcónaí ná an ag an té a shainmhíníonn a fhéiniúlacht Cajun de réir gnéithe eile den oidhreacht sin. Tugann sé sin le fios nach bhfuiltear iomlán compordach fós leis an bhféiniúlacht scaoilte sár-iarnua-aoiseach agus go bhfuil amhras fós ar an dream a chleachtaíonn é faoina bailíocht. B'fhéidir nach féidir leo a bheith ar a suaimhneas faoin bhféiniúlacht iarthraidisiúnta mar go bhfuil an teanga beo, ar éigean, fós.

1.12 Conclúid

Go hachomair, mar sin, nochtar sa litríocht ábhartha an fheidhm chumarsáide shóisialta atá le féiniúlacht shóisialta. Mara bhfuil feidhm chumarsáide shóisialta le

[29] Is féidir an focal 'Irish' a chur in áit 'Cajun', an focal 'Ireland' a chur in áit 'South Louisiana' agus an focal 'craic' a chur in áit '*joie de vivre*' agus suntas a thabhairt do na cosúlachtaí idir an dá chríoch.

féiniúlacht mhionlaigh, ní bheidh feidhm le teanga mhionlaigh. Ar deireadh, ní *féidir* feidhm (bhisiúil) a bheith leis an mionteanga i gcúinsí dátheangacha. Agus mara mbaintear feidhm aisti, ní bheidh cumas inti. Nochtar torthaí teangeolaíochta na fírice sin trí bhíthin chás-staidéar na Gaeilge i gCaibidlí 3 agus 4.

Sa tráchtas seo, baintear earraíocht as cuid de na tuiscintí agus na modhanna oibre is ábhartha a phléitear sa léirmheas litríochta mar rúibricí taighde, m.sh.:

- Teanga lag agus láidir (mionteanga na Gaeilge agus mórtheanga an Bhéarla faoi seach)
- Féiniúlachtaí sóisialta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla (feidhm agus easpa feidhme an dá theanga)
- Aois (forbairt agus iontaisiú cumais sa dá theanga i gcomparáid lena chéile)
- Minicíocht feidhme (ionchur, ionghlacadh agus aschur)
- Laghdú teanga (creimeadh struchtúr na mionteanga agus cúiteamh ón mórtheanga)
- Tuiscintí pobail (feasacht teanga déagóirí agus tuismitheoirí)

Ní gá gur san ord sin a chuirtear faisnéis agus plé an tráchtais i láthair mar gur minic na rúibricí sin, agus tuilleadh, fite fuaite ina chéile. Léirmhínítear an mhodheolaíocht agus an chaoi ar tugadh faoi cheisteanna an taighde a fhreagairt i gCaibidil 2 a leanas seo.

2. AN MHODHEOLAÍOCHT

2.1. Réamhrá

Is bunaithe ar obair pháirce atá an taighde seo, .i. cruinniú faisnéise sa Ghaeltacht arb í príomhláthair an dátheangachais dhealaithigh (Gaeilge agus Béarla) in Éirinn í, idir líon cainteoirí agus dhlús daonra. Ar chúiseanna praiticiúla go príomha a cinneadh an obair pháirce a dhéanamh i nGaeltacht Chonamara, sna bailte agus bailte fearainn feadh an chósta idir Cois Fharraige (An Spidéal) agus Ceantar na nOileán, arb é an pobal Gaeilge is mó sa tír é agus arb é an limistéar Gaeltachta is gaire d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh é.

2.2. Na Faisnéiseoirí

2.2.1 Na Príomhfhaisnéiseoirí

33 príomhfhaisnéiseoir i gceithre aoisghrúpa a ghlac páirt sa taighde (féach Aguisín 1). Ba dhaoine óga iad ar fad arbh í an Ghaeilge a gcéad teanga, a bhí ag forbairt go tipiciúil ó thaobh cúrsaí teanga de agus nach raibh deacrachtaí éisteachta ná cainte acu. Leagann Crystal (2005) amach forbairt thipiciúil an aonteangaí mhórtheangaigh (Béarla) de réir aoise.[30] Cé nach critéir thipiciúla atá i gceist i gcás an dátheangaí mhionteangaigh / mhórtheangaigh, is áisiúil an tslat tomhais chomparáideach iad agus an fhorbairt teanga optamach mar sprioc. Is féidir leas áirithe a bhaint as céimeanna Crystal mar chur síos ginearálta ar shealbhú teanga (idir tháirgeadh agus thuiscint), ach a chur sa mheá:

- nach bhfuil norm teanga soiléir seasta sa Ghaeilge Neamhiomlán,
- nach de réir patrúin línigh ghlan a shealbhaítear an T1 ná an T2,
- go bhfuil go leor idirghníomhaíochta i gceist le sealbhú tréithe teangeolaíochta taobh istigh den dá theanga agus

[30] Tá roinnt taighde déanta maidir le sealbhú struchtúr Gaeilge áirithe i measc páistí, m.sh. Goodluck *et al.* (2001), Hickey (1990, 1992 agus 1993), Ó Baoill (1992), O'Toole agus Fletcher (2008), ach baineann siad le struchtúir ar leith amháin agus / nó líon beag faisnéiseoirí agus / nó aoisghrúpaí teoranta agus / nó le cúrsaí teoirice.

- nach san ord céanna a shealbhaítear struchtúir theangeolaíochta sa dá theanga.[31]

Aoisghrúpa (i): Páistí idir trí agus ceithre bliana d'aois (sa naíonra)

Faoin aois seo, tá neart foclóra agus deilbhíochta agus an chuid is mó den fhóineolaíocht sealbhaithe (Crystal 2005: 79). Tá na consain sealbhaithe den chuid is mó ach tógann sé tamall eile carn consan fearacht **/str/** a shealbhú. Tá an 'fis phenomenon' fós ag go leor páistí (Crystal 2005: 86–7). Tá os cionn 4,000 focal ar eolas acu agus foghlaimíonn siad ceithre fhocal nua sa ló ar an meán (Crystal 2005: 205). Ceistíonn siad a dtuismitheoirí faoi ainmneacha na nithe éagsúla thart timpeall orthu agus, de rogha, sainmhíníonn na tuismitheoirí na nithe sin dóibh (Crystal 2005: 206–7). Tá níos mó ná clásal amháin ina gcuid abairtí faoi dheireadh a dtríú bliain, cónasctha ag leithéidí *agus* go minic (Crystal 2005: 256). Tá forghinearálú tréan deilbhíoch ar bun acu thart ar an aois seo, m.sh. *d'fheic* (an aimsir chaite den bhriathar *feic*). I dtaca le cainteoirí óga an taighde seo de, dealraíonn sé gur i ndiméan sóisialta an naíonra a thagann forás feidhmeach agus gníomhach ar a gcuid Béarla (féach fochaibidlí 4.2.7, 4.3.7, 4.4.7 agus 4.5.6)

Aoisghrúpa (ii): Páistí idir seacht agus ocht mbliana d'aois (i rang a trí sa bhunscoil)

Faoin aois seo, tosaíonn páistí ag cur faobhair agus barr feabhais ar an deilbhíocht a shealbhaigh siad roimhe seo agus tá an fhóineolaíocht ar fad sealbhaithe acu (Crystal 2005: 79). Tá siad in ann cialla géarchúiseacha mar *inis (do)*, *abair (le)*; *iarr (ar)*, *fiafraigh (de)* a idirdhealú. Tá coincheap agus teanga na comparáide sealbhaithe acu, m.sh. *chomh mór le teach* agus *an ceann is mó a thaitnigh liom* (féach Crystal 2005: 208). Tá marcóirí dioscúrsa agus intriachtaí (a nascann smaointe) sealbhaithe acu faoin aois seo, m.sh. *cineál*, *cineáilín*, *ar nós*, *tá a fhios agat*, *sórt* (féach Crystal 2005: 257).[32]

---

[31] Pléann Bialystok (2001: 21–32 agus 56–71) na dúshláin a bhaineann le sealbhú teanga an aonteangaí agus an dátheangaí a anailísiú. Tá mionanailís ar chuid mhór de na ceisteanna sin i Bavin (2009) agus i Fletcher agus MacWhinney (1996, go háirithe 272–540).

[32] Tá marcóirí dioscúrsa ar cheann d'athróga spleácha an taighde seo — idir mharcóirí dioscúrsa Gaeilge sa Ghaeilge agus mharcóirí dioscúrsa Béarla sa Ghaeilge.

Aoisghrúpa (iii): Páistí idir 11 bliain agus 12 bliain d'aois (i rang a sé sa bhunscoil)

Faoin aois seo, tá an chomhréir sealbhaithe ag an aonteangaí mórtheangach optamach agus tá sé in ann gnáthnithe an tsaoil a shainmhíniú, m.sh. *úll — toradh atá cruinn agus dearg nó glas agus a itear*; *bus — feithicil a bhfuil go leor suíochán ann, a iompraíonn paisinéirí ó áit go háit* (féach Crystal 2005: 209).

Aoisghrúpa (iv): Páistí idir 15 bliana agus 17 bliana d'aois (sa chúigiú bliain sa mheánscoil)[33]

Faoin aois seo, agus na daoine óga teacht in inmhe, is féidir a rá go bhfuil an sprioctheanga sealbhaithe acu, ach go bhfuil siad ag foghlaim leo i gcónaí.

2.2.2 Na Tuismitheoirí

Taifeadadh tuismitheoirí na bhfaisnéiseoirí ag caint agus i mbun idirghníomhaíochta lena gclann ina dteach cónaithe. Nósanna seachadta teanga chomh maith le cáilíocht agus cainníocht an ionchuir theanga a mheas an aidhm a bhí leis an taifeadadh seo. Féachadh tríd an modh oibre seo cuid den choibhneas idir ionchur an tuismitheora / na dtuismitheoirí agus ionghlacadh agus aschur an pháiste a léiriú (Hart agus Risley 1995; Crystal 2005: 79–89, 206–7) ó thaobh mharcóirí dioscúrsa agus an chódmheasctha de. Ar an gcaoi seo, bhí súil le léargas áirithe a fháil ar thréine na gcéimeanna i bhforbairt na Gaeilge Neamhiomláine ar an gcointeanóid mheatha.[34]

Tugadh suntas freisin do nósanna caithimh aimsire na bpáistí sa bhaile, go háirithe an méid teilifíse a mbreathnaíonn siad air. Chuige sin, iarradh ar na tuismitheoirí dialann, nó cín lae seachtaine, de ghníomhaíochtaí an pháiste a choinneáil (m.sh. caint le haonteangaithe Béarla, spraoi le gasúir Ghaelacha agus cuairt ar sheantuismitheoirí) ionas go bhfaighfí barúil réasúnta dá fhoinsí ionchuir teanga.

An fhaisnéis sin ar fad a thabhairt le chéile, anailís a dhéanamh air agus an bhrí atá leis a mhíniú chomh cuimsitheach agus ab fhéidir i dtéarmaí sochtheangeolaíochta — i bhfoirm tuairisce agus staidrimh — an sprioc a bhí roimh an taighdeoir.

---

[33] Tabharfar Aoisghrúpa 4, 8, 12, 16 ar an gceithre aoisghrúpa feasta.

[34] Léargas teoranta atá ann, dar ndóigh. Bíodh is gur Gaeilge Thraidisiúnta a bhí ag cuid mhór de na tuismitheoirí, is minic gur faoi anáil a gcomhaoiseach níos mó ná a muintir a bhí an chlann.

2.3. Obair Pháirce Phíolótach

D'fhonn barántúlacht na modheolaíochta a dheimhniú agus d'fhonn an deis a thabhairt í a leasú dá mba ghá, cinneadh obair pháirce phíolótach a dhéanamh sula dtabharfaí faoin bpríomhobair.[35] Dá mbeadh rath ar an obair phíolótach, tríd is tríd, ghlacfaí an mhodheolaíocht chéanna, a bheag nó a mhór, sa phríomhobair. Bhí an mhodheolaíocht faomhaithe ag Coiste Eitice na hOllscoile faoi Mhárta 2010 (féach Aguisín 5).[36] Is ochtar rannpháirtithe a bhíothas a lorg don obair phíolótach — beirt (buachaill agus cailín) ó gach aoisghrúpa (4, 8, 12, 16). Cé go bhfuil dhá chuid in obair pháirce an taighde — ar scoil agus sa bhaile — socraíodh gan seisiúin faisnéise a dhéanamh sa bhaile don obair pháirce phíolótach i ngeall ar laincisí ama.

Ar dtús, mar sin, i mBealtaine 2010, iarradh comhoibriú ar phríomhoidí sa sprioclimistéar, ós í an scoil ceann de na forais bhunaidh is suntasaí i bpobal. Scoil dara leibhéal, bunscoil agus réamhscoil a roghnaíodh chuige sin. Rinneadh an teagmháil tosaigh leis na príomhoidí trí litir oifigiúil, ar an teileafón, agus ina dhiaidh sin ag cruinnithe pearsanta. Míníodh bunús an togra do na príomhoidí agus iarradh orthu teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí a cheap na príomhoidí a bheadh sásta páirt a ghlacadh ann. Chuige sin, cuireadh pacáistí eolais cuimsitheacha i dtoll a chéile agus iarradh ar na príomhoidí iad a thabhairt ar láimh do na tuismitheoirí a bhí i gceist. Bhí idir litreacha bunúsacha míniúcháin, bharántais rúndachta, bhileoga eolais agus fhoirmeacha ceada sna pacáistí eolais sin (féach Aguisíní 2.1–2.12). Réitíodh ceithre chineál pacáiste eolais ar leith le haghaidh na gceithre aoisghrúpa éagsúla. Tugadh tuairim is deich bpacáiste do gach príomhoide mar go raibh súil go dtiocfadh sciar áirithe freagraí ar ais, idir dhearfach agus dhiúltach.

Tháinig an líon freagraí dearfacha a bhí de dhíth ar ais faoi lár Bhealtaine agus fuarthas cead labhairt go díreach leis na tuismitheoirí gan aon eadránaí. Cuireadh glao teileafóin ar na tuismitheoirí, máithreacha den chuid is mó, agus pléadh an taighde agus an modh oibre maidir lena bpáistí leo. Lorgaíodh cead orthu coinne a dhéanamh leis na páistí agus iad a thaifeadadh ar láthair na scoile. Agus an cead sin

[35] Mara ndeirtear a mhalairt thíos, ba é an modh oibre céanna a úsáideadh san obair pháirce phíolótach agus sa phríomhobair pháirce.

[36] Is i mBéarla atá an aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Choiste mar gur sa teanga sin is mó a fheidhmíonn an Coiste agus le dlús a chur le tionscnamh na hoibre páirce.

faighte, rinneadh na socruithe cuí leis na príomhoidí agus go luath ina dhiaidh sin cuireadh tús leis an taifeadadh. Leis na tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas agus le tuilleadh muiníne a chothú, tugadh fógra do gach tuismitheoir an lá sula raibh an páiste le taifeadadh.

Modh turgnamhach agus modh nádúraíoch araon a cuireadh i bhfeidhm (féach Aguisíní 3.1–3.2). Baineadh earraíocht as tascanna struchtúrtha a bhí sprioctha ar ghnéithe áirithe den urlabhairt (turgnamhach) agus as caint leathstruchtúrtha (nádúraíoch) leis an spriocfhaisnéis a aimsiú. An teimpléad bunúsach saincheaptha céanna a cuireadh i bhfeidhm don cheithre aoisghrúpa ach bhí difríochtaí áirithe idir gach aon cheann acu, mar a mhínítear anseo síos.

2.3.1. Aoisghrúpa 4

Taifeadadh an buachaill agus an cailín 4 bliana d'aois ag dhá sheisiún éagsúla i seomra sa réamhscoil chéanna faoi stiúir bhall foirne na scoile. Rinneadh na tástálacha i nGaeilge ar dtús agus ansin chuathas tríd an ábhar céanna i mBéarla — bunchloch chomparáidí sochtheangeolaíochta an taighde. Tuairim is 30 nóiméad an ceann a mhair an dá sheisiún le chéile. Leagtar amach anseo síos céimeanna an taifeadta de réir oird agus ábhair (féach Aguisíní 3.1–3.2):

Foclóir: Taispeánadh pictiúir a bhain le réimsí éagsúla foclóra do na faisnéiseoirí, .i. páirteanna coirp,[37] dathanna gruaige, ainmhithe feirme agus ainmhithe dúchais, fuaimeanna coirp (m.sh. bualadh bos), aimsir agus mothúcháin (Bowern 2008: 107–12; Paradis *et al*. 2008) agus iarradh ar na páistí na nithe éagsúla a ainmniú (féach Aguisín 3.1, bileoga 1–11).

Moirfeolaíocht: Iarradh ar na páistí cur síos ar a raibh ar bun i sraith pictiúr lena gcumas i moirfeolaíocht an ainmfhocail, na haidiachta agus an bhriathair a dhearbhú.

Comhréir, Fóineolaíocht, Pragmataic, Códmheascadh: Cruinníodh ábhar freisin a bhain le comhréir, fóineolaíocht, pragmataic agus códmheascadh a bhí ábhartha do na tástálacha foclóra agus do chaighdeán an tsealbhaithe a chuireann

[37] "The case of body parts is interesting, because in some situations it is said to be an area of the lexicon resistant to loss, while it is specifically noted as one of loss in other situations" (Grinevald Craig 2007: 262). Féach Lenoach (2012: 30–1) freisin.

cainteoirí óga i gcrích. Chuige sin, tionscnaíodh comhrá neamhfhoirmiúil leathstruchtúrtha faoi ábhair a síleadh a mbeadh spéis ag na páistí san aoisghrúpa sin iontu agus a mbeidís ar a suaimhneas leo. Pléadh cúrsaí teaghlaigh, spraoi agus caithimh aimsire leo ar dtús; iarradh orthu labhairt ar an Nollaig agus ar pheata a bhí acu, mar shampla. Sa chuid seo den tástáil, bhíothas ag súil go mbeadh athruithe ar luas cainte agus ar thuiníocht an pháiste, chomh maith le babhtaí gáire. De rogha, léireodh sé sin freisin go raibh ag éirí le haidhmeanna an agallaimh (Mesthrie *et al*. 2000: 93).

2.3.2 Aoisghrúpaí 8 agus 12

Tugadh faoin modh oibre céanna, a bheag nó a mhór, sna haoisghrúpaí seo ach cuireadh leis i réimsí áirithe, agus an fhorbairt teanga ó aois 4, agus idir 8 agus 12, i dtéarmaí Crystal thuas á cur san áireamh. Seo iad na tástálacha breise a rinneadh sna haoisghrúpaí seo:

Moirfeolaíocht: Cuireadh ceisteanna díreacha ar na páistí leis na haimsirí éagsúla de na briathra, claochluithe tosaigh an ainmfhocail agus na haidiachta, iolraí ainmfhocal, na forainmneacha réamhfhoclacha, na haidiachtaí comparáideacha agus na tuisil a thástáil.

Comhréir: Baineadh feidhm as pictiúir leis an bhfoirm choibhneasta a thástáil. Mar shampla, taispeánadh dhá phicitúr den duine céanna taobh le taobh do na páistí. Bhí maide siúil ag an duine i gceann de na picitiúir agus fiafraíodh díobh cé acu den bheirt a cheap siad a bhí bacach. Bhíothas ag súil le freagra mar seo: ‘An fear a bhfuil / atá an maide aige.’ Ar deireadh, fágadh an modh tástála seo as an áireamh sa phríomhthaighde mar nach raibh rath air. Ní minic a fuarthas ceachtar den dá fhreagra a raibh súil leo. Ina áit sin, dhírigh na gasúir méar ar an té bacach agus freagraí ar nós ‘*é sin*’ a thugadar.

Saorchaint: Labhair mé leis na páistí ar bhonn neamhfhoirmiúil faoi ábhair a síleadh a mbeadh spéis acu iontu. Pléadh cúrsaí cluichí, spraoi, spóirt agus teilifíse leo. Iarradh orthu scéalta a inseacht faoi eachtraí a chuir ag gáire iad, a chuir faitíos orthu agus faoi dhaoine mímhúinte a casadh orthu (Koven 2007: 90).

Léitheoireacht: Iarradh ar na páistí sleachta as leabhair Ghaeilge agus Bhéarla, a roghnaíodh de réir aoise, a léamh os ard. Bhíothas ag súil go bhfaighfí léargas ar inniúlacht litearthachta agus líofacht na bpáistí sa dá theanga. Cé go raibh údar spéise sa chuid seo den obair pháirce, i ndeireadh na dála níor léir dom gur bhain sé go baileach le hábhar na dtástálacha. Mar sin féin, sholáthair an modh oibre seo tuilleadh samplaí teanga eile a thugann léargas breise ar chaighdeán an tsealbhaithe. Pléitear na samplaí sin, mar sin, i gCaibidil 4. Cé gur léir dom gur chumasaí iad ag léamh an Bhéarla ná ag léamh na Gaeilge, ba dheacair na cúiseanna leis sin a rianú, i dtaca le cúrsaí litearthachta de. D'fhéadfadh sé, mar shampla, nach raibh stíl na Gaeilge sna leabhair ag teacht le caint (fiú caint thraidisiúnta) na Gaeltachta. Ina dhiaidh sin féin, ainneoin fabhtanna a d'fhéadfadh a bheith san ábhar léitheoireachta a roghnaíodh, ní dóigh gur comhtharlú é gur chumasaí na páistí i léamh na mórtheanga ná go raibh an cumas sin neamhspleách ar a gcumas sna gnéithe eile den dá theanga. Is iomaí plé atá déanta ar cheist seo an ábhair léitheoireachta agus na litearthachta (m.sh. Nic Cionnaith (2011)), ach ní phléitear sa taighde seo é.

2.3.3 Aoisghrúpa 16

Tugadh faoin modh oibre céanna, a bheag nó a mhór, chomh fada is a bhaineann sé leis na tástálacha ar struchtúir theanga ar leith, cúrsaí saorchainte agus an léitheoireacht san aoisghrúpa seo. Cuireadh le castacht agus tromchúis na saorchainte, áfach, trí chúrsaí feasachta sochtheangeolaíochta agus eitniúlachta a thabhairt isteach sa phlé. Labhraíodh leis na déagóirí seo ar an nGaeilge, bunaithe ar shraith ceisteanna sainchumtha a réitíodh roimh ré (féach Aguisín 3.2).

Ba mhaith ann an obair phíolótach mar phróiseas cleachtaidh. Cé go raibh os cionn ceithre huaire an chloig sna taifeadtaí píolótacha, cailleadh trí sheisiún de bharr easpa taithí ar an trealamh taifeadta. As ocht gcinn, tháinig cúig sheisiún slán: (i) na cailíní sna haoisghrúpaí 4, 8 agus 12 agus (ii) na buachaillí sna haoisghrúpaí 12 agus 16.

Cloíodh leis an modh oibre céanna, den chuid is mó, sa phríomhobair pháirce ach amháin sna réimsí nach raibh rath sásúil orthu agus a mhínítear thuas (.i. an clásal coibhneasta, an léitheoireacht ar scoil).

2.4. An Phríomhobair Pháirce

Cé go ndeachthas i muinín an mhodha oibre chéanna sa phríomhobair pháirce, tugadh fúithi ar scála níos mó mar go raibh líon níos mó faisnéiseoirí i gceist. Is ar láthair na scoile a labhras leis na páistí ina nduine agus ina nduine i dtosach. Is ann a tástáladh cúrsaí foclóra, aidiachtaí comparáideacha agus sciar áirithe de na hathróga eile. Is ceithre mhí (cúig mhí i roinnt cásanna) ina dhiaidh sin a tástáladh na páistí céanna ina dteach cónaithe, in éineacht lena muintir (an mháthair aisti féin den chuid is mó ach uaireanta an t-athair as féin nó an bheirt acu le chéile). Mhair gach seisiún scoile tuairim is 30 nóiméad agus gach seisiún baile tuairim is 45 nóiméad. Bhí ionchur tuairim is 15 nóiméad ag an bpáiste sa seisiún baile.

2.4.1 Sa scoil

Mar gheall ar an meath leanúnach ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht, tuigeadh gur mhór an dúshlán é an líon cuí daoine óga a bhí á dtógáil le Gaeilge go príomha a aimsiú. Tionscnaíodh an próiseas ag tús Mheán Fómhair 2010. Is iomaí slí a ndeachthas sa tóir ar rannpháirtithe cuí. Go príomha, ba iad na scoileanna an túsphointe agus bunchloch na tóraíochta. Lorgaíodh comhoibriú in dhá réamhscoil, i naoi mbunscoil agus i dtrí scoil dara leibhéal. Ainneoin cheannas na comóntachta soch-chultúrtha sa saol sár-iarnua-aoiseach agus ainneoin iad ar fad a bheith rangaithe i gCatagóir A, tá difríochtaí i bpróifílí sochtheangeolaíchta na gceantar éagsúla ina bhfuil na scoileanna sin suite. Dá ghuagaí iad ar fad mar cheantair phobail theanga, labhraítear níos mó Gaeilge i gceantair áirithe seachas a chéile i sprioclimistéar an taighde seo, mar a léirítear in ICD. Mar sin féin, ní féidir croícheantair dhaingne Ghaeltachta a thabhairt ar aon cheann de na pobail theanga sin chomh fada is a bhaineann sé le seasmhacht na Gaeilge sna ceantair sin (Ó Curnáin 2009: 142–3; Ó Giollagáin 2009; Ó Giollagáin agus Charlton 2014).

Seo a leanas na príomh-mhodhanna ar cuardaíodh rannpháirithe i bhFómhar 2010: (i) Rinneadh teagmháil le príomhoidí, leas-phríomhoidí agus múinteoirí eile i roinnt scoileanna sa sprioclimistéar agus iarradh orthu na pacáistí eolais saincheaptha a thabhairt ar láimh do thuismitheoirí, díreach mar a rinneadh san obair pháirce phíolótach (rinneadh iarracht scoileanna nach raibh páirteach i dtionscadail thaighde (shoch)theangeolaíochta cheana nó le deireanaí a aimsiú); (ii) ó tharla aithne a bheith ag an taighdeoir ar neart daoine sa spriocphobal, baineadh leas as an gcaidreamh sin

le rannpháirtithe — idir pháistí agus thuismitheoirí — a aimsiú; (iii) labhair an taighdeoir ar chlár raidió, a bhfuil an-éisteacht air sa sprioclimistéar, ar an 21 Deireadh Fómhair 2010 féachaint leis an bpobal a chur ar an eolas faoin taighde agus le tuilleadh rannpháirtithe a mhealladh; (iv) reáchtáil an taighdeoir, taighdeoir eile agus ionadaí pobail aitheanta seisiún eolais an oíche sin (21 Deireadh Fómhair) leis an taighde a mhíniú do thuismitheoirí a mbeadh suim acu páirt a ghlacadh ann. Bhí tuairim is scór tuismitheoirí i láthair agus mhaígh a bhformhór go mbeidís sásta a bheith páirteach ann. Ar deireadh, is beirt fhaisnéiseoirí a aimsíodh de bharr an tseisiúin eolais sin.

Go hachomair, tar éis an tionscadal a mhíniú go cuimsitheach do na tuismitheoirí agus do na príomhoidí, rinneadh coinní dáta agus ama leo maidir le taifeadadh na bpáistí. Mar a thugtar le fios sna pacáistí eolais (Aguisíní 2.5–2.8), iarradh ar na tuismitheoirí an scéal a mhíniú dá bpáistí sula gcuirfí tús leis an taifeadadh. Rinneadh teagmháil phearsanta (ar an teileafón) an lá roimh an taifeadadh leis na tuismitheoirí le deis a thabhairt dóibh ceisteanna ábhartha a chur agus le deimhniú dóibh a raibh le déanamh. Críochnaíodh an chuid is mó den taifeadadh scoile faoi Nollaig 2010.

2.4.2 Sa bhaile

I ndiaidh na Nollag a cuireadh tús leis an dara cuid den obair pháirce, .i. taifeadadh na bpáistí agus a dtuismitheoirí sa suíomh baile. Rinneadh na coinní dáta agus ama leis na tuismitheoirí ar an teileafón. Bhí caidreamh bunaithe leo ón uair gur taifeadadh a bpáistí roimh an Nollaig.[38] Leagadh ceisteanna agus straitéisí saincheaptha eile amach féachaint leis an gcineál faisnéise a bhí ag teastáil a aimsiú (féach Aguisíní 4.1–4.3). Cé go raibh an chuid seo den obair pháirce chomh spriocaithe céanna leis an gcéad chuid, bhí sé níos oscailte. Ba í an phríomhaidhm Gaeilge an tuismitheora / na dtuismitheoirí[39] a mheas i gcomparáid, i dtéarmaí ginearálta, le Gaeilge an pháiste / na bpáistí. Shuigh an taighdeoir, an páiste agus an tuismitheoir / na tuismitheoirí ag an mbord agus tionscnaíodh comhrá bunaithe ar na

[38] Ní léir ón bhfaisnéis dhromchlach a tógadh roimh an Nollaig agus ina diaidh go raibh an t-achar ama idir an dá sheisiún taifeadta suntasach ó thaobh fhorbairt Ghaeilge na gcainteoirí óga de.

[39] Go minic, ní raibh sa bhaile ag am an taifeadta ach tuismitheoir amháin (an mháthair den chuid is mó).

ceisteanna saincheaptha. Seo é leagan amach agus réasúnaíocht na gcodanna éagsúla de na séisiúin fhaisnéise baile:

- Cuireadh ceisteanna leathstruchtúrtha maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann na páistí agus na tuismitheoirí le chéile ionas go bhfaighfí léargas ginearálta ar chineál an chaidrimh teanga eatarthu agus ar chineál an tseachadta teanga idir an dá ghlúin.
- I gcás na chéad trí aoisghrúpa, iarradh ar an tuismitheoir scéal gairid a léamh os comhair an pháiste as leabhar a roghnaigh an taighdeoir agus iarradh ar an bpáiste ansin aithris a dhéanamh ar ar léigh an tuismitheoir ach ina f(h)ocail féin.
- Taispeánadh léaráid den chorp daonna don tuismitheoir agus iarraidh air / uirthi na páirteanna uimhrithe a ainmniú. Bhíothas ag súil go bhfaighfí léargas ar eolas na dtuismitheoirí sa réimse teanga seo agus ar a bhfoirmeacha iolra i gcomparáid le heolas na bpáistí sa réimse céanna (féach fochaibidil 2.2.2).
- Iarradh ar an tuismitheoir scéal gairid a inseacht faoi eachtra a chuir ag gáire iad agus eachtra a chuir faitíos orthu ionas go gcuirfí i gcomparáid le scéalta na bpáistí iad (féach fochaibidil 2.2.2).

Le go bhfaighfí léargas breise ar shealbhú teanga na bpáistí, rinneadh cuid dá ngníomhaíochtaí sóisialta agus de na himeachtaí a nglacann siad páirt iontu a mheas. Chuige sin (féach fochaibidil 2.2.2), hiarradh ar na tuismitheoirí dialann seachtaine shaincheaptha a choinneáil agus taifead a dhéanamh ar an méid a bhí ar bun acu ó lá go lá. Fuarthas na dialanna ar ais ó na tuismitheoirí tamall ina dhiaidh sin. Tá eolas sna dialanna ar na daoine a raibh na páistí in éineacht leo, aois na ndaoine sin, na gníomhaíochtaí a bhí ar bun acu agus an teanga a bhí siad a chloisteáil agus a labhairt ag an am. Bhíothas ag súil go bhfaighfí barúil den mhéid Béarla agus Gaeilge a labhraíonn na páistí ó lá go lá agus de na foinsí ionchuir agus aschuir teanga atá acu (féach Aguisín 4.1). Faraor, ní gach tuismitheoir a líon an dialann go cuimsitheach. Dá bharr sin, i gcás roinnt cainteoirí, b'éigean cuid den eolas a bhfuil an athróg sin bunaithe air a mheas ón gcaint leathstruchtúrtha a rinneadh leis na páistí agus na tuismitheoirí.

Tábla 2.1 Achoimre ar an bPríomhobair Pháirce

	Faisnéiseoirí	Modh	Sprioc
1	Gach aoisghrúpa	Sraith pictiúr	Foclóir Gaeilge agus Béarla
2	Aoisghrúpaí 8, 12, 16	Sraith pictiúr	Moirfeolaíocht Ghaeilge
3	Gach aoisghrúpa	Comhrá leathstruchtúrtha	Comhréir, Fóineolaíocht, Pragmataic, Códmheascadh
4	Gach aoisghrúpa	Saorchaint leathstruchtúrtha	Cumas ginearálta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla
5	Gach aoisghrúpa	Inseacht dírscéalta leathstruchtúrtha	Féiniúlacht Ghaeilge agus Bhéarla
6	Aoisghrúpa 16	Ceisteanna sainchumtha (leathstruchtúrtha)	Feasacht sochtheangeolaíochta agus eitniúlachta
7	Gach aoisghrúpa le tuismitheoirí	Saorchaint ar ábhair éagsúla (leathstruchtúrtha)	Cumas Gaeilge
8	Aoisghrúpa 4, 8, 12 agus tuismitheoirí	Léamh scéil as leabhar do pháistí (struchtúrtha)	Léitheoireacht Ghaeilge
9	Tuismitheoirí	Pictiúr	Acmhainn foclóra an choirp
10	Tuismitheoirí	Ceisteanna sainchumtha (leathstruchtúrtha)	Feasacht sochtheangeolaíochta, eitniúlachta, tógáil clainne
11	Tuismitheoirí i leith a bpáiste	Dialann (struchtúrtha)	Sóisialú teanga agus teilifís sa Ghaeilge agus sa Bhéarla

2.5. Próiseáil na Faisnéise

Agus an fhaisnéis bailithe, tugadh faoin ábhar a anailísiú de réir a chéile:

- Aistríodh an t-ábhar ón trealamh taifeadta go diosca crua ríomhaire agus go dlúthdhioscaí.
- Éisteadh go cúramach le gach seisiún taifeadta ina gceann is ina gceann.
- Breacadh nótaí ar na hathróga éagsúla a bhí i gceist a anailísiú sa tráchtas.[40]
- Catagóiríodh na nótaí ar na hathróga ó thaobh na cáilíochta agus na cainníochta de.

[40] Féach an liosta athróg ar lgh. 66–7.

- Rinneadh cáilíocht agus cainníocht na n-athróg a ionchur ar scarbhileog Microsoft Excel mar ar gineadh staidreamh agus léaráidí éagsúla.
- Aistríodh an fhaisnéis ó Excel go scarbhileog IBM SPSS mar ar gineadh staidreamh suntasachta agus léaráidí.
- Trascríobhadh sleachta gairide ó chaint na bhfaisnéiseóirí le samplaí den chumas T1 Gaeilge a léiriú.
- Trascríobhadh caint thaifeadta uile — idir Ghaeilge agus Bhéarla — duine de na faisnéiseoirí (Bb8) agus a máthar le modh oibre an taighde a dheimhniú agus a léiriú.

2.6. Idirchódú Neamhspleách

Tugadh 8% den ábhar taifeadta d'idirchódóir neamhspleách le hiontaofacht na faisnéise a dheimhniú. Tugadh ceithre sheisiún taifeadta a rinneadh ar láthair na scoile don idirchódóir, tuairim is dhá uair an chloig ar fad. Bhí faisnéiseoir amháin ó gach ceann den cheithre aoisghrúpa i gceist.

Bhí comhaontú an-ard (95%) idir an taighdeoir agus an t-idirchódóir i dtaca le méid an fhoclóra de, idir Ghaeilge agus Bhéarla. Lena ais sin, ní raibh ach comhaontú de 63% idir an taighdeoir agus an t-idirchódóir i dtaca le 19 athróg eile. Mar iarracht ar mhíniú, is féidir go raibh modheolaíocht an taighdeora róphointeáilte maidir le comhaireamh na n-athróg sin. Mar shampla, bhí sainmhíniú an-bheacht ag an taighdeoir ar chódmheascadh (féach fochaibidil 3.7.1). Iarradh ar an idirchódóir líon na n-ócáidí códmheasctha a chomhaireamh agus is féidir go raibh éiginnteacht uirthi maidir leis an ní is códmheascadh ann agus an ní nach códmheascadh ann i dtéarmaí an taighde seo. I gcás gach duine den cheathrar faisnéiseoirí, thug an t-idirchódóir suntas do níos lú ócáidí códmheasctha ná an taighdeoir. Mar shampla eile, thug an t-idirchódóir suntas do níos lú samplaí de yeah sa Ghaeilge freisin agus is féidir nár chuala sí na samplaí ar fad mar gheall ar chomh doiléir dodhealaithe — agus chomh líonmhar — is atá yeah uaireanta sa chaint.

Ina dhiaidh sin féin, má ghlactar leis an gcódmheascadh mar shampla bailí, is féidir a mhaíomh gur thug an t-idirchódóir suntas do go leor samplaí den chódmheascadh — 106 ócáid i gcomparáid leis an 164 ócáid ar thug an taighdeoir suntas dóibh. Deimhníonn an méid sin, ó dhá fhoinse neamhspleách, go bhfuil an códmheascadh

fréamhaithe agus forleathan i nGaeilge na n-óg mar a chruthaítear tríd síos sa tráchtas seo.

2.7. Raon agus Teorainneacha

Is i nGaeltacht Chonamara amháin — idir Cois Fharraige (An Spidéal) agus Ceantar na nOileán — a rinneadh an obair pháirce. Dá bharr sin, cé go bhféadfaí an anailís a eachtarshuí go teoiriciúil ón limistéar seo go ceantair Ghaeltachta Chatagóir A eile san iarthar, ní cur síos beacht cruinn ar na ceantair sin a bheadh ann. B'fhollasaí fós an t-easnamh sin dá ndéanfaí an anailís a eachtarshuí go ceantair Ghaeltachta i gCiarraí agus i nDún na nGall. Ina dhiaidh sin féin, mar gheall gurb ionann na dálaí mionteanga–mórtheanga dátheangacha sa Ghaeltacht ar fad, is féidir a mhaíomh go bhfuil an treocht céanna faoi Ghaeilge na n-óg sna ceantair sin agus go bhfuil cuid mhór de na tréithe teangeolaíochta céanna ag baint léi. Tharla nach ndearnadh taighde mar seo i gCiarraí ná i nDún na nGall, níl aon tslat tomhais inchomparáide ann.

Sa scoil, tógadh faisnéis ó na daoine óga i suíomh foirmiúil ina n-aonar. Níor tógadh faisnéis uathu agus iad i mbun idirghníomhaíochta le comhaoisigh ná le múinteoirí. Sna diméin shóisialta eile sin, d'fhéadfadh go mbeadh deis ag na cainteoirí réimsí teanga éagsúla a fheidhmiú. Ar an láimh eile, ceann de thréithe na Gaeilge Neamhiomláine is ea an t-aonstíleachas (féach Lenoach 2012: 76–7). Ní gá, mar sin, go mbeadh difríochtaí suntasacha i gcáilíocht Ghaeilge na ndaoine óga ó dhiméan go diméan.

Tá ceithre cinn de na hathróga neamhspleácha (leibhéal sóisialaithe Gaeilge / Béarla agus méid teilifíse Gaeilge / Béarla), chomh maith le cuid mhór de chomhthéacs socheolaíochta na bhfaisnéiseoirí, ag brath ar fhéintuairisciú na bpáistí agus na dtuismitheoirí. Tá na dialanna seachtaine simplí ach baineadh leas astu ina dhiaidh sin féin mar go bhfuil neart faisnéise ábhartha iontu, faisnéis sochtheangeolaíochta, ach go háirithe. Níor tógadh aon fhaisnéis ó na páistí agus iad i mbun idirghníomhaíochta sa bhaile le siblíní, ná i suímh eile timpeall an tí ná sa chomharsanacht, m.sh. ag spraoi sa ghairdín, ar an tsráid, ag cumann spóirt, i gcaifé ná i mbun cainte le cainteoirí Gaeilge Traidisiúnta ar nós a seantuismitheoirí. Cé go bhfuil an t-aonstíleachas ar cheann de thréithe na Gaeilge Neamhiomláine, is féidir freisin go bhfuil páistí áirithe ann a bhfuil acmhainn réasúnta ard acu ar an nGaeilge

ach (i) a labhraíonn leagan féinlaghdaithe den Ghaeilge le chéile agus le cairde nach bhfuil acu ach Gaeilge Neamhiomlán, ach ar an láimh eile de (ii) a labhraíonn Gaeilge réasúnta ardacmhainne lena muintir. Is féidir go bhfuil bac sochtheangeolaíochta ar na páistí seo leanacht den phróiseas sealbhaithe i dtreo na Gaeilge iomláine mar go bhfeictear dóibh nach bhfuil feidhm léi ina ngarthimpeallacht, ina ngréasáin shóisialta ná i ndiméin oifigiúla seachas an scoil. Níor tástáladh an scil fhulangach seo sa Ghaeilge agus an bac feidhme atá uirthi sa taighde seo.

Déantar anailís bheacht i gCaibidlí 3, a leanas seo, ar chainníocht na n-athróg éagsúil ina gceann is ina gceann.

3. NA hATHRÓGA

3.1 Réamhrá

Is sa chaibidil seo a leagtar amach faisnéis chainníochtúil an taighde i bhfoirm léaráidí éagsúla — idir cholúin, tháblaí agus línte treochta ardaitheacha, íslitheacha agus trasnaitheacha. Pléitear ábhair na léaráidí sin ina gceann is ina gceann ar bhonn cainníochtúil, .i. figiúirí loma, céatadánacha agus cóimheasacha; scálaí ardaitheacha agus íslitheacha; bearnaí easnaimh; agus comparáidí agus codarsnachtaí.[41] Tá idir athróga neamhspleácha (comhbheirthe agus soch-chultúrtha) agus athróga spleácha (teangeolaíochta agus sochtheangeolaíochta) le cur i láthair agus le háireamh i gcomhthéacs a chéile.

3.1.1 Neamhspleách

1. Aois / Aoisghrúpa
2. Gnéas
3. Scoil
4. Leibhéal sóisialaithe Gaeilge
5. Leibhéal sóisialaithe Béarla
6. Méid teilifíse Gaeilge
7. Méid teilifíse Béarla[42]
8. Cineál cainteora, athair agus máthair (meán).[43]

3.1.2 Spleách

1. Foclóir: Corp, Gaeilge agus Béarla
2. Foclóir: Gruaig, Gaeilge agus Béarla

---

[41] Is go heisceachtúil, ach go háirithe d'fhonn mír faisnéise a shoiléiriú, a phléitear an fhaisnéis go cáilíochtúil sa chaibidil seo.

[42] Is ar scála 1 go 3 (íseal, meán agus ard) a chainnítear athróga 4–8. Tá an fhaisnéis seo bunaithe ar an eolas a fuarthas ó mhuintir na bpáistí sa chín lae seachtaine agus sa chomhrá ginearálta.

[43] I dtéarmaí Uí Ghiollagáin (2002 agus 2005). Measadh cineál na gcainteoirí atá sna tuismitheoirí de réir an chomhrá ghinearálta a bhí agam leo.

3. Foclóir: Ainmhithe, Gaeilge agus Béarla
4. Foclóir: Fuaimeanna coirp, Gaeilge agus Béarla
5. Foclóir: Aimsir, Gaeilge agus Béarla
6. Foclóir: Mothúcháin, Gaeilge agus Béarla
7. Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla
8. Aidiachtaí Comparáideacha Gaeilge
9. Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamfhocal + alt Gaeilge
10. Alt + Séimhiú Ainmfhocal Baininscneach
11. Aidacht Bhaininscneach + Séimhiú
12. Alt + *t*- Ainmfhocal Firinscneach
13. An Forainm Sealbhach *mo* + Séimhiú
14. An Forainm Sealbhach *m'* roimh ghuta
15. Leicséim Bhriathartha Béarla + *-áil* / *-ál-*
16. Foirmeacha Briathartha Neamhthraidisiúnta eile Gaeilge
17. Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa Ghaeilge
18. Yeah agus no sa Ghaeilge
19. Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach Gaeilge
20. Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar, Gaeilge.

3.1.3 Na Ceisteanna Taighde

1. Céard iad léibhéil shealbhaithe na gcainteoirí ar fhoclóir an dá theanga?
1. Cén treocht foráis atá faoi shealbhú an fhoclóra de réir cainteora?
2. Cé hiad na cainteoirí is mó / is lú acmhainn Gaeilge / Béarla?
3. Cé hiad na cainteoirí a léiríonn an bhearna acmhainne is mó / is lú idir an dá theanga?
4. Cén aoisghrúpa a mbaineann siad leis?
5. Cén treocht foráis atá faoi shealbhú an fhoclóra de réir aoisghrúpa?
6. Cé hiad leibhéil shealbhaithe an fhoclóra de réir gnéis?

7. Cé hiad leibhéil shealbhaithe an fhoclóra de réir an tsóisialaithe Gaeilge / Béarla (.i. ionchur agus aschur)?
8. Cé hiad leibhéil shealbhaithe an fhoclóra de réir an mhéid den teilifís Gaeilge / Béarla a mbreathnaíonn an cainteoir air (.i. ionchur agus aschur)?
9. Cé hiad leibhéil shealbhaithe an fhoclóra de réir na scoile a dtéann an cainteoir ann?
10. Cé hiad leibhéil shealbhaithe an fhoclóra de réir mheánchumas Gaeilge mhuintir an chainteora?
11. Cén chaoi a dtéann mórtheanga an Bhéarla i bhfeidhm ar acmhainn na gcainteoirí ar fhoclóir na Gaeilge?
12. Cé hiad léibhéil shealbhaithe ghramadach na Gaeilge?
13. Cén treocht foráis atá faoi shealbhú na gramadaí Gaeilge de réir cainteora?
14. Cé hiad na cainteoirí is mó / is lú a bhfuil acmhainn acu ar ghramadach na Gaeilge?
15. Cén aoisghrúpa a mbaineann siad leis?
16. Cén treocht foráis atá faoi shealbhú na gramadaí Gaeilge de réir aoisghrúpa?
17. Cé hiad leibhéil shealbhaithe na gramadaí Gaeilge de réir gnéis?
18. Cé hiad leibhéil shealbhaithe na gramadaí Gaeilge de réir an tsóisialaithe Gaeilge / Béarla (.i. ionchur agus aschur)?
19. Cé hiad leibhéil shealbhaithe na gramadaí Gaeilge de réir an mhéid den teilifís Gaeilge / Béarla a mbreathnaíonn an cainteoir air (.i. ionchur agus aschur)?
20. Cé hiad leibhéil shealbhaithe na gramadaí Gaeilge de réir na scoile a dtéann an cainteoir ann?
21. Cén chaoi a dtéann mórtheanga an Bhéarla i bhfeidhm ar acmhainn na gcainteoirí ar ghramadach na Gaeilge?
22. Cé hiad léibhéil acmhainne / feidhme phragmataic na Gaeilge sa Ghaeilge?
23. Cé hiad léibhéil acmhainne / feidhme phragmataic an Bhéarla sa Ghaeilge?
24. Cé hiad leibhéil an chódmheasctha sa Ghaeilge mar theanga mhaitríse?

3.2 Foclóir Gaeilge agus Béarla

Chomh maith le bunsraith teanga, is sórt lingchlár teanga é foclóir, nó léacsacan, freisin. Cruthaíonn Bates agus Goodman (1999) an t-imoibriú leanúnach idir forbairt léacsach agus gramadaí a dheimhníonn an méid a thuairiscíonn taighdeoirí mionteanga ar nós Dorian (1981) agus Schmidt (1985) i dtaobh easpa foclóra. Is mar gheall ar an dlúthcheangal forbartha seo, a phléitear i Lenoach (2012) agus in Ó Curnáin (2012), a leagtar mórbhéim ar chúrsaí foclóra sa taighde seo. Ar an láimh eile de, i gcás mionteanga atá ag meath go tréan agus atá faoi bhrú ollmhór mórtheanga, ní gá go léireoidh ardsealbhú foclóra bhunúsaigh sa mhionteanga ardsealbhú ginearálta na teanga sin (féach fochaibidil 3.8 agus an éagsúlacht acmhainne ar an nGaeilge a léiríonn Fa8 mar shampla).

3.2.1 Modheolaíocht

Taispeánadh pictiúir a bhain le réimsí éagsúla foclóra do na faisnéiseoirí, .i. an corp, gruaig, ainmhithe feirme agus dúchais, fuaimeanna coirp, aimsir agus mothúcháin (Bowern 2008: 107–12) agus iarradh orthu na nithe éagsúla a ainmniú i nGaeilge agus i mBéarla. 52 focal a bhí i gceist, 104 idir Ghaeilge agus Bhéarla (féach Aguisín 3.1 bileoga 1–11). Seo iad na sé réimse foclóra agus na spriocfhocail de réir ord na hoibre páirce:

1. Corp: súile, malaí, fabhraí, cluas, rúitín, glúin, uillinn, muineál, fiacail, carbad / drad (10), eyes, eyebrows, eyelashes, ear, ankle, knee, elbow, neck, tooth, gum (10).
2. Gruaig: donn, dubh, fionn / bán, rua (4), brown / brunette, black, blonde / fair, red / ginger / orange (4).
3. Ainmhithe: bó, lao / laoidín, tarbh, cearc, coileach, muc, bainbh (iolra), caora, uan, gabhar, sionnach, coileáin (iolra), péist, broc, damhán alla, seilimide, spideog, carróg / préachán / lon dubh[44], lacha, ulchabhán (20), cow, calf, bull, hen, rooster, pig, piglets (iolra), sheep, lamb, goat, fox, puppies (iolra), worm, badger, spider, snail, robin, crow / blackbird, duck, owl (20).

[44] Tugtar ainmeacha an dá éan mar gur cosúil nach raibh an pictiúr a taispeánadh do na faisnéiseoirí sách soiléir dóibh.

4. Fuaimeanna coirp: bualadh bos, feadaíl, sraofairt, casacht, méanfach (5), clapping, whistling, sneezing / blowing (her) nose, coughing, yawning (5).
5. Aimsir: sioc, tintreach / lasrachaí, leac oighir, garbh / gaofar, báisteach, tuilte (tuile) / fuarlaigh (fuarlach), drúcht, (7), frost, ice, lightning, windy, rain, flood(s), dew (7).
6. Mothucháin: cantal / crosta, sásta, fearg / oibrithe, brón, faitíos / scanraithe, iontas (6), cross / cranky, happy, angry / mad, sad / upset, afraid / frightened / scared, surprised (6).

Leagtar amach i nGraif 3.1 agus 3.2 thíos leibhéal eolais agus treocht sealbhaithe na bhfaisnéiseoirí i dtaca leis na réimsí foclóra sin ar fad le chéile. Sna graif a leanas iad (3.3–3.12), baintear earraíocht as réimse fhoclóir an choirp amháin mar eiseamláir léirithe,[45] mar go nochtar ann na patrúin chéanna agus an treocht chéanna nach mór leis na réimsí foclóra eile sna hathróga ar fad a tástáladh. I nGraf 3.13, tugtar staidreamh an fhoclóra iomláin de réir scoile i bhfianaise bhunú an taighde seo i scolaíocht Ghaeltachta. Ina dhiaidh sin, leagtar amach treocht an tsealbhaithe sna réimsí foclóra eile i nGraif 3.14–3.21 a dheimhníonn barántúlacht na treochta i gcás fhoclóir an choirp agus a léiríonn patrúin shuntasacha eile freisin.

3.2.2 Na Léaráidí a léiríonn acmhainn ar fhoclóir sa T1 agus sa T2

3.2.2.1 Foclóir Iomlán

Graf 3.1 Líon Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla de réir faisnéiseora, in ord aoise agus gnéis



[45] "The case of body parts is interesting, because in some situations it is said to be an area of the lexicon resistant to loss, while it is specifically noted as one of loss in other situations" (Grinevald Craig 2007: 262). Féach Lenoach (2012: 30–3) freisin.

I gcomhiomlánú thorthaí na tástála foclóra, tugtar faoi deara an éagothroime acmhainne ar fhoclóir na Gaeilge agus fhoclóir an Bhéarla i measc na bhfaisnéiseoirí. Seachas seisear (Fa4, Bb4, Bc4, Fb8, Fa12,[46] agus Bb12), léiríonn formhór na gcainteoirí, fireann agus baineann, acmhainn níos mó ar an mBéarla. Mar threisléiriú ar an éagothroime sin, tá sé de nós ag na faisnéiseoirí feidhm a bhaint as leicséimí Béarla nó fanacht ina dtost nuair nach bhfuil acmhainn acu ar na focail Ghaeilge. Mar mhalairt air sin, den chuid is mó, in áit feidhm a bhaint as focail Ghaeilge — go fiú agus iad acu — nuair nach bhfuil acmhainn acu ar an mBéarla, fanann na faisnéiseoirí ina dtost.

Graf 3.2 % Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe



Léiríonn na línte ardaitheacha treocht an tsealbhaithe sa dá theanga:

- Tá géire an ardaithe ar an treocht sealbhaithe idir an aois is óige agus an aois is sine sa Ghaeilge agus sa Bhéarla cosúil le chéile, idir an túsphointe agus an críochphointe. Ní gá gur léiriú é ar shealbhú fhoclóir an Bhéarla trí chéile ó aois 4 go haois 16, i gcomparáid le sealbhú fhoclóir na Gaeilge trí chéile, áfach, mar nár tástáladh anseo ach foclóir bunúsach. Cruthaíonn saothair thaighde eile go bhfuil na réimsí foclóra Béarla eile ag méadú leo i gcaitheamh an ama sin marab ionann agus na réimsí foclóra Gaeilge. Go deimhin, tagann méadú ar fhoréimsí fhoclóir an choirp féin sa Bhéarla, m.sh. cúrsaí collaíochta, cúrsaí anatamaíochta agus fiseolaíochta, cúrsaí sláinteachais srl. (féach SCT; Ó Curnáin 2007, 2009, 2012 agus Lenoach 2012).

[46] Acmhainn chothrom ar an dá theanga i dtaobh foclóra de a léiríonn beirt den cheathrar sin — Fb8 agus Fa12.

- Is in aoisghrúpa 8 a léirítear an bhearna is suntasaí idir an dá theanga. Is eisceacht é dalta Fb8 a bhfuil 67% den fhoclóir Gaeilge agus den fhoclóir Béarla araon aige. Tá na céatadáin Ghaeilge i gcomparáid leis an mBéarla i bhfad níos lú i measc na gcainteoirí eile. 19% den fhoclóir Gaeilge agus 75% den fhoclóir Béarla atá ag an gcainteoir is lú acmhainn Gaeilge (Fd8), bearna 56%.
- Tosaíonn an acmhainn ar an bhfoclóir bunúsach seo sa dá theanga ag teacht i gcomhar le chéile ag aois 12. Tá 85% den fhoclóir Gaeilge ag an mbeirt chainteoirí is mó acmhainn Gaeilge (Bb12 agus Bf12) agus 79% agus 90% den fhoclóir Béarla acu faoi seach. Tá an acmhainn is lú ar an bhfoclóir Gaeilge — 65% — ag triúr (Fd12, Ba12 agus Bc12). 85%, 88% agus 83% den fhoclóir Béarla atá acu faoi seach. Is í Bb12 an t-aon chainteoir a bhfuil níos mó acmhainne aici ar an nGaeilge (85%) ná ar an mBéarla (79%). In aoisghrúpa 12, is é 23% (Ba12) an bhearna is mó idir an Ghaeilge agus an Béarla agus is é 5% (Bf12) an bhearna is lú.
- Faoi aois 16, tá an Béarla fós chun tosaigh. Tá 77% den fhoclóir Gaeilge agus 91% den fhoclóir Béarla ag an gcainteoir is mó acmhainn Gaeilge (Bb16) agus 62% den fhoclóir Gaeilge agus 91% den fhoclóir Béarla ag an gcainteoir is lú acmhainn Gaeilge (Fb16). In aoisghrúpa 16, is é 29% (Fb16) an bhearna is mó idir an Ghaeilge agus an Béarla agus is é 8% (Fc16 agus Bd16) an bhearna is lú.

Mar sin, an tátal a bhaintear as an dá ghraf agus an staidreamh nach bhfuil an borradh faoi shealbhú fhoclóir na teanga T1 (Gaeilge), mar a bheadh súil leis sna cúinsí pobail is optamaí dá bhfuil ann (.i. Gaeltacht) i gcás an pháiste atá ag forbairt go tipiciúil ó aois 4 ar aghaidh. Más iad na blianta roimh aois 8 an tréimhse chriticiúil do bhisiúlacht agus d'fheidhmiúlacht teanga i measc páistí (Montrul 2008: 24), léiríonn Graif 3.1 agus 3.2 go bhfuil foclóir an Bhéarla go mór chun cinn ar fhoclóir na Gaeilge i gcaitheamh na tréimhse sin. Leanann sealbhú an Bhéarla ar aghaidh ag leibhéal ard ón aois is óige (4) go dtí an aois is sine (16). Ós é atá chun tosaigh ó thaobh an fhoclóra de, is geall le sealbhú T1 é seachas T2. Ós í atá chun deiridh, is geall le sealbhú T2 é sealbhú na Gaeilge. Tugann cuid mhór de na léaráidí a leanas seo le fios go bhfuil impleachtaí ag sealbhú neamhiomlán fhoclóir na Gaeilge agus sealbhú níos iomláine fhoclóir an Bhéarla d'fheidhmiúlacht na Gaeilge

trí chéile i measc daoine óga (féach an comhthéacs sochtheangeolaíochta i bhfochaibidlí 4.2.7, 4.3.7, 4.4.7 agus 4.5.6; agus an tátal sochtheangeolaíochta i bhfochaibidil 5.2).[47]

3.2.2.2 Foclóir Corp

Graf 3.3 Líon Foclóir Coirp Gaeilge agus Béarla de réir faisnéiseora, in ord aoise agus gnéis



Graf 3.4 % Foclóir Coirp Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe



Tugtar suntas anseo d'fhoclóir an choirp mar eiseamláir léirithe:

- Tagann ardú níos géire nó níos luaithe ar an treocht sealbhaithe Béarla ná Gaeilge idir an aois is óige agus an aois is sine, ná a thagann i gcás an fhoclóra iomláin.
- In aoisghrúpa 4, is ag Bb4 atá an acmhainn is mó ar an nGaeilge (70%) agus ag Ba4 atá an acmhainn is lú (40%). Tá acmhainn Bhéarla Ba4 (60%) níos mó ná acmhainn Bhéarla Bb4 (50%).

[47] An bhrí atá le 'sealbhú iomlán' agus 'sealbhaithe go hiomlán' sa taighde seo na struchtúir theanga éagsúla a bheith sealbhaithe go bisiúil ag na cainteoirí — idir fhulangach agus ghníomhach.

- Arís léiríonn aoisghrúpa 8 an bhearna shuntasach idir an dá theanga. Tá 80% den fhoclóir Gaeilge agus 70% den fhoclóir Béarla ag an gcainteoir is mó acmhainn Gaeilge (Fb8) agus 30% den fhoclóir Gaeilge agus 90% den fhoclóir Béarla ag an gcainteoir is lú acmhainn Gaeilge (Ff8). Tá acmhainn chothrom ar an dá theanga ag Fe8 (60%) agus Bc8 (60%). Mar sin, is é 60% (Ff8) an bhearna is mó idir an Ghaeilge agus an Béarla agus is é 10% (Ba8) an bhearna is lú in aoisghrúpa 8 nuair is é an Béarla atá chun tosaigh.
- Tosaíonn an acmhainn ar an dá theanga ag teacht i gcomhar le chéile ag aois 12, ach fós tá an Béarla chun tosaigh ar an nGaeilge. Tá 100% den fhoclóir Gaeilge agus den fhoclóir Béarla araon ag an gcainteoir is mó acmhainn Gaeilge (Bb12) agus 50% den fhoclóir Gaeilge agus 100% den fhoclóir Béarla ag an gcainteoir is lú acmhainn Gaeilge (Bc12). Mar sin, is é 50% (Bc12) an bhearna is mó idir an Ghaeilge agus an Béarla agus is é 10% (Fb12, Fc12, Bd12 agus Bf12) an bhearna is lú in aoisghrúpa 12 nuair is é an Béarla atá chun tosaigh.
- Tagann méadú mór ar líon na bhfocal sa dá theanga ag aois 16, ach is ag an mBéarla fós atá ceannas. Níl 100% den fhoclóir Gaeilge ag aon chainteoir ach tá 100% den fhoclóir Béarla ag seachtar den ochtar. Tá 90% den fhoclóir Gaeilge agus 100% den fhoclóir Béarla ag Fa16 agus Bb16. Tá 90% Gaeilge agus Béarla araon ag Fc16. Tá 70% den fhoclóir Gaeilge agus 100% den fhoclóir Béarla ag an mbeirt chainteoirí is lú acmhainn Gaeilge (Fb16 agus Fd16). Mar sin, is é 30% (Fb16 agus Fd16) an bhearna is mó idir an Ghaeilge agus an Béarla agus is é 10% (Fa16 agus Bb16) an bhearna is lú in aoisghrúpa 16.

Tugann na táblaí comparáide thíos le fios go léiríonn cuid mhór de na cainteoirí céanna sna haoisghrúpaí éagsúla an cumas céanna san fhoclóir iomlán agus i bhfoclóir an choirp.

Tábla 3.1 Aoisghrúpa 8

Is mó acmhainn G		Is lú acmhainn G		Bearna is mó G & B		Bearna is lú G & B	
F. Iml.	F. Coirp	F. Iml.	F. Coirp	F. Iml.	F. Coirp	F. Iml.	F. Coirp
Fb8	Fb8	Fd8	Ff8	Fd8	Ff8	Fb8	Fe8, Bc8

Tábla 3.2 Aoisghrúpa 12

Is mó acmhainn G		Is lú acmhainn G		Bearna is mó G & B		Bearna is lú G & B	
F. Iml.	F. Coirp	F. Iml.	F. Coirp	F. Iml.	F. Coirp	F. Iml.	F. Coirp
Bf12, Bb12	Bb12	Fd12, Ba12, Bc12	Bc12	Ba12	Bc12	Fa12	Bb12

Tábla 3.3 Aoisghrúpa 16

Is mó acmhainn G		Is lú acmhainn G		Bearna is mó G & B		Bearna is lú G & B	
F. Iml.	F. Coirp	F. Iml.	F. Coirp	F. Iml.	F. Coirp	F. Iml.	F. Coirp
Ba16	Fa16, Fc16, Bb16	Fb16	Fb16 Fd16	Fb16	Fb16, Fd16	Bd16, Fc16	Fc16

Graf 3.5 % Foclóir Coirp de réir aoisghrúpa



Deimhníonn Graf 3.5 líne ardaitheach na treochta sealbhaithe i nGraf 3.4 agus léiríonn an líne foráis gur gaire dá chéile atá na cainteoirí sna haoisgrúpaí éagsúla ó thaobh a gcumais san fhoclóir bunúsach seo de ag an aois is óige agus ag an aois is sine (4 agus 16). Go deimhin, léiríonn Graf 3.5 go bhfuil trasnú idir Gaeilge agus Béarla idir aois 4 agus aois 8. Tá níos mó d'fhoclóir an choirp i nGaeilge ná i mBéarla ag cainteoirí roimh aois 4 ach tosaíonn an Béarla ag fáil an lámh in uachtar thart ar i ndiaidh na haoise sin.[48] Cuirtear sonrú thíos san easnamh suntasach i gcaitheamh na mblianta idir aois 4 agus aois 16:

[48] Féach an trasnú céanna i bhfoclóir na n-ainmhithe (Graf 3.16), i bhfoclóir na mothúchán (Graf 3.21) agus san fhoclóir iomlán (Graf 3.25) thíos.

- Laghdaíonn an céatadán focal Gaeilge agus méadaíonn an céatadán Béarla idir aois 4 agus aois 8. Sin an tréimhse is mó meath Gaeilge agus an tréimhse is mó fás Béarla. 55% den fhoclóir Gaeilge agus 45% den fhoclóir Béarla ar an meán atá ag aoisghrúpa 4. Faoi aois 8, tá an t-íosphointe Gaeilge bainte amach agus is san aoisghrúpa sin atá an bhearna is mó idir an Ghaeilge (51%) agus an Béarla (78%).
- Tagann méadú suntasach ar an gcéatadán focal Gaeilge (71%) ag aois 12 le hais 94% de na focail Bhéarla, bearna 23%.
- Tagann an acmhainn ar an dá theanga níos gaire dá chéile arís ag aois 16 (81% agus 99%), bearna 18%.

In aoisghrúpa 8, ó thaobh gnéis de, tá níos mó acmhainne ag na cailíní trí chéile ar an nGaeilge agus ar an mBéarla ar an meán (5.2 agus 8 faoi seach) ná ag na buachaillí (5 agus 7.8). Is ionann an bhearna idir an dá theanga (2.8) sa dá ghnéas.

In aoisghrúpa 12, tá níos mó acmhainne ag na cailíní trí chéile ar an nGaeilge agus ar an mBéarla ar an meán (7.3 agus 9.8) ná ag na buachaillí (6.7 agus 8.7). Tá an bhearna idir an dá theanga níos lú ag na buachaillí (2) ná ag na cailíní (2.5).

In aoisghrúpa 16, tá níos mó acmhainne trí chéile ag na cailíní ar an nGaeilge agus ar an mBéarla (8.5 agus 10) ná ag na buachaillí (8 agus 9.8). Tá an bhearna idir an dá theanga níos lú ag na cailíní (1.5) ná ag na buachaillí (1.8).

Léiríonn an fhaisnéis gnéis trí chéile go bhfuil níos mó eolais ag na cailíní ar fhoclóir an choirp sa Ghaeilge agus sa Bhéarla agus go bhfuil Gaeilge an dá ghnéas chun deiridh ar a gcuid Béarla, mar a dheimhníonn Graf 3.6 agus na haoisghrúpaí ar fad curtha le chéile.

Graf 3.6 % Foclóir Coirp de réir gnéis



Is ar scála 1–3 (íseal, meánach, ard) a thomhaistear an sóisialú teanga. Baineann na graif shóisialaithe le gach aoisghrúpa. Níl an leibhéal íseal ar an scála (1) i gceist i nGaeilge ná i mBéarla.

Graf 3.7 % Foclóir Coirp de réir an tsóisialaithe Ghaeilge



Léiríonn Graf 3.7 nach gcothaíonn an leibhéal sóisialaithe Gaeilge is airde sealbhú leordhóthaineach Gaeilge ach go bhfuil buntáistí áirithe ag baint leis:

- Dá mhéad sóisialaithe i nGaeilge a bhíonn ar bun ag na faisnéiseoirí, is ea is fearr a n-acmhainn ar an nGaeilge.
- Dá mhéad sóisialaithe i nGaeilge a bhíonn ar bun ag na faisnéiseoirí, is lú a n-acmhainn ar an mBéarla.
- Méadaíonn céatadán fhoclóir an choirp i nGaeilge ó 54% i gcás lucht 2 ar an scála go 68% i gcás lucht 3.

- Laghdaíonn céatadán fhoclóir an choirp i mBéarla ó 89% i gcás lucht 2 ar an scála go 82% i gcás lucht 3.[49]
- Tá an céatadán Gaeilge is airde (68%) níos ísle ná an céatadán Béarla is ísle (82%).
- 35% is ea an bhearna is mó idir an Ghaeilge agus an Béarla (lucht 2).

Graf 3.8 % Foclóir Coirp de réir an tsóisialaithe Bhéarla



- Dá mhéad sóisialaithe i mBéarla a bhíonn ar bun ag na faisnéiseoirí, is ea is fearr a n-acmhainn ar an mBéarla.
- Dá mhéad sóisialaithe i mBéarla a bhíonn ar bun ag na faisnéiseoirí, is ea is measa a n-acmhainn ar an nGaeilge.
- Méadaíonn céatadán fhoclóir an choirp i mBéarla ó 76% i gcás lucht 2 ar an scála go 86% i gcás lucht 3.
- Laghdaíonn céatadán fhoclóir an choirp i nGaeilge ó 69% i gcás lucht 2 ar an scála go 64% i gcás lucht 3.
- Tá an céatadán Gaeilge is airde (69%) níos ísle ná an céatadán Béarla is ísle (76%).
- 22% is ea an bhearna is mó idir an Ghaeilge agus an Béarla (lucht 3).

Ach an oiread leis an sóisialú teanga, is ar scála 1–3 (íseal, meánach, ard) a thomhaistear an méid teilifíse a mbreathnaíonn na faisnéiseoirí air. Baineann na graif theilifíse le gach aoisghrúpa. Níl an leibhéal ard (3) i gceist i gcás na Gaeilge.

[49] D'fhéadfadh sé nach bhfuil sé seo suntasach go staitistiúil toisc an acmhainn ar an mBéarla a bheith chomh hard ón tús.

Graf 3.9 % Foclóir Coirp de réir na teilifíse Gaeilge



Léirionn Graf 3.9 nach gcothaíonn an leibhéal teilifíse Gaeilge is airde sealbhú leordhóthaineach Gaeilge:

- Dá mhéad teilifíse Gaeilge dá mbreathnaíonn siad air, is ea is fearr a n-acmhainn ar an dá theanga.
- Tá a n-acmhainn ar an mBéarla níos fearr ná ar an nGaeilge ag bun an scála (80% agus 62% faoi seach) agus ag a bharr (82.5% agus 75% faoi seach) araon.
- Tá an céatadán Gaeilge is airde (75%) níos ísle ná an céatadán Béarla is ísle (80%)

Graf 3.10 % Foclóir Coirp de réir na teilifíse Béarla



- Tagann tuile agus trá ar a n-acmhainn ar an dá theanga, dá mhéad teilifíse Béarla a mbreathnaíonn na faisnéiseoirí air.
- Tá níos mó acmhainne acu ar an dá theanga dá laghad teilifíse Béarla dá mbreathnaíonn siad air.

- Tá an acmhainn ar an mBéarla níos fearr ná ar an nGaeilge ag bun an scála (97% agus 80% faoi seach), ina lár (77% agus 57%) agus ag a bharr (79% agus 64%).
- Tá an céatadán Gaeilge is airde (80%) níos airde ná an céatadán Béarla is ísle (77%).

Rangaítear na tuismitheoirí de réir Uí Ghiollagáin (2002 agus 2005). Sin iad cainteoirí dúchais traidisiúnta agus ardchumais (CD 1), cainteoirí dúchais cumais mheánaigh (CD 2), cainteoirí athdhúchais (CAD) agus comhchainteoirí (CC).

Graf 3.11 % Foclóir Coirp de réir mheánchumas Gaeilge a muintire



Tugann Graf 3.11 le fios go bhfuil léibhéal ard acmhainne ar an mBéarla le hais na Gaeilge ag clann gach cineál cainteora. Mar gheall nach bhfuil ach teaghlach amháin i gceist i gcás lucht CC agus lucht CAD, níl sa mhéid seo ach faisnéis ar leith seachas patrún:

- Is ag clann CC atá an Ghaeilge agus an Béarla is fearr (70% agus 100% faoi seach). Níl ach teaghlach amháin i gceist.
- Is sa dara háit ó thaobh na Gaeilge agus an Bhéarla de araon atá clann CD 1 (67% agus 86% faoi seach).
- Is ag clann CAD atá an leibhéal acmhainne Gaeilge agus Béarla araon is ísle (60% agus 70% faoi seach). Níl ach teaghlach amháin i gceist.
- Léiríonn clann CD 2 acmhainn 62% ar an nGaeilge agus acmhainn 85% ar an mBéarla.
- Tá an acmhainn is airde ar an nGaeilge cothrom leis an acmhainn is ísle ar an mBéarla (70% araon).

- Tá acmhainn níos airde ag clann CD 1 ar an nGaeilge agus ar an mBéarla (67% agus 86% faoi seach) i gcomparáid leis na trí aicme eile le chéile (64% agus 85% faoi seach).

3.2.2.3 Foclóir Coirp agus Iomlán de réir scoile

Tugtar suntas thíos don acmhainn Gaeilge agus Béarla de réir scoile agus cuirtear an foclóir iomlán san áireamh i ngeall ar thábhacht cheist na scolaíochta sa taighde seo.

Graf 3.12 % Foclóir Coirp de réir scoile



Graf 3.13 % Foclóir Iomlán de réir scoile



Léiríonn an tábla thíos líon na bpáistí sna scoileanna éagsúla:

Tábla 3.4 Líon na bpáistí i Scoileanna 1–12

Scoil	Buachaillí	Cailíní	Iomlán
1	Fa4	Ba4, Ba8	3
2		Bb4	1
3		Bc4	1
4	Fa8, Fc8		2
5	Fb8, Fb12		2
6	Fd8	Bb8, Bc8, Bd8	4
7	Fe8		1
8	Ff8, Fd12	Be8	3
9	Fa12	Ba12, Bb12, Be12, Bf12	5
10	Fc12	Bc12, Bd12	3
11	Fa16, Fb16	Ba16, Bb16	4
12	Fc16, Fd16	Bc16, Bd16	4

Is féidir comparáid a dhéanamh idir Scoil 9 agus Scoil 10 agus idir Scoil 11 agus Scoil 12 ós sna scoileanna sin atá an líon is mó faisnéiseorí agus ó tá na daltaí sna haoisghrúpaí céanna (aoisghrúpaí 12 agus 16). Leagtar amach na comparáidí sna táblaí thíos:

Tábla 3.5 % Foclóir Coirp agus Foclóir Iomlán i Scoileanna 9–10

	Foclóir Corp		Foclóir Iomlán	
Scoileanna	Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
Scoil 9	72%	94%	74%	82%
Scoil 10	73%	97%	70.5.%	86.5%

Tá an acmhainn ar an dá theanga mórán mar a cheile i gcás an dá scoil. Tá leibhéil na hacmhainne ar an mBéarla an-ard le hais na Gaeilge sa dá scoil, go háirithe i gcás fhoclóir an choirp. Tá Scoil 10 níos faide siar i gConamara ná Scoil 9.[50]

Tábla 3.6 Foclóir Coirp agus Foclóir Iomlán i Scoileanna 11–12

	Foclóir Corp		Foclóir Iomlán	
Scoileanna	Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
Scoil 11	82.5%	100%	72%	91%
Scoil 12	80%	97.5%	71%	84%

Tá leibhéil na hacmhainne ar an mBéarla gar dá chéile agus an-ard le hais na Gaeilge sa dá scoil, idir fhoclóir an choirp agus an foclóir iomlán. Tá Scoil 12 níos faide siar i gConamara ná Scoil 11.

Tugann an fhaisnéis ó na ceithre scoil le fios:

- gur ag Scoil 10 atá an acmhainn is ísle Gaeilge san fhoclóir iomlán (70.5%)
- nach bhfuil éifeacht shuntasach ag suíomh na scoile sa Ghaeltacht mar gur cothrom, tríd is tríd, leibhéal na hacmhainne atá ag na faisnéiseoirí ar an nGaeilge
- go bhfanann sealbhú an Bhéarla ag leibhéal réasúnta ard idir an dá aois (12 agus 16)
- go bhfuil an acmhainn ar an mBéarla níos fearr ná an acmhainn ar an nGaeilge sna ceithre scoil i bhfoclóir an choirp agus san fhoclóir iomlán.

[50] Féach Ó Curnáin (2009: 142–3) agus Ó Giollagáin (2009) maidir le caolú na gcroícheantar Gaeltachta.

3.2.2.4 Foclóir Gruaige

Graf 3.14 % Foclóir Gruaige Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe



Níor tástáladh sa réimse seo ach 4 fhocal ach deimhníonn an líne ardaitheach an treocht sealbhaithe chéanna sa dá theanga agus a léiríodh i bhfoclóir an choirp, chomh maith le ceannas an Bhéarla. Mar sin féin, tá roinnt aimhrialtachtaí ann i gcomparáid le foclóir an choirp:

- Ní léiríonn Ba4 ná Ff8 acmhainn bhisiúil ar aon cheann de na focail Ghaeilge. Baineann siad feidhm as focail Bhéarla sa chomhrá Gaeilge.
- Baineann Bc8 feidhm go minic as focail Bhéarla i ndiaidh ainmfhocail Ghaeilge, m.sh. *dath* brown, *dath nós* kinda orange-yellow ach tá *dath dubh* aici freisin. Is iad na focail Ghaeilge *donn* agus *dubh* is bisiúla i measc aoisghrúpa 8.
- Tá na focail Ghaeilge agus Bhéarla araon sealbhaithe go hiomlán ag aon duine dhéag — Fa12, Fc12, Ba12, Bb12, Bc12, Be12, Fb16, Fc16, Ba16, Bb16 agus Bd16.
- Údar suntais go bhfuil an focal *fionn* nó *bán* in easnamh ag triúr in aoisghrupa 16. Cé go bhfuil *gruaig buí* **bʷi** ag Fd16, glactar leis anseo nach bhfuil an spriocfhocal sealbhaithe aige. Ní thugann Fa16 aon fhreagra. *Gruaig gheal* **ɣ′æl** atá ag Bc16. *Gruaig dearg* **dʒærəg** ar ghruaig rua atá ag Fd16.

3.2.2.5 Foclóir Ainmhithe

Graf 3.15 % Foclóir Ainmhithe Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe



Scór focal a tástáladh i réimse fhoclóir na n-ainmhithe le hais na gceithre cinn i bhfoclóir na gruaige:

- Tá beirt in aoisghrúpa 4 a bhfuil níos mó focal Gaeilge ná Béarla acu — Bb4 (13 agus 8 faoi seach) agus Bc4 (11 agus 7). Tá acmhainn chothrom ag Fa4 ar an dá theanga (12). Tá scór an-íseal i nGaeilge agus i mBéarla ag Ba4 (3 agus 5).
- Tá acmhainn Gaeilge aoisghrúpa 8 an-íseal le hais an Bhéarla. Is ag Fd8 (1) atá an acmhainn Ghaeilge is lú. Is ag Fb8 atá an líon focal Gaeilge is airde (14) agus is é an t-aon chainteoir san aosighrúpa seo é a bhfuil a acmhainn Gaeilge cothrom lena acmhainn Béarla. Ar an meán, is 8 bhfocal Gaeilge agus cúig fhocal déag Béarla atá ag aoisghrúpa 8.
- Níl aon chainteoir in aoisghrúpa 12 a bhfuil an foclóir Gaeilge ná Béarla iomlán sealbhaithe aige ach tá naoi bhfocal déag i nGaeilge ag Bf12 agus an méid céanna i mBéarla ag Bd12. Tá níos mó focal Gaeilge ná Béarla ag Fa12 (15 agus 10), Bb12 (15 agus 14) agus ag Bf12 (19 agus 18). Ar an meán, is 14.5 focal Gaeilge agus sé fhocal déag Béarla atá ag aoisghrúpa 12.
- Níl aon duine in aoisghrúpa 16 a bhfuil níos mó focal Gaeilge ná Béarla aige. Tá acmhainn chothrom ag Bd16 ar an nGaeilge agus ar an mBéarla araon (14). Is ag Bc16 atá an acmhainn Gaeilge is mó (17). Ar an meán, tá níos lú focal Gaeilge ag aoisghrúpa 16 (14) ná aoisghrúpa 12 (14.5) ach tá níos mó focal Béarla ag aoisghrúpa 16 (17) ná aoisghrúpa 12 (16) mar a léiríonn Graf 3.16 thíos.

Graf 3.16 % Foclóir Ainmhithe Gaeilge agus Béarla de réir aoisghrúpa



Léiríonn Graf 3.16 arís eile an trasnú idir Gaeilge agus Béarla tar éis aois 4 chomh maith leis an easpa foráis agus cúlú ar an nGaeilge sna blianta idir aois 4 agus aois 8, arb í an tréimhse is mó forás Béarla (féach Graf 3.5 thuas). Bearna acmhainne beagnach 33% atá idir an dá theanga faoi aois 8. Laghdaíonn an acmhainn Gaeilge ó 72.5% ag aoisghrúpa 12 go 70% ag aoisghrúpa 16 i réimse fhoclóir na n-ainmhithe.

3.2.2.6 Foclóir Fuaimeanna Coirp

Graf 3.17 % Foclóir Fuaimeanna Coirp Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe



Is 5 fhocal a tástáladh anseo i réimse fhoclóir na bhfuaimeanna coirp. Níor tástáladh Fb12 i nGaeilge ná Fb16, Ba16 agus Bb16 i nGaeilge ná i mBéarla.

- In aoisghrúpa 4, is bisiúla na focail Bhéarla ná na focail Ghaeilge ag Fa4, Ba4 agus Bb4. Níl aon cheann de na focail Bhéarla bisiúil ag Bc4 agus focal amháin Gaeilge atá aici. Dá bhrí sin níl trasnú i gceist sa chumas idir aoisghrúpa 4 agus aoisghrúpa 8 sa réimse foclóra seo.
- Tá acmhainn íseal ag aoisghrúpa 8 ar fhoclóir na bhfuaimeanna coirp Gaeilge (féach Graf 3.18 thíos). Níl na focail Ghaeilge bisiúil ag Fd8, Bd8 ná Be8.

- In aoisghrúpa 12, tá na focail Ghaeilge ar fad sealbhaithe ag Bb12 agus is í Bf12 an t-aon duine sa ghrúpa sin a bhfuil an foclóir Gaeilge agus Béarla ar fad sealbhaithe aici.
- Tá an foclóir Gaeilge agus Béarla araon ag Fa16 agus Bd16 agus is ag Fc16 atá an acmhainn Ghaeilge is ísle (2).

Graf 3.18 Foclóir Fuaimeanna Coirp aoisghrúpa 8 agus gnéas



Arís, léiríonn aoisghrúpa 8 easpa acmhainne shuntasach ar an nGaeilge:

- Níl aon cheann de na focail Ghaeilge bisiúil ag triúr acu — Fd8, Bd8 agus Be8.
- Tá na focail Bhéarla ar fad sealbhaithe ag triúr, beirt nach bhfuil aon cheann de na focail Ghaeilge acu ina measc — Fd8 agus Bd8.
- Is ag Fa8, Fb8 agus Bb8 atá an acmhainn Gaeilge is mó san aoisghrupa seo (3).

3.2.2.7 Foclóir Aimsire

Graf 3.19 % Foclóir Aimsire Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe



Is seacht bhfocal a tástáladh i réimse fhoclóir na haimsire (níor tástáladh Ba16 i nGaeilge).

- Tá líon na bhfocal atá sealbhaithe sa dá theanga íseal ag aoisghrúpa 4. Níl aon cheann de na focail Ghaeilge ag Ba4 agus dhá fhocal atá i mBéarla aici. Níl aon cheann de na focail Bhéarla ag Bc4 agus dhá cheann atá i nGaeilge aici. Dá bhrí sin níl trasnú i gceist sa chumas idir aoisghrúpa 4 agus aoisghrúpa 8 sa réimse foclóra seo.
- In aoisghrúpa 8, is focal amháin Gaeilge an duine atá ag Fa8, Fc8, Ff8 agus Bc8. Is ag Fb8, Fe8 agus Be8 atá an líon focal Gaeilge is mó — 3 cinn an duine.
- In aoisghrúpa 12, is é agus Fc12 an t-aon chainteoir a bhfuil níos mó acmhainne aige ar an nGaeilge (6) ná ar an mBéarla (4). Is ag Ba12 atá an acmhainn is lú ar fhoclóir na haimsire sa Ghaeilge (3). Is í Bd12 an t-aon chainteoir a bhfuil an foclóir Béarla iomlán aici ach ceithre fhocal atá aici sa Ghaeilge.
- Níl an foclóir iomlán sa dá theanga ag aon chainteoir in aoisghrúpa 16. Tá níos mó Gaeilge ná Béarla ag Bb16 agus Bd16 (7 : 5 agus 6 : 5 faoi seach). Trí fhocal Gaeilge atá ag Fb16, an méid is lú san aoisghrúpa sin. Léiríonn aoisghrúpa 16 acmhainn íseal ar na focail Ghaeilge is neamhchoitianta i réimse na haimsire, .i. *tuillte* / *fuarlaigh* agus *drúcht*.

3.2.2.8 Foclóir Mothúcháin

Graf 3.20 % Foclóir Mothúcháin Gaeilge agus Béarla de réir treochta sealbhaithe



Tagann Graf 3.20 leis an treocht sealbhaithe sna réimsí foclóra eile. Sé fhocal a tástáladh i réimse fhoclóir na mothúchán. Níor tástáladh foclóir Gaeilge Bc16:

- Léiríonn Fa4 agus Bc4 níos mó acmhainne ar an nGaeilge (2) ná ar an mBéarla (0).
- Léirítear móreaspa Gaeilge in aoisghrúpa 8. Ní bhaineann Fd8, Fe8, Bc8 ná Bd8 feidhm as an nGaeilge sa réimse foclóra seo. Is é an foclóir Béarla a chuireann siad ag obair nuair a iarrtar na focail Ghaeilge orthu.
- Tagann méadú mór ar líon na bhfocal Gaeilge in aoisghrúpa 12. Cúig fhocal Gaeilge atá ag Bb12, Bc12, Be12 agus Bf12. Is ag Fa12 agus Fd12 atá an líon focal Gaeilge is lú (3) in aoisghrúpa 12.
- In aoisghrúpa 16, ní léiríonn aon duine de na cainteoirí acmhainn iomlán ar an réimse foclóra seo i nGaeilge ná i mBéarla. Tá an líon céanna focal Gaeilge agus Béarla araon (4) ag Ba16 agus Bb16. Is ag Fc16, Fd16 agus Bd16 atá an líon focal Gaeilge is lú (2). Dhá fhocal an líon is lú i mBéarla freisin (Fc16).
- Eisceacht is ea foclóir na mothúchán i dtaca leis an difríocht acmhainne idir aoisghrupaí 12 agus 16. Mar a léiríonn Graf 3.21 thíos, ar an meán tá níos lú focal Gaeilge ag aoisghrúpa 16 (3 nó 44%) ná aoisghrúpa 12 (4.2 nó7 0%). San fhoclóir Béarla, 4.1 nó 69% atá ag aoisghrúpa 16 agus 4.6 nó 77% atá ag aoisghrúpa 12. Léiríonn Fa16, Fc16 agus Fd16 mífhoighid le linn na dtástálacha agus is féidir go gcuireann sé sin isteach ar na torthaí sa mhír seo. Tá sé de nós ag Fa16 an freagra *níl fhios a'm* a thabhairt nuair atá mífhoighid

air. Tá drogall ar Fc16 agus Fd16 freagraí Gaeilge a thabhairt sa mhír seo (féach an féintuairisciú a dhéanann siad ar fheidhm shóisialta na Gaeilge ina saol féin i bhfochaibidil 4.5.6).

Graf 3.21 % Foclóir Mothúcháin Gaeilge agus Béarla de réir aoisghrúpa



Tagann Graf 3.21 le Graif 3.5 agus 3.16 thuas agus Graf 3.25 thíos maidir le trasnú na Gaeilge agus an Bhéarla tar éis aois 4. Léiríonn sé gur gaire an Ghaeilge don Bhéarla (70% agus 77%) ag aois 12 ná aon aois eile tar éis aois 4.

3.2.3 Foclóir Iomlán: Suntasacht agus fachtóirí ar leith

I bhfianaise na hanailíse cainníochtúla ar an bhfoclóir Gaeilge agus Béarla thuas, pléitear anseo suntasacht staitistiúil fachtóirí ar leith a imríonn tionchar ar mhéid an fhoclóra sa dá theanga.

Léiríonn an fhaisnéis a cuireadh i láthair go dtí seo an difríocht idir méid an fhoclóra Gaeilge agus Béarla, agus deimhníonn an t-thástáil suntasacht na difríochta ($t(28) = -5.079$, $p < 0.0001$). Sa Ghaeilge, 28.6 focal is ea an meán (diall caighdeánach = 10.23) agus sa Bhéarla, 37.72 focal is ea an meán (diall caighdeánach = 9.48).

Is suaithinsí an difríocht in aoisghrúpa 8 ná in aon aoisghrúpa eile, mar a dheimhníonn an t-thástáil ($t(10) = -5.83$, $p < 0.0001$). In aoisghrúpa 8, 20.27 focal is ea an meán sa Ghaeilge (diall caighdeánach = 7.31) agus 36.64 focal is ea an meán sa Bhéarla (diall caighdeánach = 5.66). Tá an difríocht idir an dá theanga suntasach in aoisghrúpa 12 freisin, mar a dheimhníonn an t-thástáil, [$t(9) = -3.786$, $p <0 .04$]. In aoisghrúpa 12, 37.5 focal is ea an meán sa Ghaeilge (diall caighdeánach = 3.89) agus 43.5 focal is ea an mean sa Bhéarla (diall caighdeánach = 3.78). Léirítear na torthaí seo d'aoisghrúpaí 8 agus 12 i nGraf 3.22.

Graf 3.22 Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla in aoisghrúpaí 8 agus 12 (meán)



Mar sin, d'fhonn an difríocht idir an foclóir sa T1 (Gaeilge) agus sa T2 (Béarla) a dheimhniú, anailísítear anseo na fachtóirí a imríonn tionchar ar mhéid an fhoclóra. Déantar anailís chúlchéimnithe ar thrí fhachtóir leis an tionchar sin a dheimhniú. Sin iad aois i míonna, sóisialú sa dá theanga agus an teilifís sa dá theanga.

3.2.3.1 Aois i míonna

Tugtar le fios sa litríocht go bhfuil tionchar suntasach ag aois i míonna ar mhéid foclóra (féach Bates agus Goodman 1999) agus tacaíonn an anailís chúlchéimnithe a dhéantar anseo leis sin.

3.2.3.2 Aois i míonna: Gaeilge

Tugtar le fios san anailís chúlchéimnithe ar an bhfoclóir Gaeilge iomlán i ngach aoisghrúpa go míníonn aois i míonna 45% den athraitheacht i méid an fhoclóra Gaeilge ($r^2 = 0.45$, $F(1,28) = 21.986$, $p < 0.0001$), mar a léirítear i nGraf 3.23.

Graf 3.23 Comhghaolúchán idir aois i míonna agus méid an fhoclóra Gaeilge



3.2.3.3 Aois i míonna: Béarla

Ach an oiread leis an nGaeilge, tugtar le fios san anailís chúlchéimnithe ar an bhfoclóir Béarla iomlán i ngach aoisghrúpa go míníonn aois i míonna cion suntasach den athraitheacht i méid an fhoclóra Béarla. 54% atá i gceist i gcás an Bhéarla (r^2 = 0.54, F(1,29) = 32.16, p < 0.0001), mar a léirítear i nGraf 3.24.

Graf 3.24 Comhghaolúchán idir aois i míonna agus méid an fhoclóra Béarla



3.2.3.4 Sóisialú i nGaeilge: Gaeilge

Tugtar le fios san anailís chúlchéimnithe go míníonn an sóisialú i nGaeilge 18% de mhéid an fhoclóra Gaeilge, [$r^2 = 0.183$, $F(1,28) = 6.04$, $p < 0.02$].

3.2.3.5 Teilifís i nGaeilge: Gaeilge

I gcodarsnacht leis sin, tugtar le fios san anailís chúlchéimnithe nach gcuireann an teilifís i nGaeilge go suntasach le méid an fhoclóra Gaeilge, [$r^2 = 0.009$, $F(1,20) = 0.167$, $p > 1$].

3.2.3.6 Teilifís i mBéarla: Gaeilge

Ach an oiread leis an teilifís i nGaeilge, tugtar le fios san anailís chúlchéimnithe nach gcuireann an teilifís i mBéarla go suntasach le méid an fhoclóra Gaeilge, [$r^2 = 0.05$, $F(1,20) = 0.095$, $p > 1$].

3.2.3.7 Samhail chúlchéimnithe de mhéid an fhoclóra Gaeilge

D'fhonn an tionchar coibhneasta atá ag (i) aois i míonna, (ii) sóisialú i nGaeilge agus (iii) teilifís i nGaeilge ar mhéid an fhoclóra Gaeilge, anailístear na trí fhachtóir sin le chéile i samhail chúlchéimnithe. Tugtar le fios san anailís chúlchéimnithe go bhfuil tionchar suntasach ag na trí fhachtóir sin le chéile ar athraitheacht i méid an fhoclóra

Gaeilge. 54%, atá i gceist, [$r^2 = 0.54$, $F = 6.56$, $p < 0.004$]. Léiríonn an tsamhail an tionchar maighdeogach atá ag aois thar an dá fhachtóir eile, [$t = 3.52$, $p < 0.003$]. Tá tionchar áirithe ag sóisialú i nGaeilge, [$t = 2.06$, $p < 0.053$], agus mar a léiríonn an anailís aonfhachtóire thuas, níl tionchar suntasach ag an teilifís i nGaeilge ar mhéid an fhoclóra.

3.2.3.8 Aois i míonna, sóisialú i mBéarla agus teilifís i mBéarla: Béarla

Ach an oiread leis an nGaeilge, d'fhonn an tionchar coibhneasta atá ag (i) aois i míonna, (ii) sóisialú i mBéarla agus (iii) teilifís i mBéarla ar mhéid an fhoclóra Béarla, anailístear na trí fhachtóir sin le chéile i samhail chúlchéimnithe. Tugtar le fios san anailís chúlchéimnithe gurb í aois i mBéarla an t-aon fhachtóir as na trí cinn sin a imríonn tionchar ar mhéid an fhoclóra Béarla.[51]

3.2.4.Foclóir Iomlán

Graf 3.25 % Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla de réir aoisghrúpa



Faightear léargas ar an sealbhú dátheangach de réir aoisghrúpa, i dtaca le cúrsaí foclóra de, i nGraf 3.25. Deimhníonn an graf na patrúin ghinearálta a thugtar le fios sna réimsí foclóra ar leith. Is é sin (i) go léiríonn an trasnú gur cosúil go bhfuil níos mó acmhainne ar an nGaeilge ná ar an mBéarla roimh aois 4 ag cainteoirí atá á

[51] Féidearthacht amháin ab fhiú a fhiosrú, dá mb'fhéidir sin amach anseo, maidir leis an toradh seo is ea go bhfuil leibhéal praiticiúil an tsóisialaithe Bhéarla agus na teilifiíse Béarla chomh cobhsaí (agus chomh hard) i measc shampla an taighde, nach léirítear suntasacht staitistiúil idir grúpaí éagsúla atá aicmithe sa dá fhachtóir sin. D'fhéadfadh sé go bhfuil na faisnéiseoirí ag sóisialú an oiread sin i mBéarla agus go bhfuil siad ag breathnú ar an oiread sin den teilifís i mBéarla ó aois chomh hóg nach ndéanann na fachtóirí sin mórán difríochta do mhéid an fhoclóra Béarla ó aoisghrúpa go haoisghrúpa.

dtógáil go príomha le Gaeilge sa bhaile (41% Gaeilge, 36.5% Béarla), (ii) gur tar éis aois 4 chomh fada le haois 8 a thagann an laghdú is mó ar an acmhainn ar an nGaeilge agus gur mór an bhearna acmhainne idir an dá theanga faoi aois 8 (39% Gaeilge, 70.5% Béarla — bearna 31.5%), (iii) go gcomhtharlaíonn an laghdú seo ar an nGaeilge leis an méadú is géire ar shealbhú an Bhéarla (ó 36.5% go 70.5%) agus (iv) gur ag aois 12 is gaire atá an Ghaeilge agus an Béarla dá chéile (72% agus 84%) sula méadaíonn an bhearna arís ag aois 16 (70% agus 88%).

3.3 Deilbhíocht Gaeilge

3.3.1 Modheolaíocht

Seachas i gcás na n-aidiachtaí comparáideacha, faisnéis atá bunaithe ar cheistneoir struchtúrtha, is bunaithe ar chaint thaifeadta uile na rannpháirtithe atá an fhaisnéis sa mhír seo.

3.3.2. Aidiachtaí Comparáideacha

Léadh 10 n-abairt do na faisnéiseoirí ach fágadh an focal deiridh ar lár. Iarradh orthusan an abairt a chríochnú le go léireofaí a n-acmhainn ar bhreischéim na n-aidiachtaí comparáideacha ina gceann is ina gceann. Níor cuireadh aoisghrúpa 4 san áireamh mar gur struchtúr atá doiligh a cheistiú dá bhformhór ag an aois sin.

Aidiachtaí Comparáideacha Coitianta + Breischéim

1. Tá gruaig an chailín fada ach tá gruaig a máthar níos (faide).
2. Tá gruaig Sheáin gearr ach tá gruaig a Dheaide níos (giorra).
3. Tá an scoil an-ard ach tá an séipéal níos (airde).
4. Tá an múinteoir sean ach tá mamó níos (sine).
5. Tá an buachaill ramhar ach tá a Dheaide níos (raimhre).
6. Bíonn sé fuar in Éirinn ach in Albain bíonn sé níos (fuaire).
7. Bíonn sé te san earrach ach sa samhradh bíonn sé níos (teo)

Aidiachtaí Comparáideacha Neamhchoitianta + Breischéim

8. Tá carrannaí contúirteach ach tá eitleáin níos (contúirtí).
9. Tá an fear ciallmhar ach tá a bhean níos (ciallmhaire).

10. Tá an t-oráiste géar ach tá an t-úlla níos (géire).

Graf 3.26 % Aidiachtaí Comparáideacha de réir treochta sealbhaithe



Léiríonn Graf 3.26 an treocht sealbhaithe, an t-easnamh mór in aoisghrúpa 8 agus an t-ardú géar ar an sealbhú in aoisghrúpa 12:

- Níor léirigh ochtar (Fa8, Fc8, Fd8, Ff8, Bb8, Bc8, Bd8 agus Be8) den aon chainteoir déag in aoisghrúpa 8 acmhainn bhisiúil ar bhreischéim na n-aidiachtaí comparáideacha. Is é 5/10 (Fb8) an líon is airde san aoisghrúpa sin.
- In aoisghrúpa 12, tá 10/10 ag ceathrar (Fb12, Fc12, Bb12agus Bf12). Is é 4/10 (Be12) an líon is ísle in aoisghrúpa 12.
- In aoisghrúpa 16, tá 10/10 ag ceathrar (Fa16, Ba16, Bc16 agus Bd16) agus is é 6/10 (Fb16) an líon is ísle.

Fearacht Ghraif 3.7–3.10, léiríonn Graif 3.27–3.30 an tionchar a imríonn an sóisialú agus an teilifís ar acmhainn na gcainteoirí ar na haidiachtai comparáideacha.

Graf 3.27 % Aidiachtaí Comparáideacha de réir an tsóisialaithe Gaeilge



Dá mhéad sóisialaithe i nGaeilge a bhíonn ar bun ag na faisnéiseoirí, is ea is fearr a n-acmhainn ar na haidiachtaí comparáideacha. Ardaíonn líon meánach na n-aidiachtaí comparáideacha ó 20% ag lucht 2 ar an scála go 70% ag lucht 3.

Graf 3.28 % Aidiachtaí Comparáideacha de réir an tsóisialaithe Béarla



Laghdaíonn acmhainn na bhfaisnéiseoirí ar na haidiachtaí comparáideacha dá mhéad sóisialatithe i mBéarla a bhíonn ar bun acu. Laghdaíonn an céatadán meánach ó 64% ag lucht 2 go 55% ag lucht 3.

Graf 3.29 % Aidiachtaí Comparáideacha de réir na teilifíse Gaeilge



Dá mhéad teilifíse Gaeilge a mbreathnaíonn na faisnéiseoirí air, is fearr a n-acmhainn ar na haidiachtaí comparáideacha. Ardaíonn an céatadán meánach ó 50% go 93% ag lucht 3.

Graf 3.30 % Aidiachtaí Comparáideacha de réir na teilifíse Béarla



Athraíonn an patrún de bheagán i gcás na teilifíse Béarla. Dá mhéad teilifíse Béarla a mbreathnaíonn na faisnéiseoirí air, laghdaíonn a n-acmhainn ar na haidiachtaí comparáideacha. Laghdaíonn an céatadán meánach ó 90% ag lucht 1 go 44% ag lucht 2 agus ardaíonn sé go 53% ag lucht 3.

3.3.3 Aidiachtaí Comparáideacha: Suntasacht agus fachtóirí ar leith

I bhfianaise na hanailíse cainníochtúla ar aidiachtaí comparáideacha thuas, pléitear anseo suntasacht fachtóirí ar leith a imríonn tionchar ar a dtáirgeadh in aoisghrúpaí 8, 12 agus 16. Léiríonn an fhaisnéis a cuireadh i láthair go dtí seo go méadaíonn táirgeadh aidiachtaí comparáideacha de réir mar a théann na faisnéiseoirí in aois.

3.3.3.1 Aois i míonna

Tugtar le fios san anailís chúlchéimnithe go míníonn aois i míonna 57% den athraitheacht i dtáirgeadh aidiachtaí comparáideacha, [$r^2 = 0.57$, $F(1,28) = 36.08$, $p < 0.0001$]. Nuair a chuirtear táirgeadh aidiachtaí comparáideacha i gcodarnsacht le méid an fhoclóra Gaeilge in anailís ilchúlchéimnithe, áfach, léirítear nach gcuireann aois i míonna go suntasach le míniú ar athraitheacht i dtáirgeadh aidiachtaí comparáideacha thar mhéid an fhoclóra Gaeilge, [$t = 1.63$, $p > 1$].

3.3.3.2 Méid an fhoclóra Gaeilge

Lena ais sin, míníonn méid an fhoclóra Gaeilge athraitheacht i dtáirgeadh aidiachtaí comparáideacha, thar aois agus shóisialú i nGaeilge, [$t = 4.93$, $p < 0.0001$]. Go deimhin, míníonn méid an fhoclóra 82% den athraitheacht i dtáirgeadh aidiachtaí

comparáideacha, [r^2 = 0.82, F(1,24) = 103.31, p < 0.0001], mar a léirítear i nGraf 3.31.

Graf 3.31 Comhghaolúchán idir méid an fhoclóra Gaeilge agus táirgeadh aidiachtaí comparáideacha



Mar sin, dá mhéad foclóir Gaeilge dá mbeidh ag an gcainteoir, is ea is dóichí go dtáirgeoidh sé na haidiachtaí comparáideacha. Tagann sé sin le tátal Bates agus Goodman (1999) gurb é méid an fhoclóra an fáistineoir is fearr ar chumas gramadaí.

3.3.4 Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt

Comhaireadh líon na n-ócáidí ar cuireadh séimhiú agus urú ar ainmfhocail tar éis na réamhfhocal cuí agus líon na n-ócáidí ar fágadh ar lár iad nuair ba chuí iad a bheith ann. Áirítear focail Bhéarla atá comhshamhlaithe sa Ghaeilge, m.sh. *sa m*back **sə m′æ:k′** (Fe8) (féach De Bhaldraithe 1977: 1–34 agus IA: 2633-68) ach ní áirítear focail Bhéarla nach bhfuil comhshamhlaithe, m.sh. *sa* parade **sə pᵊre:ḍ** (Bd8). I gcás parade, marab ionann agus back, is mórchoincheap sa mhórtheanga é a bhaineann le mórócáid shoch-chultúrtha nua-aoiseach (Lá Fhéile Pádraig sa chás seo). I nGraif 3.32–3.36 thíos, léirítear an fhaisnéis maidir leis an réamhfhocal lom agus an réamhfhocal + alt agus an dá chlaochú (séimhiú agus urú) le chéile. Den chuid is mó,

is fearr mar a léiríonn líon — seachas céatadán — an scéal mar gur minic a bhíonn líon ard ag cainteoirí a bhfuil céatadán íseal acu, ach líon beag agus céatadán ard ag cainteoirí eile.

Graf 3.32 % Claochluithe Tosaigh ann de réir treochta sealbhaithe



I gcás na treochta sealbhaithe, léiríonn Graf 3.32 an t-ardú idir aois 4 agus aois 16. Tá go leor easnamh ann, áfach, fiú ag an aois is sine agus tugtar suntas don mhóreasnamh, a mbeadh súil leis i bhfianaise na faisnéise go dtí seo, in aoisghrúpa 8.

Graf 3.33 % Claochluithe Tosaigh ann de réir aoisghrúpa



Tagann patrún ginearálta na gclaochluithe tosaigh de réir aoisghrúpa lena léirítear sna graif fhoclóra thuas:

- In aoisghrúpa 4, ní chuireann Bb4 aon chlaochlú tosaigh ag obair as 5 ócáid chuí. 12/15 (80%) atá ag Bc4.
- Laghdaíonn feidhmiú na gclaochluithe tosaigh — i dtéarmaí céatadánacha — idir aoisghrúpa 4 agus aoisghrúpa 8 ó 42% go 19%. Ní chuireann Fd8 (0/1),

Ba8 (0/2), Bc8 (0/6), Bd8 (0/6) ná Be8 (0/4) aon chlaochlú ag obair agus is 2/19 (11%) atá ag Bb8. I gcodarsnacht leis sin, 6/9 (67%) atá ag Fa8. Idir 1/9 (11%) agus 4/9 (44%) atá ag an gceathrar eile san aoisghrúpa seo.

- Tagann méadú ar fheidhmiú na gclaochluithe tosaigh idir aoisghrúpa 8 agus aoisghrúpa 12 ó 19% go 49%. Is ag Bb12 atá an *céatadán* is airde (80% nó 4/5) ach is ag Fa12 agus Bf12 atá an *líon* is airde (7/10 nó 70%). Is é 20% (3/15, 1/5) an céatadán is ísle san aoisghrúpa seo (Ba12 agus Bd12)
- In aoisghrúpa 16, a bhfuil acmhainn mheánach 64% ann, is ag Ba16 atá an líon is mó, 13/16 (81%). 3/24 (13%) atá ag Fb16, an líon agus céatadán le chéile is lú.

Graf 3.34 % Claochluithe Tosaigh ann de réir an tsóisialaithe Ghaeilge



Graf 3.35 % Claochluithe Tosaigh ann de réir an tsóisialaithe Bhéarla



Léiríonn Graif 3.34 agus 3.35 gur suaithinseach an tionchar a imríonn leibhéil an tsóisialaithe sa dá theanga ar shealbhú na gclaochluithe tosaigh:

- Dá mhéad sóisialaithe i nGaeilge a bhíonn ar bun ag na faisnéiseoirí, is ea is fearr a n-acmhainn ar na claochluithe tosaigh. Méadaíonn meánchéatadán na gclaochluithe ó 7% i gcás lucht 2 ar an scála go 53% i gcás lucht 3.
- Dá mhéad sóisialaithe i mBéarla a bhíonn ar bun ag na faisnéiseoirí, is lú a n-acmhainn ar na claochluithe tosaigh. Laghdaíonn meánchéatadán na gclaochluithe ó 53% i gcás lucht 2 ar an scála go 39% i gcás lucht 3.

Graf 3.36 % Claochluithe Tosaigh ann de réir scoile (meán)



Cuirtear Scoileanna 1, 2, 3, 4, 5 agus 8 as an áireamh sa phlé thíos toisc an líon daltaí a bheith chomh beag:

- Tá ceathrar i Scoil 6 (aoisghrúpa 8) agus is 2.6% an meáncheatadán de na claochluithe tosaigh atá acu.
- Triúr atá i Scoil 7 (beirt in aoisghrúpa 8 agus duine in aoisghrúpa 12). 40% an meánchéatadán atá acusan.
- Is féidir comparáid a dhéanamh idir Scoil 9 agus Scoil 10. Cúigear agus triúr in aoisghrúpa 12 atá sa dá scoil sin faoi seach. 55% agus 44% atá acu, bearna 11%. I dTábla 3.5 thuas maidir leis an bhfoclóir iomlán agus le foclóir an choirp, tugtar le fios go bhfuil an acmhainn ar an nGaeilge mórán mar a cheile i gcás an dá scoil agus an acmhainn ar an mBéarla níos airde i Scoil 10.
- Baineann lucht Scoil 11 agus Scoil 12 le haoisghrúpa 16, ceathrar i ngach aon scoil. 63% agus 65% de na claochluithe atá acu ar an meán faoi seach. I dTábla 3.6 thuas, léirítear go bhfuil an acmhainn ar an nGaeilge i réimse

fhoclóir an choirp i bhfad níos airde i Scoil 12 ná i Scoil 11 agus nach bhfuil an difríocht chomh suntasach san fhoclóir iomlán.

3.3.5 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal

Comhaireadh líon na n-ócáidí ar cuireadh claochluithe tosaigh ar bhuntuiseal ainmfhocail agus na haidiachta agus líon na n-ócáidí ar fágadh ar lár iad nuair a ba chuí dóibh a bheith ann, m.sh. *an f*(*h*)*uinneog, an lámh d*(*h*)*eas, an* (*t*-)*uisce*. Is iad na táblaí thíos, 3.7–3.9, is fearr a chuimsíonn an staidreamh go soiléir mar go dtugann siad líon cruinn na samplaí as líon na n-ócáidí ábhartha a léirítear acmhainn ar an struchtúr gramadaí seo. Mar sin féin, tugtar Graf 3.37 anseo thíos freisin, don ainmfhocal baininscneach, mar go léiríonn sé i sracfhéachaint amháin an líne threochta sealbhaithe mar a bheadh súil leis i bhfianaise na faisnéise go dtí seo, chomh maith leis an easnamh sa sealbhú sna haoisghrúpaí ar fad. Dírítear ar na táblaí ina dhiaidh sin.

Graf 3.37 % Alt + Séimhiú Ainmfhocal Baininscneach ann de réir treochta sealbhaithe



I dTábla 3.7 thíos, tugtar na cainteoirí a léiríonn acmhainn agus easpa acmhainne ar ainmfhocal baininscneach i ndiaidh an ailt agus dar tús consain inséimhithe. Is é Fb12 an t-aon chainteoir nach mbaineann na sonraí seo leis mar nach bhfuil aon ócáid chuí i gceist ina chás-san.

Tábla 3.7 Alt + Séimhiú Ainmfhocal Baininscneach

Cainteoir	Alt + Séimh. Anm. B.	Alt + Séimh. Anm. B. Ócáidí Iomlána
Fa4	1	4
Ba4	0	1
Bb4	0	2
Bc4	1	1
Fa8	0	5
Fb8	2	4
Fc8	0	3
Fd8	1	3
Fe8	2	2
Ff8	0	1
Ba8	1	2
Bb8	0	4
Bc8	1	3
Bd8	0	1
Be8	0	1
Fa12	5	6
Fb12	0	0
Fc12	1	2
Fd12	0	4
Ba12	0	4
Bb12	3	4
Bc12	0	1
Bd12	1	2
Be12	1	6
Bf12	2	3

Cainteoir	Alt + Séimh. Anm. B.	Alt + Séimh. Anm. B. Ócáidí Iomlána
Fa16	3	4
Fb16	0	3
Fc16	2	5
Fd16	3	8
Ba16	0	1
Bb16	1	1
Bc16	4	4
Bd16	5	5

- Beirt den cheathrar in aoisghrúpa 4 a shéimhíonn an t-ainmfhocal baininscneach. Dhá ócáid as ocht gcinn atá i gceist.
- In aoisghrúpa 8, ní leiríonn Fa8, Fc8, Ff8, Bb8, Bd8 agus Be8 aon acmhainn bhisiúil ar an struchtúr seo.
- In aoisghrúpa 12, is iad Fa12 (5/6 nó 83%), Bb12 (3/4 nó 75%), agus Bf12 (2/3 nó 67%) na cainteoirí is mó acmhainne ar an struchtúr seo.
- Is ag triúr (cailíní) in aoisghrúpa 16 atá 100% — Bb16, Bc16 agus Bd16 (nach raibh aici ach sampla amháin). Seachas Ba16 (0/1) is ag triúr buachaillí atá na scóir is ísle — Fb16 (0/3 nó 0%), Fc16 (2/5 nó 40%) agus Fd16 (3/8 nó 38%).

I dTábla 3.8, tugtar na cainteoirí a léiríonn réaladh agus easpa réalta ar aidiacht i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh a shéimhiú. Tá naonúr cainteoirí ann nach mbaineann sé leo mar nach bhfuil aon ócáid chuí i gceist ina gcás-san.

Tábla 3.8 Aidiacht Bhaininscneach Séimhiú

Cainteoir	Aid. Bhain. Séimh. Ann	Aid. Bhain. Séimh. Ócáidí Iomlána
Fa4	0	0
Ba4	0	1
Bb4	0	0
Bc4	0	0
Fa8	0	1

Cainteoir	Aid. Bhain. Séimh. Ann	Aid. Bhain. Séimh. Ócáidí Iomlána
Fb8	1	1
Fc8	0	1
Fd8	0	0
Fe8	0	3
Ff8	0	2
Ba8	0	2
Bb8	0	4
Bc8	0	0
Bd8	0	3
Be8	0	0
Fa12	3	4
Fb12	0	1
Fc12	3	6
Fd12	0	3
Ba12	0	0
Bb12	3	3
Bc12	0	5
Bd12	0	4
Be12	2	6
Bf12	3	6
Fa16	4	5
Fb16	0	0
Fc16	0	5
Fd16	3	5
Ba16	3	6
Bb16	2	5
Bc16	1	2
Bd16	0	0

- Is é Fb8 an t-aon duine in aoisghrúpa 8 a léiríonn acmhainn ar an struchtúr gramadaí seo, dá laghad ócáid atá i gceist (1/1).
- Cúigear in aoisghrúpa 12 a bhfuil réaladh acu air — Fa12, Fc12, Bb12, Be12 agus Bf12. Is í Bb12 a léiríonn an réaladh is mó, 3/3 nó 100%.
- Tá duine amháin in aoisghrúpa 16 (Fc16) nach séimhíonn an aidiacht ar aon ócáid a raibh sé i gceist (0/5).

I dTábla 3.9, tugtar na cainteoirí a léiríonn acmhainn agus easpa acmhainne ar an marcóir inscne *t*- roimh ainmfhocal firinscneach dar tús guta. Tá naonúr cainteoirí ann nach mbaineann sé leo mar nach bhfuil aon ócáid chuí i gceist ina gcás.

Tábla 3.9 Alt + *t*- Ainmfhocal Firinscneach

Cainteoir	*t*- Anm. F. Alt Guta	*t*- Anm. F. Alt Guta Ócáidí Iomlána
Fa4	0	1
Ba4	0	1
Bb4	0	0
Bc4	1	1
Fa8	0	1
Fb8	1	1
Fc8	1	1
Fd8	0	1
Fe8	4	6
Ff8	0	0
Ba8	0	1
Bb8	0	0
Bc8	0	1
Bd8	0	0
Be8	3	3
Fa12	2	2
Fb12	5	5
Fc12	1	1

Cainteoir	*t*- Anm. F. Alt Guta	*t*- Anm. F. Alt Guta Ócáidí Iomlána
Fd12	0	0
Ba12	0	3
Bb12	0	3
Bc12	0	0
Bd12	0	0
Be12	0	1
Bf12	0	0
Fa16	1	1
Fb16	0	0
Fc16	1	2
Fd16	2	3
Ba16	1	1
Bb16	0	0
Bc16	3	3
Bd16	1	1

Is líon beag samplaí atá i gceist agus is ag Fe8 (4/6 nó 67%), Fb12 (5/5 nó 100%) agus Bc16 (3/3 nó 100%) atá an líon is mó.

3.3.6 An Forainm Sealbhach mo + Séimhiú

Comhaireadh líon na n-ócáidí ar cuireadh séimhiú ar ainmfhocal a thosaigh le consan tar éis an fhorainm shealbhaigh *mo* agus líon na n-ócáidí ar fágadh ar lár é nuair ba chuí don séimhiú a bheith ann.

Graf 3.38 % *mo* + Séimhiú ann de réir treochta sealbhaithe



Cé is moite d'aoisghrúpa 8, tá sealbhú níos mó déanta ag formhór na bhfaisnéiseoirí ar an athróg seo i gcomparáid leis na hathróga a pléadh go dtí seo (.i. foclóir, aidiacht chomparáideach agus claochluithe tosaigh). Tugtar suntas ar leith thíos d'aoisghrúpa 8 i bhfianaise an easnaimh mhóir i gcás cuid de na cainteoirí agus cuirtear i gcomparáid é le haoisghrúpa 12. Ní bhaineann sé le hábhar i gcás Fe8 agus Ff8.

- Is acmhainn 100% a léiríonn Fa8 (20/20), Fc8 (2/2), Ba8 (3/3) agus Bc8 (14/14) ar an struchtúr gramadaí seo.
- Is iad Fd8 (1/11 nó 9%), Bb8 (0/3 nó 0%), Bd8 (3/10 nó 30%) agus Be8 (0/7 nó 0%) is mó a léiríonn an t-easnamh.

I gcodarsnacht le haoisghrúpa 8, léiríonn aoisghrúpa 12 ardacmhainn ar an struchtúr gramadaí seo:

- 100% atá ag formhór na bhfaisnéiseoirí seachas Ba12 (3/4 nó 75%), Bd12 agus Be12 (10/11 nó 91%).
- Níor tógadh ach sampla amháin (1/1) ó Fb12.

Graf 3.39 % *mo* + Séimhiú ann de réir aoisghrúpa



Léirítear arís eile an laghdú géar ar an struchtúr gramadaí seo tar éis aois 4 agus an t-ardú géar tar éis aois 8. Laghdaíonn an acmhainn arís tar éis aois 16 mar a thugann an fhaisnéis i gcás Fb16, Bb16 agus Bc16 le fios. Is 3/5 nó 60%, 7/8 nó 88% agus 2/3 nó 67% atá acu faoi seach. Is 100% atá ag na faisnéiseoirí eile in aoisghrúpa 16.

3.4 Briathra

3.4.1 Modheolaíocht

Is bunaithe ar chaint thaifeadta uile na rannpháirtithe atá an fhaisnéis thíos.

3.4.2 Leicséim Bhriathartha Béarla + -áil / -ál-

Léirtítear thíos bisiúlacht na leicséime briathartha Béarla móide an iarmhír Ghaeilge *-áil* / *-ál-* le briathar a chruthú ag na faisnéiseoirí.

Graf 3.40 Líon Leicséimí Béarla Fréamh Bhriathartha de réir faisnéiseora, aoise agus gnéis



Léiríonn Graf 3.40 an líon leicséimí Béarla a mbaineann na faisnéiseoirí feidhm astu mar fhréamh bhriathartha sa Ghaeilge i gcaitheamh dhá sheisiún comhrá tuairim is 30 nóiméad agus 15 nóiméad an ceann. Tugtar faoi deara:

- In aoisghrúpa 4, 14 cinn atá ag Ba4 agus ceann an duine ag an triúr eile Fa4, Bb4 agus Bc4.
- Tagann méadú as cuimse ar bhisiúlacht an struchtúir in aoisghrúpa 8, go háirithe i gcás Bc8 a bhfuil 70 sampla aici. Tá líon suntasach ag Fa8 (10), Fb8 (11), Fc8 (11), Fd8 (13), Fe8 (11), Ff8 (9), Bb8 (7) Bd8 (9) agus Be8 (8). Ceann amháin atá ag Ba8.
- Tagann laghdú mór ar an líon samplaí in aoisghrúpa 12. Níl aon sampla ag Fa12 ná ag Be12. Is ag Bc12 atá an líon is mó (8).
- Faoi aoisghrúpa 16, tá an líon laghdaithe tuilleadh. Is ag Fc16 atá an líon is mó (3). Ceann an duine atá ag Fb6, Bc16 agus Bd16 agus péire ag Fa16. Tá triúr ann (Fd16, Ba16 agus Bb16) nár tógadh aon sampla uathu.

Graf 3.41 Leicséim Bhéarla Fréamh Bhriathartha de réir scoile (meán)



Deimhníonn Graf 3.41 an t-easnamh in aoisghrúpa 8 agus an laghdú ar an struchtúr sna haoisghrúpaí is sine:

- Is ag Scoil 6 atá an meán is airde (24.8). Is iad Fd8, Bb8, Bc8 agus Bd8 na faisnéiseoirí i Scoil 6 agus, mar chomparáid, is acmhainn easnamhach freisin a léiríonn siad ar fhoclóir an choirp i nGaeilge (47.5%) agus ar an bhfoclóir Gaeilge iomlán (30%) (féach Graif 3.12 agus 3.13), chomh maith leis na claochluithe tosaigh (2.6%) (féach Graf 3.36).

- Is ag Scoil 4 atá an dara meán is airde (10.5). Níl ach beirt sa scoil seo, áfach, Fa8 agus Fc8. Léiríonn siadsan acmhainn easnamhach freisin ar fhoclóir an choirp i nGaeilge (45%), ar an bhfoclóir Gaeilge iomlán (42%) (féach Graif 3.12 agus 3.13), ach céatádán i bhfad níos airde ar na claochluithe tosaigh (51.5%) (féach Graf 3.36) ná Scoil 6.
- I Scoileanna 9 agus 10 (aoisghrúpa 12), 1.4 agus 4.4 is ea an meán 4.3 faoi seach.
- Níos ísle fós atá an meán i scoileanna aoisghrúpa 16. 3.5 is ea an meán atá ag Scoil 11 agus 1.3 ag Scoil 12.

Graf 3.42 Leicséim Bhéarla Mheánach Fréamh Bhriathartha de réir aoisghrúpa



Tagann Graf 3.42 leis na patrúin aoise a léiríodh go dtí seo, ach é bun os cionn i gcomparáid leis na graif a léiríonn cumas sa Ghaeilge. Is é 14.5 buaicphointe meánach (aois 8) na leicséimí Béarla agus is é 2.4 an t-íosphointe (aois 16).

Graf 3.43 Leicséim Bhéarla Mheánach Fréamh Bhriathartha de réir an tsóisialaithe Ghaeilge



Léiríonn Graf 3.43 gur beag athrú atá ar an struchtúr seo, ach go méadaíonn de bheagán air i measc an dreama is mó a shóisialaíonn i nGaeilge (ó 6.3 go 6.9 ar an meán).

Graf 3.44 Leicséim Bhéarla Mheánach Fréamh Bhriathartha de réir an tsóisialaithe Bhéarla



Léiríonn Graf 3.44 gur ardú níos géire a thagann ar an struchtúr seo i measc an dreama is mó a shóisialaíonn i mBéarla (ó 4.6 go 7.3 ar an meán).

Graf 3.45 Leicséim Bhéarla Mheánach Fréamh Bhriathartha de réir na teilifíse Gaeilge



Léiríonn Graf 3.45 gur laghdú géar a thagann ar an struchtúr seo i measc an dreama is mó a bhreathnaíonn ar an teilifís Ghaeilge (ó 9.3 go 3 ar an meán).

Graf 3.46 Leicséim Bhéarla Mheánach Fréamh Bhriathartha de réir na teilifíse Béarla



Léiríonn Graf 3.46 gur ardú géar a thagann ar an struchtúr seo i measc an dreama is mó a bhreathnaíonn ar an teilifís Bhéarla (ó 3.3 go 10 ar an meán).

3.4.3 Briathra Neamhthraidisiúnta eile

Léirítear anseo líon na bhfoirmeacha briathartha eile, ainmneacha briathartha san áireamh, nach bhfuil cruthaithe ná marcáilte de réir na Gaeilge Traidisiúnta ag na cainteoirí[52] ach gur féidir den chuid is mó (ach ní an t-am ar fad) an aimsir, an phearsa srl. a thuiscint ón gcomhthéacs, m.sh.

An raibh an scoil ... tóg mé [.i. do mo thógáil] (Bd8),

Cur mamaí an béilí ar an pláta [.i. Chuir] (Bb8).

Graf 3.47 Líon Briathra Neamhthraidisiúnta de réir faisnéiseora, aoise agus gnéis



[52] Ní áirítear anseo briathra den dara réimniú a gcuirtear foirm an chéad réimniú orthu.

Léiríonn Graf 3.47 go bhfuil na foirmeacha briathartha neamhthraidisiúnta seo i ngach aoisghrúpa agus gur i measc aoisghrúpa 8 atá an líon is airde. Níl aon sampla den fhoirm neamhthraidisiúnta ag Fb8 ná ag Ba8. Is ag Bc8 atá an líon is airde (21) sna haoisghrúpaí ar fad.

Graf 3.48 Briathra Neamhthraidisiúnta de réir aoisghrúpa



Deimhníonn Graf 3.48 ceannródaíocht aoisghrúpa 8 agus an laghdú a thagann ar an bhfoirm neamhthraidisiúnta faoi aois 12 agus aois 16.

Graf 3.49 Briathra Neamhthraidisiúnta de réir an tsóisialaithe Ghaeilge



Graf 3.50 Briathra Neamhthraidisiúnta de réir an tsóisialaithe Bhéarla



Léiríonn Graif 3.49 agus 3.50 go dtagann laghdú ar líon na mbriathra neamhthraidisiúnta dá mhéad sóisialaithe i nGaeilge a bhíonn ar bun ag na cainteoirí (ó 3.9 go 2.6 ar an meán) agus go dtagann méadú orthu dá mhéad sóisialaithe i mBéarla a bhíonn ar bun acu (2.4 go 3 ar an meán).

Graf 3.51 Briathra Neamhthraidisiúnta de réir scoile (meán)



I nGraf 3.51, léirítear an líon ard foirmeacha neamhthraidisiúnta ag Scoil 4 agus Scoil 6 (aoisghrúpa 8 an dá scoil). 9.5 agus 10 is ea an meán faoi seach.

3.5 An Phragmataic

3.5.1 Modheolaíocht

Is bunaithe ar chaint thaifeadta uile na rannpháirtithe atá an fhaisnéis sa mhír seo.

3.5.2 Marcóirí Dioscúrsa / Intriachtaí

Pléitear anseo líon na n-ócáidí ar baineadh feidhm as marcóirí dioscúrsa Gaeilge agus Béarla (réaladh ar an bpragmataic) i gcomhrá Gaeilge na bhfaisnéiseoirí.[53] Ní bhaineann na faisnéiseoirí feidhm as marcóirí dioscúrsa Gaeilge i gcomhrá Béarla. Is marcóirí suntasacha sochtheangeolaíochta iad marcóirí dioscúrsa agus intriachtaí eile a léiríonn go minic staid shioncronach mionteanga. Léirítear anseo an éagothroime feidhmiúlachta idir an Ghaeilge an Béarla sa líon ard marcóirí dioscúrsa Béarla sa chomhrá Gaeilge. I nGraf 3.52, léirítear an éagothroime sin i bhfoirm chomparáideach chéatadánach agus i dTábla 3.10, tugtar líon agus céatádán na marcóirí dioscúrsa Gaeilge agus Béarla le hais a chéile.

Graf 3.52 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir faisnéiseora, aoise agus gnéis



Tábla 3.10 Líon agus % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge

Cainteoir	MD G Ga	MD B Ga	MD Iml.	% MD G Ga	% MD B Ga
Fa4	0	6	6	0	100
Ba4	0	4	4	0	100
Bb4	18	7	25	72	28
Bc4	1	5	6	17	83
Fa8	2	18	20	10	90
Fb8	1	28	29	3	97
Fc8	0	16	16	0	100

[53] Ní áirítear ‘yeah’ agus ‘no’ anseo mar go bpléitear i mír ar leith iad.

Cainteoir	MD G Ga	MD B Ga	MD Iml.	% MD G Ga	% MD B Ga
Fd8[54]	0	0	0	0	0
Fe8	3	19	22	14	86
Ff8	0	10	10	0	100
Ba8	0	1	1	0	100
Bb8	1	9	10	10	90
Bc8	19	38	57	33	67
Bd8	1	12	13	8	92
Be8	0	6	6	0	100
Fa12	0	7	7	0	100
Fb12	6	17	23	26	74
Fc12	4	23	27	15	85
Fd12	5	5	10	50	50
Ba12	3	10	13	23	77
Bb12	0	2	2	0	100
Bc12	1	4	5	20	80
Bd12	2	7	9	22	78
Be12	4	15	19	21	79
Bf12	3	35	38	8	92
Fa16	0	16	16	0	100
Fb16	0	12	12	0	100
Fc16	3	5	8	38	62
Fd16	3	9	12	25	75
Ba16	5	53	58	9	91
Bb16	0	4	4	0	100
Bc16	1	5	6	17	83
Bd16	0	10	10	0	100

[54] Buachaill ciúin cúthail is ea Fd8.

I nGraf 3.52 agus i dTábla 3.10, sonraítear an éagothroime ábhalmhór i líon na marcóirí dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sna haoisghrúpaí ar fad, idir bhuachaillí agus chailíní. Tugtar faoi deara gur:

- marcóirí dioscúrsa Béarla amháin atá ag beirt den cheathrar in aoisghrúpa 4. Marcóir dioscúrsa Gaeilge amháin atá ag Bc4 arb í an cainteoir is acmhainní ar an bhfoclóir Gaeilge san aoisghrúpa seo í. Baineann Bb4 feidhm as marcóirí dioscúrsa Gaeilge ar ocht n-ócáid déag ach is é an ceann céanna é, .i. *'bhfuil fhios a'd*.
- in aoisghrúpa 8, is marcóirí dioscúrsa Béarla amháin atá ag cúigear den aon duine dhéag. I gcás ceathrair eile — Fa8, Fe8 Bc8 agus Bd8 — tá an Ghaeilge i bhfad chun deiridh ar an mBéarla: Fa8 (2/18), Fb8 (1/28) Fe8 (3/19) Bc8 (19/38) agus Bd8 (1/12). Is é (*ar*) *nós* an marcóir dioscúrsa Gaeilge (calcú ar an marcóir dioscúrsa Béarla like) is mó atá ag Bc8.[55]
- Tagann ardú ar an líon marcóirí dioscúrsa Gaeilge in aoisghrúpa 12. Níl aon mharcóirí dioscúrsa Gaeilge ag beirt (Fa12 agus Bb12).
- In aoisghrúpa 16, tagann laghdú ar an líon marcóirí dioscúrsa trí chéile. Níl aon mharcóirí dioscúrsa Gaeilge ag ceathrar (Fa16, Fb16, Bb16 ná Bd16). Ag Ba16 atá an líon marcóirí dioscúrsa Gaeilge is mó (5). Is aici atá an líon is mó i mBéarla freisin (53).

Graf 3.53 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir aoisghrúpa



[55] Féach an feiniméan céanna sa Spáinnis mar mhionteanga sna Stáit Aontaithe (Torres 2011). Tuairiscíonn sí 'como' a bheith ina mharcóir dioscúrsa ag cainteoirí óga ar mhúnla an Bhéarla. Féach freisin coitiantacht like mar mharcóir dioscúrsa sa Bhéarla (Tagliamonte agus D'Arcy 2009).

Léiríonn Graf 3.53 gur lú marcóirí dioscúrsa Gaeilge agus gur mó marcóirí dioscúrsa Béarla atá ag aoisghrúpa 8 (cóimheas 6% : 94%) ná ag aon aoisghrúpa eile. Méadaíonn líon na marcóirí dioscúrsa Gaeilge in aoisghrúpa 12 (cóimheas 19% : 81%) agus laghdaíonn sé arís in aoisghrúpa 16 (10% : 90%).

Graf 3.54 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir scoile (meán)



Is mó acmhainne a léiríonn Scoil 10 ar mharcóirí dioscúrsa Gaeilge ná Scoil 9. 4% atá sa bhearna Gaeilge idir an dá scoil. Is mó fós an bhearna idir Scoil 11 agus Scoil 12: 14%. Leagtar amach thíos na cóimheasanna Gaeilge / Béarla ábhartha de réir scoile:

- Scoil 6 (aoisghrúpa 8) – 26% : 74%.
- Scoil 7 (aoisghrúpa 8 agus 12) – 14% : 86%.
- Scoil 8 (aoisghrúpa 8 agus 12) – 19.5% : 80.5%.
- Scoil 9 (aoisghrúpa 12) – 13% : 87%.
- Scoil 10 (aoisghrúpa 12) – 17% : 83%.
- Scoil 11 (aoisghrúpa 16) – 6% : 94%.
- Scoil 12 (aoisghrúpa 16) – 20% : 80%.

Graf 3.55 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir gnéis



Tá difríocht shuntasach idir na buachaillí agus na cailíní. Cóimheas 10% : 90% atá ann i gcás na mbuachaillí agus 21% : 79% i gcás na gcailíní.

Graf 3.56 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir an tsóisialaithe Ghaeilge



Graf 3.57 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir an tsóisialaithe Bhéarla



Is léiriú é ar chomh fréamhaithe sa Ghaeilge is atá marcóirí dioscúrsa Béarla an méid acu atá sa chaint ag na faisnéiseoirí is mó a shóisialaíonn i nGaeilge. Léiríonn Graif 3.56 agus 3.57 forcheannas na marcóirí dioscúrsa Béarla i ngach próifíl sóisialaithe. Féach gur:

- I measc na gcainteoirí is mó a shóisialaíonn i nGaeilge (lucht 3 ar an scála), is é 18% an meánchéatadán marcóirí dioscúrsa Gaeilge a chuireann siad ag obair le hais 82% sa Bhéarla.
- Comhtharlaíonn sé gurb é 18% an meánchéatadán marcóirí dioscúrsa Gaeilge i measc na gcainteoirí is mó a shóisialaíonn i mBéarla freisin.

Graf 3.58 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir na teilifíse Gaeilge



Graf 3.59 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir na teilifíse Béarla



I dtaca le cúrsaí teilifíse de, léirítear arís forcheannas na marcóirí dioscúrsa Béarla:

- Is é 25% an meánchéatadán marcóirí dioscúrsa Gaeilge a chuirtear ag obair i gcás na gcainteoirí is mó a bhreathnaíonn ar an teilifís Ghaeilge.
- Is é 23% an meánchéatadán marcóirí dioscúrsa Gaeilge i gcás na gcainteoirí is lú a bhreathnaíonn ar an teilifís Bhéarla.

Graf 3.60 % Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge agus Béarla sa chomhrá Gaeilge de réir mheánchumas Gaeilge a muintire



Léiríonn Graf 3.60 neamhfheidhmiúlacht iomlán na marcóirí dioscúrsa Gaeilge i gcás chlann CAD agus CC. Tá na meánchéatadáin marcóirí dioscúrsa Gaeilge an-ghar dá cheile i gcás chlann CD 1 agus chlann CD 2 (17.5% agus 18.4%).

3.5.3 Marcóirí Dioscúrsa / Intriachtaí Gaeilge agus Béarla sa Ghaeilge: Gach Aoisghrúpa

I dTábla 3.11, tugtar na seacht marcóirí dioscúrsa Béarla is coitianta i nGaeilge na bhfaisnéiseoirí. Pléitear na marcóirí dioscúrsa Gaeilge ina dhiaidh sin.

Tábla 3.11 Marcóirí Dioscúrsa Béarla is coitianta i gcomhrá Gaeilge

Cainteoir	just	like	so	really	then	all right	kind of
Fa4	4						
Ba4	3						
Bb4	8						
Bc4	1		3				
Fa8	1	4		2	11		
Fb8	11	5				13	
Fc8	3	2			4		2
Fd8							
Fe8	7	1	5	2			
Ff8	9						
Ba8	1						
Bb8	3	2		1			3
Bc8	2		10	8			2
Bd8	10		2				
Be8	4				1		
Fa12	2	1					
Fb12	6	3				2	
Fc12	11	3	1	2			4
Fd12	2				2		
Ba12	2				2		5
Bb12							
Bc12	3						

Cainteoir	just	like	so	really	then	all right	kind of
Bd12	2	1	2	1	1		
Be12	7	5		1			1
Bf12	9	9	2	5	3		2
Fa16	2	4	3				
Fb16	6	4	2				
Fc16	1	2	1				
Fd16	1		1	1		5	
Ba16	13	9	8	4		2	
Bb16	3						
Bc16	5						
Bd16	3		2				
Iomlán comharthaí	145	55	42	27	24	22	19
Líon Cainteoirí	31	15	13	10	7	4	7

- Is é just an MD Béarla is coitianta i gcaint na bhfaisnéiseoirí. Tá líon ard samplaí i ngach aoisghrúpa.
- Chomh maith leis na seacht gcinn thuas, tógadh na MD Béarla i nGaeilge seo a leanas: (al)though; right; anyways; I mean; or; I think; I suppose; even; only; ’cos; oh God; OK; what do you call it; I know; not really; actually; sorry; no problem; especially; mostly; it was; I don’t know; d’ya know; right; but; unless; not.
- Tógadh na comh-mharcóirí dioscúrsa seo a leanas freisin: like just, kinda like, so like, all right like.
- Fuaireas an comh-mharcóir dioscúrsa Béarla–Gaeilge kinda *nós* ag Fc8.

Taobh amuigh de Bb4 (*’bhfuil fhios a’d*) agus Bc8 ((*ar*) *nós*),[56] is iad *cineál* agus *cineáilín* na MD Gaeilge is coitianta ag na faisnéiseoirí. Níor tógadh na cinn seo a leanas ach ó chainteoir amháin an ceann: *sórt*; *tá fhios a’d*; *chuile shórt mar sin*;

[56] Féach Tábla 3.10.

chuile shórt mar shin; *tá mé ag ceapadh*; *i ndáiríre*. Is fiú a lua nach bhfuaireas MD traidisiúnta den saghas seo a leanas ar chor ar bith: *muise, m'anam, dháiríre (píre), mar (a) déarfá, tá fhios ag Dia, ar chuma ar bith*, srl.

3.5.4 Yeah agus no sa Ghaeilge

Pléitear yeah agus no sa Ghaeilge mar athróg ar leith anseo mar gheall ar a gcoitiantacht i measc na bhfaisnéiseoirí, mar mharcóir dioscúrsa go minic, ach go príomha mar fhreagra ar cheist. Is é a líon i gcaitheamh an dá sheisiún cainte (tuairim is 30 nóiméad agus 15 nóiméad faoi seach) a thugtar anseo. Tá minicíocht yeah i bhfad níos airde ná minicíocht no.

Graf 3.61 Líon yeah agus no sa Ghaeilge



Léiríonn Graf 3.61 coitiantacht agus minicíocht yeah agus no i nGaeilge na n-aoisghrúpaí ar fad.

- In aoisghrúpa 4, is ag Ba4 agus Bb4 atá an líon is airde — 126 yeah / 16 no agus 111 yeah / 22 no faoi seach. I gcodarnsacht leis sin, 10 yeah / 5 no atá ag Bc4.
- In aoisghrúpa 8, is ag Fb8 atá an líon is mó yeah / no le chéile — 32 agus 10 faoi seach. 33 yeah agus 2 no faoi seach atá ag Bb8.
- In aoisghrúpa 12, is ag Fb12 atá an líon is mó yeah agus no le chéile — 41 agus 24 faoi seach. 21 agus 8 faoi seach atá ag Bb12. Is ag Ba12 (5 agus 4), Bc12 (8 agus 1) Bd12 (3 agus 3) agus Bf12 (6 agus 2) atá an líon is ísle.

- In aoisghrúpa 16, is ag Ba16 atá an líon is mó yeah agus no le chéile — 61 agus 10 faoi seach. Is ag Bb16 (3 agus 1) agus Fb16 (3 agus 2) atá an líon is ísle.

Graf 3.62 Líon meánach yeah agus no sa Ghaeilge de réir aoisghrúpa



Deimhníonn Graf 3.62 staidreamh Ghraf 3.61 ar bhonn meánach:

- I gcás yeah , léirítear líon ard ag aois 4, laghdú faoi aois 8 agus 12 agus ardú arís faoi aois 16.
- I gcás no, léirítear gur ag aois 4 atá an líon is airde, go laghdaíonn an líon ag aois 8 agus go bhfanann thart ar an luach céanna go haois 16.

Graf 3.63 Meán yeah agus no sa Ghaeilge de réir an tsóisialaithe Ghaeilge



Graf 3.64 Meán yeah agus no sa Ghaeilge de réir an tsóisialaithe Bhéarla



I nGraif 3.63 agus 3.64, léirítear forleithne yeah, 38 yeah ar an meán atá ag an dream is mó a shóisialaíonn i nGaeilge. Níl mórán de dhifríocht idir iad fein agus an dream is mó a shóisialaíonn i mBéarla a bhfuil 34 yeah ar an meán acu.[57]

Graf 3.65 Meán yeah agus no sa Ghaeilge de réir na teilifíse Gaeilge



[57] Féach an míniú ar struchtúir Bhéarla áirithe a bheith níos coitianta i nGaeilge ná i mBéarla i Lenoach (2012: 51).

Graf 3.66 Meán yeah agus no sa Ghaeilge de réir na teilifíse Béarla



Is é an patrún céanna leis an sóisialú, nach mór, a léirtítear maidir le cúrsaí teilifíse i nGraif 3.65 agus 3.66. I measc na gcainteoirí is mó a bhreathnaíonn ar an teilifís i nGaeilge, is 46.8 yeah ar an meán atá acu. I gcás na gcainteoirí is mó a bhreathnaíonn ar an teilifís i mBéarla, is 32.4 yeah ar an meán atá i gceist.

Graf 3.67 Meán yeah agus no sa Ghaeilge de réir gnéis



Léiríonn Graf 3.67 gur mó de bheagán yeah ar an meán atá ag na cailíní trí chéile (29.6 ar an meán) ná na buachaillí (24.7 ar an meán).

3.6 Freagra Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach

3.6.1 Modheolaíocht

Is bunaithe ar chaint thaifeadta uile na rannpháirtithe atá an fhaisnéis sa mhír seo.

3.6.2 Na Léaráidí a léiríonn acmhainn ar fhreagraí traidisiúnta

Graf 3.68 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach



Comhaireadh líon na bhfreagraí traidisiúnta ar cheisteanna a cuireadh ar na faisnéiseoirí i ngach aimsir sa bhriathar substainteach: *An bhfuil* ...? *Tá* ... . / *Níl* ... srl. Mar gheall go bhfuil éagsúlacht i nósanna cainte na bhfaisnéiseoirí, tá éagsúlacht neamhrialta i bpatrúin na faisnéise freisin. B'éigean neart ceisteanna a chur ar chuid acu leis an gcaint a mhealladh uathu ach tá cuid eile chomh cainteach nach gá mórán ceisteanna sa bhriathar substainteach a chur orthu. I dTábla 3.12 thíos, líon na bhfreagraí traidisiúnta atá i gcolún 1, líon na n-ócáidí ar chóir go mbeadh freagra traidisiúnta ann atá i gcolún 2 agus céatadán na bhfreagraí traidisiúnta as na freagraí iomlána atá i gcolún 3. Ní mór a chur san áireamh gur féidir bearnaí móra a bheith idir na bunfhigiúirí i gcolúin 1 agus 2 ach gur féidir nach léiríonn na céatadáin na bearnaí sin. Mar sin, tugtar na bunfhigiúirí agus na céatadáin araon sa tábla.

Tábla 3.12 Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach

Cainteoir	Frg. Traid. Br. Sub.	Frg. Br. Sub. Iml.	% Frg. Traid. Br. Sub.
Fa4	15	41	37
Ba4	11	49	22
Bb4	0	48	0
Bc4	4	5	80
Fa8	7	8	88
Fb8	1	14	7
Fc8	0	1	0
Fd8	12	14	86
Fe8	4	12	33

Cainteoir	Frg. Traid. Br. Sub.	Frg. Br. Sub. Iml.	% Frg. Traid. Br. Sub.
Ff8	4	18	22
Ba8	10	12	83
Bb8	18	36	50
Bc8	0	8	0
Bd8	11	15	73
Be8	7	10	70
Fa12	4	9	44
Fb12	2	30	7
Fc12	7	12	58
Fd12	5	6	83
Ba12	4	11	36
Bb12	2	12	17
Bc12	5	7	71
Bd12	5	7	71
Be12	4	6	67
Bf12	0	4	0
Fa16	8	17	47
Fb16	5	5	100
Fc16	1	11	9
Fd16	2	15	13
Ba16	7	8	88
Bb16	2	3	67
Bc16	2	9	22
Bd16	12	17	71

Tugtar faoi deara gur:

- In aoisghrúpa 4, is ag Bb4 atá an líon agus an céatadán freagraí traidisiúnta is lú (0/48). Is ag Bc4 atá an céatadán is mó (4/5 nó 80%) agus is ag Ba4 atá an líon ócáidí is airde ach céatadán íseal freagraí cuí (11/49 nó 22%).
- In aoisghrúpa 8, is ag Bb8 atá an líon ócáidí is mó (36) agus 50% de na freagraí cuí atá aici (18). Is ag Fd8 atá an céatadán is airde (12/14 nó 86%).
- In aoisghrúpa 12, is ag Fb12 atá an líon is lú freagraí cuí as na hócáidí is mó (2/30 nó 7%). Is ag Bc12 agus Bd12 atá an céatadán is airde (5/7 nó 71%). Is ag Fc12 atá an líon is mó freagraí cuí (7/12 nó 58%). Is ag Bf12 atá an líon agus an céatadán is lú (0/4 nó 0%).
- In aoisghrúpa 16, is ag Fb16 atá an céatadán is mó (5/5 nó 100%). Is ag Bd16 atá an líon is mó (12/17 nó 71%). Is ag Fc16 atá an céatadán is lú (1/11 nó 9%).

Graf 3.69 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach de réir aoisghrúpa



Léiríonn Graf 3.69 méadú ar fhreagraí traidisiúnta idir aois 4 agus 16. Méadaíonn an céatádan ó 35% (aoisghrúpa 4) go 47% (aoisghrúpa 8), fanann sé ag 45.5% (aoisghrúpa 12), agus méadaíonn sé go 52% idir aois 12 agus aois 16.

Graf 3.70 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach de réir an tsóisialaithe Ghaeilge



Graf 3.71 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach de réir an tsóisialaithe Bhéarla



Léiríonn Graif 3.70 agus 3.71 go laghdaíonn líon na bhfreagraí traidisiúnta (ó 69.5% go 39%) dá mhéad sóisialaithe i nGaeilge a bhíonn ar bun ag na cainteoirí agus go méadaíonn orthu (ó 35% go 49%) de réir mar a mhéadaíonn ar an sóisialú Béarla. Ní thagann an treocht seo leis na treochtaí a léirítear i nGraif 3.7, 3.8. 3.27, 3.28, 3.34, 3.35, 3.43, 3.49, 3.50 ná 3.64. Deimhníonn sé, áfach, an treocht a léirítear i nGraif 3.56, 3.57 agus 3.63. Mar sin, ainneoin acmhainn choibhneasta ard a bheith ag cainteoirí ar an nGaeilge trí chéile, is féidir malairt patrúin ó thaobh fheidhmiúlacht agus ghuagacht na Gaeilge de, teacht chun solais idir athróga.

Graf 3.72 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach de réir na teilifíse Gaeilge



Graf 3.73 % Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach de réir na teilifíse Béarla



Difríocht 8% atá idir an dream is lú agus is mó a bhreathnaíonn ar an teilifís i nGaeilge (42% agus 50%) ach tá difríocht níos mó (14%) idir an dream is lú agus is mó a bhreathnaíonn ar an teilifís i mBéarla (53%, 48% agus 39%).

3.7 Códmheascadh

3.7.1 Modheolaíocht

I dtaca leis an gcódmheascadh de, tá roinnt dúshlán ag baint lena chomhaireamh agus lena mheas sa taighde seo. Tá sainmhínithe éagsúla ar an ní is códmheascadh ann (m.sh. Auer 1998, Myers-Scotton 2007) agus, go deimhin, uaireanta is códmhalartú a thugtar air (m.sh. Maschler 1998, Lenoach 2012[58]), nó pléitear códmheascadh agus códmhalartú mar fhofheiniméin ar leith den Chódmhalartú

[58] Cinntear anseo códmheascadh a thabhairt ar an ní a dtugtar códmhalartú air i Lenoach 2012.

(m.sh. Ní Laoire 2012: 50). Mar sin, ní mór an códmheascadh a shainmhíniú go cruinn i dtéarmaí an taighde seo. Tá dhá chomhthéacs i gceist:

- Feidhm a bhaint as Gaeilge agus Béarla sa fhriotal céanna nuair is Gaeilge atá á labhairt. Códmheascadh aontreoch mar sin atá ann, arb í an Ghaeilge an teanga mhaitríse agus arb é an Béarla an teanga leabaithe i dtéarmaí Myers-Scotton (2007: 218). Comhairtear an códmheascadh i bhfriotail Ghaeilge neamhspleách ar fhad an ráitis.
- Feidhm a bhaint as friotail Bhéarla ag tús, deireadh nó idir friotail Ghaeilge, a dtugtar códmhalartú air anseo; is é sin nuair a athraítear an teanga mhaitríse ó Ghaeilge go Béarla i gcomhthéacs teangeolaíochta ach ar comhrá Gaeilge i gcónaí é i gcomhthéacs socheolaíochta. Comhairtear samplaí den chódmhalartú seo mar mhír chódmheasctha amháin, m.sh. Different strokes for different folks! (máthair Ba16).

Leagtar amach thíos na critéir shainiúla a mbaintear feidhm astu leis an ní is códmheascadh ann a scaradh ón ní nach códmheascadh é chomh fada is a bhaineann sé leis an taighde seo. Áirítear:

- Focail Bhéarla (ainmfhocail, aidiachtaí, dobhriathair, marcóirí dioscúrsa, intriachtaí srl.), a bhfuil a macasamhla Gaeilge le fáil i gcaint thraidisiúnta na canúna. Go minic, is iad eochairfhocail na bhfriotal iad. Comhairtear focail Bhéarla aonair agus focail Bhéarla le chéile mar mhír chódmheasctha amháin, m.sh. *Tá sé* rich (Fb8) agus *Níl mé* really sure (Fc8). Ar an dul céanna, comhairtear marcóir dioscúrsa aonair agus marcóirí dioscúrsa le chéile mar mhír chódmheasctha amháin freisin, m.sh. like agus like just. Cuid shuntasach den chódmheascadh iad na marcóirí dioscúrsa agus na hintriachtaí i bhfianaise na tábhachta cumarsáide agus neart na himtharraingthe i dtreo an Bhéarla a bhaineann leo.
- Focail Bhéarla nach bhfuil a macasamhla Gaeilge le fáil i gcaint thraidisiúnta na canúna ach ar coincheapa iad ar féidir a chur in iúl sa Ghaeilge Thraidisiúnta, m.sh. *Is* novelty *dhóibh bheith ag Béarlóireacht* (athair Fa4).
- Focail Bhéarla ar dóichí go bhfuil a macasamhala Gaeilge foghlamtha ón gCaighdeán Oifigiúil ar scoil ag na faisnéiseoirí, a chuirtear ag obair go minic i measc a gcomhaoiseach ach nach raibh coitianta i gcaint thraidisiúnta

na canúna, m.sh. birthday (*breithlá*), party (*cóisir*), swimming pool (*linn snámha*).

- Focail Bhéarla a bhfuil claochluithe Gaeilge curtha orthu, m.sh. *sa m*back (Fe8), toisc an mianach a bheith iontu leicséimí Béarla eile sa fhriotal céanna a spreagadh (féach Lenoach 2012: 50).
- Focail Bhéarla a bhfuil comhréir na Gaeilge curtha orthu, m.sh. dog mean [.i. gadhar olc] (Ba4), engine huge [.i. inneall ollmhór] (Fe8).

Maidir le haoisghrúpa 4, ní mór a chur san áireamh go mb'fhéidir nach bhfuil diméin ná gramadach an dá theanga scartha go hiomlán óna chéile go fóill in inchinn na gcainteoirí ag an aois óg sin. Ina dhiaidh sin féin, áirítear anseo iad mar chódmheascóirí, cé go mb'fhéidir go bhfuil siad féin fós ag feidhmiú mar a bheadh aon chóras teanga amháin agus iad ag códmheascadh. Nuair atá go leor focal Béarla in aon fhriotal Gaeilge amháin, tugtar forchódmheascadh air, m.sh. '*Bíonn mise* always *ag iarraidh* bein' on *teilifís*' ag Ba4. Nuair atá córais ghramadaí an dá theanga measctha ina chéile, tugtar teanga fhormheasctha ar an gcineál códmheasctha sin, ar comhartha idirtheanga é, .i. teanga idir Gaeilge agus Béarla ar chointeanóid meatha (féach Lenoach 2012: 21–5 agus 86–7). Is í Ba4 an t-aon fhaisnéiseoir a chuireann Gaeilge ag obair ina cuid Béarla (féach fochaibidil 4.2.6.2). Ní áirítear:

- Focail Bhéarla aonair a tógadh ó na faisnéiseoirí bunaithe ar na pictiúir a taispeánadh dóibh agus Gaeilge á lorg (féach fochaibidil 2.3.1).
- Focail Bhéarla áirithe ar iasachtaí comhshamhlaithe sa Ghaeilge Thraidisiúnta iad,[59] m.sh. *bhuel* / well.[60]
- Focail Bhéarla ar choincheapa neamhthraidisiúnta iad, m.sh. quad (talmhaíocht agus spraoi nua-aimseartha) (Fb12), aliens agus monsters (ón teilifís) (Fa4).
- Focail ó theangacha eile ar choincheapa neamhthraidisiúnta, m.sh. ballet.
- Yeah agus no, ar fhaitíos go dtabharfaí cuntas neamhchruinn ar acmhainn Ghaeilge na bhfaisnéiseoirí. Pléitear feidhmiú yeah agus no mar

[59] Áirítear mar chódmheascadh na nua-iasachtaí a thugann De Bhaldraithe 1977: 1–34 agus Ó Curnáin (IA: 2633–68).

[60] Tá an dá leagan *bhuel* **wel′** agus well **wel** i gcaint na bhfaisnéiseoirí sa taighde seo.

(fho)fheiniméan ar leith sa taighde seo agus léiríonn caint Bb4 mar shampla, a bhfuil cúig mharcóir dioscúrsa Béarla sa Ghaeilge agus 107 yeah sa Ghaeilge aici, nach gá go mbeadh baint ag a líon lena chéile.

- Leicséimí briathartha Béarla leis an iarmhír Gaeilge *-áil* / *-ál-* toisc iad a bheith nasctha le mír Ghaeilge agus a phléitear mar (fho)fheiniméan ar leith.
- Leicséimí Béarla le hiarmhír iolra Ghaeilge *–(e)annaí* / *-(e)achaí* toisc iad a bheith nasctha le mír Ghaeilge, m.sh. snatch-*annaí* (máthair Fa4).
- Focail nach féidir a bheith cinnte an Gaeilge nó Béarla iad, m.sh. *súp* / soup, *pinc* / pink.

3.7.2 Na Léaráidí a léiríonn forleithne an chódmheasctha

Cuirtear líon ócaidí códmheasctha na gcainteoirí óga i gcompáráid le líon ócaidí códmheasctha a máithreacha agus / nó a n-aithreacha i gcaint tuairim is 45 nóiméad féachaint le haon phatrún tionchair a iniúchadh.[61] I dTábla 3.13, leagtar amach an líon ócáidí agus an chomparáid chéatadánach.

Tábla 3.13 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar

Cainteoir	Códmh.	Códmh. Máth.	% Códmh.	% Códmh. Máth.
Fa4	9	20	31	69
Ba4	54	3	94.7	5.3
Bb4	18	5	78.3	21.7
Bc4	22	6	78.6	21.4
Fa8	48	63	43.2	56.8
Fb8	34	20	63	37
Fc8	28	65	30.1	69.9
Fd8	19	26	42.2	57.8
Fe8	40	1	97.6	2.4
Ff8	27	9	75	25
Ba8	6	1	85.7	14.3

[61] Níor tógadh aon fhaisnéis ó mhuintir Fc16, Fd16, Bc16 ná Bd16.

Cainteoir	Códmh.	Códmh. Máth.	% Códmh.	% Códmh. Máth.
Bb8	13	8	61.9	38.1
Bc8	118	7	94.4	5.6
Bd8	26	5	83.9	16.1
Be8	29	11	72.5	27.5
Fa12	8	3	72.7	27.3
Fb12	14	20	41.2	58.8
Fc12	26	18	59.1	40.9
Fd12	9	2	81.8	18.2
Ba12	4	6	40	60
Bb12	2	0	100	0
Bc12	9	23	28.1	71.9
Bd12	8	13	38.1	61.9
Be12	10	9	52.6	47.4
Bf12	42	1	97.7	2.3
Fa16	19	27	41.3	58.7
Fb16	12	0	100	0
Fc16	10	-	-	-
Fd16	11	-	-	-
Ba16	63	15	80.8	19.2
Bb16	5	8	38.5	61.5
Bc16	10	-	-	-
Bd16	11	-	-	-

Graf 3.74 Líon Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir treochta sealbhaithe



Léiríonn an treocht sealbhaithe i nGraf 3.74 go dtagann laghdú ar na hócáidí códmheasctha de réir mar a théann cainteoirí in aois. Is féidir gur athrú é ó theanga mheasctha scaoilte ag an aois is óige go tuiscint i measc an aoisghrúpa is sine ar na teorainneacha idir an dá theanga. Is féidir freisin go bhfuil na friotail Bhéarla sa Ghaeilge ag an aois is sine níos struchtúrtha ná ag an aois is óige. Léiríonn an graf freisin go gcódmheascann seachtar máithreacha níos minice ná a gclann.[62]

Graf 3.75 Líon Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar aoisghrúpa 4



Ní mór an staidreamh thíos a thuiscint i gcomhthéacs iarrachtaí mhuintir an cheathrair iad a thógáil le Gaeilge:

[62] An mháthair chéanna atá ag Fb8 agus Fb12.

- Is í Ba4 an códmheascóir is mó. Códmheascann sí ar 54 ócáid le hais na dtrí ócáid a chódmheascann a máthair. Tá caint fhormheasctha go minic ag Ba4 (féach fochaibidil 4.2.6.1).
- Is í Bc4 an dara cainteoir is mó a chódmheascann in aoisghrúpa 4 (22). Dealraíonn sé ó chineál an chódmheasctha a dhéanann Bc4 gurb é an teilifís an mhórfhoinse Béarla sa Ghaeilge aici (féach fochaibidil 4.2.6.6).
- Is é Fa4 is lú a chódmheascann (9). Códmheascann a mháthair níos minice ná é agus ná aon mháthair eile san aoisghrúpa seo (20).

Graf 3.76 Líon Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar aoisghrúpa 8



Ní mór an staidreamh i gcás aoisghrúpa 8 a thuiscint i gcomhthéacs an mhéadaithe mhóir a thagann ar shealbhú an Bhéarla idir aois 4 agus aois 8 (féach Graif 3.2, 3.5 agus 3.16 thuas mar shampla agus an plé ar Ghraf 3.2).

- Is í Bc8 is mó a chódmheascann in aoisghrúpa 8. Códmheascann sí ar 118 ócáid le hais na seacht n-ócáid a chódmheascann a máthair. Is teanga fhormheasctha is mó atá aici (féach fochaibidil 4.3.6 agus an trascríbhinn ar lch. 327).
- Seachas Bc8, Ba8 (6) agus Bb8 (13), tá na hócáidí códmheasctha i measc na gcainteoirí eile réasúnta cosúil lena chéile — 32 ócáid ar an meán.
- Is iad máithreacha Fa8 (63) agus Fc8 (65) ís mó a chódmheascann i measc na dtuismitheoirí.

Graf 3.77 Líon Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar aoisghrúpa 12



Ní mór an staidreamh i gcás aoisghrúpa 12 a thuiscint i gcomhthéacs an aois chriticiúil a bheith caite agus daingniú an Bhéarla i saol sóisialta na gcainteoirí (féach fochaibidil 4.4.7).

- Is í Bf12 an códmheascóir is mó in aoisghrúpa 12. Códmheascann sí ar 42 ócáid le hais na hócáide amháin a chódmheascann a máthair. Tá caint fhormheasctha go minic ag Bf12 (féach fochaibidil 4.4.6 agus an trascríbhinn ar lgh. 335–6).
- Is é Fc12 an dara códmheascóir is mó (26).
- Is í máthair Bc12 ís mó a chódmheascann i measc na dtuismitheoirí (23), níos minice ná a hiníon (9).
- Códmheascann máthair Fb12 (20) níos minice ná a mac (14) agus máthair Bd12 (13) níos minice ná a hiníon (13).

Graf 3.78 Líon Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar aoisghrúpa 16



Níl muintir Fc16, Fd16, Bc16 ná Bd16 i gceist sa staidreamh seo:

- Is í Ba16 is mó a chódmheascann in aoisghrúpa 16. Códmheascann sí ar 63 ócáid. Ar 15 ócáid a chódmheascann a máthair.
- Is é Fa16 an dara códmheascóir is mó (19) le hais 27 ócáid a mhuintire.
- Códmheascann máthair Bb16 (8) níos minice ná a hiníon (5).

Graf 3.79 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir aoisghrúpa



Léiríonn Graf 3.79 gur aoisghrúpa 8 is mó a chódmheascann (35 ócáid ar an meán) agus gur muintir aoisghrúpa 8 is mó a chódmheascann i measc tuismitheoirí (20 ócáid ar an meán). Is féidir gur léiriú é ar aistionchar na bpáistí san aoisghrúpa sin ar a muintir agus / nó ar fhorleithne an chódmheasctha sa phobal Gaeilge trí chéile.

Graf 3.80 % Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir aoisghrúpa



Ní hionann an líon ócaidí códmheasctha agus an cóimheas céatadánach idir na cainteoirí óga agus a muintir. Fanann an cóimheas seasmhach go maith. Is in aoisghrúpa 12 is gaire atá an cóimheas idir an dream óg agus a muintir.

- Aoisghrúpa 4 – 71% : 29%.
- Aoisghrúpa 8 – 68% : 32%.
- Aoisghrúpa 12 – 61% : 39%.
- Aoisghrúpa 16 – 65% : 35%.

Graf 3.81 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir scoile (meán)



Deimhníonn Graf 3.81 tréine an chódmheasctha i measc aoisghrúpa 8.

- Is ag Scoil 6 (aoisghrúpa 8) atá an líon ócáidí códmheasctha is mó (44 ar an meán).
- Is ag Scoil 7 (aoisghrúpa 12) atá an dara líon is mó i (40 ar an meán).
- In aoisghrúpa 16, is ag Scoil 11 atá an meán is airde (25).

Graf 3.82 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir gnéis



Léiríonn Graf 3.82 go bhfuil difríochtaí suntasacha idir an dá ghnéas:

- Ar 21 ócáid ar an meán a chódmheascann na buachaillí agus a muintir araon.
- Ar 25 ócáid a chódmheascann na cailíní le hais ocht n-ócáid i gcás a muintire.

Graf 3.83 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir an tsóisialaithe Ghaeilge



Graf 3.84 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir an tsóisialaithe Béarla



Léiríonn Graif 3.83 agus 3.84 gur beag difríocht atá idir na cainteoirí is mó a shóisialaíonn i nGaeilge agus an dream is mó a shóisialaíonn i mBéarla.

- Sóisialú Gaeilge – 18 : 9 ag lucht 2 ar an scála 25 : 5 ag lucht 3
- Sóisialú Béarla – 16 : 19 ag lucht 2 agus 25 : 12 ag lucht 3.

Graf 3.85 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar de réir na teilfíse Gaeilge



Graf 3.86 Meán Códmheascadh agus Códmheascadh Máthair de réir na teilífíse Béarla



Léiríonn Graif 3.85 agus 3.86 gur lú códmheascadh atá ag an dream is mó a bhreathnaíonn ar an teilfís i nGaeilge agus gur mó códmheascadh atá ag an dream is mó a bhreathnaíonn ar an teilifís i mBéarla:

- Gaeilge – 27 : 16 ag lucht 2 agus 23.5 : 8 ag lucht 3.
- Béarla – 12 : 7 ag lucht 1, 28 : 22 ag lucht 2 agus 29 : 13 ag lucht 3.

3.8 Achoimre

Tagann an fhaisnéis a shoilsítear sa chéad is a ceathair léaráid thuas (idir ghraif agus táblaí) le buntéis an taighde seo go sealbhaíonn aos óg dátheangach na Gaeltachta níos mó Béarla (T2) ná Gaeilge (T1) de réir mar a théann siad in aois. Léirítear go bhfuil níos mó acmhainne acu ar an mBéarla ó aois 4 ar aghaidh agus gur in aoisghrúpa 8, thar aon chohórt eile, atá an bhearna easnaimh is mó idir an Ghaeilge agus an Béarla le sonrú, de réir spriocanna optamacha. San fhoclóir iomlán, mar shampla, tá bearna 31.5% idir Gaeilge agus Béarla aoisghrúpa 8 (féach Graf 3.25) i gcomparáid leis an trasnú tar éis aois 4 agus le bearnaí 12% ag aois 12 agus 18% ag aois 16.

Tá an fhaisnéis chainníochtúil sa chaibidil seo le cur i gcomparáid, ina mír agus ina mír, leis na samplaí teangeolaíochta agus leis an anailís ar na samplaí sin, idir struchtúrtha agus leathstruchtúrtha, a leagtar amach i gCaibidil 4. I gCaibidil 4, pléitear tréithe teangeolaíochta agus socheolaíochta na faisnéise féachaint le feidhm an Bhéarla agus feidhm theoranta na Gaeilge i measc cainteoirí T1 Gaeilge a shoiléiriú agus a mhíniú.

4. AN TUAIRISC

4.1 Réamhrá

I gCaibidil 3, is i dtéarmaí staitistiúla cainníochtúla a phléitear na hathróga éagsúla. Is i dtéarmaí sochtheangeolaíochta cáilíochtúla, trí iliomad samplaí, a phléitear na hathróga sin i gCaibidil 4 anseo síos. Is de réir na gceithre aoisghrúpa, ina gceann is ina gceann, agus de réir an oird a leagtar amach sa phlé i gCaibidil 3 iad a dhéantar tuairisc orthu anseo. Nochtar cáilíocht an tsealbhaithe le samplaí ó na tástálacha struchtúrtha agus leathstruchtúrtha tríd síos, agus pléitear cúinsí agus comhthéacs sochtheangeolaíochta na bhfaisnéiseoirí, .i. aois, gnéas, scoil, an sóisialú agus an teilifís ag deireadh gach mír aoisghrúpa. Féachtar in áiteacha leis an nasc idir cumas cainte na ndaoine óga agus a muintire a nochtadh freisin.

4.2 Aoisghrúpa 4

4.2.1 Foclóir

Mar a léirítear i gCaibidil 3, is gaire an acmhainn ar an bhfoclóir Gaeilge agus ar an bhfoclóir Béarla dá chéile i measc aoisghrúpa 4 ná aon aoisghrúpa eile, ach tá an raon foclóra sa dá theanga níos cúinge ná na haoisghrúpaí eile. Leagtar amach agus pléitear thíos an foclóir Gaeilge agus Béarla de réir na sé réimse a tástáladh.

4.2.1.1 Foclóir Iomlán[63]

Is léiriú é Tábla 4.1 ar na bearnaí teanga Gaeilge agus Béarla mar a leagadh amach iad i bhfoirm léaráideach agus staitistiúil i gCaibidil 3.

[63] Cuirtear san áireamh anseo, agus sna réimsí foclóra eile i gcás gach aoisghrúpa, na focail mhalartacha a liostáiltear i bhfochaibidil 3.2.1.

Tábla 4.1 Foclóir Iomlán Gaeilge agus Béarla

Gaeilge	Fa4	Ba4	Bb4	Bc4	Iomlán	Béarla	Fa4	Ba4	Bb4	Bc4	Iomlán
Súile	+	+	+	+	4	Eyes	+	+	+	+	4
Fabhraí					0	Eyelashes					0
Malaí			+	+	2	Eyebrows	+	+			2
Cluas	+	+	+	+	4	Ear		+	+	+	3
Rúitín					0	Ankle		+			1
Glúin	+		+	+	3	Knee			+		1
Uillinn			+		1	Elbow					0
Muineál	+	+	+	+	4	Neck	+	+	+		3
Fiacail	+	+	+	+	4	Tooth	+	+	+	+	4
Carbad					0	Gum					0
Donn	+		+	+	3	Brown		+	+	+	3
Dubh	+		+	+	3	Black	+	+	+	+	4
Fionn			+		1	Blonde			+		1
Rua	+				1	Red		+			1
Bó	+	+	+	+	4	Cow	+	+	+	+	4
Lao					0	Calf					0
Tarbh	+				1	Bull	+				1
Cearc	+		+	+	3	Hen					0
Coileach					0	Rooster					0
Muc		+	+	+	3	Pig	+		+	+	3
Bainbh			+		1	Piglets					0
Caora	+		+	+	3	Sheep	+		+	+	3
Uan	+		+	+	3	Lamb	+				1
Gabhar	+		+	+	3	Goat	+				1
Sionnach	+			+	2	Fox	+		+	+	3
Coileáin					0	Puppies	+	+	+	+	4
Péist	+		+		2	Worm	+				1

Gaeilge	Fa4	Ba4	Bb4	Bc4	Iomlán	Béarla	Fa4	Ba4	Bb4	Bc4	Iomlán
Broc	+				1	Badger					0
Damhán Alla				+	1	Spider	+	+	+	+	4
Seilimide			+	+	2	Snail		+			1
Spideog	+		+		2	Robin					0
Carróg			+		1	Crow					0
Lacha	+	+	+	+	4	Duck	+	+	+		3
Ulchabhán	+		+	+	3	Owl	+		+	+	3
Bualadh Bos	+				1	Clapping	+	+			2
Feadaíl					0	Whistling	+		+		2
Sraofairt					0	Sneezing	+				1
Casacht	+	+	+	+	4	Coughing		+	+		2
Méanfach					0	Yawning			+		1
Sioc					0	Frost					0
Tintreach					0	Lightning					0
Leac Oighir					0	Ice					0
Gaofar				+	1	Windy	+	+	+		3
Báisteach	+		+	+	3	Rain	+	+	+		3
Tuillte					0	Floods					0
Drúcht					0	Dew					0
Cantal				+	1	Cross			+		1
Sásta			+	+	2	Happy					0
Fearg	+				1	Angry					0
Brón					0	Sad					0
Faitíos	+	+	+		3	Afraid		+			1
Iontas					0	Surprised			+		1
Iomlán	25	9	26	27	85	Iomlán	22	19	23	12	76

4.2.1.2 Foclóir Coirp

- Níl *fabhraí*, *rúitín* ná *carbad* ag aon chainteoir sa Ghaeilge agus níl eyelashes, elbow ná gum ag aon duine sa Bhéarla.
- Tá *súile*, *cluas*, *muineál*, *fiacail*, eyes, agus tooth ag na daltaí ar fad.

Mar a deimhníodh i gCaibidil 3, leanann na réimsí foclóra eile patrún fhoclóir an choirp tríd is tríd. Léirítear na réimsí eile sin thíos.

4.2.1.3 Foclóir Gruaige

- Is brown agus black atá ag Ba4 i nGaeilge agus i mBéarla araon. Is orange atá aici ar red sa Bhéarla agus glactar leis anseo go bhfuil an spriocfhocal sealbhaithe aici, ó tá an aidiacht sin coitianta i mBéarla na hÉireann i gcás ghruaig rua, fiú más le teann magaidh féin é.
- Blondie *donn* a thugann Bb4 ar *donn* agus glactar leis anseo go bhfuil an spriocfhocal sealbhaithe aici.
- Yellow a thugann Bc4 ar blonde i mBéarla. Glactar leis anseo nach bhfuil an spriocfhocal sealbhaithe aici.

4.2.1.4 Foclóir Ainmhithe

- Is é Fa4 an t-aon chainteoir a bhfuil *broc* aige. Puppies agus spider atá aige sa Ghaeilge. Níl *seilimide* aige ná *bainbh*, a dtugann sé *muicíní* orthu, agus glactar leis anseo nach bhfuil an spriocfhocal sealbhaithe aige.[64] Níl snail aige sa Bhéarla. Tá *spideog* aige ach níl robin aige.

Léiríonn Ba4 éiginnnteacht teorann idir a cuid Gaeilge agus a cuid Béarla sa réimse foclóra seo. Tá teanga mheasctha agus fhormheasctha go minic aici (féach fochaibidil 2.6). Doggies atá aici ar *choileáin*, spider ar *dhamhán alla*, snake ar *phéist* agus snail ar *sheilimide*.[65] Taobh amuigh de na tástálacha struchtúrtha foclóra, cuireann sí Gaeilge ag obair sa tástáil leathstruchtúrtha Bhéarla go minic, m.sh. '*Níl*

[64] Tá an finnscéal *Na Trí Mhuicín* ar eolas ag go leor páistí den aois seo agus is féidir go bhfuil baint aigesean le laghad na n-ócáidí a tháirgeann na faisnéiseoirí sna haoisghrúpaí ar fad an focal *ba(i)nbh*.

[65] Moon atá ag Ba4 ar *ghealach* agus deir sí 'An ainm air Luna.' Is é Luna an t-ainm atá ar phearsa na gealaí sa tsraith teilifíse Béarla do pháistí *Bear in the Big Blue House* a chraoltar ar RTÉ.

fhios a'm what are they' (féach fochaibidil 2.6). Cé nach raibh *capall* / horse ar cheann de na focail a tástáladh, bhí an comhrá seo idir an taighdeoir agus dalta Ba4:

-*Chonaic tú bó sa ngarraí?* [tgr.][66]

-Yeah, *agus chonaic mé* horse.

Tagraíonn sí dá rocking horse go minic le linn an tseisiúin chainte agus is féidir go n-imríonn ainm an bhréagáin sin tionchar ar shealbhú bisiúil an fhocail ar an ainmhí féin. *Muicíní beaga* a thugann sí ar *bhainbh* agus, ach an oiread le Fa4, glactar leis nach bhfuil an spriocfhocal sealbhaithe aici.

- Tá *cearc* ag Bb4 agus cock-a-doodle-doo a thugann sí ar *choileach*. Tá *bainbh* aici. *Mac tíre* a thugann sí ar *shionnach*, ach tá fox aici sa Bhéarla. Puppies atá aici sa Ghaeilge ar *choileáin*. Níl *damhán alla* aici ach tá spider aici sa Bhéarla. Tá *caora* **kˈiːɹə** aici agus ainneoin na foghraíochta neamhthraidisiúnta glactar leis anseo go bhfuil an focal sealbhaithe aici.
- Is í Bc4 an t-aon chainteoir san aoisghrúpa seo a bhfuil *damhán alla* go bisiúil aici. Tá an carachtar finnscéalaíochta *Spiderman* fairsing ar mheáin leictreonacha na n-óg agus is féidir go bhfuil tionchar aige sin ar ardbhisiúlacht an fhocail spider ag cainteoirí óga.

4.2.1.5 Foclóir Fuaimeanna Coirp

- Is féidir a rá go bhfuil *ag feadaíl* leathshealbhaithe ag Fa4 ós é *ag feadóig* atá aige ach glactar leis anseo gur sealbhú neamhiomlán atá ann. Atchoo a thugann sé ar *ag sraofairt* i nGaeilge. Tá an dá bhriathar sealbhaithe i mBéarla aige, .i. he is whistlin', she's sneezin'.
- *Ag casacht* an t-aon cheann de na fuaimeanna coirp atá bisiúil i nGaeilge ag Ba4. Clap-*áil* atá aici ar *ag bualadh bos* agus *tá sí '* atchoo atá aici ar *tá sí ag sraofairt*. Tá clapping agus coughing aici sa Bhéarla. Twitting atá aici ar whistling.
- Fearacht Fa4, is féidir a rá go bhfuil *ag feadaíl* leathshealbhaithe ag Bb4 ós é an focal *feadóig* atá aici. Tá whistling aici sa Bhéarla. Itchy **itʃiː** (atchoo?) atá

[66] Tgr. = taighdeoir sna hathfhriotail feasta.

aici ar *ag sraofairt* sa Ghaeilge agus níl sneezing aici sa Bhéarla. Níl *ag méanfach* aici ach tá yawning aici sa Bhéarla.

- Níl aon cheann de na focail Bhéarla ag Bc4 agus ceann amháin de na focail Ghaeilge atá aici, .i. *ag casacht*.

4.2.1.6 Foclóir Aimsire

Ní raibh an rath a raibh súil leis ar an mír seo. Is cosúil nach raibh cuid de na pictiúir sách soiléir do na páistí san aoisghrúpa seo:

- Focal Gaeilge amháin atá ag Fa4, .i. *báisteach*, agus windy agus rain atá aige i mBéarla.
- Windy atá ag Ba4 sa Ghaeilge. Windy agus rain atá aici sa Bhéarla.
- *Báisteach* atá ag Bb4 sa Ghaeilge, *toirneach* a thugann sí ar *thintreach*. [67] Tá wind agus rain aici i mBéarla.
- *Gaofar* agus *báisteach* an t-aon dá fhocal i nGaeilge ná i mBearla atá ag Bc4.

4.2.1.7 Foclóir Mothúchán

- Dhá cheann de na focail Ghaeilge atá ag Fa4, .i. *fearg* agus *faitíos*, ach níl aon cheann de na focail Bhéarla aige.
- Is é *faitíos* an t-aon cheann de na focail Ghaeilge atá ag Ba4. Is é scared [.i. afraid] atá aici i mBéarla agus glactar leis anois go bhfuil an spriocfhocal sealbhaithe aici.
- Is iad *sásta* agus *faitíos* na focail Ghaeilge atá ag Bb4 agus grumpy [.i. cross] agus surprise(d?) na focail Bhéarla.
- Is iad *crosta* agus *sásta* na focail Ghaeilge atá ag Bc4. Níl aon cheann de na focail Bhéarla aici.

4.2.1.8 Foclóir Iomlán

I dTáblaí 4.2–4.4 thíos, tugtar na focail Ghaeilge atá sealbhaithe ag níos mó cainteoirí ná a macasamhla Béarla, na focail Bhéarla atá sealbhaithe ag níos mó

[67] Údar suntais gur nós coitianta i measc na bhfaisnéiseoirí é *toirneach* a thabhairt ar *thintreach*.

cainteoirí ná a macasamhla Gaeilge agus na focail a bhfuil acmhainn chothrom ag na cainteoirí orthu sa dá theanga.

Tábla 4.2 Níos mó Gaeilge ná Béarla = 18 focal

Gaeilge	Líon Cainteoirí	Béarla	Líon Cainteoirí
Cluas	4	Ear	3
Glúin	3	Knee	1
Uillinn	1	Elbow	0
Muineál	4	Neck	3
Cearc	3	Hen	0
Bainbh	1	Piglets	0
Uan	3	Lamb	1
Gabhar	3	Goat	1
Péist	2	Worm	1
Broc	1	Badger	0
Seilimide	2	Snail	1
Spideog	2	Robin	0
Carróg	1	Crow	0
Lacha	4	Duck	3
Casacht	4	Coughing	2
Sásta	2	Happy	0
Fearg	1	Angry	0
Faitíos	3	Afraid	1
Iomlán	44	Iomlán	17

Tábla 4.3 Níos mó Béarla ná Gaeilge =11 focal

Béarla	Líon Cainteoirí	Gaeilge	Líon Cainteoirí
Ankle	1	*Rúitín*	0
Black	4	*Dubh*	3
Fox	3	*Sionnach*	2
Puppies	4	*Coileáin*	0
Spider	4	*Damhán Alla*	1
Clapping	2	*Bualadh Bos*	1
Whistling	2	*Feadaíl*	0
Sneezing	1	*Sraofairt*	0
Yawning	1	*Méanfach*	0
Windy	3	*Gaofar*	1
Surprised	1	*Iontas*	0
Iomlán	26	Ioml	8

Tábla 4.4 Gaeilge agus Béarla Cothrom = 23 focal

Gaeilge	Líon Cainteoirí	Béarla	Líon Cainteoirí
Súile	4	Súile	4
Malaí	2	Eyebrows	2
Fabhraí	0	Eyelashes	0
Fiacail	4	Tooth	4
Carbad	0	Gum	0
Donn	3	Brown	3
Fionn	1	Blonde	1
Rua	1	Red	1
Bó	4	Cow	4
Lao	0	Calf	0
Tarbh	1	Bull	1
Coileach	0	Rooster	0
Muc	3	Pig	3
Caora	3	Sheep	3
Ulchabhán	3	Owl	3
Sioc	0	Frost	0
Leac Oighir	0	Ice	0
Tintreach	0	Lightning	0
Báisteach	3	Rain	3
Tuillte	0	Floods	0
Drúcht	0	Dew	0
Cantal	1	Cross	1
Brón	0	Sad	0
Iomlán	33	Iomlán	33

- Tá sé fhocal Gaeilge déag nach bhfuil ag aon chainteoir. Sin iad: *fabhraí, rúitín, carbad, lao, coileach, coileáin, feadaíl, sraofairt, méanfach, sioc, leac oighir, tintreach, tuillte, drúcht, brón, iontas*.
- Tá ocht bhfocal Béarla déag nach bhfuil ag aon chainteoir. Sin iad eyelashes, elbow, gum, calf, hen, rooster, piglets, badger, robin, crow, frost, ice, lightning, floods, dew, angry, happy, sad.
- Tá seacht bhfocal Gaeilge sealbhaithe ag gach cainteoir, .i. *súile, cluas, muineál, fiacail, bó, lacha, casacht*.
- Tá sé fhocal Béarla sealbhaithe ag gach cainteoir, .i. eyes, tooth, black, cow, puppies, spider.
- Tá deich bhfocal nach bhfuil ag aon chainteoir i gceachtar den dá theanga, .i. *fabhraí* / eyelashes, *carbad* / gum, *lao* / calf, *coileach* / rooster, *sioc* / frost, *leac oighir* / ice, *tintreach* / lightning, *tuillte* / floods, *drúcht* / dew, *brón* / sad.

Is léir, mar sin, go bhfuil cothroime áirithe idir an dá theanga in aoisghrúpa 4 i dtaca le cúrsaí foclóra de ach go bhfuil an Ghaeilge chun cinn ar an mBéarla. Léiríonn na cainteoirí acmhainn ar na focail Ghaeilge ar 85 ócáid agus acmhainn ar na focail Bhéarla ar 76 ócáid. Deimhníonn an anailís an trasnú ag aois 4 a léirítear i nGraf 3.25 i gCaibidil 3.

4.2.2 Deilbhíocht

4.2.2.1 Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt

Mar a léirítear i nGraif 3.32 agus 3.33, ní chuireann na cainteoirí in aoisghrúpa 4 na claochluithe tosaigh tar éis réamhfhocal i bhfeidhm an chuid is mó den am. Tugtar roinnt samplaí thíos:

- Fa4: *I Gaillimh*;[68] *i Cladhnach*, just *tá sé thuas ag an cnoc* **kruk** ... *gar do teach Liam thuas*; *an* back *ón cathaoir* [.i. taobh thiar den chathaoir]; *ag léim faoin buachaill sin*.
- Ba4: *Sa cathaoir*; *sa* mback *sa cathaoir* [.i. taobh thiar den chathaoir].
- Bb4: *Bhí mé ag tabhairt* nyam-nyams *don coinín*; *taobh thiar den cathaoir*; *mar go bhfuil an bus ar an féar*.
- Bc4: Tá níos mó acmhainne ag Bc4 ar na claochluithe tosaigh ná aon chainteoir eile in aoisghrúpa 4, m.sh. *i mbaile beag*; *ag an gceann sin*; *sa bpluid*. Ach tá trí urú in easnamh aici, .i. *thar an cnoc* **kruk**; *thar an geata*; *sa baile beag*.

4.2.2.2 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal

Trí chlaochlú tosaigh atá i gceist anseo (i) séimhiú ar chonsan tosaigh ainmfhocail bhaininscnigh tar éis an ailt, (ii) séimhiú ar chonsan tosaigh aidiachta tar éis ainmfhocail bhaininscnigh agus (iii) *t-* an ailt roimh ainmfhocal firinscneach dar tús guta. I dTábla 4.5, tugtar sampla de leagan cuí ar dtús agus leagan míchuí ina dhiaidh, más ann dó.

Tábla 4.5 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal

Cainteoir	Alt + Séimh A Bain	Aid. Bhain Séimh	Alt + t- A Fir
Fa4	*an ghealach*; *an fuinneog.*		*an uisce*
Ba4	*an cois*	*bó mór*	*an ainm*
Bb4	*an grian; an báisteach.*		
Bc4	*an fheadóig*		*an t-eitleán*

4.2.2.3 An Forainm Sealbhach mo + Séimhiú

- Fa4: Léiríonn Fa4 nach bhfuil an struchtúr seo sealbhaithe go hiomlán aige. Séimhíonn sé an t-ainmfhocal uair amháin as trí ócáid, .i. *mo cholceathair*, *mo deirfiúr* (x2).

[68] Athraítear ainmneacha daoine, peataí agus áite, agus cuirtear i lúibíní cearnacha iad. Cloítear le hainmneacha sa teanga bhunaidh. Baintear leas as [X], [x] agus noda eile chun eolas pearsanta eile a cheilt.

- Ba4: Is iad *mo gúna* agus *mo geata* na samplaí míchuí atá ag Ba4.
- Bb4: Samplaí cuí amháin atá ag Bb4, an consan cuimilteach coguasach ina measc, m.sh. *mo ghruagsa*.
- Bc4: Sampla míchuí amháin atá ag Bc4, .i. *mo breithlá* ach tá *mo bhreithlá(sa)* ar cheithre ócáid aici ina dhiaidh sin.

In áit na hiarmhíre sealbhaí *-sa* / *-se* sa chéad phearsa uatha, cuireann Ba4 béim ar an bhforainm sealbhach *mo*, ar nós an Bhéarla:

> *Níl siad* scared of ***mo*** toys,
>
> *Níl* ***mo*** *chois* … ,
>
> *Tá* ***mo*** *geata* easy *le oscailt.*[69]

4.2.3 Briathra

4.2.3.1 Leicséim Bhriathartha Bhéarla + -áil / -ál-

Sampla an duine den leicséim bhriathartha Béarla a tógadh ó Fa4, Bb4 agus Bc4. Is ag Ba4 is mó atá an struchtúr seo. Ceithre shampla déag a tógadh uaithi, ina measc bhí:

> *-An mbíonn tú ag spraoi leis?* [tgr.] -Ehm,[70] no, *mar* bite-*áil sé* ... yeah *mar* bite-áil … *mar* bite-*áil sé chuile lá chuine guine* **xunʹə gunʹə**;[71]
>
> *Agus* show-*áil mise do Siobhán,*
>
> *Bhí muid* … [*ag*?] buy-*áil gúnaí.*[72]

Seo iad na samplaí a tógadh ón triúr eile:

---

[69] Bhí dhá shampla den nuáil seo ag a dearthár a bhí 10 mbliana d'aois, nach duine d'fhaisnéiseoirí an taighde seo é. Féach Ó Curnáin 2012: 310 le haghaidh tuilleadh samplaí.

[70] Sa tráchtas seo, glactar leis gur Gaeilge atá san intriacht neamhléacsach *ei* **e** agus gur Béarla atá san intriacht neamhléacsach ehm **em**.

[71] Is féidir gur ag seachaint an struchtúir Ghaeilge atá níos casta go moirfeolaíoch atá an cainteoir .i. *baineann / bhain sé greim / plaic as* [x]. Is féidir go gcuireann an tseachaint seo leis an mílíofacht (féach IA: 1921). Is féidir freisin nach bhfuil an struchtúr Gaeilge sealbhaithe go bisiúil ná go fulangach ag an gcainteoir. Féach *chuil' 'uine* ag cainteoirí óga a rugadh i ndiaidh 2000 i Ros Muc (eolas ó B. Ó Curnáin).

[72] Tógadh an sampla '*ag* chase-*áil síos an bóthar ina dhiaidh*' ó mháthair Ba4.

Fa4: Turn-*áil sé* el- … *le* aliens … [.i. tiontaíonn sé ina choimhthíoch [an carachtar teilifíse *Ben 10*]].[73]

Ba4: *Tá sí ag* hide-*áil*.

Bc4: *Bhí muid ag* wave-*áil le* Tommy.

4.2.3.2 Briathra Neamhthraidisiúnta eile

Tugtar thíos samplaí d'fhoirmeacha briathartha, ainmneacha briathartha san áireamh, nach bhfuil cruthaithe ná marcáilte go traidisiúnta ag na cainteoirí:

Fa4: *Oscail* (*sí*) *an fuinneoig* (x2). Is cosúil gurb iad an aimsir chaite agus an aimsir fháistineach faoi seach atá i gceist aige.

Ba4: *Bíonn mé ag iarraidh bíonn thuas í* [.i. … a bheith thuas uirthi?]; just *caithfidh tú déan é seo agus oscail é* [.i. níl ann ach go gcaithfidh tú é seo a dhéanamh agus é a oscailt].

Bb4: *Níl cead a'm a bheith ag ithe sa leaba níos mó mar cur mé* crumbs *sa leaba*. Is cosúil gurb í an aimsir chaite den bhriathar 'cuir' atá i gceist.

Bc4: *Ag beir arna ghruaig*; yeah, *ach ní chlois an bus é*. Sa sampla deireanach, ní féidir a bheith cinnte an í an aimsir chaite nó an aimsir láithreach atá i gceist aici.

4.2.4 An Phragmataic

4.2.4.1 Marcóirí Dioscúrsa / Intriachtaí Gaeilge agus Béarla sa Ghaeilge

Is í Bb4 an t-aon chainteoir a bhaineann feidhm as marcóir dioscúrsa Gaeilge. Tógadh ocht sampla déag de *an bhfuil fhios a'd* **wilʹ əs æd** uaithi. Is iad just, I mean, agus so na marcóirí dioscúrsa / intriachtaí Béarla is coitianta a chuireann na cainteoirí in aoisghrúpa 4 ag obair sa Ghaeilge. Tugtar cuid de na samplaí thíos:

Fa4: Just *an píosa*; just *bíonn sé ag ruith chuile áit*; *ei*, Buzz. *Ei*, I mean *ei* Woody.

Ba4: -*Tá sé mór?* [tgr.] -Yeah. *An mór seo*. No actually *an mór seo*.[74]

Bb4: Just *bh-... bhí sé a'inn le píosa fada*; just, just *chuaigh sé foraois* [.i. isteach sa bhforaois].

---

[73] Is féidir gurb é an briathar Béarla turn a chloiseann an cainteoir ón teilifís sa chomhthéacs sin.

[74] Calcú ar an mBéarla this big is ea *an mór seo*, is cosúil.

Bc4: *Tá siosúr ann ach ní siosúr* really; I mean *ní raibh an t-eitleán sách …* ; so *chu- … chuaigh siad ar ais.*

4.2.4.2 Yeah agus no sa Ghaeilge

Pléitear anseo yeah agus no sa Ghaeilge (féach Lenoach 2012: 40–1) mar fhreagra ar bhriathar Gaeilge, ar an gcopail, mar dhearbhú nó dhiúltú ar ráiteas Gaeilge, nó ráiteas ceisteach Gaeilge (go minic gan aon bhriathar) agus, níos annaimhe, mar mharcóir dioscúrsa. Tá na míreanna freagra yeah agus no níos neamhchasta ó thaobh na teangeolaíochta de ná na freagraí traidisiúnta Gaeilge (ar macallaí iad ar bhriathar na ceiste), agus níos feidhmiúla go sóisialta. Léiríonn an fhaisnéis (féach Graif 3.61–3.67) go bhfuil yeah agus no chomh daingnithe sa Ghaeilge gur coitianta iad ná a macasamhla Gaeilge i measc cainteoirí óga áirithe (aoisghrúpa 4 ach go háirithe) agus go mbaintear feidhm astu is cuma cén aimsir den bhriathar atá ann, cén sórt briathair atá ann, ná go deimhin cén cumas cainte atá ag muintir na bhfaisnéiseoirí. Tugtar samplaí i dTáblaí 4.6 agus 4.7 de fhreagraí ar an mbriathar substainteach, ar bhriathra rialta agus neamhrialta, agus ar an gcopail. Caint an taighdeora atá sa chéad fhriotal i gcónaí.

Tábla 4.6 Samplaí de Yeah sa Ghaeilge

Cainteoir	Yeah Freagra	Yeah Dearbhú
Fa4	*-An mbíonn tú ag spraoi ann?* -Yeah. *-Ar scríobh tú chuige?* -Yeah. *-Do cholceathrar, ab ea?* -Yeah.	*-Théis na Nollag beidh tú cúig?* -Yeah*!* *-'Sea. 'sea!* -Yeah*!*
Ba4	*-An raibh tú ag caoineadh?* -Ehm, yeah. *-Scríobh tú litir chuige?* -Yeah. *-Mada, ab ea?* -Yeah*, mada.*	*-Beidh, beidh, beidh.* -Yeah*!* *-Na muicíní beaga.* -Yeah*!*
Bb4	*-An bhfuil* teddy *a'd sa mbaile, an bhfuil?* -Ehm, yeah. *-Tá?* -Yeah. *-An maith leatsa bláthannaí, an maith?* -Yeah. *-Ag ritheacht, ab ea?* -Yeah.	*-Ní hea, an ceann buí.* -Oh yeah*!* *-Óó, an creatúr!* -Yeah*!*
Bc4	*-Tá an tiománaí fós ag ritheacht ina dhiaidh?* -Yeah. *-Mamaí agus Deaidí, ab ea?* -Yeah.	*-Tá súil a'm go bhfuighidh tú na bronntanais ar fad atá uait.* -Yeah*!*

As an 111 yeah atá ag Bb4, tá 38 acu ina ndearbhú agus dhá cheann déag ina bhfreagra. Tógadh 50 yeah ó mháthair Bb4. Tá ceithre OK mar dhearbhú ag an máthair freisin. Seo roinnt samplaí a tógadh uaithi siúd:

-*An mbíonn sibh ag breathnú ar an teilifís le chéile?* [tgr.] -Bíonn, yeah,

-*Bíonn tréimhsí éagsúla i gceist* [tgr.]. -*Go díreach*, yeah,

Yeah, so *sin an uair a labhrann sí Béarla*.

Tábla 4.7 Samplaí de No sa Ghaeilge

Cainteoir	No Freagra	No Diúltú
Fa4	-*An bhfuil sé faoi?* -No. -*An bhfaca tú a leithéid ariamh cheana?* -No.	
Ba4	-*An mbíonn?* -No, *mar tá siad ... .* -*Níor tháinig sé ar ais?* -No. -*Ab ea?* -No.	-*Sin tusa.* -No*! Sin, sin, sin fear.* -*Ní thógann sé i bhfad.* -No*!*
Bb4	-*Tá sé ag caoineadh, an bhfuil?* -No. -*Ar thit sé isteach san uisce?* -No. -*Do bhreithlá, ab ea?* -No.	-*Agus bhí sé oráiste agus bán ...* no, no, *ní oráiste 's bán … .* -*T-léine,* no *sin* vest.
Bc4		-*Deireadh Fómhair.* -No *... ní Deireadh Fómhair*

Tógadh roinnt samplaí de yeah agus no mar mharcóir dioscúrsa:

Ba4: *Agus bíonn sí ag rá* 'you get the best of both worlds' … yeah.

Bc4: -*Céard é seo? Uimhir a deich* [athair]. -Oh yeah, that's an easy one;

-Oh no, I don't like them! *Tá siad sin géar, géar, géar.*

4.2.5 Freagraí agus Dearbhú Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach

Tagann laghad na bhfreagraí traidisiúnta sa bhriathar substainteach (féach Tábla 3.12 agus Graif 3.68–3.73) leis an líon ard samplaí de yeah agus no. I dTáblaí 4.8 agus 4.9 thíos, tugtar roinnt samplaí de na freagraí agus de dhearbhú agus de dhiúltú traidisiúnta san aimsir chaite, aimsir láithreach, agus aimsir ghnáthláithreach.

Tábla 4.8 Samplaí de Fhreagraí agus Dhearbhú Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach

Cainteoir	AC	AL	AGL
Fa4		*-An bhfuil peata agaibh sa mbaile?* *-Tá mada.* *-An bhfuil an* video *a'd?* *-Tá.*	*-An mbíonn tú ag breathnú ar an teililfís, an mbíonn?* *-Bíom.* *-An mbíonn? -Bíonn.*
Ba4	*-An raibh?* *-Bhí.*		
Bc4	*-An raibh?* *-Bhí.*	*-An bhfuil tú ag súil leis an Nollaig? -Tá.*	

Tábla 4.9 Samplaí de Fhreagraí agus Dhiúltú Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach

Cainteoir	AC Diúltach	AL Diúltach	AGL Diúltach
Fa4			*-An mbíonn sé ag troid? -Ní bhíonn.*
Ba4	*-An raibh?* *-Ní raibh.*	*-Níl sí in ann ithe? -Níl.* *-An bhfuil cat agaibh sa mbaile?* *-Níl.* *-An bhfuil? -Níl.* (x5)	

Tógadh roinnt freagraí i bhfoirm mhíchuí nó neamhthraidisiúnta sa bhriathar substainteach ó chuid de na cainteoirí freisin, m.sh. *bhíonn* san aimsir ghnáthláithreach (neamhspleách) ag Fa4. Is féidir go léiríonn an dá fhreagra sa dara sampla thíos éiginnteacht Fa4 i leith an fhreagra chuí, .i. an fhoirm neamhspleách den bhriathar substainteach san aimsir chaite *bhí*:

> -Just *bíonn sé ag ruith chuile áit* [Fa4]. *-Ab ea* [sic]*?* [tgr.] -Yeah. *Bhíonn.* [Fa4]
>
> *-Ach ní raibh tú ró-scantraithe, an raibh?* [tgr.] *-Tá mé an-scantraithe.* [Fa4] *-An raibh?* [tgr.] -Yeah [Fa4]

Is féidir go seachnaíonn Bb4 an freagra Gaeilge sa tsraith ceisteanna seo a leanas a chuireann a máthair uirthi go tréan i ndiaidh a chéile de bharr easpa acmhainne bisiúla nó de bharr a feasachta i leith fheidhmiúlacht / easpa feidhmiúlachta na Gaeilge (féach an easpa iomlán freagraí Gaeilge aici i dTáblaí 4.8 agus 4.9 thuas):

> *-Nach bhfuil, a* [Bb4] [máthair]*?* -Yeah [Bb4] … *-Nach raibh, a* [Bb4] [máthair]*?*

-Mm hm [Bb4] … -*Nach bhfuil* [máthair]*?* -Ah ha [Bb4].[75]

Mar sin, i gcás Fa4, Ba4 agus Bc4, cé go bhfuil acmhainn acu ar an bhfreagra traidisiúnta Gaeilge sa bhriathar substainteach is go hannamh a bhaineann siad feidhm as (féach Tábla 3.12), agus na freagraí Béarla yeah agus no ar a dtoil acu.

4.2.6 Códmheascadh

Léirítear i dTábla 3.13 gur mór an bhearna idir iompar códmheasctha na bpáistí agus na máithreacha in aoisghrúpa 4. Dar ndóigh, níl na páistí seo fós ach ar an gcuid tosaigh den chuar sealbhaithe dátheangach a anailísítear sa taighde seo agus dá bhrí sín, is féidir nach bhfuil na teorainneacha idir an Ghaeilge agus an Béarla chomh soiléir ina n-inchinn agus atá in inchinn a muintire. Cé gur cosúil, mar sin, nach bhfuil patrún seasta dátheangachais iomlán daingnithe in iompar na gcainteoirí óga go fóill, marab ionann is a muintir, is féidir a rá gur dátheangachas éagothrom atá ann. Cés moite de chainteoir amháin (Ba4), códmheascadh aontreoch a chleachtann na cainteoirí. Chomh maith leis an bpragmataic agus na freagraí Béarla a léirítear sna léaráidí agus a phléitear i gCaibidil 3, is i mBéarla a bhíonn cuid mhór d'eochairfhocail chaint na n-óg i nGaeilge. Agus iad ag reacaireacht ina dtaobh féin agus ag cur a bhféiniúlachta in iúl trí dhírscéalta pearsanta, ach go háirithe, léirítear ceannas coincheapach an Bhéarla. Is i mBéarla a bhíonn go leor de phríomhfhocail na feidhmiúlachta agus na féiniúlachta chomh fada is a bhaineann sé le príomhócáidí soch-chultúrtha na n-óg — an spraoi, an idirghníomhaíocht chomhaoiseach srl. Is i mBéarla a dhathaítear an chaint (féach Lenoach 2012: 51).

Tosaítear anseo síos le Ba4 (agus a máthair) ós aicise atá an líon is mó ócáidí códmheasctha, ós í an t-aon chódmheascóir a bhaineann feidhm as an nGaeilge sa chomhrá Béarla, a thugann le fios go bhfuil níos lú teorainneacha idir an dá theanga ina hiomparsa ná i gcás na gcainteoirí eile, agus ós aicise amháin in aoisghrúpa 4 atá samplaí den fhorchódmheascadh nó teanga fhormheasctha.

---

[75] Sa chomhrá céanna idir í féin agus a máthair, léiríonn Bb4 an tseachaint nó an easpa chéanna sa bhriathar *téigh* agus sa chopail:

-*Nach dtéann* [máthair]*?* -Yeah.

-*An tiománaí, nach é* [máthair]*?* -Mm hm.

4.2.6.1 Ba4: Códmheascadh (Béarla sa Ghaeilge)

54 sampla den chódmheascadh (Béarla sa Ghaeilge) a tógadh ó Ba4, ar féidir a rá fúthu gur i mBéarla atá an chuid is mó d'eochairfhocail na bhfriotal. I dTábla 4.10 tugtar roinnt samplaí ionadaíocha.

Tábla 4.10 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthair Ba4

Códmheascadh	Códmheascadh Máthar
Agus rith sé away; Rings *agus* earrings; *Sin* body; *Sin* spider ... I don't ... *ní maith mise* spiders; *Chuir* Peter snail *ar mo* back; *gabhann mo* brother *a chodladh*; *ag spraoi le mo* baby sister; *Bhí mise ag an* bridge;[76] *Bhí muid ag an* beach ... *rinne mé* sandcastle.	Just *go raibh siad ag caint faoi*; Just *chaith mé*; Oh Jesus!

4.2.6.2 Ba4: Códmheascadh (Gaeilge sa Bhéarla)

Sna samplaí seo thíos den chódmheascadh (Gaeilge sa Bhéarla) ag Ba4, is féidir gur cruinne a rá go bhfuil éiginnteacht ar an gcainteoir maidir le cé acu Gaeilge nó Béarla teanga an chomhrá:[77]

> I like, *is maith liom an ceann sin*,
>
> *Níl fhios a'm* what are they,
>
> *Ní maith liom* spiders *nó* snails,
>
> Because *bíonn mé ina chodladh*,
>
> Wind … it has water on it. *Agus tá carr ann agus tá sé istigh sa* water,
>
> What do you call that? [tgr.] *Tuirseach*.

[76] Féach Ó Curnáin (2009:111–2) maidir le bridge, moon, *sioc*, *leac oighir*.

[77] Rinneadh an t-agallamh Gaeilge i dtosach leis na cainteoirí agus an t-agallamh Béarla díreach ina dhiaidh. Is féidir gur imir an bhearna ghearr ama sin tionchar ar éiginnteacht Ba4.

4.2.6.3 Ba4: Forchódmheascadh / Teanga Fhormheasctha

Nuair is sa mhórtheanga atá na heochairfhocail ag an mionteangaí dátheangach óg, is féidir go méadaítear ar líon na bhfocal ón mórtheanga sa mhionteanga de réir a chéile freisin. Is é sin gur féidir le leicséim Bhéarla in abairt Gaeilge tuilleadh leicséimí Béarla fós nó clásail iomlána Bhéarla a spreagadh. Is féidir freisin, i gcás na gcainteoirí is óige (ceithre bliana d'aois), gur teanga fhormheasctha a labhraíonn siad sa chás nach bhfuil teorainneacha soiléire idir an dá theanga ina gcuid cainte. Is ag Ba4 atá an teanga is measctha in aoisghrúpa 4. Fearacht na gcainteoirí eile, baineann sí feidhm as Gaeilge agus Béarla sa fhriotal céanna sa chomhrá Gaeilge agus as friotail Bhéarla ag tús, deireadh nó idir friotail Ghaeilge. Chomh maith leis sin, mar a léiríonn na chéad cheithre shampla thíos, fíonn sí gramadach an Bhéarla i ngramadach na Gaeilge uaireanta agus *vice versa*. Is ón gcomhrá Gaeilge a tógadh samplaí 1–6 agus is ón gcomhrá Béarla a tógadh samplaí 6–10.

1. *Bíonn mise* always *ag iarraidh* bein' on *teilifís* (br. G + ainmní. G + dobhr. B + ainm br. G + ainm br. B + réamhfh. B + ainm G).
2. Yeah. *Tá* they so cute. (MD B + br. G + forainm pears. B + mír threis. B + aid. B).
3. *Bhí* doggie *a'inn* named Rex *agus bhí sé chomh* cute.
4. *Bhí fear ann, bhí sé* dressed up as baby.
5. *Is Bríd mo dheirfiúr* ... Yeah *mo* sister. *Agus is* baby *beag í ach níl sí in ann ithe ag* ... very much.
6. *Agus* how far is *Meireacá? An-*far*?* Far, far, far, far ... away*?*
7. *An* bird *a bí* [be?] *thuas san aer* (alt G + ainmní B + mír choibh. G + br. NT G nó B + dobhr. G + réamhfh. G + ainm G).
8. A mird [A *m*bird?] who *bíonn thuas sa* sky (alt B [nó G] + ainmní B + for. coibh. B + br. G + dobhr. G + réamhfh. G leis an alt G + ainm B).
9. Maybe *tá sí* bite-*áil ón* crocodile.
10. *Níl fhios a'm* what are they.

4.2.6.4 Fa4: Códmheascadh

Níor tógadh mórán samplaí den chódmheascadh ó Fa4 (naoi gcinn) le hais Ba4. Níl sé chomh cainteach le Ba4. Ina dhiaidh sin féin, mar a fheictear ón dá shampla thíos, is iad na focail Bhéarla an eochair chéille sa fhriotal aige.

Tábla 4.11 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthair Fa4

Códmheascadh	Códmheascadh Máthar
*Bíonn sé an-*silly; *Ach cuid píosaí* scary *air* [.i. tá roinnt píosaí scanrúla ar an bhfíseán].	*Is* novelty *dhóibh bheith ag Béarlóireacht* [athair].

Marcóirí dioscúrsa den chuid is mó a bhí i gcódmheascadh na máthar agus an athar, m.sh. sure, so, now, d'you know, like, chomh maith leis na dearbhuithe OK agus all right.

4.2.6.5 Bb4: Códmheascadh

Ocht sampla déag a tógadh ó Bb4 agus tugtar roinnt acu thíos. Arís, sna samplaí seo is i mBéarla atá eochair céille an fhriotail aici:

Tábla 4.12 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthair Bb4

Códmheascadh	Códmheascadh Máthar
-Tá leabhar a'm le na rudaí sin uilig uilig. An bhfuil [tgr.]*?* -Yeah look*!*; *Cén fáth an bhfuil sé* grumpy*?*; *Dúirt mé* 'Someone comin' down' *agus ansin dúirt mé … bhí, bhí duine eicínt ag teacht suas an sleamhnán.*[78]	So *faoi láthair, 'siad na clárachaí is deise léi na clárachaí Béarla*; *Thosaigh sí ag breathnú ar an teilifís Béarla ... agus* you know *d'fhoghlaim sí go leor Béarla*; Sure *bíonn muid ag iarraidh ... míniú di.*

4.2.6.6 Bc4: Códmheascadh

22 sampla den chódmheascadh a tógadh ó Bc4. Friotail fhada Bhéarla atá i gcuid mhór de na samplaí a bhfuil foghraíocht Mheiriceánach orthu. Is cosúil gur ag déanamh aithrise ar charachtair teilifíse atá sí sna cásanna sin.

[78] Tuairisc ar ócáid shóisialta i dtimpeallacht Béarla is cosúil (féach Koven 2007: 142).

Tábla 4.13 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthair Bc4

Códmheascadh	Códmheascadh Máthar
Is hairdresser person *atá ann*; Oh no way, *ní thaitníonn gleamannaí* [.i. greamannaí] *liom*; Oh no, I don't like them. *Tá siad sin géar, géar, géar*; -*Cé bhíonns ag* [x][máthair]*?* -I don't know; *Agus anois tá sé faighte aige agus anois tá sé imithe amach*. There we go*!*	So *d'fhan muid in óstán*; So *labhrann muid*; Just ... *é sin*; ... *go raibh an* [páirt den chorp i mBéarla] *gearrtha*; *Agus sin é a dhéananns an* shortcut *den traein*; I know [athair]*!*

4.2.7 Comhthéacs Sochtheangeolaíochta

Pléitear cuid de chúinsí baile, comharsanachta agus scoile na bhfaisnéiseoirí ina nduine agus ina nduine i dtéarmaí sochtheangeolaíochta anseo. Tá súil go dtabharfaidh cuid den chomhthéacsú ginearálta seo agus a bhfuil ann de mhionsonraí léargas áirithe ar chuid den fhaisnéis a tógadh ó na cainteoirí agus a leagtar amach thuas. Tá an comhthéacsú seo bunaithe den chuid is mó ar thuairiscí na bhfaisnéiseoirí féin agus ar thuairiscí a muintire. Glactar leis na féintuairiscí sin agus cáilítear iad san áit a gcreidtear gur cuí sin.[79]

4.2.7.1 Fa4

Gaeilge den chuid is mó a chloiseann agus a labhraíonn Fa4 sa bhaile agus sa chomharsanacht. Gaeilge a labhraíonn sé féin ar an bpáirc peile áitiúil lena chomhaoisigh. Tá sé mór lena sheanathair nach labhraíonn ach Gaeilge leis. Ní airíonn a mhuintir ag Béarlóireacht é ach amháin le daoine nach bhfuil Gaeilge acu nó nach í an Ghaeilge a gcéad teanga. Mar shampla, Béarla a labhraíonn sé le col ceathrar dátheangach ar chomhaois leis atá á thógáil taobh amuigh den Ghaeltacht, le comharsa comhaoiseach nach as an nGaeltacht a mháthair agus le roinnt páistí ar scoil (Scoil 1) a tógadh i dtíortha iasachta. Tuigeann sé teorainneacha sóisialta na Gaeilge. Má théann an teaghlach ag cuartaíocht, fiafraíonn Fa4 dá mhuintir i dtosach an bhfuil Gaeilge ag muintir an tí. Deir an mháthair: 'Ní bhíonn súil [aige] go mbíonn Gaeilge ag daoine taobh amuigh den teach, taobh amuigh de dhaoine a bhfuil aithne aige féin orthub a labhranns Gaeilge.'

[79] Baineann a bhfuil sa réamhrá seo le comhthéacs sochtheangeolaíochta na bhfaisnéiseoirí sna haoisghrúpaí eile freisin.

Is é an teilfís an t-aon fhoinse Béarla atá ag Fa4 sa teach. Léiríonn reacaireacht Fa4 go bhfuil sé tógtha le sraith teilifíse Mheiriceánach áirithe agus go dtéann sí i bhfeidhm ar a chuid teanga (féach fochaibidil 4.2.3.1). Deir a mhuintir gur 'Béarla briste' agus 'Béarla atá aistrithe díreach ón nGaeilge' atá aige. Níl abairtí fada Béarla aige, a deir siad, ach gearrfhriotail a chloiseann sé ón teilifís agus ó pháistí eile a bhíonn ag Béarlóireacht. Deir siad go bhfuil imní orthu faoi Ghaeilge daoine óga trí cheile. Tugann máthair Fa4 an chomhréir neamhthraidisiúnta faoi deara i samplaí ar nós '*caithfidh mé fáil mo chóta*'. Cé go bhfuil an struchtúr traidisiúnta ag na daoine óga freisin, i dtaobh an leagain neamhthraidisiúnta deir sí: 'Tagann sé níos nádúrtha acu.'

Ní chreideann a mháthair nár chóir go mbeadh aon Bhéarla ag Fa4. Dá mbeadh cuairteoir ag Béarlóireacht agus fios aici go raibh Gaeilge aige / aici, ní fhógródh sí ar na páistí Gaeilge a labhairt leo. Creideann sí go bhfuil tuimsitheoirí áirithe ródhian i leith na Gaeilge agus go gcuireann siad na páistí ina haghaidh dá bharr sin.

Is féidir feidhm a bhaint as an achoimre thíos ar chomhthéacs sochtheangeolaíochta Fa4 mar sheicliosta nó mar shlat tomhais measúnaithe ar na faisnéiseoirí eile. Tugann beathaisnéis sochtheangeolaíochta Fa4 le fios go bhfuil:

- neart ionchuir Gaeilge ag Fa4 — idir chúrsaí teaghlaigh, spóirt agus scolaíochta oideachasúla,
- neart ionchuir Béarla aige freisin — idir an teilifís, ghaol comhaoiseach, chomharsa chomhaoiseach, roinnt comhdhaltaí agus an saol sóisialta taobh amuigh den phobal áitiúil,
- tuiscint ag Fa4 é féin ar fheidhmiúlacht agus ar easpa feidhmiúlachta na Gaeilge sa tsochaí,
- tuiscint ag na tuismitheoirí ar thionchar na teilifíse ar theanga a gclainne,
- tuiscint ag na tuismitheoirí ar mheath na Gaeilge agus fhorleathadh leanúnach an Bhéarla,
- amhras ar na tuismitheoirí faoin tógáil mionteanga optamach.

4.2.7.2 Ba4

Tá Ba4 an-tógtha leis an teilifís ó bhí sí an-óg. Tá Béarla aici ó bhí sí dhá bhliain d'aois dá barr agus déanann sí aithris go minic ar charachtair theilifíse

Mheiriceánacha. Deir a máthair gur mhó Gaeilge ná Béarla a bhí riamh ag a deartháir is sine [deich mbliana d'aois], agus tugann sí le fios gur ceannródaí teanga sa teaghlach í Ba4. Deir an mháthair: 'Tá na buachaillí [deartháireacha níos sine] ag labhairt Béarla léi anois mar cuireann sí ceist orthu i mBéarla agus freagraíonn siad í i mBéarla.' Níl ach teaghlach amháin sa cheantar a bhfuil clann óg orthu. Is as tír iasachta iad agus is Béarla a labhraíonn sí leo. Béarla a labhraíonn sí lena col ceathracha atá á dtógáil taobh amuigh den Ghaeltacht, cé go bhfuil Gaeilge acu.

4.2.7.3 Bb4

Gaeilge a labhraíonn Bb4 lena cairde agus lena gaolta áitiúla, a seantuismitheoirí san áireamh a fheiceann sí gach lá. Cainteoir athdhúchais is ea a hathair agus is Béarla a labhraíonn sí lena seantuismitheoirí eile cé nach bhfeiceann sí chomh minic céanna iad. Téann an teaghlach gach seachtain ag ócáid chultúrtha arb é Béarla teanga na cumarsáide. Tá imní ar mháthair Bb4 faoina bhfuil i ndán don Ghaeilge. Deir sí go bhfuil go leor páistí sa cheantar ag Béarlóireacht, cé gur Gaeilge atá ag an máthair agus ag an athair sa teach. Tá cuid de na páistí sin sa naíonra in éineacht le Bb4. Deir an mháthair: 'Tá Béarla chuile áit ... Tá Béarla níos fearr aici [Bb4] ag cheithre bliana d'aois ná a bhí a'm féin nuair a bhí mé deich mbliana d'aois.'

Smaoiníonn an mháthair ar na bealaí optamacha le Gaeilge a sheachadadh ar a hiníon agus deir sí go bhfuil sí an-chúramach maidir le cineál na Gaeilge a labhraíonn sí léi. Ní i gcónaí a éiríonn léi sa mhéid seo, mar a léiríonn an méid yeah atá sa Ghaeilge aici (féach fochaibidil 4.2.4.2). Tá imní ar an máthair faoi thionchar na teilifíse ar theanga Bb4. Thosaigh sí ag breathnú ar an teilifís Bhéarla nuair a bhí sí trí bliana d'aois agus sin é an uair a thosaigh sí ag labhairt Béarla. Deir an mháthair: 'Dá mbeinn tosaithe anois aríst léi, bheinn an-an-dian gan ligean cead di breathnú ar aon teilfís Béarla. Ní thosóinn air sin ar chor ar bith agus ní bheadh fhios aici an difríocht.'

Bíonn an mháthair ag fógairt ar Bb4 go minic gan a bheith ag Béarlóireacht ach tá sé an-deacair í a thabhairt ar ais ag an nGaeilge, a deir sí. Go fiú, nuair a bhíonn Bb4 ag spraoi le bréagáin ina haonar, is ag labhairt Béarla a bhíonn sí. Deir an mháthair: 'Tá sí ina saol féin, tá sí ag déanamh a rud beag féin, tá sí léi féin.' Baineann an mháthair leas as áiseanna tacaíochta Gaeilge. Mar shampla, léann sí leabhair Ghaeilge agus deir sí na rannta traidisiúnta in éindí léi. Téann siad chuig an leabharlann áitiúil go

minic, go háirithe nuair a bhíonn imeachtaí ar bun ann a bhaineann le litearthacht Gaeilge do pháistí.

4.2.7.4 Bc4

Bíodh is gurb í an faisnéiseoir a léiríonn an acmhainn is mó ar an nGaeilge in aoisghrúpa 4 í, códmheascann Bc4 go minic. Carachtair theilifíse Mheiriceánacha príomhfhoinse an chódmheasctha (féach fochaibidil 4.2.6.6). Thosaigh sí ag labhairt Béarla nuair a thosaigh sí ag breathnú ar an teilifís. Bhíodh an-tóir aici ar chartúin Ghaeilge ach amach sna blianta ní raibh suim aici ach sna cinn Bhéarla.

Deir an mháthair gur Gaeilge a labhraíonn Bc4 90% den am, .i. sa naíonra, tigh an chúramóra, tigh a seanmháthar agus lena gaolta ar fad. Béarla a labhraíonn sí le cailín áitiúil nach bhfuil Gaeilge aici sa bhaile. Tuigeann sí gur Béarla a labhraítear sa bhaile mór, go háirithe i bhforais nach bhfuil a macasamhla sa Ghaeltacht. Nuair a chuala a muintir ag labhairt Béarla don chéad uair í chuir sé iontas orthu go raibh an oiread sin Béarla aici.

4.3. Aoisghrúpa 8

Tagann na hathruithe idir aois a ceathair agus aois a hocht a léirtítear sa taighde seo lena bhfuil i Kerswill (1996), Labov (2001) agus Tagliamonte agus D'Arcy (2009: 65 go háirithe) maidir le hatheagrú incriminteach theanga na coitiantachta.[80] Go hachomair, le linn bhlianta tosaigh an tsealbhaithe, labhraíonn páistí cosúil lena bpríomhchúramóir (an mháthair den chuid is mó). Tosaíonn teanga na bpáistí ag athrú ag thart ar aois a ceathair nuair a thagann norm éagsúil chun cinn (teanga a gcomhaoiseach agus / nó teanga na teilifíse den chuid is mó). I gcás fhaisnéiseoirí an taighde seo, is Béarla nó Gaeilge atá neamhiomlánaithe ag an mBéarla an norm ó aois a ceathair ar aghaidh.

Mar gheall go bhfuil níos mó faisnéiseoirí in aoisghrúpa 8, tá an leagan amach sa mhír seo éagsúil leis an bplé ar aoisghrúpa 4. Mar shampla, is i ndá thábla ar leith a thugtar an foclóir iomlán Gaeilge agus Béarla. Féachtar leis an athrá a sheachaint ach fós, pléitear an t-ábhar is suntasaí, trí bhíthin iliomad samplaí, sa mhéid a leanas iad. Mar a léirítear i gCaibidil 3, is mó an t-easnamh sa Ghaeilge (T1) i dtéarmaí forbartha teanga tipiciúla agus is mó an bhearna idir an Ghaeilge agus an Béarla in aoisghrúpa 8 ná in aon aoisghrúpa eile.

4.3.1 Foclóir

Tábla 4.14 Foclóir Iomlán Gaeilge

Gaeilge	Fa8	Fb8	Fc8	Fd8	Fe8	Ff8	Ba8	Bb8	Bc8	Bd8	Be8	Iomlán
Súile	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Fabhraí												0
Malaí		+										1
Cluas	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Rúitín		+	+	+			+				+	5
Glúin	+	+			+		+	+	+		+	7
Uillinn		+			+				+			3

[80] 'Vernacular reorganization' i Labov (2001).

Gaeilge	Fa8	Fb8	Fc8	Fd8	Fe8	Ff8	Ba8	Bb8	Bc8	Bd8	Be8	Iomlán
Muineál		+	+		+		+	+	+	+		7
Fiacail	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Carbad												0
Donn		+	+	+	+		+	+		+	+	8
Dubh	+	+	+	+	+		+	+	+	+	+	10
Fionn		+										1
Rua	+	+		+	+			+				5
Bó	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Lao	+	+										2
Tarbh	+	+			+			+				4
Cearc		+	+		+		+	+	+	+	+	8
Coileach		+			+	+					+	4
Muc	+	+	+		+		+	+	+	+		8
Bainbh												0
Caora	+	+	+		+	+	+	+			+	8
Uan		+								+		2
Gabhar	+	+			+							3
Sionnach		+					+			+		3
Coileáin	+											1
Péist	+	+				+	+			+		5
Broc							+					1
Damhán Alla	+		+			+	+	+			+	6
Seilimide					+	+	+					3
Spideog	+	+	+			+	+	+		+	+	8
Carróg	+				+		+					3
Lacha	+	+	+		+	+	+	+		+	+	9
Ulchabhán	+	+										2

Gaeilge	Fa8	Fb8	Fc8	Fd8	Fe8	Ff8	Ba8	Bb8	Bc8	Bd8	Be8	Iomlán
Bualadh Bos	+	+					+	+				4
Feadaíl	+	+						+				3
Sraofairt			+					+				2
Casacht	+	+	+		+	+	+		+			7
Méanfach												0
Sioc	+	+			+					+	+	5
Tintreach												0
Leac Oighir												0
Gaofar		+	+	+	+		+	+			+	7
Báisteach		+		+	+	+	+	+	+	+	+	9
Tuillte												0
Drúcht												0
Cantal	+		+			+						3
Sásta	+							+				2
Fearg		+	+				+					3
Brón	+	+						+				3
Faitíos		+				+	+	+			+	5
Iontas												0
Iomlán	26	35	19	10	23	15	26	24	12	16	18	224

Tábla 4.15 Foclóir Iomlán Béarla

Béarla	Fa8	Fb8	Fc8	Fd8	Fe8	Ff8	Ba8	Bb8	Bc8	Bd8	Be8	Iomlán
Eyes	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Eylashes	+	+	+	+		+		+		+	+	8
Eyebrows	+		+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Ear	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Ankle			+			+						2
Knee	+	+	+	+		+	+	+		+		8

Béarla	Fa8	Fb8	Fc8	Fd8	Fe8	Ff8	Ba8	Bb8	Bc8	Bd8	Be8	Iomlán
Elbow			+	+		+		+	+	+	+	7
Neck	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Tooth	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Gum		+		+	+		+	+		+	+	7
Brown	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Black	+	+	+	+	+	+	+	+		+	+	10
Blonde	+			+			+	+				4
Red		+		+	+	+	+	+	+	+	+	9
Cow	+	+	+	+	+	+	+	+		+	+	10
Calf		+	+			+		+			+	5
Bull	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Hen		+		+	+							3
Rooster	+					+	+		+		+	5
Pig	+	+	+	+		+	+	+	+	+	+	10
Piglets	+	+	+					+			+	5
Sheep	+	+	+		+	+	+	+	+	+	+	10
Lamb	+	+	+	+	+		+	+			+	8
Goat	+	+	+	+		+	+	+	+	+	+	10
Fox	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Puppies	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Worm	+		+	+		+	+	+	+	+	+	9
Badger	+				+			+				3
Spider	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Snail	+	+			+	+	+			+	+	7
Robin				+		+		+	+	+		4
Crow	+		+	+		+	+	+	+	+	+	9
Duck	+	+	+	+		+	+	+	+	+	+	10

Béarla	Fa8	Fb8	Fc8	Fd8	Fe8	Ff8	Ba8	Bb8	Bc8	Bd8	Be8	Iomlán
Owl	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	11
Clapping	+	+		+		+	+	+	+	+	+	9
Whistling	+	+	+	+			+	+	+	+	+	9
Sneezing		+	+	+			+		+	+		6
Coughing	+	+	+	+			+	+		+	+	8
Yawning	+		+	+		+	+	+		+	+	8
Frost			+	+								2
Lightning		+				+		+		+	+	5
Ice	+	+					+	+			+	5
Windy	+		+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Rain	+	+	+	+		+	+	+	+	+	+	10
Floods	+	+	+	+	+		+	+	+		+	9
Dew												0
Cross	+		+					+			+	4
Happy		+	+		+	+		+	+	+	+	8
Angry		+	+	+	+	+	+	+		+	+	9
Sad	+			+	+		+	+	+		+	7
Afraid	+	+		+			+					4
Surprised				+	+	+		+		+	+	6
Iomlán	38	36	37	40	26	36	38	44	29	37	42	403

- Corp: Ach an oiread le haoisghrúpa 4 níl *fabhraí* ná *carbad* ag aon chainteoir. Tá *malaí* ag cainteoir amháin, *uillinn* ag triúr agus *rúitin* ag cúigear. Is ag Ff8, atá an scór Gaeilge is ísle i bhfoclóir an choirp (3/10). Sa Bhéarla tá eyelashes ag ochtar, eyebrows ag deichniúr agus gum ag seachtar. Tá ankle ag beirt agus elbow ag seachtar. Sa seisiún taifeadta baile, agus Fa8 ag cuidiú lena athair cur síos a dhéanamh ar na páirteanna den chorp i nGaeilge, is iad na focail Bhéarla a chuireann sé ag obair, .i. fingers, hip, toes, nails srl. a

thugann le fios gur tháinig forás feidhmiúil ar an ngné sin dá fhoclóir sa Bhéarla ach nár fhorbair an acmhainn Ghaeilge an oiread céanna.

- Gruaig: Tá *donn* ag ochtar, *dubh* ag deichniúr, *fionn* ag duine amháin agus *rua* ag cúigear. Tá blonde sa Ghaeilge ag Fd8, Fe8, Ba8 agus Bb8. Sa Bhéarla, is é an focal blonde is mó atá in easnamh.
- Ainmhithe: Níl *banbh* / *bainbh* ag aon chainteoir. Níl *coileáin* ach ag Fa8 agus *broc* ag Ba8. Tá *lao*, *uan* agus *ulchabhán* ag beirt. Is iad *bó* (11), *lacha* (9), *muc* (8), *caora* (8), agus *spideog* (8) na focail Ghaeilge is coitianta. Is coitianta *bó* (11), *lacha* (9), *cearc* (8) agus *spideog* (8) ná a macasamhla Béarla. I gcodarsnacht leis an nGaeilge, tá na focail Bhéarla bull, fox, puppies, spider, agus owl ag gach cainteoir. Níl cow ag Bc8.
- Fuaimeanna Coirp: Baintear earraíocht as an leicséim Bhéarla móide an iarmhír Ghaeilge *-áil* sa Ghaeilge go minic sa réimse foclóra seo. Níl *méanfach* ag aon chainteoir. Is *ag* yawn-*áil* atá ag Fd8 agus Bd8 sa Ghaeilge. Tá *ag* clap-*áil*, *ag* whistle-*áil*, *ag* sneeze-*áil* agus *ag* cough-*áil* ag Fd8 agus Bd8 sa Ghaeilge freisin. Baineann Be8 feidhm as an leicséim Béarla sa Ghaeilge gan aon iarmhír Ghaeilge, .i. clap hands, blow nose, cough agus yawn. *Feadóig* atá aici ar *ag feadaíl* agus is féidir a rá go bhfuil an focal leathshealbhaithe aici (nó go bhfuil seachfhoirm aici). Leis an nGaeilge a dhealú ón mBéarla, is cosúil, cuireann Be8 an iarmhír bhriathartha –ing leis an leicséim Bhéarla sa Bhéarla, .i. clapping her hands, whistling, blowing her nose agus yawning.
- Aimsir: Níl *tintreach*, *leac oighir*, *tuillte* ná *drúcht* ag aon chainteoir. *Toirneach* a thugann Fa8, Fb8, Fd8, Fe8 agus Ba8 ar *thintreach*. *Sioc* a thugann Fa8 ar *leac oighir*. Tá flood sa Ghaeilge ag Fa8, Fb8, Fc8 agus Ba8. Flood-*áil an áit* atá ag Fe8 agus flood-*áil* ag Bd8. Thunder a thugann Fa8 ar lightning i mBéarla. Tá ice agus lightning ag cúigear agus flood(s) ag naonúr.
- Mothúcháin: Réimse fíorthábhachtach d'fhoclóir an duine óig is ea na mothúcháin, mar go dtéann said go smior an duine (óig) agus go croí a fhéiniúlachta (féach lgh. 17–19; Koven 2007: 80 agus 192). *Faitíos* is ea an focal is coitiana (5) i nGaeilge. Angry / mad (9) is coitianta i mBéarla. Tá happy sa Ghaeilge ag Fc8, Fe8, Ff8, Bc8, Bd8 agus Be8. Tá surprised sa

Ghaeilge ag Fd8, Ff8 agus Bc8. Tá bearna mhór idir foclóir na mothúchán sa dá theanga (16 sa Ghaeilge le hais 37 sa Bhéarla).

- Is ag Fb8 atá an scór Gaeilge is airde (35)agus ag Fd8 agus Bc8 atá an scór Gaeilge is ísle (10 agus 12 faoi seach). I mBéarla, tá scór de 36 focal ag Fb8, 40 focal ag Fd8 agus 29 focal ag Bc8.

Tugann Táblaí 4.14 agus 4.15 thuas le fios go bhfuil an chothroime foclóra a fheictear in aoisghrúpa 4 curtha ar fiar faoi aois 8. Léiríonn na cainteoirí in aoisghrúpa 8 acmhainn ar na focail Ghaeilge ar 224 ócáid le hais 403 ócáid i gcás an Bhéarla, sin bearna 179 ócáid agus cóimheas 36% : 64%.

4.3.2 Deilbhíocht

4.3.2.1 Aidiachtaí Comparáideacha

Mar a léirítear i nGraf 3.23 níl acmhainn bhisiúil ag seisear (Fc8, Fd8, Ff8, Bb8 agus Bd8) in aoisghrúpa 8 ar bhreischéim na n-aidiachtaí comparáideacha as na deich gcinn a tástáladh. Go minic, in áit an bhreischéim a chruthú, déanann na cainteoirí aithris ar an mbunchéim a chuala siad ón taighdeoir, .i. *níos dona*,[81] *níos fada*, *níos gearr* srl. Ní féidir a bheith cinnte an aithris ghlan atá i gceist nó arb in an tuiscint atá acu ar an mbreischéim. Mar sin féin, glactar leis anseo gur léiriú é ar easpa acmhainne ar an struchtúr gramadaí seo. I dTábla 4.16, leagtar amach (i) na samplaí den bhreischéim thraidisiúnta, (ii) líon na bhfoirmeacha bunchéime a choinníonn na cainteoirí in áit na breischéime agus (iii) na sampaí a thugann le fios go bhfuil acmhainn áirithe ag na cainteoirí ar an mbreischéim le hais na spriocfhoirme traidisiúnta.

[81] Áirítear *níos dona* mar fhoirm mhíchuí anseo, cé go bhfuil sé ceadaithe sa Ghaeilge Thraidisiúnta.

Tábla 4.16 Aidiachtaí Comparáideacha

Cainteoir	Breischéim	Bunchéim	Acmhainn áirithe	Sprioc
Fa8		9	*arda* **ɑ:rdə**	*airde* **aird′ə**
Fb8	*faide*; *giorra*; *airde*; *sine*; *contúirtí.*	4	*ciallmhara* **k′i:lwəɹə**	*ciallmhaire* **k′iəlwər′ə**
Fc8		10		
Fd8		10		
Fe8	*giorra*; *faide, teocha.*	7		
Ba8	*raimhre*	7	*fuara* **fu:ɹə**; *arda* **ɑ:rdə**.	*fuaire* **fuər′ə**; *airde* **aird′ə**.
Bb8		10		
Bd8		10		
Be8		8	*gearra* **g′ærə**; *airde* **ɑ:rʤə**.	*giorra* **g′irə**; *airde* **aird′ə**.

- Ní áirítear Ff8 sna torthaí seo mar gur léir don taighdeoir nár thuig sé céard a bhí i gceist leis an tástáil. Le linn an chomhrá neamhstruchtúrtha, áfach, léiríonn sé easpa acmhainne ar an bhfoirm sárchéime, ach acmhainn fhulangach ina dhiaidh sin féin:

  -*Cén t-ainm atá ar an duine is óige?* [tgr.]

  -*An duine is óige?* [Ff8]

  -*'Sea.* [tgr.]

  -*Óig ...? Béarla, ei* <u>biggest</u>? [Ff8]

  -*Hea?* [tgr.]

  -<u>Biggest in</u> *Béarla, nó* <u>youngest</u>? [Ff8].

- Ní áirítear Bc8 sna torthaí seo ach oiread mar gur léir don taighdeoir nár thuig sí céard a bhí i gceist leis an tástáil agus go raibh roinnt strusa uirthi dá bharr. Le linn an chomhrá neamhstruchtúrtha, áfach, léiríonn sí idir acmhainn agus easpa acmhainne ar na foirmeacha breischéime agus acmhainn ar an tsárchéim i gcás amháin:

Bhí glitter *le ceann* purple *níos deise*; *An ceann* purple *is deise* ... ;

Tá mise níos lú ná Oisín;

Colm, tá sé níos mór.

- Léiríonn Fc8 easpa acmhainne ar an bhfoirm bhreischéime den aidiacht *ard* le linn an chomhrá neamhstruchtúrtha. Is féidir gur athrá an fhocail Bhéarla heights **haiʈs** atá aige sa chomhrá Gaeilge is cúis le higher **haiəɹ** ina bhreischéim aige:

-*Níl tada a cur* [ag cur nó a chuir?] *faitíos orm ach* heights.[Fc8]

-*'Sea*. [tgr.]

-*Bhuel, ní* heights *mór ach heights m-* ... I, I mea- ... heights ... *ní* heights *b-* ... like, size *an fuinneog sin.* [Fc8]

-*'Sea*. [tgr.]

-... heights *níos* higher [Fc8].

Mar sin, as an 90 spriocfhoirm (Ff8 agus Bc8 as an áireamh), is 15 fhoirm infhillte a tháirgeann na cainteoirí in aoisghrúpa 8. Mara nglactar leis na sé fhoirm a léiríonn acmhainn áirithe, is naoi bhfoirm as 90 atá sealbhaithe go hiomlán. Aithris ar an mbunchéim atá sna foirmeacha eile a thugann le fios nach bhfuil an aidiacht chomparáideacha sa Ghaeilge á sealbhú go bisiúil ag formhór an aosa óig in aoisghrúpa 8.

4.3.2.2 Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt

Mar a léirítear i nGraif 3.29–3.32, is ag aoisghrúpa 8 atá an acmhainn is lú ar na claochluithe tosaigh tar éis réamhfhocal lom agus réamhfhocal leis an alt. Tugtar samplaí thíos de na hócáidí faoi seach (i) a mbíonn na claochluithe tosaigh ag na cainteoirí agus (ii) nach mbíonn na claochluithe tosaigh acu:

Tábla 4.17 Claochluithe Tosaigh agus Easpa Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt

Cainteoir	Claochluithe tosaigh	Easpa Claochluithe tosaigh
Fa8	*i gCladhnach*; *taobh thiar den chathaoir*; *ag an mbóthar*.	*ag an pictiúrlann*
Fb8	*ar an bportach*; *taobh thiar den chathaoir*; *ar an gcaoi seo*.	just *ar an caoi chéanna*; *ar an clogad*; *thar an buachaill*.
Fc8	*ar an mbóthar*; *sa ngarraí*.	*ag an ceann*; *taobh thiar den cathaoir*.
Fd8		*sa bus*
Fe8	*sa mbád*; *sa m*back; *ar an gceann eile*.	*ar an ceann mór*; *sa* front; *ar an bus*; *thairis an claí*.
Ff8	*i ngarraí*	*i Béarla*; *i Gaeilge*; *do daoine*; *do duine*; *sa carr*.
Ba8		*taobh thiar den cathaoir*.
Bb8	*faoin mballar* **malər** [sic]; *as an m*bank.	*thar an cnoc*; *thar an bóthar*; *ar an geata*; *ar an pláta*; *ag an bus*; *faoin pluid*; *ag an deireadh den bóthar*; *taobh thiar den cathaoir*.
Bc8		*i Gaeilge*; *ar an bord*; *ag an ceann* brown; *sa peictiúr*; *taobh thiar den cathaoir*; *ar an bealach sin*.
Bd8		*thíos faoi pluid*; *i Carna*; *i Camus*.
Be8		*ar an ceann sin*; *taobh thiar den cathaoir*; *ón bus*.

- I measc na gcailíní, is í Bb8 an t-aon duine acu a chuireann an claochlú tosaigh ag obair — faoi dhó as naoi n-ócáid déag. Is féidir gur mílíofacht, éiginnteacht faoin bhfocal cuí agus / nó sandhi nascach idir an dá ghuta is cúis leis an **r** ionsáite sa sampla seo: … *ea tríd an ... tríd eam ... thíos faoin mballar* **malər** *agus* … [*faoin mbaile* a bhí i gceist aici, ach mheasc sí *baile* agus *balla* is cosúil].
- Níor thuig Ff8 an leagan uraithe den logainm sa chomhrá seo: *-I mBleá Cliath*. [tgr.] *-Céard é Mleá Cliath?* [Ff8] *-Bleá Cliath*. [tgr.] *Bleá Cliath*, yeah. [Ff8].
- Tá cúig ócáid den easpa séimhithe ar an gconsan cuimilteach pléascach *c* **k** sa sampla *taobh thiar den cathaoir* san áit a mbeadh **x** sa chaint thraidisiúnta.

Dealraíonn sé go mb'fhéidir go bhfuil col ag cainteoirí óga le foghair atá an-fhada amach ón mBearla fearacht an chonsain chuimiltigh choguasaigh **x** (féach Lenoach 2012: 37). Tá an sampla *le céile* **le kʹeːlʹə** ag Be8 san áit a mbeadh súil leis an leagan reoite *le chéile* **le xʹeːlʹə**.

4.3.2.3 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal Ainmneach

Tábla 4.18 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal

Cainteoir	Alt + Séimh A Bain	Aid Bhain + Séimh	Alt + t- A Fir
Fa8			
Fb8	*an ghealach*; *an fhuinneoig*.	*láimh dheis*	*an t-asal*
Fc8			*an t-uisce*
Fd8	*an fharraige*		
Fe8	*an chluais*; *an fheadóg*.		*an t-ainm*
Ff8			
Ba8	*an ghealach*		
Bb8			
Bc8	*an ghealach*		*an t-ainm*
Bd8			
Be8			*t-am*

Tábla 4.19 Easpa Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal

Cainteoir	Alt + Easpa Séimh A Bain	Aid Bhain gan Séimh	Alt + Easpa *t*- A Fir
Fa8	*an fuinneoig*; *an feadóig*.	*féasóg mór*	*an airgead*
Fb8	*an pluid*	*gruaig donn*; *gruaig dubh*; *gruaig bán*; *aimsir gaofar*; *aimsr fliuch*.	
Fc8	*an gealach*; *an fuinneog*.	*áit fuar*	
Fd8	*an fuinneog*		*an airgead*
Fe8	*an cluais*	*an aois céanna*	*an asal*; *an uisce*.
Ff8	*an gealach*		
Ba8	*an fuinneog*		*an uisce*

Cainteoir	Alt + Easpa Séimh A Bain	Aid Bhain gan Séimh	Alt + Easpa *t-* A Fir
Bb8	*an cluas*; *an glúin*; *an gealach*; *an fuinneog*; *an bó*.	*an lámh clé*; *gruaig donn*; *gruaig dubh*.	
Bc8	*an gruaig*; *an bó*.		
Bd8	*an gealach*; *an fuinneog*; *an bean*; *an cearc cailín* [.i. *an chearc*].	*gruaig donn*; *gruaig dubh*; *gruaig buí*.	*an uisce*
Be8	*an fuinneoig*		*(an) t-am* **tɑːm**

- *An fuinneoig* **ən fiɴˈoːgˈ** atá ag seachtar cainteoirí.
- *An gealach* **ən gˈæləx** atá ag ceathrar, *an ghealach* **ən ɣˈæləx** ag triúr.
- Bíodh is gur CD 1 í máthair Bd8, d'fhág sí an claochlú tosaigh ar lár sna samplaí *an ainm* agus *an fuinneog* nuair a bhí sí ag labhairt leis an taighdeoir i láthair a hiníne agus sna samplaí *an feadóg* agus *an cathair mór* agus í ag léamh scéil léi. Is féidir go raibh an mháthair ag simpliú a teanga in aon turas i gcomhshamhlú lena hiníon nó le go dtuigfeadh a hiníon í (féach an méid Béarla a chloiseann agus a labhraíonn Bd8 thíos).
- Is é *t-am* **tɑːm** — cheal ailt is cosúil — atá ag Be8 ar thrí ócáid:

> *T-am amháin bhí Deaide ag tabhairt mise ag an scoil,*
>
> *T-am amháin bhí* Daddy, *bhí sé ag iarraidh cuir caoi ar an* [x],
>
> *T-am eile tug mo* Daddy *deartháir* present *mór millteach liom.*[82]

Is féidir gur nuáil faoi anáil an Bhéarla is ea *t-am* **tɑːm**, i. one time … , another time **ṭaim** … ar leibhéal séimeantaice agus foghraíochta araon.

4.3.2.4 An Forainm Sealbhach mo + Séimhiú

Léirionn Fa8, Fc8 agus Ba8 acmhainn 100% ar an struchtúr seo. Léiríonn Bb8 agus Be8 easpa acmhainne bisiúla iomlán air:

- Sampla míchuí amháin a tógadh ó Fb8, .i. *mo mada*.
- Sampla cuí amháin — as 11 ócáid — atá ag Fd8, .i. *mo dhroim*. Áirítear focail Bhéarla sna samplaí míchuí atá aige, .i. *mo deartháir agus mo* brother

[82] *Mo* Daddy *deartháir = deartháir mo Dheaide*.

[tugann an sampla deireanach seo le fios go mb'fhéidir go bhfuil mearbhall air faoin mbrí atá le *deartháir* agus / nó brother]; *mo* baby sister; *mo Mam* [nó Mom] **mom**.

- Is fíorbheagán claochlú tosaigh atá ag Bb8 trí chéile. Trí shampla den easpa ar an struchtúr áirithe seo a tógadh uaithi, .i. *mo teach*; *mo breithlá*; *mo colceathrachaí*. Léirionn sí easpa acmhainne sa dara pearsa den fhorainm sealbhach freisin, .i. *do tine*; *do bolg*.
- Tá *mo* + séimhiú an-bhisiúil ag Bc8, bíodh is gur foclóir Béarla sa Ghaeilge is mó atá aici, m.sh. *mo dheaideo*; *mo* b*h*irthday; mo b*h*est friend; *mo* g*h*odmother; mo c*h*ousint (ach *mo* cousins).
- Tá *mo mamaí* ag Bd8 ar shé ócáid agus *mo mhamaí* ar ócáid amháin. Tá *mo seomra* agus *mo theach* aici.
- Léiríonn Be8 easpa acmhainne bisiúla iomlán ar *mo* + séimhiú, m.sh. *mo garraí*; *mo mada*; *mo cat*; *mo Deaide*; *mo teach*; *mo* cousins.
- Fearacht Ba4, in áit na hiarmhíre sealbhaí *-sa* sa chéad phearsa uatha, cuireann Ba8 béim ar an bhforainmn sealbhacha *mo* ar nós an Bhéarla i roinnt cásanna, m.sh. ***mo*** *theach* agus ***mo*** *ghúna*.[83]

4.3.3 Briathra

4.3.3.1 Leicséim Bhriathartha Bhéarla + -áil / -ál-

Mar a léiríonn Graf 3.38, is bisiúla an struchtúr seo in aoisghrúpa 8 ná in aon aoisghrúpa eile. Is ag Ba8 a chaith tréimhse i Meiriceá nuair a bhí sí níos óige (féach an comhthéacs sochtheangeolaíochta i bhfochaibidil 4.3.7.7) atá an líon is lú — ceann amháin, .i. *ag* yawn*-áil*. Is ag Bc8 atá an líon is mó agus is aici atá an teanga is measctha sa Ghaeilge as faisnéiseoirí uile an taighde. Tugtar faoi deara gur briathra bunúsacha atá sna samplaí agus gur briathra gluaisne, a chuireann gníomh nó treo in iúl, is ea bhformhór.[84] Ní áirítear briathra na bhfuaimeanna coirp anseo, ar briathra

---

[83] Ar ócáid amháin, chuir Fa8 béim an Bhéarla ar an bhforainm sealbhach *ár* sa chéad phearsa iolra, .i. *chuaigh* ***ár*** *dráma fr- (th)ríd* **ri:d′**. Ar dhá ócáid, le seilbh a chur in iúl, bhain Bd8 leas as struchtúir neamhthraidisiúnta '*Tá teach mise ar an bealach sin* [.i. Tá mo theachsa…] ' agus '*An maith leat teach linn?* [.i. An maith leat an teach sin againne]' (féach Ó Curnáin 2012: 311). Féach an struchtúr 'scartha' sealbhach spéisiúil eile sa sampla seo: lick*-áil* Spot *a chloigeann le* Daddy [Be8]; agus féach *mo* cousins' [nó cousin's] *teach* [Be8].

[84] Tá roinnt briathra gluaisne Gaeilge ag na cainteoirí freisin, m.sh. *Tharraing sé* (*é*?) apart (Fd8).

gluaisne iad freisin, mar go bpléitear thuas iad. Tá idir bhriathra aistreacha [a.] agus neamhaistreacha [n.a][85] ann ach ní léir go bhfuil baint aige sin le feidhmiú na leicséimí briathartha Béarla in áit na mbriathra Gaeilge. Mar sin, ach an oiread le go leor den fhoclóir, dealraíonn sé gurb é easpa acmhainne ar na briathra Gaeilge agus / nó forfheidhmiúlacht na leicséimí briathartha Béarla is bunús lena bhforleathadh i gcaint na n-óg. Leagtar amach na samplaí de na briathra gluaisne nuair atá níos mó ná cainteoir amháin i gceist i dTábla 4.20 agus de réir líon na gcainteoirí.

Tábla 4.20 Leicséim Bhriathartha Bhéarla (Gluaisne) + *-áil* / *-ál-*

Briathra Gluaisne	Cainteoir
jump-*áil* [n.a]	Fa8, Fb8, Fc8, Fd8, Ff8, Bc8, Bd8, Be8
drive-*áil*	Fa8, Fb8, Fc8 Bc8, Bd8
climb-*áil*[86]	Fa8, Ff8, Bb8, Bc8, Be8
move-*áil*	Fa8, Fc8, Fe8, Bc8
hide-*áil* [n.a]	Fd8, Bc8, Be8
stretch-*áil*	Fc8, Bb8.
pull-*áil*	Fc8, Bc8
push-*áil*	Ff8, Bc8
lift-*áil*	Ff8, Bc8
feed-*áil*	Fb8, Bc8
use-*áil*	Ff8, Bd8

Is ó chainteoir amháin an ceann a tógadh na briathra gluaisne seo a leanas, na briathra n.a. i dtosach:

crash-*áil* [n.a]; box-*áil* [n.a]; drown-*áil* [n.a]; hurl-*áil* [n.a]; point-*áil* [n.a]; shout-*áil* [n.a]; showjump-*áil* [n.a]; wander-*áil* [n.a]; wrestle-*áil* [n.a];

bang-*áil*; blow-*áil*; call-*áil*; carry-*áil*; catch-*áil*; change-*áil*; chase-*áil*; chew-*áil*; crack-*áil*; fire-*áil*; flap-*áil*; flood-*áil*; free-*áil*; hang-*áil*; miss-*áil*; pet-*áil*; press-*áil*; ride-*áil*; send-*áil*; shoot-*áil*; snap-*áil*; shovel-*áil*; tickle-*áil*; tip-*áil*; wear *áil*; wind-*áil*.

[85] Is féidir le briathra neamhaistreacha feidhm aistreach a bheith acu, m.sh. *ag* jump-*áil, ag* move-*áil* ach rangaítear anseo iad de réir a bpríomhúsáide i bhfaisnéis an taighde seo. Is briathra aistreacha iad a bhformhór.

[86] Is í Ba8 an t-aon chainteoir san aoisghrúpa seo a bhfuil *ag dreapadh* bisiúil aici.

Tá box-*áil*, drive-*áil*, agus miss-*áil* sa chaint le fada (féach Lenoach 2012: 35–6 agus fn. 9 maidir le coincheapa iasachta). Tuairiscíonn Ó Curnáin in IA drive-*áil* agus miss-*áil* (mar *miosáil*) ag cainteoirí traidisiúnta a rugadh ag tús an chéid seo caite.

Sna samplaí a thugtar i dTábla 4.21, léirítear an leicséim bhriathartha Bhéarla + *-áil* / *-ál-* mar ainm briathartha, mar fhoirm phreitiríteach, mar fhoirm láithreach agus mar fhoirm fháistineach (san ord sin). Áirítear briathra nach briathra gluaisne iad anseo freisin.

Tábla 4.21 Leicséim Bhriathartha Bhéarla + *-áil* / *-ál-* de réir cainteora

Fa8	*tá sé ag traíáil ag* jump-*áil*; *ag* climb-*áil*; *ag* wrestle-*áil liom*; *tá cead acub* move-*áil* on; *caithfidh mé coinneáil ag* practise-*áil*; *ag* hurl-*áil*;[87] *ní* pass-*áil sé an* test (AC).
Fb8	*ag* jump-*áil*; *ag* drive-*áil an bus*; *carrannaí ag* crash-*áil*; *ag* blow-*áil a srón*; usually *is ag* play-*ái-... ag spraoi-áil* [cluiche ríomhaireachta] *a bhíonns mé*; *is é an chaoi a* jump-*áil mise*; feed-*álaíonn mise mo … an mada*; drive-*álfaidh mé* off *an rud.*
Fc8	*ag* jump-*áil ar nós* frog; *ag* drive-*áil*; *ag* stretch-*áil*; *ag* pull-*áil*; *caithfidh tú an* nunchuck, *an rud a* move-*áil leis an* ball *... caithfidh tú* B *a* phress-*áil le* shoot-*áil*; *ag* scare-*áil mé*; pretend-*ál tá sé ag beir* (AL); and then fire-*áil an* bullet (AL).
Fd8	*ag* jump-*áil*; *bíonn mo* dad (*ag*?) hide-*áil orm*; *bíonn sí* (*dho*?) *mo* tickle-*áil*; *ag* wear-*áil* diaper.
Fe8	*ag* drive-*áil timpeall an teach*; *ag* move-*áil a lámha timpeall*; *ag* shout-*áil*; flood-*áil an áit*; *ag* plumb-*áil*; *ag* box-*áil.*
Ff8	*ag* jump-*áil*; *ag* climb-*áil*; *bhí sé ag goil* (*ag*?) push-*áil an* van, *ag brú an* van *agus* crack-*áil sé* um *ansin*; *ag* lift-*áil an bord*; *caithfidh siad* use-*áil é sin*; just bang-*áil mé é sin ar an rud*; *nuair a oscail mé mo súil,* feel-*áil mé ansin é.* send-*áil mé ar an* computer *é.*
Bb8	*ag* climb-*áil*; *ag* stretch-*áil*; *bíonn sé i gcónaí ag goil* (*ag*) wander-*áil*; *ag* point-*áil síos ansin*; *scríobh mé ...* ehm *go* hope-*áil mé go raibh mé go maith*; mhiss-*áil tú.*
Bc8	*tá mé in ann* make-*áil í* jump-*áil*; *ag* showjump-*áil*; *ag* climb-*áil*; *ag* drive-áil; (*ag*) hide-*áil*; *caithfidh tú* (*a*) *ghoil amach agus* move-*áil mar hin*; *bhí an fear ag* chase-*áil é*; *bhí mise ag* carry-*áil timpeall é*; *caithfidh tú goil suas agus* snap-*áil do …*; *caithfidh tú* try-*áil ag* catch-*áil an duine eile*; *tá muid ag* visit-*áil mo* aunt; *nuair atá mé ag iarraidh* pet-*áil iad*; *… in ann* ride-*áil í … agus* feed-*áil í*; *… in ann* flap-*áil* wings; *… in ann* hang-*áil* stickers; *… le haghaidh* free-*áil thú*; (*ag*) watch-*áil* (TV); (*ag*) have-*áil* [cluiche]; (*ag*) have-*áil* picnic; *bhí mise agus na* puppies *ag* stare-*áil*; *níl fhios a'm cén ceann le* choose-*áil*; *dathú agus* study-*áil agus* maths *agus rudaí* (ainm.briathartha mar ainmfhocal); phull-*áil siad na* earrings *amach* (AC); shovel-*áil siad ceann mór* (AC); change-*áil muid* (AC); chall-*áil muid* [X] *mar gheall bíonn sé* chew-*áil* [x]; tip-*álann duine thú le liathróid.* wind-*áil tú* (AL); push-*áil sé thú* (AL);
Bd8	*ag* jump-*áil*; *tá sí in ann* drive-*áil*; *bíonn muid* use-*áil rudaí*; use-*áil mise iad uilig*; *tháinig an* driver before drown-*áil sé.*
Be8	*ag* jump-*áil*; *ag* drive-*áil*; *ag* climb-*áil*; *ag* die-*áil le oscail é*; *bhí sé ag* hide-*áil i bhfol- …*; lick-*áil* Spot *a chloigeann le* Daddy (AC).

[87] Tá go leor den téarmaíocht spóirt ag Fa8 i mBéarla, m.sh. match, three-one, hat-trick. Féach Lenoach (2012: 30 fn. 8).

- Fa8: Tá dhá bhriathar a bhaineann le cúrsaí spóirt aige wrestle-*áil* agus hurl-*áil*. Tá hurl-*áil* ina ainmfhocal aige freisin (féach Lenoach 2012: 30 le haghaidh tuilleadh samplaí).
- Fb8: Is féidir a rá gur briathar a bhaineann le cúrsaí spóirt é play-*áil*. Údar suntais go mbaineann sé feidhm as leicséim Ghaeilge + -*áil* le hé féin a cheartú, .i. *ag spraoi-áil*. Cuireann sé an briathar feed-*áil* sa dara réimniú, .i. feed-*álaíonn muid*. Tá -*áil* ina iarmhír ainmfhocail ar ócáid amháin aige freisin, .i. na bag-*annaí* shop-*áil*.
- Fc8: Is féidir a rá gur briathra a bhaineann le cúrsaí spóirt (cluichí ríomhaireachta sa chás seo) a chuireann sé ag obair sna samplaí and then fire-*áil an* bullet agus *caithfidh tú* [doiléir] *an rud a* move-*áil leis an* ball ... *caithfidh tú* B *a* p*h*ress-*áil le* shoot-*áil*.
- Fd8: Údar suntais go bhfuil an chomhréir thraidisiúnta aige sa sampla *bíonn sí* (*dho*?) *mo* tickle-*áil*. Bheadh súil le sa Ghaeilge Neamhthraidisiúnta le **bíonn sí ag* tickle-*áil mé*.
- Fe8: Tá -*áil* ina iarmhír ainmfhocail aige ar ócáid amháin, .i. *bróga* box-*áil*.
- Ff8: Baineann sé feidhm as an leicséim Bhéarla + -*áil* agus as an mbriathar Gaeilge san abairt chéanna agus scéal á inseacht aige, b'fhéidir leis an scéal a mhaisiú agus an eachtra ar leith a threisiú in intinn an éisteora, .i. *bhí sé ag goil* (*ag*) push-*áil an* van, *ag brú an* van.
- Bb8: Séimhíonn sí m*h*iss-*áil* san aimsir chaite.
- Bc8: Séimhíonn sí p*h*ull-*áil* agus c*h*all-*áil* san aimsir chaite.
- Be8: Is beag nach gceartaíonn sí í féin sa sampla *bhí sé ag* hide-*áil i bhfol-* …

4.3.3.2 Briathra Neamhthraidisúnta eile

Seo roinnt samplaí d'fhoirmeacha briathartha, ainmneacha briathartha san áireamh, nach bhfuil cruthaithe ná marcáilte go traidisiúnta ag cainteoirí in aoisghrúpa 8. Níor tógadh aon samplaí ó Fb8 ná Ba8. Ní áirítear anseo (i) briathra Béarla scun scan sa Ghaeilge[88] ná (ii) briathra den dara réimniú sa Ghaeilge Thraidisiúnta a gcuireann roinnt faisnéiseoirí foirm an chéad réimniú orthu ná *vice versa*.

- Fa8: *Ní raibh mise ag iarraidh beir air*; *tugaidh siad* (AF, is cosúil).

[88] M.sh. hug *muid* each other agus sell *muid iad* ag Bc8.

- Fc8: *Is maith le* (*léi*?) *tug aire dhó féin*; *tug* [*siad*] *bronntanais* (AC, AL agus AF); *traíáil beir ar an liathróid*; *beir ar an liathróid* (AF, is cosúil).
- Fd8: *Fháil sí a cóta* (AC nó AL); *Tá sé* supposed to be *sneacht*-in' *amárach*; *tíochtann* **tʹiːʔtən** *an* family *uilig*, *tíochtann mo* daddy; *oscail sí an fuinneog* (AF, is cosúil); *tóg sí amach an airgead* (AC nó AL);
- Fe8: *Chaith muid cloch a fháilt agus bris é* like.
- Ff8: No, just *bhfaca mé* ... just *bhfaca mé ceann amháin*.
- Bb8: *Cur mamaí an béilí ar an pláta agus cur mise na plátaí amach* (AC, is cosúil); *oscail sí an fuinneog* (AF, is cosúil).
- Bc8: *Bhí muid in ann tóig deochannaí*; *tá* Jimmy *ag tóig ann í dom*; *má tharraing* (AL) *tú an gruaig nó rud eicínt, abann (*AL = abraíonn) *sé* meh eh; *agus tá tú in ann tarraing an* tail *freisin agus tá tú in ann oscail a mbéal mar shin*; *tá mé in ann oscail é agus dún é agus tá mé a fháil* surprise; wind-*áil* (AL, is cosúil) *tú nós tóg* (AL, is cosúil) *tú rud amach*; *abair sé* (AL nó AC) *cuid de rudaí*; *bhuel níl* really *tada eile le abair*; *b'fhéidir bheith* [.i. beidh] *mo* friend Serena (*ag*) *tíocht*; *b'fhéidir bheith* [.i. *beidh*] *Úna* (*ag*) *tíocht liom*; *bhfuigh* **wi:** [AC, .i. fuair] *Mamaí Úna*; *bhí sé ar an bord ithe* [.i. ag ithe].[89]
- Bd8: *Ní raibh fhios a'm an raibh an scoil ... tóg mé liom ann* [.i. ag dul do mo thógáil ann?]; *rá le faoin uair* [.i. abair leis ...]; *beidh sí in ann tioc ag mo theach*.
- Be8: *Faigh an fear amach ón lochán uisce é* (AC);[90] *... ag triáil le faigh é* (ABr);[91] *ní abraigh mé* (AC) *le* Daddy 'cos *bhí mé ... bhí fhios a'm bhí sé chomh* funny; *tá muid in ann* just *gabh* [go?] *thar é*; *gabhachann* **goːʷəxən** [.i. téann] *an bus*; *bíonn muid ag goil mo* cousin(('s?) *teach agus abair* Happy Christmas.

Tugann na samplaí thuas le fios go mbaineann roinnt cainteoirí feidhm as tamhan an bhriathair (atá ar aon dul leis an 2u ordaitheach, fearacht tamhan an bhriathair sa Bhéarla) go minic in áit é a infhilleadh. m.sh. *beir* [.i. breith, béarfaidh]; *tug* [.i.

---

[89] Tugann an sampla deireanach seo le fios nach mbaineann an cainteoir feidhm as an réimír bhriathartha *ag* roimh an ainm briathartha in amanna (féach nach bhfuil mír sa Bhéarla anseo). Is féidir uaireanta freisin go mbánn sí an réimír roimh chonsan agus / nó tar éis ghuta.

[90] Tá Just *fuair muid é* ag an gcainteoir seo sa chomhrá céanna.

[91] Tá *ag fáil* ag an gcainteoir seo freisin.

tabhairt, thug, tugann, tabharfaidh]; *oscail* [.i. oscailt, osclóidh]; *tóg* [.i. tógáil, thóg nó tógann]; *bris* [.i. (ag) b(h)riseadh]; *cur* [.i. chuir nó cuireann].

4.3.4 An Phragmataic

4.3.4.1 Marcóirí Dioscúrsa / Intriachtaí Gaeilge agus Béarla sa Ghaeilge

Is iad just, like, then, all right, usually, I mean, kinda / kind of, I think, but, really, I suppose, so,'cos, na marcóirí dioscúrsa [MD thíos] / intriachtaí Béarla sa Ghaeilge is coitianta in aoisghrúpa 8.[92] Is iad Fa8, Fb8 agus Bc8 an t-aon triúr a bhfuil marcóirí dioscúrsa Gaeilge acu.

- Fa8: Is é *tá fhios a'd* an t-aon MD Gaeilge atá aige agus is é and then an MD Béarla is mó atá aige, m.sh. … *cairéidí tá fhios a'd* mashed … agus tá *siad an-go deas le* gravy; *fuair mé* sling ... and then *chuaigh an duine* ... ehm... *ann.*
- Fb8: Just, like agus all right (mar dhearbhú) is mó atá aige, m.sh. just *chuaigh sé suas ar an bportach*; *laethantaí fuar* like *abair* [MD Gaeilge] *laethantaí ar an gcaoi seo*; all right.
- Fc8: Just *ní raibh mé in ann fheiceáil*; *tá* like couple shed *mór*; *agus* then *ar maidin*; … I mean *Mamaí* … ; *bhí sé* kinda scary.
- Fd8: Tá *ceart go leor* ina MD Gaeilge ar ócáid amháin aige agus is iad just agus OK na MD Béarla atá aige.
- Fe8: *Tá Aoife deich* I think; yeah but *sa* [x] *seo a'inne*; just soccer *agus peil* really.
- Ff8: Just ... *caithfidh tú* just *goil*; I think Santa *thug sé bronntanas é* [.i. dó]; *gabhann muid*, I suppose.
- Ba8: Just *tháinig píosa ansin*.
- Bb8: Just *tagann sé ar ais*; like *imithe amú?*; so *bíonn mé ag léamh.*
- Bc8: Is é (*ar*) *nós* an MD Gaeilge is coitianta aici, ar calcú é is cosúil ar like an Bhéarla, m.sh. *bhí an cáca deas, bhí sé* (*ar*) *nós* ... chocolates; whipped cream (*ar*) *nós* … *ea* (nó *e-*) … (*ag*) *goil timpeall*; *amantaí, tá sí* (*ar*) *nós* ...

[92] Féach Tábla 3.11.

déanann sí daoiní ag gáirí. Níl like aici sa Ghaeilge. Is é just an MD Béarla is coitianta aici, m.sh. *tá sé beag ach* just normal size.

- Bd8: Tá an calcú Béarla *nós* aici ar ócáid amháin, .i. *tá nós teachaín beag a'm*. Is é just an MD Béarla is mó atá aici, m.sh. *agus* just *coinníonn tú* (*ag*?) *goil*; agus tá so aici: *anois tá go leor* ice *ann* so *tá sé* handy.
- Be8: … *agus* then *spraoi*(*ann*?) *mé le mo* toys; *tá muid in ann* just *gabh* (go?) *thar é*.

4.3.4.2 Yeah agus no sa Ghaeilge

Ach an oiread le faisnéiseoirí aoisghrúpa 4, baineann na cainteoirí in aoisghrúpa 8 feidhm fhorleathan as yeah agus no mar fhreagra ar bhriathra Gaeilge, ar an gcopail, mar dhearbhú nó dhiúltú ar ráiteas Gaeilge, nó ráiteas ceisteach Gaeilge agus mar mharcóir dioscúrsa.

Tábla 4.22 Yeah sa Ghaeilge

Cainteoir	Yeah Freagra	Yeah Dearbhú
Fa8	-*An bhfuil?* -Yeah. -*Ab in é atá tú ag rá?* -Yeah.	
Fb8	-*Nach bhfuil?* -Yeah. -*Ab ea?* -Yeah.	-*Is maith liomsa na* range-*annaí sin.* [tgr.] -Yeah.
Fc8	-*An bhfuil scéal a'd?* -*Bhuel*, yeah.	Oh yeah*!*
Fd8	-*An bhfuil?* -Yeah.	-*Chonaic tú é sin cheana.* [tgr.] -Yeah.
Fe8	-*An mbíonn?* -Yeah.	*Tá sé tuirseach*, yeah.
Ff8	-*Tá ceann* [x] *air?* -Yeah.	*Bíonn muid, ní bhíonn muid* ... oh yeah Monopoly.
Ba8	-*Tharla sé i nGaillimh?* -Yeah.	
Bb8	-*An bhfuil?* -Yeah.	-*Sin píosa fada*. [tgr] -Yeah.
Bc8	-*An bhfuil?* -Yeah.	*Tá, tá, tá*. Yeah*!*
Bd8	-*An dtéann tú ag spraoi léi?* -Yeah.	Oh yeah*!*
Be8	-*An bhfeiceann tú an bhean seo?* -Yeah.	*Bhí mise an dara ceann*, yeah.

Tábla 4.23 No sa Ghaeilge

Cainteoir	No Freagra	No Diúltiú
Fa8	*-An bhfaca?* -No.	Oh no *sin do ghualainn.*
Fb8	*-Chomh mór leis an mbord seo, ab ea?* -No.	*Ghabhfadh muid le haghaidh béil-...* sorry no *... ghabhfadh muid ... .*
Fc8		No, *is mise atá ag rá le chuile dhuine sa rang iad.*
Fd8	*-An mbíonn?* -No.	
Fe8	*-An raibh?* -No.	No *anseo,* Dad.
Ba8	*-An duine is sine, sin é Colm ab ea?* -No, *Oisín.*	
Bb8	*-Ní chaitheann tú spéaclaí, an gcaitheann?* -No.	*-Céard fúthub seo?* [tgr.] *-Caora,* no ... yeah *... ceapaim.*
Bc8	*-Pinc?* -No … *spotannaí beaga* brown *uirthi.*	
Bd8	*-An siúlann tú ann?* -No, *níl sé chomh gar sin.*	
Be8	*-An bhfuil?* -No.	

4.3.5 Freagraí agus Dearbhú Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach

Is féidir líon na bhfreagraí traidisiúnta sa bhriathar substainteach a chur i gcomparáid le yeah agus no thuas agus lena bhfuil i nGraif 3.61–3.67 i gCaibidil 3. Tugtar samplaí i dTábla 4.24 de fhreagraí traidisiúnta san aimsir chaite, aimsir láithreach, aimsir ghnáthláithreach, aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach — dearfach agus diúltach. Freagraíonn Fb8 go minic sa bhriathar substainteach in éindí le yeah nó no. Tugtar dhá shampla de sin sa tábla.

Tábla 4.24 Samplaí de Fhreagraí, Dhearbhú agus Dhiúltú Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach

Cainteoir	AC	AL	AGL	AF	MC
Fa8		*-An bhfuil fhios?* *-Níl fhios.*		*-An mbeidh?* *-Beidh.*	
Fb8		*-Tá Gaeilge agus Béarla a'd.* *-Tá,* yeah.	*-An mbíonn?* *-Bíonn*; *-Bíonn an-teas*		

Cainteoir	AC	AL	AGL	AF	MC
			ann. -Yeah, *bíonn,* yeah.		
Fd8		*-An bhfuil?* *-Tá.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn.*		
Ff8		*-Agus an bhfuil luchannaí ann freisin?* *-Níl.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn*; *-An mbíonn?* *-Ní bhíonn*		
Ba8		*-An bhfuil fhios a'd?* *-Níl fhios*; *-Nach bhfuil?* *-Tá.*			*-An mbeifeá in ann siúl ann?* *-Bhuel, bheadh tú tuirseach.*
Bb8	*-An raibh sibh ag siúl ann? Bhí sibh ...* *-Bhí.*	*-An bhfuil?* *-Tá*; *-An bhfuil?* *-Níl*; *-Nach bhfuil?* *-Tá.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn.*	*-An mbeidh?* *-Beidh.*	
Bd8	*-An raibh?* *-Bhí.*	*-An bhfuil?* *- Tá*; *-An bhfuil?* *-Níl*; *-Nach bhfuil?* *-Tá.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn.*		
Be8	*-An raibh?* *-Bhí.*	*-An bhfuil?* *-Tá*; *-An bhfuil?* *-Níl.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn.*		

4.3.6 Códmheascadh

Tá an códmheascadh fite agus daingnithe i gcaint na ndaoine óga in aoisghrúpa 8 agus i gcaint cuid mhór dá dtuismitheoirí. Tá líon suntasach samplaí ag máithreacha Fa8, Fb8, Fc8 agus ag athair Fd8, ar marcóirí dioscúrsa / intriachtaí iad a bhformhór. Tá líon beag samplaí ag máthair Bc8 le hais a hiníne. Mar léiriú ar an athrú a thagann

ar nádúr an chódmheasctha idir na glúinte i gcás mionteanga, níor chualas ach líon beag samplaí den fhorchódmheascadh ag roinnt tuismitheoirí, marab ionann agus cuid den aos óg. Ach an oiread le haoisghrúpa 4, is iad na focail Bhéarla eochair chéille cuid mhór de fhriotail na bhfaisnéiseoirí i nGaeilge. Tugtar samplaí suntasacha i dTábla 4.25.

Tábla 4.25 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar

Cainteoir	Códmheascadh	Códmheascadh Máthar
Fa8	*Fuair mé* black eye ... accident *a bhí ann*; *... cairéidí tá fhios a'd,* mashed … *agus tá siad an-go deas le* gravy; Most … ehm … *am bíonn sé ag mo* uncle; *Bhí sí ina chónaí* in Ireland.[93]	*Bhí sé* … nervous *é féin faoi*; Even though *go dtuigeann sí féin é*; *Ní bhfuair sé* fitted *fós.*
Fb8	*Tá sé* rich;[94] Mostly just *ag tabhairt isteach móin*; *Is é an chaoi a* jump*-áil mise go* back *an* qhuad **xwaḍ**; *Níl aon duine ag* drive*-áil an bus.* No wonder*!*	But *ei, ... ní raibh muid in ann ...* just basics; *Béarla an chuid is mó de na gasúir ag an naíonra ...* even though *go bhfuil sé* supposed to be *lán-Ghaeilge*; (F**)** Hold on now*! Fan nóiméad!*
Fc8	*Bíonn sí ' tóg*-in' *spéaclóirí orm*; *-Níl tada a cur* [ag cur nó a chuir?] *faitíos orm ach* heights. [Fc8] -*'Sea.* [tgr.] -*Bhuel, ní* heights *mór ach heights m- ...* I, I mea- ... heights ... *ní* heights *b- ...* like, size *an fuinneog sin.* [Fc8] -*'Sea.* [tgr.] -... heights *níos* higher [Fc8]; (F**)** *Bhuel* yeah *... dúirt Mamaí* joke *liom. Dúirt sí* 'why would the pig cross the road?' 'Because he wanted to get the dinosaur;' [Daddy] … who I think *go bhfuil sé sin ag obair*; (F**)** I know*, bhí ceann acub* ten foot*, ab ea*?	*An scoil* even though *gur scoil lán-Ghaelach é*; (*Tá*) *go leor Béarlóireacht ar bun ann* 'cos *anois* … ; No bother … no bother.
Fd8	*Tá sé* [su]pposed to be **po:s ṭəbi:** *sneacht*-in'	Actually *tá sí gaibhte síos ag an* [x] *ar*

[93] Ní hé 'Ireland' an t-aon logainm traidisiúnta atá i mBéarla sa chomhrá Gaeilge aige. Bhí a athair ag caint ar chomórtas spóirt agus dúirt Fa8 'Salthill' as a stuaim féin le míniú don taighdeoir cá raibh sé ar bun. Bóthar na Trá i nGaillimh atá i gceist.

[94] Tá an friotal *Tá sí sin* rich *a ndóthain* ag Fb8 níos deireanaí sa chomhrá a thugann le fios nach bhfuil an focal *saibhir* bisiúil aige nó gur coincheap sainiúil eile dó é *saibhir*.

Cainteoir	Códmheascadh	Códmheascadh Máthar
	amárach; (F**)** *Tá an Garda* blowin' whistle; (F**)** *Bíonn sí '* makin' *mo gáirí*; (F**)**[95] *Mo Mhama agus mo deartháir agus mo* ehm … brother ... sister *amháin.*	*an* [X] actually; *Bhí muid* all right actually *go dtí an …*; Oh Jesus*!*
Fe8	*Chuaigh na* wellies stuck *ann is bhí muid uilig* stuck *thíos an poll*; *Tá* moody face *air*; *Tá* donkey *a'inn*; Engine huge [.i. inneall ollmhór]. (F**)**	*Duáin agus na* flies.
Ff8	-*Cén t-ainm atá ar an duine is óige?* [tgr.] -*An duine is óige?* [Ff8] -*'Sea.* [tgr.] -*Óig ...? Béarla, ei* biggest*?* [Ff8] -*Hea?* [tgr.] -Biggest in *Béarla, nó* youngest*?* [Ff8]; (F**)** Christmas decorations *agus na* Christmas lights. I think *sin é é*; I think ... *tá* [X] hurt; *Bhfaca mé* baby born [.i. naíonán nuabheirthe]. (F**)**	*Tá sé óg á dhéanamh* actually; All right*!*; OK*!*
Ba8	*Tá sí* cuddly; -*An bhfuil deartháireachaí agus deirfiúrachaí a'd?* [tgr.] -Sisters*?* [Ba8] -*'Sea.* [tgr.] -*Níl* sisters *a'm*; *Rinne muid* pancakes; *Rinne mé* sleepover.	
Bb8	*Uair amháin bhí muid ar na* clifts [.i. cliffs] *seo*; *Bhí sé* really ... ehm ... *fada síos*; -*Ar tháinig sort mearbhall ort? An raibh tú cineál ... céard a thuganns tú air sin nuair a bhíonn tú áááhhhááá ag breathnú síos mar sin?* [tgr.] - ... *Ei*, ... dizzy*?* [Bb8] *Cheap sé bhí sé seo an*-funny.	*Na mamó*s *agus daideo*s *agus* aunts *agus* uncles; *Ní raibh mé in ann, in ann a ghoil aon áit* so *d'fhan muid sa mbaile*; Just *coinnigh súil uirthi*.

[95] Freagraíonn an chéad trí shampla ag Fd8 don mheititíopaíocht, nó athstruchtúrú comhréire, i dtéarmaí Ross (2007).

Cainteoir	Códmheascadh	Códmheascadh Máthar
Bc8	*Bhí muid* surprised, so hug *muid* each other; (F**)** *Níl fhios a'm* would Kevin *'s* Micheal like me to tell; (F**)** Paul *mo* uncle Patricia *atá* married *leis, a* wife; (F**)** *Ní raibh sé* movin' nails [.i. cat]; (F**)** *bhí* Kevin *agus* Michael already *thíos ann le haghaidh* feedin' *na beithígh.* (F**)**	That's all right*! Tá neart acub a'm*; Oh right, yeah*!*; Please*!* [ag fógairt ar Bc8].
Bd8	*Fuair mo Mamaí* Christmas Crackers thing ... a few ... ehm … I think a month ago, a week; (F**)** *-Agus anois tá go leor* ice *ann.* [Bd8] *-'Sea.* [tgr.] -So *tá sé* handy [Bd8]; Just *bhí sé* called Rex; *Tháinig mo* cousin *Peadar*	Darling, stop darling*!*; *Bhí muid sa* parade; So *bhí cóisir a'inn*.
Be8	*Tá leabhar mór millteach agus tá* hundred of *scéaltaí istigh ann, dúirt sé* the front *dhó* [.i. a deirtear ar an gclúdach]; (F**)** Sometimes *bíonn* granny *ann freisin*; *Istigh sa* middle; *Bíonn muid ag goil mo* cousins' [nó cousin's] *teach*.	*Teagthaí* back; *Cá 'il an* granny *eile?*; Just about *mar bhí go leor daoine anseo*.

4.3.7. Comhthéacs Sochtheangeolaíochta

4.3.7.1 Fa8

Tá an foclóir Gaeilge agus na struchtúir ghramadaí Gaeilge sealbhaithe thar an meán ag Fa8 ach léiríonn sé mílíofacht sa reacaireacht Ghaeilge, marab ionann agus an Béarla. Nuair a chuaigh sé chuig an naíonra ag aois a trí a thosaigh sé ar an mBéarla. Bhí sé sa ghrúpa tráthnóna agus bhí níos mó páistí a tógadh le Béarla sa ghrúpa sin ná an grúpa maidine. Is thart ar an aois sin a thosaigh sé ag cur suime sa teilifís Bhéarla agus ag dul ar cuairt chuig cairde arb é Béarla a labhair siad sa bhaile. Is ansin freisin, a deir a mhuintir, a thosaigh sé ag cur Béarla ina chuid Gaeilge sa chaoi is go raibh 'cineál leath is leath ann.' De réir a chéile, a deir siad, ón aois sin i leith thosaigh a chuid Béarla ag éirí níos láidre.[96] Lena chairde, Béarla is mó a labhraíonn sé agus is Gaeilge a labhraíonn sé lena mhuintir, lena sheanmhuintir agus lena

[96] Tagann léargas a mhuintire le torthaí ginearálta an taighde seo, mar a léirítear sna graif aoisghrúpa, maidir leis an mborradh a thagann ar shealbhú an Bhéarla le hais na Gaeilge idir aois 4 agus aois 8.

ghaolta óga. Tá diméin agus réimeanna teanga ann a bhfuil sé an-dian ar a mhuintir coinneáil Gaelach. Deir an t-athair go labhraíonn Fa8 agus a dheartháir Béarla le chéile nuair a imríonn siad cluichí atá bunaithe ar chlár teilifíse a chonaic siad. Nuair a fhógraíonn sé orthu coinneáil leis an nGaeilge deir an t-athair go ndeir siad "*níl muid in ann é a imirt i nGaeilge* because *mar* [sic] *i mBéarla atá muid ag breathnú air*."

4.3.7.2 Fb8

Bíonn muintir an tí ag obair ar an talamh agus is léir go bhfuil go leor de Ghaeilge an diméin seo foghlamtha ag an gclann.[97] Beathaíonn an chlann na hainmhithe agus tugann siad isteach móin, mar shampla. Mar sin féin, tá siad an-tógtha le cluichí ríomhaireachta agus leis an teilifís. Códmheascann an mháthair go minic ach tá go leor d'fhoclóir na Gaeilge liteartha ag an athair, m.sh. *raidió*, *teilifís*, *íomhá*, *monarchain*. Deir a mhuintir gur thosaigh Fb8 ar an mBéarla nuair a chuaigh sé ar scoil ag aois 4. Thosaigh sé ag labhairt Béarla tar éis coicíse sa scoil. Is Béarla a labhraíonn gasúir an tí le clann comharsan nach as an nGaeltacht a n-athair, cé go bhfuil Gaeilge acu. Deir an mháthair nach féidir clann a thógáil le Gaeilge amháin mar gheall ar uileláithreacht an Bhéarla. Deir an t-athair go bhfuil tuismitheoirí a thógann a gclann le Béarla ag cur iarrachtaí na dtuismitheoirí eile ó mhaith.

4.3.7.3 Fc8

Is Béarla a labhraíonn Fc8 le duine dá sheanmhuintir, nach as an nGaeltacht é / í. Deir a mhuintir gur thosaigh sé ag labhairt níos mó Béarla nuair a chuaigh sé ar scoil ag aois 4. Cloiseann sé go leor Béarla i bhforais agus i ndiméin áitiúla a mbíodh Gaeilge á labhairt iontu tráth. Deir a mhuintir go bhfaigheann sé go leor dá chuid Béarla ón teilifís agus ó chluichí ríomhaireachta.

4.3.7.4 Fd8

Téann Fd8 chuig Scoil 6 agus tá sé sa rang céanna le Bb8, Bc8 agus Bd8. Mar a leagtar amach san anailís, is cainteoirí iad ar fad a léiríonn easpa acmhainne ar an nGaeilge. Deir athair Fd8 go raibh Béarla riamh ag Fd8, go háirithe ó chuaigh se chuig an naíonra. Téann sé amach ag siúl lena athair go minic. Níl sé chomh tugtha

[97] Is dearthháireacha iad Fb8 agus Fb12.

don teilifís ach imríonn sé cluichí ríomhaireachta. Deir an t-athair gur Gaeilge a labhraíonn sé lena chol ceathracha agus Béarla le cuid mhór dá chairde. Tá Béarla tugtha isteach sa cheantar ag daoine nach as an nGaeltacht iad, a deir sé.

4.3.7.5 Fe8

Coinníonn muintir Fe8 ainmhithe agus téann an teaghlach amach ar an bhfarraige go minic. Tá go leor d'fhoclóir Gaeilge agus Béarla an dá dhiméan seo sealbhaithe ag Fe8. Deir a mhuintir go raibh Béarla aige ó thosaigh sé ar an scoil agus nach raibh aon Bhéarla aige sa naíonra. Thosaigh sé ag labhairt Béarla in aois a chúig bliana, a deir siad, nuair a tháinig cairde comhaoiseacha chuig an teach. Is Gaeilge a labhraíonn sé lena mhuintir, lena sheanmhuintir agus lena shiblíní. Is Béarla a labhraíonn sé le cuid dá chol ceathracha, cé go bhfuil Gaeilge acu, lena chairde ar scoil agus le comharsana comhaoiseacha a chaith a mblianta tosaigh taobh amuigh den Ghaeltacht. Níl dúil mhór aige sa teilifís, a deir an mháthair. Deir an mháthair freisin go bhfuil a chuid Gaeilge imithe chun donais mar gheall ar na cairde Béarla atá aige.

4.3.7.6 Ff8

Chaith Ff8 agus a shiblíní blianta tosaigh a n-óige taobh amuigh den Ghaeltacht. Deir a mháthair gur Béarla a bhíonn ag an gclann cuid mhór den am agus go bhfuil Ff8 mór le comharsa comhaoiseach nach labhraíonn ach Béarla.

4.3.7.7 Ba8

Chaith Ba8 agus a siblíní blianta tosaigh a n-óige taobh amuigh den Ghaeltacht. Is Béarla den chuid is mó a labhraíonn sí leis an máthair, ar foghlaimeoir í, agus Gaeilge amháin leis an athair. Rinne an t-athair cinneadh an chlann a thógáil le Gaeilge, a deir sé. Deir an t-athair gur Gaeilge a labhraíonn an chlann le chéile ach gur Béarla atá ag cairde Ba8 a thagann chuig an teach. Tugann sé faoi deara gur túisce cailíní ná buachaillí ag iompú ar an mBéarla.

4.3.7.8 Bb8

Deir máthair Bb8 gur ón teilifís ar dtús a shealbhaigh sí Béarla, nuair a bhí sí os cionn dhá bhliain d'aois. Bhíodh sé de nós ag an máthair í a fhreagairt i nGaeilge agus i mBéarla uaireanta, nuair a labhraíodh sí Béarla. Is Béarla a labhraíonn Bb8

nuair a bhíonn sí ag spraoi le siblín níos óige ná í lena cairde atá á dtógáil le Gaeilge. Is Béarla a labhraíonn sí lena col ceathracha agus lena cairde ar scoil freisin. Tá an-dúil ag Bb8 sa léitheoireacht. Is mó leabhar Béarla a léann sí mar go bhfuil siad níos éasca le léamh ná na leabhair Ghaeilge, a deir an mháthair.

4.3.7.9 Bc8

Deir máthair Bc8 go bhfuil togha na Gaeilge ag Bc8. Deir a máthair gur ón teilifís a fhaigheann Bc8 cuid mhór den Bhéarla (atá ina cuid Gaeilge formheasctha aici). Deir sí gur Béarla atá aici ar scoil agus lena cairde. Is Béarla a labhraíonn mórán gach páiste dá haois sa cheantar, fiú má tá Gaeilge acu, a deir sí. Deir sí gur Béarla a labhraíonn na páistí sa cheantar ar tháinig a muintir ar ais as Meiriceá. Gaeilge a labhraíonn Bc8 lena seanmhuintir.

4.3.7.10 Bd8

Deir máthair Bd8 nach raibh aon Bhéarla aici, seachas cúpla focal, ag aois a ceithre bliana go leith. Is ón teilifís agus ar scoil a d'fhoghlaim sí Béarla. Béarla a labhraíonn sí leis an gcara is mó atá aici, ar tháinig a muintir ar ais as Meiriceá, agus le cairde eile. Is Béarla a labhraíonn sí le gaolta óga agus Gaeilge le gaolta níos sine. Deir an mháthair go mbíodh togha na Gaeilge ag Bd8 ach go bhfuil a cuid Gaeilge 'uafásach' ó chuaigh sí ar an scoil. Ní éiríonn leis an gceartú a dhéanann sí ar Ghaeilge Bd8. Tá go leor tuismitheoirí sa cheantar, ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, ach atá ag labhairt Béarla lena gclann, a deir sí.

4.3.7.11 Be8

Chaith an bheirt is sine sa chlann a n-óige taobh amuigh den Ghaeltacht agus cé gur thuig siad Gaeilge ní labhraídís í. Is sa Ghaeltacht a tógadh Be8. Deir an mháthair nach raibh focal Béarla aici sula ndeachaigh sí ar scoil in aois a ceithre bliana. Ní as an gceantar muintir na gcairde is mó atá aici agus is Béarla a labhraíonn sí leo. Deir Be8 í féin go labhraíonn sí 'ruainnín beag Gaeilge agus go leor Béarla' ar scoil. Tá go leor tuismitheoirí sa cheantar ag labhairt Béarla lena gclann, a deir a muintir.

4.4. Aoisghrúpa 12

4.4.1 Foclóir

Tugtar an foclóir iomlán Gaeilge agus Béarla sa dá thábla thíos agus pléitear an t-ábhar is suntasaí sa mhéid a leanas iad. Mar a léirítear i nGraif 3.26 agus 3.25 i gCaibidil 3, i gcomparáid le haois 8 is gaire dá chéile a éiríonn an foclóir bunúsach Gaeilge (T1) agus an foclóir bunúsach Béarla (T2) ag aois 12, cé go bhfuil an Béarla chun tosaigh ar an nGaeilge i gcónaí. Tagann méadú 32.3% ar an bhfoclóir Gaeilge agus méadú 13.2% ar an bhfoclóir Béarla idir an dá aoisghrúpa.

Tábla 4.26 Foclóir Iomlán Gaeilge

Gaeilge	Fa12	Fb12	Fc12	Fd12	Ba12	Bb12	Bc12	Bd12	Be12	Bf12	Iomlán
Súile	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Fabhraí						+		+			2
Malaí		+	+			+		+		+	5
Cluas	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Rúitín	+	+	+	+		+		+		+	7
Glúin	+	+	+	+	+	+		+	+	+	9
Uillinn			+		+	+	+	+	+	+	7
Muineál	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Fiacail	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Carbad						+					1
Donn	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Dubh	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Fionn	+		+		+	+	+		+		6
Rua	+		+		+	+	+	+	+	+	8
Bó	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Lao	+	+	+	+	+	+		+	+		8
Tarbh	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Cearc	+	+	+	+	+	+		+	+	+	9

Gaeilge	Fa12	Fb12	Fc12	Fd12	Ba12	Bb12	Bc12	Bd12	Be12	Bf12	Iomlán
Coileach	+	+	+		+	+			+	+	7
Muc	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Bainbh		+								+	2
Caora	+	+	+	+	+	+		+		+	8
Uan	+	+	+	+	+	+			+	+	8
Gabhar	+			+			+	+		+	5
Sionnach	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Coileáin		+					+	+		+	4
Péist	+	+				+	+	+	+	+	7
Broc		+			+		+	+		+	5
Damhán Alla		+	+	+	+	+	+	+	+	+	9
Seilimide	+	+	+	+	+	+	+	+		+	9
Spideog	+	+		+	+	+	+			+	7
Carróg	+		+	+		+		+		+	6
Lacha	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Ulchabhán										+	1
Bualdh Bos	+	+		+		+	+	+	+	+	8
Feadaíl	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Sraofairt			+	+	+	+	+		+	+	7
Casacht	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Méanfach		+				+				+	3
Sioc	+	+	+	+	+	+	+	+	+		9
Tintreach		+	+			+		+	+	+	6
Leac Oighir		+	+	+					+	+	5
Gaofar	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Báisteach	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10

Gaeilge	Fa12	Fb12	Fc12	Fd12	Ba12	Bb12	Bc12	Bd12	Be12	Bf12	Iomlán
Tuillte											0
Drúcht	+		+	+		+	+				5
Cantal	+			+	+	+			+		5
Sásta		+	+			+	+	+	+	+	7
Fearg		+	+			+	+	+		+	6
Brón	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Faitíos			+	+	+		+	+	+	+	7
Iontas	+	+			+	+	+		+	+	7
Iomlán	35	39	38	35	34	44	34	38	35	44	376

Tábla 4.27 Foclóir Iomlán Béarla

Béarla	Fa12	Fb12	Fc12	Fd12	Ba12	Bb12	Bc12	Bd12	Be12	Bf12	Iomlán
Eyes	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Eylashes	+			+	+	+	+	+	+	+	8
Eyebrows	+	+	+	+	+	+	+	+	+		9
Ear	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Ankle	+		+	+	+	+	+	+	+	+	9
Knee		+	+	+	+	+	+	+	+	+	9
Elbow		+	+	+	+	+	+	+	+	+	9
Neck	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Tooth	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Gum	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Brown	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Black	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Blonde	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Red	+		+	+	+	+	+	+	+	+	9
Cow	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Calf	+	+	+	+	+	+	+	+		+	9

Béarla	Fa12	Fb12	Fc12	Fd12	Ba12	Bb12	Bc12	Bd12	Be12	Bf12	Iomlán
Bull	+	+	+	+	+	+		+	+	+	9
Hen	+		+					+	+		4
Rooster		+			+		+	+		+	5
Pig	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Piglets		+		+	+		+	+	+	+	7
Sheep		+	+	+	+	+	+	+	+	+	9
Lamb		+	+					+		+	4
Goat		+	+	+	+	+		+	+	+	8
Fox	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Puppies	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Worm			+	+	+	+	+	+	+	+	8
Badger		+	+	+	+						4
Spider	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Snail	+	+	+			+		+		+	6
Robin		+			+	+	+	+	+	+	7
Crow		+	+	+	+		+	+	+	+	8
Duck		+	+	+	+	+	+	+	+	+	9
Owl	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Clapping	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Whistling	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Sneezing	+		+	+	+	+	+	+		+	8
Coughing	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Yawning		+		+	+		+	+	+	+	7
Frost		+			+	+		+			4
Lghtng	+		+	+		+	+	+	+	+	8
Ice	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Windy	+		+	+	+	+	+	+	+	+	9

Béarla	Fa12	Fb12	Fc12	Fd12	Ba12	Bb12	Bc12	Bd12	Be12	Bf12	Iomlán
Rain	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Floods	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Dew								+		+	2
Cross	+	+	+						+		4
Happy		+	+	+	+	+	+	+	+	+	9
Angry			+	+	+	+	+	+	+	+	8
Sad	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	10
Afraid				+	+	+			+	+	5
Surprised	+	+		+	+		+	+	+	+	8
Iomlán	34	41	43	44	46	42	42	49	44	47	432

- Corp: Ach oiread le haoisghrúpa 8, is iad *fabhraí*, *malaí* agus *carbad* is mó atá in easnamh sa Ghaeilge. I gcodarsnacht le haoisghrúpa 8, tá *fabhraí* ag beirt, *malaí* ag cúigear agus *carbad* ag cainteoir amháin. Tá *rúitín* agus *uillinn* ag seachtar, *glúin* ag naonúr. Lena ais sin, i mBéarla tá eyelashes ag ochtar, eyebrows ag naonúr agus gum ag gach cainteoir. Tá ankle, knee agus elbow ag naonúr.
- Gruaig: Tá *donn* agus *dubh* ag deichniúr, *fionn* ag seisear agus *rua* ag ochtar. Sa Bhéarla, tá na dathanna gruaige ar fad ag mórán gach cainteoir, seachas red nach bhfuil ag duine amháin, .i. Fb12.
- Ainmhithe: Is iad *ulchabhán* agus *banbh* / *bainbh* na focail Ghaeilge is mó atá in easnamh. Tá *ulchabhán* ag duine amháin agus *banbh* / *bainbh* ag beirt. Tá *coileáin* ag ceathrar, *broc* agus *gabhar* ag cúigear. Tá *bó*, *tarbh*, *muc*, *sionnach* agus *lacha* ag na cainteoirí ar fad. Tá seacht bhfocal Gaeilge *tarbh*, *cearc*, *coileach*, *uan*, *broc*, *seilimide* agus *lacha* ag níos mó cainteoirí ná a macasamhla Béarla. Tá naoi bhfocal Béarla calf, piglets, sheep, goat, puppies, worm, spider, crow, agus owl ag níos mó cainteoirí ná a macasamhla Gaeilge.
- Fuaimeanna Coirp: Tá *ag feadaíl* agus *ag casacht* ag gach cainteoir. Níl aon cheann de na focail Bhéarla ag gach cainteoir. In áit *sraofairt*, tá *ag iarraidh*

(*a*) *chur aníos* phlegm *is rudaí* ag Fa12.[98] Sa Ghaeilge, baineann Fd12 agus Bc12 feidhm as *ag* yawn-*áil* in áit *ag méanfach*. Sa Bhéarla, is é moaning a thugann Fa12 agus Fc12 ar yawning agus is féidir gur meascán de yawning agus *méanfach* atá sa leagan sin.

- Aimsir: Is iad *gaofar* agus *báisteach* an t-aon dá fhocal Gaeilge atá ag gach cainteoir. Níl *tuillte* ag aon chainteoir. Tá flood sa Ghaeilge ag Fc12, Fd12, Ba12 agus Bd12. Tá flood-*áilte* ag Bb12. Tá *sioc*, *gaofar* agus *drúcht* ag níos mó cainteoirí ná a macasamhla Béarla. *Toirneach* a thugann Fa12, Fd12, Ba12 agus Bc12 ar *thintreach*. Ice atá ag Fa12 sa Ghaeilge ar *leac oighir*. *Tá sé reoite* a deir Ba12 agus Bd12, ach ní áirítear mar leagan cuí anseo é. Ice a deir Bd12 go luath ina dhiaidh sin sa Ghaeilge. Sa Bhéarla, tá ice, rain agus flood(s) ag gach cainteoir. Thunder a thugann Fd12 agus Ba12 ar lightning i mBéarla. Tá *drúcht* ag cúigear agus dew ag beirt.
- Mothúcháin: *Brón* (10), *fearg* (7) agus *iontas* (7) is ea na focail is coitianta i nGaeilge. Sad (10), happy (9) agus angry (8) is coitianta i mBéarla. Níl happy sa Ghaeilge ag aon chainteoir, i gcodarnsacht le seisear in aoisghrúpa 8. Tá surprised sa Ghaeilge ag cainteoir amháin (Bd12), i gcodarnsacht le triúr in aoisghrúpa 8.

Léiríonn Táblaí 4.32 agus 4.33 thuas, chomh maith leis na graif i gCaibidil 3, go dtagann méadú tréan ar an bhfoclóir bunúsach Gaeilge idir aois 8 agus aois 12. Tagann méadú ar an bhfoclóir bunúsach Béarla freisin ach is mire an méadú i gcás na Gaeilge mar, is cosúil, go bhfuil an túsphointe an-íseal le hais an Bhéarla ag aois 8 (féach Graf 3.25). Léiríonn na cainteoirí in aoisghrúpa 12 acmhainn ar na focail Ghaeilge ar 376 ócáid as 520 (le hais 224 ócáid as 572 in aoisghrúpa 8) agus ar 432 ócáid as 515 i gcás an Bhéarla (le hais 403 ócáid as 572 in aoisghrúpa 8) Fós féin, tá an Béarla 56 focal chun tosaigh ar an nGaeilge in aoisghrúpa 12 — cóimheas céatadánach 72% : 84%.[99] Tá an cóimheas i gcás fhoclóir na mothúchán i bhfad níos gaire in aoisghrúpa 12 (42 as 60 i nGaeilge agus 44 as 60 i mBéarla) ná in aoisghrúpa 8 (16 as 66 i nGaeilge agus 37 as 66 i mBéarla)[100] a thugann le fios gur

[98] Tugtar faoi deara an chomhréir neamhthraidisiúnta agus gur i mBéarla atá eochair na céille.

[99] D'fhéadfadh suas le cúig fhocal breise a bheith i gceist sa Bhéarla mar níor tástáladh foclóir na bhfuaimeanna coirp i gcás Fb12.

[100] Tá 66 ócáid i gceist in aoisghrúpa 8 i ngeall go bhfuil faisnéiseoir sa bhreis ann.

féidir go neartaíonn an fhéiniúlacht (mhothálach) Gaeilge idir an dá aois sna cúinsí a hipitéisítear i Tábla 5.1 i gCaibidil 5).[101]

4.4.2 Deilbhíocht

4.4.2.1 Aidiachtaí Comparáideacha

I gcodarsnacht le haoisghrúpa 8, níl aon duine de na cainteoirí nach léiríonn aon acmhainn bhisiúil ar na haidiachtaí comparáideacha. Tá acmhainn iomlán ag ceathrar ar an mbreischéim de réir na tástála, .i. Fb12, Fc12 Bb12 agus Bf12. Is ag Be12 atá an scór is ísle (4).

Tábla 4.28 Aidiachtaí Comparáideacha

Cainteoir	Breischéim	Bunchéim
Fa12	9	1
Fb12	10	
Fc12	10	
Fd12	7	3
Ba12	8	2
Bb12	10	
Bc12	8	2
Bd12	9	1
Be12	4	6
Bf12	10	

Tugtar na foirmeacha míchuí anseo thíos:

- Fa12: *contúirteach*.
- Fd12: *contúirteach*; *ciallmhar*; *géar*.
- Ba12: *ramhar*; *contúirteach*.
- Bc12: *ramhar*; *contúirteacha*.
- Bd12: *te*.
- Be12: *shean*; *ramhar*; *te*; *contúirteach*; *ciallmhar*; *géar*.

[101] Údar suntais gur ag Bf12 (agus Bb12) atá an líon focal Gaeilge is mó (44) agus an dara líon focal Béarla is mó (47), ach gur aicise, Bf12, is mó atá an teanga mheasctha, nó forchódmheascadh. Tá líon coibhneasta ard focal Béarla ag Bb12 freisin (42) ach fíorbheagán códmheasctha (féach fochaibidil 4.4.6).

Mar sin, as an 100 spriocfhoirm, is 85 foirm infhillte a tháirgeann na cainteoirí in aoisghrúpa 12, ar méadú mór é ar an acmhainn in aoisghrúpa 8 (9 as 110 spriocfhoirm ag triúr as 11 cainteoir).

4.4.2.2 Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt

Mar a léiríonn an fhaisnéis i nGraf 3.33, tagann méadú os cionn 30% ar fheidhmiú na gclaochluithe tosaigh idir aoisghrúpa 8 agus aoisghrúpa 12.

Tábla 4.29 Claochluithe Tosaigh agus Easpa Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt

Cainteoir	Claochluithe tosaigh	Easpa Claochluithe tosaigh
Fa12	*taobh thiar de chathaoir*; *ar an mbaile*; *ar an gcrann*.	*thuas ar boirdín bheag*; *thairis an claí*.
Fb12	*taobh thiar den chathaoir*; *sa gcró*.	*ar cúl an* ehm *… a chois*; *leis an capall*; *sa buicéad*; *san ... san ... poll*; *ar an ... bóthar*.[102]
Fc12	*i nGaillimh*; *ag an bpáirc*.	*taobh thiar den cathaoir*; *faoin pluid*.
Fd12	*ar an mbosca ceoil*; *ar an gcéibh*; *faoi an bpluid*.	*taobh thiar den cathaoir*; *thairis … an … buachaill*.
Ba12	*ar an mbóthar*; *ar an bhfuinneoig*.	*ar duine*; *taobh thiar den cathaoir*; *ar an cailín*; *thar an buachaill eile*; *thar an geata*; *thríd an páipéar*; *faoin pluid*.
Bb12	*ar shiúlóid*; *taobh thiar den chathaoir*; *ar an gclaí*; *faoin bpluid*.	*thar an ... buachaill eile*
Bc12	*taobh thiar den chathaoir*; *gar don chladach*; *ar an g*cupboard.	*thar an buachaill*; *thairis an geat-... .*
Bd12	*taobh thíos den phluid*	*taobh thiar de cathaoir*; *sé déagú lá de Meitheamh*; *ar an péire acub*; *sa paráid*.
Be12	*i ngarraí*; *taobh thiar den chathaoir*.	*i carr*; *faoi an pluid*; *scanraithe roimh daoine*; *thairis an buachaill eile*; *thairis an balla*; *ag an ceathrú teach sin*.
Bf12	*ar chlé*; *gar don bhóthar*; *ag an mbun*.	*faoi duine*; *ag an cnocán sin*.

[102] Is féidir gur chuir an stad bac ar tháirgeadh an chlaochlaithe sa dá shampla dheiridh.

- Séimhíonn cúigear cainteoirí an consan pléascach *c* **k** tar éis *den* sa sampla *taobh thiar de*(*n*) *chathaoir*. Sin iad Fa12, Fb12, Bb12, Bc12 agus Be12 ach fágann ceathar eile an séimhiú ar lár. Sin iad Fc12, Fd12, Ba12 agus Bd12.
- Tá deich sampla den easpa uraithe tar éis *thar an* / *thairis an* (neamhthraidisiúnta). Is iad Fa12, Fd12, Ba12, Bb12, Bc12 agus Be12 na cainteoirí atá i gceist.

4.4.2.3 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal

Tábla 4.30 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal

Cainteoir	Alt + Séimh A Bain	Aid Bhain Séimh	Alt + *t*- A Fir
Fa12	*an fhuinneoig*; *an bhean*.	*láimh dheas*; *gruaig dhubh*; *gruaig bhán*.	*an t-ainm*; *an t-uisce*.
Fb12	*an fhuinneoig*; *an ghealach*.		*an t-íochtar*; *an t-úlla*; *an t-asal*.
Fc12	*an ghealach*	*cluas dheas*; *cluas chlé*; *lámh chlé*.	*an tAifreann*
Fd12		*láimh dheis*	
Ba12			
Bb12	*an bhean*; *an fhuinneoig*.	*gruaig dhonn*; *gruaig dhubh*; *lámh dheas*.	
Bc12			
Bd12	*an ghealach*		
Be12	*an chluais*	*do chluais dheis*; *do chluais chlé*.	
Bf12	*an ghealach*; *an fhuinneoig*.	*an cluas dheis*;[103] *an lámh dheas*; *gruaig bhán*.	

[103] I roinnt samplaí, níl an claochlú cuí ar an ainmfhocal.

Tábla 4.31 Easpa Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal

Cainteoir	Alt + Séimh A Bain	Aid Bhain Séimh	Alt + *t*- A Fir
Fa12	*an fuinneog*	*gruaig donn*	
Fb12		*lámh deas*	
Fc12	*an fuinneog*	*gruaig donn*; *gruaig dubh*; *gruaig fionn*.	
Fd12	*an glúin*; *an fuinneog.*	*gruaig donn*; *gruaig dubh*; *gruaig bán*.	
Ba12	*an cluas dheas*; *an cluas chlé*; *an fuinneog*.		*an ospidéal*
Bb12	*an glúin*		*an úlla*
Bc12	*an fuinneog*	*lámh clé*; *gruaig donn*; *gruaig dubh*; *gruaig fionn*; *gruaig bán.*	
Bd12	*an fuinneog*	*cluas clé*; *gruaig donn*; *gruaig dubh*; *gruaig glas.*	
Be12	*an gealach*; *an fuinneog.*	*gruaig donn*; *gruaig dubh*; *gruaig buí.*	
Bf12	*an cluas dheis*	*gruaig donn*; *gruaig dubh*.	

- *An fuinneog* **ən fiɴˈoːgʹ** / **ən fiɴˈoːg** atá ag seachtar cainteoirí agus *an fhuinneoig* **ən iɴˈoːgʹ** ag ceathrar. Tá an dá leagan ag Fa12.
- *An gealach* **ən gʹæləx** atá ag cainteoir amháin (Be12) agus *an ghealach* **ən ɣʹæləx** ag ceathrar eile (Fb12, Fc12, Bd12, Bf12).
- Tá meascán sna haidiachtaí a leanann *cluas*, *lá*(*i*)*mh* agus *gruaig*. Is cosúil nach bhfuil aon phatrún catagóireach de réir cainteora maidir leis an séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal baininscneach. Mar shampla, tá *gruaig dhubh* agus *gruaig donn* ag Fa12.

4.4.2.4 An Forainm Sealbhach mo + Séimhiú agus An Forainm Sealbhach mo + Guta

Trí shampla den easpa séimhithe ar fhocal dar tús consain i ndiaidh an fhorainm shealbhaigh *mo* a fuaireas ag aoisghrúpa 12. Sin iad *mo colceathrachaí* ag Ba12, *mo gruaig* ag Bd12 agus *i **mo** focail?* ag Be12 (a chuir béim an Bhéarla ar an bhforainm

sealbhach).[104] Léiríonn siad acmhainn bhisiúil ar an struchtúr gramadaí seo i ngach sampla eile — cúig cinn i gcás Ba12, deich gcinn i gcás Bd12 agus deich gcinn i gcás Be12. I gcás *mo* + ainmfhocal dar tús guta, níor bháigh triúr an guta sna samplaí seo:

- *mo uncail, mo athair* (Fc12),
- *mo uncail, mo* auntie (Bb12),
- *mo ordóg* (Bc12).

4.4.3 Briathra

4.4.3.1 Leicséim Bhriathartha Bhéarla + -áil / -ál-

Ach an oiread le haoisghrúpa 8, is briathra gluaisne iad cuid mhór de na samplaí a taifeadadh ag an aoisghrúpa seo. Níl aon sampla ag Fa12 ná Be12 agus is ag Bc12 atá an líon is mó (8). Tá cúig shampla ag Bf12. Arís, ní áirítear briathra na bhfuaimeanna coirp anseo, ar briathra gluaisne iad freisin, mar go bpléitear thuas iad. Ach an oiread le haoisghrúpa 8, tá idir bhriathra aistritheacha [a.] agus neamhaistritheacha [n.a] i gceist. I dTábla 4.32, tugtar na samplaí de na briathra gluaisne nuair atá níos mó ná cainteoir amháin i gceist.

Tábla 4.32 Leicséim Bhriathartha Bhéarla (Gluaisne) + *-áil* / *-ál-*

Briathra Gluaisne	Cainteoir
jump-*áil* [n.a]	Fc12, Fd12, Bd12[105]
bump-*áil* [isteach] [n.a]	Bc12, Bf12
climb-*áil*	Fd12, Bd12

Is ó chainteoir amháin an ceann a tógadh na briathra gluaisne seo a leanas, na briathra n.a. i dtosach: plop-*áil* [n.a]; scream-*áil* [n.a]; bite-*áil*; book-*áil*; feed-*áil*; flood-*áil*; meet-*áil*; move-*áil*, pet-*áil*; rent-*áil*; scratch-*áil*; separate-*áil*; stuff-*áil*; translate-*áil*; use-*áil*.

Sna samplaí a thugtar i dTábla 4.33, léirítear feidhmiú na leicséime briathartha Béarla + *-áil* / *-ál-* mar ainm briathartha, mar fhoirm phreitiríteach, mar fhoirm

[104] Bhí an sampla seo de bhéim an Bhéarla ar an bhforainm sealbhach ag Fb12: o*s cionn **ár** theach*.

[105] Tá *ag léim* ag Fc12agus Bd12 i gcaint struchtúrtha.

láithreach agus mar fhoirm fháistineach (san ord sin). Áirítear briathra nach briathra gluaisne iad anseo freisin.

Tábla 4.33 Leicséim Bhriathartha Bhéarla + *-áil* / *-ál-* de réir cainteora

Fb12	*ag* separate-*áil*
Fc12	*ag* jump-*áil*; *ag* rent-*áil*; book-*álfaidh muid*.
Fd12	*ag* climb-*áil*; *ag* feed-*áil*; *ag* jump-*áil*.
Ba12	*an bhféadfaidh mé* just translate-*áil go Béarla …?*
Bb12	*ag* flood-*áil*
Bc12	*bhí muid ag* meet-*áil suas*; ag move-*áil*; *ag goil á* phet-*áil*; bhite-*áil sé*, bhump-*áil mé isteach* [*i*?] *cailín*; use-*áil mé.*[106]
Bd12	*ag* climb-*áil*; *ag* jump-*áil*.
Bf12	*ag* scratch-*áil*; *ag* scream-*áil ag a chéile*; keyboard *a* stuff-*áil síos an stoca*; *agus* then just plop-*áil mé isteach sa* mud; *go dtí gur* bhump-*áil mé isteach sa … .*

- Bc12: Séimhíonn sí na leicséimí Béarla mar is cuí agus ní bhaineann sí feidhm as iarmhír mharcála an láithrigh sa sampla use-*áil mé* (AL).
- Bf12: Baineann sí feidhm as leicséimí briarthartha Béarla le gluaisne agus gníomh a chur in iúl, eochairfhocail chéille na hinsinte.
- Baineann Bf12 agus Bc12 feidhm as an leicséim Bhéarla sa sampla b*h*ump-*áil* mé *isteach* [*i*] … , san áit a mbeadh leithéidí *bhuail mé faoi / in aghaidh* … sa Ghaeilge Thraidisiúnta.

4.4.3.2 Briathra Neamhthraidisúnta eile

Tugtar roinnt samplaí anseo thíos d'fhoirmeacha briathartha, ainmneacha briathartha san áireamh, nach bhfuil infhillte ná marcáilte go traidisiúnta ag cainteoirí in aoisghrúpa 12. Ní áirítear anseo (i) briathara Béarla scun scan sa Ghaeilge[107] ná (ii) briathra den dara réimniú sa Ghaeilge Thraidisiúnta a gcuireann roinnt faisnéiseoirí foirm an chéad réimniú orthu.

[106] Dealraíonn sé ón gcomhthéacs gur aimsir láithreach atá i gceist anseo.

[107] M.sh. I love *an Nollaig* (Bf12);*is maith liom a bheith ag sp-*... play *le* [x]*annaí freisin* (Fb12).

- Ba12: *Thraíálfadh mé glaoigh ar duine eicínt; téigh siad ag an scoil* (AF, is cosúil).
- Be12: *Tug bainne amach acu* (AL, is cosúil); *faigheoidh sí* **fɑ:ho: ʃi:** (AF); *dúirt sí go thagadh sí síos arís*t (MC).

Údar spéise gurb iad Ba12 agus Be12 an t-aon bheirt chainteoirí san aoisghrúpa seo a bhaineann feidhm as tamhan an bhriathair in áit é a infhilleadh. Briathra neamhrialta atá i gceist, .i. *téigh* agus *tabhair*.

4.4.4 An Phragmataic

4.4.4.1 Marcóirí Dioscúrsa / Intriachtaí Gaeilge agus Béarla sa Ghaeilge

Is ag Fb12 (8) agus Bc12 (6) atá Fa8 an líon is mó marcóirí dioscúrsa Gaeilge. Is ag Bf12 (37), Fc12 (23) agus Fb12 (20) atá an líon is mó marcóirí dioscúrsa Béarla:

- Fa12: Níl aon MD Gaeilge aige. Is iad just agus like na MD Béarla is mó atá aige, m.sh. j-…j- …just *muineál tinn a bhí orm*; no, like *nuair a bhíonns do mhuineál tinn*. Tá intriacht chreidimh Bhéarla aige, .i. God, *céard a dhéanann sí sin* … .
- Fb12: Is é *cineál* an MD Gaeilge is mó atá aige. Tá *tá fhios a'd* aige uair amháin. Just, like agus so na MD Béarla is mó atá aige, m.sh. d'ya ... like …; *tádar* li[ke] …; *tá siad ... cineál ...* .
- Fc12: Baineann sé feidhm as as an gcalcú Béarla *nós*, m.sh. *tá go leor nós ... go leor seanstuf* kinda … . Just, like agus kinda na MD Béarla is mó atá aige, m.sh. just, *níl sé ach dhá nóiméad*, like just … . Bíonn MD Gaeilge agus Béarla sa fhriotal céanna aige, m.sh. *ansin* kinda *thosaigh cineáilín* war *beag*.
- Fd12: Ní mórán MD Gaeilge ná Béarla atá aige — cúig cinn an teanga. Is é *cineál* an MD is mó atá i nGaeilge aige, m.sh. *nuair a feicfidh tú cineál teach nua*. Just an MD Béarla is mó atá aige agus baineann sé feidhm as an gcónasc then sa sampla seo: *bhí siad* just *amuigh le haghaidh féar a ithe* 's then *cailleadh ceann*, 's then *théis ... dhá sheachtain théis* [.i. coicís ina dhiaidh sin], *cailleadh an ceann eile*.
- Ba12: Is é *cineáilín* an MD Gaeilge is coitianta aici, m.sh. *bhí sé cineáilín* flat *cineáilín*. Baineann sí feidhm as *ansin* agus then san insint chéanna i

gcomhrá neamhstruchtúrtha: *agus* then *shiúil sí ... isteach in aghaidh duine agus ansin thosaigh sé ag tabhairt amach di*.

- Bb12: Níl aon MD Gaeilge aici. Is i mBéarla a cheartaíonn sí í féin sa sampla seo: *Clua...* I mean *lámh dheas*.
- Bc12: Is é *'bhfuil fhios a'd* an MD Gaeilge atá aici. Is é just an MD Béarla is coitianta aici, m.sh. just bang. Tá all right aici uair amháin mar dhearbhú.
- Bd12: Baineann sí feidhm as an gcalcú Béarla *nós*, m.sh. *tagann cuid eile den chlann timpeall ... nós* … . Tá sí ar dhuine den bheagán sna haoisghrúpaí ar fad a chuireann so agus 'cos ag obair, m.sh. *bhí cuid fágthaí* so *tháinig sé*; 'cos *bíonn mo dheirfiúr ann*. Tá MD Gaeilge amháin agus trí MD Béarla sa fhriotal seo: *níor ghortaigh sé mé* really, *mar bhí* like *bhí sé cineál aisteach agus* then, *nuair a chuimhníonns mé ar ais air*.
- Be12: Tá *cén t-ainm atá air?* aici agus í ag iarraidh cuimhneamh ar fhocal Gaeilge sa chomhrá struchtúrtha. Baineann sí feidhm as an gcalcú Béarla *nós*, m.sh. *Is ... nós ... tá tú istigh i carr ... sórt agus bíonn tú* just … . Just agus like na MD Béarla is mó atá aici, m.sh. *bíonn siad* like ... ehm ... just *ag ritheacht i ndiaidh a chéile*; *ag goil* (*ag*) *snámh agus* like ... just *rudaí mar shin*; *bhí cupla duine* kinda ... *bhí cupla duine* just *ag glaoch* like ... just *ag rá rudaí mar sin*.
- Bf12: Baineann sí feidhm as dhá MD Gaeilge (*nós* agus *sórt*) ar cheithre ócáid agus is aici atá an líon is mó MD Béarla (35) san aoisghrúpa seo. Just agus like is mó atá aici ach tá cuid eile nach bhfuil aon duine dá comhaoisigh, m.sh. *níl fhios a'm* actually; well Newport I suppose really [i gcomhrá Gaeilge]; eventually.

Léiríonn an fhaisnéis, cé go gcuirtear marcóirí dioscúrsa Béarla agus Gaeilge ag obair níos minice in aoisghrúpa 12 ná in aoisghrúpa 8, go bhfuil na marcóirí díoscúrsa Béarla daingnithe go docht i nGaeilge an aoisghrúpa 12 agus go bhfuil an coibhneas idir an dá theanga an-éagothrom. Tá cainteoir amháin (Bf12) ag sealbhú marcóirí dioscúrsa Béarla meánréime (actually, eventually) ach ní léir go bhfuil a macasamhla Gaeilge (leithéidí *dháiríre (píre), ar deireadh, sa deireadh thiar thall*) bisiúil aici.

4.4.4.2 Yeah agus no sa Ghaeilge

Leagtar amach thíos roinnt samplaí de yeah agus no mar fhreagra ar bhriathra Gaeilge, ar an gcopail, mar dhearbhú nó dhiúltú ar ráiteas Gaeilge, nó ráiteas ceisteach Gaeilge agus mar mharcóir dioscúrsa. Tugtar roinnt samplaí den bhriathar substainteach agus yeah nó no le chéile.

Tábla 4.34 Yeah sa Ghaeilge

Cainteoir	Yeah Freagra	Yeah Dearbhú
Fa12	-*An bhfuil 's a'd?* -Yeah. -*An bhfeiceann tú na daoine seo?* -Yeah.	-*Sin é é!* -Yeah. -*Slaghdán ... is dóigh.* -Yeah.
Fb12	-*An mbíonn? -Bíonn*, yeah.[108] -*Ab in an chaoi?* -Yeah.	-*Cloiseann sibh an gleo is dóigh.* -Oh yeah*!* -*Tá cleachtadh mhaith a'd air.* -*Tá*, yeah, *tá.*
Fc12	-*An bhfuil? -Tá*, yeah. -*Ab ea?* -Yeah.	-*Bíonn tú ag cuidiú leis.* -Yeah, *is maith liom a bheith ag déanamh obair mar sin.* -*San Ollscoil.* -Yeah, *i nGaillimh.*
Fd12	-*An mbíonn? -Bíonn*, yeah. -*An bhfanann sibh sa mbaile?* -Well, yeah *fanann.*	-*Caithfídh tú aire a thabhairt dhóibh.* -Yeah. -*An créatúr.* -Yeah.
Ba12	-*An mbíonn?* -Yeah. -*An léifidh tusa an scéal céanna?* -Yeah.	-*Chuile cheann.* -Yeah.
Bb12	-*An bhfuil?* -Yeah, *tá.* -*Ab ea?* -Yeah.	-Oh yeah, *gruaig dhonn.* -*Tríd an ... rud ...* yeah …
Bc12	-*Ar mhaith leat ... ?* -Yeah, *ba mhaith.* -*Ab ea?* -Yeah.	-*Céard é seo? -Péist*, yeah. -*An bhfuil? -Is dóigh*, yeah.
Bd12	-*Is tú is sine mar sin?* -Yeah. -*An mbíonn?-Bíonn*, yeah.	
Be12	-*An bhfuil?* -Yeah. -*An bhfaca?* -Yeah.	-*Is tú an duine is óige ar fad.* -Yeah.

[108] Tá meascán den fhreagra traidisiúnta agus yeah / no go minic ag Fb12.

Cainteoir	Yeah Freagra	Yeah Dearbhú
		-Nach in é an chaoi a mbíonn sé? -Oh yeah.
Bf12	*-An cuimhneach leat?* -Yeah. *-Nach ea?* -Yeah.	*-Daoine beaga, mar a déarfá.* -Yeah.

Tábla 4.35 No sa Ghaeilge

Cainteoir	No Freagra	No Diúltú
Fa12	*-An bhfuil aon chuimhne a'd ar* [X]*?* -No. *-Ar tharla sé ariamh cheana?* -No, *ní tharla.*	[*-Céard é seo?*] - … *riosta* ... no, *sin é do* funny bone *nach é?*
Fb12	*-Ar dhúirt sí leat ... ?* -No, *níor dhúirt sí.* *-An mbíonn siad scantraithe roimh na gadhair? -Ní bhíonn,* no.	[*-Céard é seo?*] -… *casacht* ... no *sin casacht.* *-San aimsir seo ar ndóigh ... .* -No.
Fc12		[*-Céard atá air?*] -… cranky, no, *ar bís.*
Fd12	*-Ab in í í? -Ní hí,* no. *-An bhfuil? -Níl,* no.	[*-Céard é seo?*] -… clé ... no, *láimh dheis.*
Ba12	*-An bhfuil tú in ann cuimhneamh ar thada?* -No. *-An bhfuil ceann a'd?* -No.	*-Ní raibh i bhfad le goil acu mar sin.* -No. [*-Cén méid duine?*] - … I mean no, *tá trí duine … .*
Bb12	*-An bhfuil?* -No. *-Ar casadh? -Ei,* ... no.	*-Ní cuimhneach leat.* -No.
Bc12	*-An ndéanann tú* [x]*?* -No, *ní san oíche.*	
Bd12	*-An raibh?* -No. *-An bhfaca?* -No.	
Be12	*-An bhfaca?* -No, *ní cheapfainn go bhfaca.* *-Ab ea?* -No, *is as Leitir Móir mo Dheaide.*	[*-Céard é seo?*] -*... ag léimt thairis an balla* ... no ... yeah *an balla.*
Bf12	*-An bhfuil?* -No.	*-Cé a bhí ann? -Mo dheartháir* … no, sorry *mo dheirfiúr.*

Cé go mbaineann na faisnéiseoirí seo feidhm fhorleathan as yeah agus no sa Ghaeilge, tá an líon níos ísle in aoisghrúpa 12 (meán=20) ná in aoisghrúpa 8 (meán=27.4). Tagann an fhaisnéis leis an méid a léiríodh go dtí seo i dtaca leis an

bhforbairt a thagann ar Ghaeilge na n-óg idir aoisghrúpa 4, 8 agus 12 i gcúinsí an dátheangachais. Díol spéise go bhfuil an dara líon is lú yeah agus no ag Bf12, ach gur aici atá an líon is mó marcóirí dioscúrsa Béarla sa Ghaeilge. Is cainteoir líofa í Bf12 agus tugann a líofacht deis di feidhm a bhaint as go leor marcóirí dioscúrsa. Go minic, cuireann yeah agus no deireadh grod le comhrá, toradh b'fhéidir nach bhfeilfeadh do chainteoir líofa mar í.

4.4.5 Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach

Is féidir líon na bhfreagraí traidisiúnta sa bhriathar substainteach a chur i gcomparáid le yeah agus no i dTáblaí 4.34 agus 4.35 thuas agus lena bhfuil i nGraif 3.61–3.67 i gCaibidil 3. Tugtar samplaí i dTábla 4.36 de na freagraí traidisiúnta san aimsir chaite, san aimsir láithreach agus san aimsir ghnáthláithreach — dearfach agus diúltach. Níl aon samplaí ann den aimsir fháistineach ná den mhodh coinníollach.

Tábla 4.36 Samplaí de Fhreagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach (Dearfach agus Diúltach)

Cainteoir	AC	AL	AGL
Fa12	*-An raibh tú? -Bhí.*	*-Nach bhfuil? -Tá.*	
Fb12		*-An bhfuil -Tá.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn.*
Fc12		*-Nach bhfuil? -Tá.* *-An bhfuil? -Níl.* *-An raibh? -Bhí.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn.*
Fd12		*-An bhfuil? -Níl.* *-An bhfuil? -Tá.* *-Nach bhfuil? -Tá.*	
Ba12		*-An bhfuil? -Tá.*	*-An mbíonn?* *-Ní bhíonn.* *-An mbíonn?* *-Bíonn.*
Bb12		*-An bhfuil? -Níl.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn.*
Bc12	*-An raibh?* *-Ní raibh.*	*-Tá tú* [x]. *-Tá.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn.*

Cainteoir	AC	AL	AGL
			-An mbíonn? *-Ní bhíonn.*
Bd12		*-… an bhfuil fhios?* *-Níl fhios.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn.*
Be12	*-Bhí tú ag súil go mór leis an Nollaig. -Bhí.*	*-Nach bhfuil?* *-Tá.*	*-An mbíonn?* *-Bíonn.*
Bf12			

Díol spéise arís nach dtugann Bf12 aon fhreagraí traidisiúnta ar an mbriathar substainteach agus nach raibh aici ach ceithre dheis. Is duine cainteach í nach dtugann mórán airde ar chur isteach sa chomhrá agus is féidir, mar sin, go gcoinníonn sí uirthi ag caint gan stad a chur lena reacaireacht.

4.4.6 Códmheascadh

Is mór an difríocht idir líon na n-ócáidí códmheasctha — mar chomhartha den dátheangachas dealaitheach — in aoisghrúpa 8 (35 ar an meán) agus aoisghrúpa 12 (13 ar an meán). Níl an oiread céanna de dhifríocht idir códmheascadh na dtuismitheoirí sa dá ghrúpa — aoisghrúpa 8 (20 ar an meán), aoisghrúpa 12 (9.5 ar an meán). Mar iarracht ar mhíniú, is féidir (a) go gcomhshamhlaíonn an mhuintir a gcódmheascadh i dtreo na clainne, agus / nó (b) go mbaineann tuismitheoirí feidhm as an gcódmheascadh mar áis mhíniúcháin i dtaobh chúrsaí an tsaoil agus / nó (c) nach labhraíonn siad chomh minic céanna lena gclann ag aois 12 mar gur mó de ghréasáin shóisialta atá ag na daoine óga taobh amuigh den teaghlach faoin aois sin. Mara bhfuil tuismitheoirí ag míniú an oiread céanna nithe bunúsacha faoin saol dá gclann, is féidir nach bhfuil an oiread céanna códmheasctha ar bun acu dá bharr sin. Bíodh is gur forchódmheascadh atá ag Bf12 go han-mhinic, níor tógadh ach ócáid chódmheasctha amháin óna máthair. Códmheascann máithreacha Fb12, Bc12, agus Bd12 níos minice ná a gclann, tá go leor códmheasctha ag Fc12 agus a mháthair. Tugtar faoi deara sna samplaí arís gur eochairfhocail na cumarsáide is ea cuid mhór den Bhéarla sa Ghaeilge, na focail is mó a bhfuil feidhm leo i bhfriotal. Is marcóirí dioscúrsa is mó a bhíonn ag cuid eile (Fa12, Fc12 agus a mháthair, Ba12 agus a máthair, Be12 agus a máthair). Mar sin, tá roinnt marcóirí dioscúrsa sna samplaí

thíos nár tugadh i 6.4.1 thuas. Is é athair Bb12 atá ina fhaisnéiseoir sa chuid seo agus tugtar faoi deara nach bhfuil aon chódmheascadh aige.

Tábla 4.37 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar

Cainteoir	Códmheascadh	Códmheascadh Máthar
Fa12	*Bhí muineál tinn orm agus thug sí* medicine *dhom*.	*Bhí sé* [.i. Béarla] *ag* [Fa12] I'd say *nuair a bhí sé trí bliana, trí bliana go leith*.
Fb12	*Níl ort ach é a bhrú* forward *agus imeoidh sí* forward; *Scaití ... ach* usually *is ag* play*-ái- ... ag spraoi-áil* [x] *... a bhíonns mé*; *-Bain triail as!* -No*!* [a dheartháir óg]. Chicken*!*	*Bhí* double dose *dhó anuraidh a'inn*; Cheeky! (lena mac); Never again*!* (gníomhaíocht a rinne an teaghlach le chéile); [friotal Gaeilge] … which at this stage *is cuma linn* … .
Fc12	*Tá mé ag iarraidh bheith i mo ... is dóigh ...* either [x-gairm i mBéarla] *nó* [y-gairm i mBéarla]; *Sa* door *rud*; *Na gunnaí* pellet guns.	No, not *cócaireacht*; God, that's wreckin' my head now. *Tá droch-chuimhne a'm* anyways.
Fd12	*Tá siad an-*delicate; *Cat* stray; *-Ar gortaíodh é?* [tgr.] -Not really.	*Agus* just *rithfeadh sé amach*; *B'fhéidir* even *sular thosaigh sé ar scoil*.
Ba12	*Tá sí ...* just *ó thuas an bóthar*;[109] *Bhain sé dhó an* cast.	OK *maith an cailín*; Even *an cailín atá ag déanamh* [x].
Bb12	… *gáirí* or *áthas*.	
Bc12	*-Céard atá tú a fháil?* [tgr.] -Surprise; *Bhí* party *beag a'inn*; Rooster *atá air i mBéarla* anyways.	Not *chuile oíche*; *Bhí* Cyprus *an-deas* I must say; *Is dóigh go ndéanfainn na* boring *rudaí ar dtús*.
Bd12	*Níl mé timpeall muc* so *níl fhios a'm*; *Tá i bhfad níos mó* uncles.	*Bhí sí óg go maith*, you know; *Le feiceáil go laethúil* really.
Be12	*Agus sin* really *é*.	*Bhí sí* really *ag déanamh iontas*.
Bf12	*An* argument *céanna*; *Ní maith liom dul isteach i* sticky situations; *Bhí sé* really *sciobthaí* agus really fun; I don't think so really, *ach amháin nuair a ...*	*Thit an* whole lot *anuas*.

[109] Calcú é an sampla seo, is cosúil .i. leithéidí 'She is from just up the road.'

4.4.7 Comhthéacs Sochtheangeolaíochta

4.4.7.1 Fa12

Deir máthair Fa12 go raibh níos mó Béarla ag Fa12 agus é ag éirí aníos ná a bhí ag an mbeirt is sine sa chlann. Dar léi go raibh Béarla aige nuair a bhí sé trí bliana nó trí bliana go leith. Marab ionann agus an bheirt eile, bhí sé ag caint le duine fásta ón nGalltacht agus le comharsa óg as tír iasachta i mblianta sin a óige. Deir an mháthair gur thóg sé go leor Béarla ón scoil agus go bhfuil a chanúint áitiúil á maolú de bharr na scoile freisin. Tugann sí faoi deara go bhfuil 'Gaeilge difriúil ag an gceathrar acub.' Mar sin féin, deir sí gur mó Gaeilge ná Béarla a labhraíonn Fa12. Is iad na cláir theilifíse Gaeilge is fearr leis agus lena mhuintir. Maidir le Gaeilge a chlainne, dúirt an t-athair 'dá shineacht dá bhfuil siad is amhlaidh is saibhre atá sí.'

4.4.7.2 Fb12

Is dearthár é Fb12 le Fb8 (féach fochaibidil 4.3.7.2).

4.4.7.3 Fc12

Deir máthair Fc12 nach raibh Béarla aige go dtí gur thosaigh sé ar scoil agus go raibh páistí a chaith blianta tosaigh a saoil i Meiriceá agus i Sasana sa rang in éineacht leis. Gaeilge amháin atá aige sa bhaile. Deir Fc12 é féin nach mbreathnaíonn sé ar an teilfís mórán agus gur fearr leis dul amach ag spraoi. Deir an mháthair gur Béarla a labhraíonn sé le comharsa óg amháin. Deir sí go bhfuil go leor tuismitheoirí sa cheantar a bhfuil Gaeilge acu, ach atá ag tógáil a gclainne le Béarla. Tá an nós níos coitianta anois ná a bhí, a deir sí, nuair a thosaigh sí á thabhairt faoi deara i lár na nóchaidí. 'Botún mór' atá ann, a deir sí.

4.4.7.4 Fd12

Deir máthair Fd12 gur ar scoil a d'fhoghlaim sé Béarla. Deir an t-athair gur Béarla a labhraíonn cuid de na gasúir sa cheantar agus gur leor duine amháin leis an gcuid eile a iompú ar an mBéarla. Deir sé go bhfuil níos mó Béarla anois ann ná a bhí agus gur carr a bheith 'faoi tóin [sic] chuile dhuine' faoi deara sin.

4.4.7.5 Ba12

Deir máthair Ba12 gur mó Béarla a labhraíonn sí anois, cé gur Gaeilge amháin a labhraíodh riamh léi sa bhaile. Béarla a labhraítear i gcuid mhór de ghréasáin shóisialta Ba12. Tá neart col ceathracha aici nach bhfuil aon Ghaeilge acu agus tá go leor gasúr sa scoil nach í an Ghaeilge a dteanga dhúchais. Deir an mháthair gur Béarla atá á labhairt ag gasúir an cheantair anois. Cloiseann sí ag Béarlóireacht ar an mbus iad. 'Briseann sé mo chroí' agus 'daoine óga — níl siad ag iarraidh aon Ghaeilge a labhairt, tá sí seanaimseartha, tá an Béarla níos saibhre', a deir sí. Deir an mháthair freisin nach dtuigeann daoine óga céard atá a muintir a rá i nGaeilge agus go gcaithfidh siad gach aon rud a mhíniú dóibh. Deir sí go bhfuil sé an-deacair gasúir a thógáil le Gaeilge. Fógraíonn sí orthu nuair a chloiseann sí an gasúr is sine ag labhairt Béarla leis an té is óige sa chlann.

4.4.7.6 Bb12

Deir athair Bb12 nár chuala sé ag labhairt Béarla í go dtí go raibh sí i rang a dó ar scoil. Sé nó seacht mbliana d'aois a bhí sí ag an am. Tá tuiscint aige ar na dinimicí sochtheangeolaíochta sa Ghaeltacht. Tá sé tugtha faoi deara aige go bhfuil Gaeilge daoine óga easnamhach. Thug sé dhá shampla teanga, .i. 'an t-uisce atá siad ag ól' [sic] agus 'ag an tAifreann' [sic]. Tá a leithéidi sin 'ag milleadh na Gaeilge', a deir sé. Tuigeann sé an éagothroime cumhachta sóisialta idir an Ghaeilge agus an Béarla, mar a léiríonn an dá ráiteas seo uaidh: 'An té a bhfuil droch-Ghaeilge aige, ní thabharfá suntas ar bith air' agus 'An té nach bhfuil aige ach droch-Ghaeilge, ní bheifear ag magadh go deo faoi, ach an té a bhfuil droch-Bhéarla aige, beifear ag gáirí faoi.'

4.4.7.7 Bc12

Deir máthair Bc12 go raibh Béarla aici ó thosaigh sí ag breathnú ar an teilifís nuair a bhí sí trí nó ceathair de bhlianta d'aois. Bhí sí ag scoil bheag ar dtús ach thosaigh sí ag labhairt níos mó Béarla nuair a chuaigh sí chuig scoil mhór. Mar gheall go raibh níos mó páistí sa scoil sin a bhí níos mó Béarla á labhairt ann, a deir an mháthair. Deir sí gur Gaeilge is mó a labhraíonn Bc12 ach gur Béarla a labhraíonn sí le roinnt cairde ar Gaeilge atá acu sa bhaile. Tá an mháthair míshásta leis an tuairim a nochtar go minic sna meáin chumarsáide, a deir sí, nár cheart clann a thógáil le Gaeilge. Deir

sí go bhfuil an méid céanna Gaeilge thart ar an mbaile is a bhí nuair a bhí sí féin ag teacht suas.

4.4.7.8 Bd12

Deir máthair Bd12 nach raibh aon Bhéarla ag Bd12 go dtí go ndeachaigh sí chuig an naíonra. Deir sí gur labhair Bd12 Béarla don chéad uair nuair a thosaigh sí ar scoil. Deir an mháthair go bhfuil 'gasúir sa scoil nach bhfuil acu i ndáiríre ach Béarla' agus go bhfuil 'gasúir thart a bhfuil Gaeilge ag a muintir ach Béarla a labhraíonn siad lena gclann.' Deir sí freisin go raibh neart Béarla ag deirfiúr óg Bd12 sula ndeachaigh sí ar scoil. Deir sí go labhraíonn Bd12 agus an deirfiúr óg Béarla le chéile sa bhaile. Bhí a muintir ag fógairt orthu ar dtús ach deir an mháthair gur chúlaigh na tuismitheoirí ó shin. Tá Bd12 an-tógtha leis na leabhair do chailíní atá scríofa ag údar Sasanach aitheanta.

4.4.7.9 Be12

Deir athair Be12 go bhfuil 'saibhreas na Gaeilge ag imeacht as le hais mar a bhí sí nuair a bhí muid ag éirí suas.' Cuireann sé an milleán ar leathadh an Bhéarla tríd an teilifís: 'Ó tháinig an bosca, tháinig an Béarla.' Deir an mháthair gur thosaigh Be12 ag labhairt Béarla ar dtús nuair a chuaigh sí ar scoil. Bhí sí beagnach sé bliana d'aois ag an am. Tá léargas aici ar an tábhacht a bhaineann le Gaeilge sa bhaile: 'Ní chaillfidh an gasúr an Ghaeilge go brách má labhrann tú sa mbaile leo í.'

4.4.7.10 Bf12

Deir máthair Bf12 gur in aois a ceithre bliana a thosaigh Bf12 ag labhairt Béarla. Is ón teilifís, óna col ceathracha Galltachta agus ó chairde sa cheantar a fuair sí an Béarla, a deir an mháthair. Is Béarla a labhraíonn Bf12 leis an mbeirt chairde is mó atá aici, ar Béarla atá acu féin sa bhaile. Tá léargas ag an máthair ar ról na teilifíse: 'Is túisce atá focla Béarla ná Gaeilge ag na gasúir mar gheall ar an teilifís.' Deir sí freisin go mbíonn calcú ar bun ón mBéarla ag Bf12 agus Gaeilge á labhairt aici. Is dóigh, mar sin, gur ón teilifís a thug Bf12 go leor dá Béarla agus den chultúr a théann leis. Sa chaint neamhstruchtúrtha sa taifeadadh scoile, labhraíonn sí go minic i nGaeilge ar na hearraí tomhaltais is nua-aimseartha, m.sh. 'iPod', 'Nintendo', 'SD card', 'mini-laptop'**.** Is léir ón bhfaisnéis gur idirtheanga is mó atá ag Bf12 agus Gaeilge á labhairt aici (féach an trascríbhinn ar lgh. 335–6).

4.5 Aoisghrúpa 16

4.5.1 Foclóir

Tugtar an foclóir iomlán Gaeilge agus Béarla sa dá thábla thíos agus pléitear an t-ábhar is suntasaí sa mhéid a leanas iad. Mar a léirítear i nGraf 3.25 i gCaibidil 3, tosaíonn an foclóir bunúsach Gaeilge (T1) agus an foclóir bunúsach Béarla (T2) ag imeacht óna chéile arís idir aoisghrúpa 12 agus aoisghrúpa 16, cé gur beag sin i gcuntas céatadánach. Tagann laghdú 1.3% ar an bhfoclóir Gaeilge agus méadú 4% ar an bhfoclóir Béarla idir an dá aoisghrúpa.

Tábla 4.38 Foclóir Iomlán Gaeilge

Gaeilge	Fa16	Fb16	Fc16	Fd16	Ba16	Bb16	Bc16	Bd16	Iomlán
Súile	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Fabhraí			+						1
Malaí	+		+		+	+	+	+	6
Cluas	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Rúitín	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Glúin	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Uillinn	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Muineál	+	+	+	+	+	+		+	7
Fiacail	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Carbad	+					+	+		3
Donn	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Dubh	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Fionn		+	+		+	+		+	5
Rua	+	+	+		+	+	+	+	7
Bó	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Lao	+	+	+		+	+	+	+	7
Tarbh	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Cearc		+	+	+	+	+	+	+	7

Gaeilge	Fa16	Fb16	Fc16	Fd16	Ba16	Bb16	Bc16	Bd16	Iomlán
Coileach			+						1
Muc		+	+	+	+	+	+	+	7
Bainbh									0
Caora	+	+	+	+		+	+	+	7
Uan			+	+	+	+	+		5
Gabhar			+	+			+	+	4
Sionnach	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Coileáin					+		+		2
Péist	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Broc			+		+		+		3
Damhán Alla	+	+		+	+	+	+	+	7
Seilimide	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Spideog	+	+	+	+	+		+	+	7
Carróg	+		+		+		+	+	5
Lacha	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Ulchabhán	+				+				2
Bualadh Bos[110]	+			+			+	+	4
Feadaíl	+		+	+			+	+	5
Sraofairt	+			+			+	+	4
Casacht	+		+	+			+	+	5
Méanfach	+							+	2
Sioc[111]			+	+		+		+	4
Tintreach	+					+			2
Leac Oighir	+	+	+	+		+	+	+	7

[110] Níor tógadh foclóir na bhfuaimeanna coirp i nGaeilge ó thriúr — Fb16, Ba16 ná Bb16. Marach sin, is dóigh go mbeadh an líon iomlán focal atá sealbhaithe acu níos airde ná a thugtar le fios i dTábla 4.38.

[111] Níor tógadh foclóir na haimsire i nGaeilge ó Ba16.

Gaeilge	Fa16	Fb16	Fc16	Fd16	Ba16	Bb16	Bc16	Bd16	Iomlán
Gaofar	+	+	+	+		+	+	+	7
Báisteach	+	+	+	+		+	+	+	7
Tuillte						+	+	+	3
Drúcht			+	+		+	+	+	5
Cantal[112]									0
Sásta	+								1
Fearg	+	+	+	+	+	+			6
Brón	+	+		+	+	+		+	6
Faitíos			+		+	+		+	4
Iontas	+	+			+	+			4
Iomlán	37	29	38	33	32	36	37	39	281

Tábla 4.39 Foclóir Iomlán Béarla

Béarla	Fa16	Fb16	Fc16	Fd16	Ba16	Bb16	Bc16	Bd16	Iomlán
Eyes	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Eyelashes	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Eyebrows	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Ear	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Ankle	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Knee	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Elbow	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Neck	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Tooth	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Gum	+	+		+	+	+	+	+	7
Brown	+	+	+	+	+	+	+	+	8

[112] Níor tógadh foclóir na mothúchán i nGaeilge ó Bc16.

Béarla	Fa16	Fb16	Fc16	Fd16	Ba16	Bb16	Bc16	Bd16	Iomlán
Black	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Blonde	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Red	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Cow	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Calf	+	+	+	+	+	+	+		7
Bull	+	+	+	+	+	+	+		7
Hen	+	+		+	+	+			5
Rooster	+	+							2
Pig	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Piglets	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Sheep	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Lamb	+	+	+		+	+	+	+	7
Goat	+	+	+	+		+	+	+	7
Fox	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Puppies	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Worm	+	+	+	+	+	+		+	7
Badger	+	+	+	+	+	+		+	7
Spider	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Snail	+	+	+	+	+			+	6
Robin	+				+	+	+		4
Crow		+	+	+	+	+	+		6
Duck	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Owl	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Clapping[113]	+		+	+			+	+	5
Whistling	+		+	+			+	+	5

[113] Ach an oiread leis an nGaeilge, níor tógadh foclóir na bhfuaimeanna coirp i mBéarla ó thriúr – Fb16, Ba16 ná Bb16. Marach sin, is dóigh go mbeadh an líon iomlán focal atá sealbhaithe acu níos airde ná a thugtar le fios i dTábla 4.39.

Béarla	Fa16	Fb16	Fc16	Fd16	Ba16	Bb16	Bc16	Bd16	Iomlán
Sneezing	+		+	+			+		4
Coughing	+		+	+			+	+	5
Yawning	+		+	+			+	+	5
Frost	+		+		+		+	+	5
Lightning	+	+	+	+	+	+	+		7
Ice	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Windy	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Rain	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Floods	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Dew					+				1
Cross	+			+	+		+	+	5
Happy	+	+		+	+	+	+	+	7
Angry	+	+	+		+	+		+	6
Sad	+	+		+		+		+	5
Afraid				+			+		2
Surprised	+	+	+	+	+	+	+	+	8
Iomlán	49	42	43	46	43	41	44	42	350

- Corp: Is léir ag an tráth seo (aois 16) go bhfuil mós meath iomlán tagtha ar an bhfocal *fabhraí* i gcaint na n-óg. Is é Fc16 an t-aon chainteoir a léiríonn acmhainn bhisiúil air, le hais beirt in aoisghrúpa 12. Tá *malaí* ag seisear, le hais cúigear in aoisghrúpa 12. Tá *carbad* ag triúr, le hais duine in aoisghrúpa 12, ach níl Fc16 ina measc. Tá *rúitín* agus *uillinn* acu ar fad. Tá na páirteanna coirp i mBéarla acu ar fad, seachas gum nach bhfuil bisiúil ag Fc16.
- Gruaig: Níl *rua* ach ag duine amháin, .i. Fd16. Níl *fionn* / *bán* ach ag cúigear. Sa Bhéarla, tá na dathanna gruaige ar fad ag gach cainteoir.
- Ainmhithe: Níl *banbh* / *bainbh* ag aon chainteoir, le hais beirt in aoisghrúpa 12 — ach tá piglets ag gach cainteoir. Ag cainteoir amháin atá *coileach*. Tá *ulchabhán* agus *coileáin* ag beirt, *broc* ag triúr (cúigear in aoisghrúpa 12) agus *gabhar* ag ceathrar (seisear in aoisghrúpa 12). Is iad *tarbh*, *péist* agus

spideog na focail Ghaeilge atá ag níos mó cainteoirí ná a macasamhla Béarla. Tá *bó* agus cow, *sionnach* agus fox, *lacha* agus duck ag gach cainteoir.

- Fuaimeanna Coirp: Mar gheall nár tógadh foclóir na bhfuaimeanna coirp ó thriúr, is cúigear cainteoirí a áirítear anseo. As an gcúigear, níl *méanfach* ach ag beirt (Fa16 agus Bd16) agus tá yawning ag an gcúigear ar fad. Baineann Bc16 feidhm as *ag* yawn-*áil* sa Ghaeilge. Seachas *méanfach*, is *bualadh bos* agus *sraofairt* atá in easnamh (ar Fc16). Níl in easnamh sa Bhéarla ach sneezing (ar Bd16).
- Aimsir: Is iad *leac oighir*, *gaofar* agus *báisteach* na focail Ghaeilge atá ag gach cainteoir. Níl *tintreach* ach ag beirt (Fa16, Bb16) agus *tuillte* ag triúr (Bb16, Bc16, Bd16). Tá *drúcht* ag ceathrar, sin níos mó ná an mhacasamhail Béarla dew, atá ag cainteoir amháin (Ba16).
- Mothúcháin: Is féidir nach raibh an pictiúr den té a raibh fearg air sách éagsúil leis an bpictiúr den té a raibh cantal air i gcás na bhfaisnéiseoirí seo. Dá bharr sin, níor tógadh aon sampla den fhocal *cantal* uathu. Is cosúil nach raibh an pictiúr den té a bhí sásta sách idirdhealaitheach dóibh agus in áit an spriocfhocail *sásta*, tógadh an focal *áthas* nó *áthasach* ó sheisear acu. Tagann mífhoighid ar chuid de na faisnéiseoirí sa chuid seo den tástáil. Is féidir go gceapann siad go bhfuil an mhír seo ró-éasca agus léiríonn siad easpa foinn cuid de na spriocfhocail a tháirgeadh. Is iad *fearg* (6) agus *brón* (6) na spriocfhocail Ghaeilge is mó a tógadh ón aoisghrúpa seo. Bhí níos mó ratha ar an tástáil Bhéarla. Is é surprised an t-aon spriocfhocal Béarla atá ag gach cainteoir.

Mar a léiríonn Táblaí 4.38 agus 4.39 thuas, chomh maith leis na graif i gCaibidil 3, tagann laghdú an-bheag ar an acmhainn bhisiúil ar an bhfoclóir Gaeilge agus méadú beag ar an bhfoclóir Béarla idir aoisghrúpaí 12 agus 16. (féach an hipitéis i dTábla 5.1 i gCaibidil 5). Léiríonn na cainteoirí in aoisghrúpa 16 acmhainn ar na focail Ghaeilge ar 281 ócáid as 383[114] (73.4%) agus i gcás an Bhéarla ar 350 ócáid as 401 (87.3%). Sin bearna beagnach 14%, i gcomparáid le bearna 11.6% in aoisghrúpa 12. Dealraíonn sé mar sin, gur mó de bheagán an forás a thagann ar fheidhmiúlacht na

[114] Tá na fuaimeanna coirp as an áireamh i gcás triúir, an aimsir i gcás duine agus na mothchúcháin i gcás duine.

Gaeilge i gcomparáid leis an mBéarla — i dtaobh an fhoclóra de — i saol an dátheangaí óig idir aois 12 agus aois 16.

4.5.2 Deilbhíocht

4.5.2.1 Aidiachtaí Comparáideacha

Tá acmhainn iomlán ag triúr (Fa16, Bc16, Bd16) ar bhreischéim na haidiachta de réir na tástála. Is ag Fb16 atá an scór is ísle (6).

Tábla 4.40 Aidiachtaí Comparáideacha

Cainteoir	Breischéim	Bunchéim
Fa16	10	
Fb16	6	4
Fc16	7	3
Fd16	8	2
Ba16	10	
Bb16	9	1
Bc16	10	
Bd16	10	

Tugtar na foirmeacha míchuí seo:

- Fb16: *ramhar*; *fuar*; *te*; *géar*.
- Fc16: *chiallmhar*; *leisciúil*; *géar*.
- Fd16: *ciallmhar*; *leisciúil*.
- Bb16: *géar*.

Mar sin, as an 80 spriocfhoirm, is 70 foirm infhillte a tháirgeann na cainteoirí in aoisghrúpa 16 (87.5%), méadú beag céatadánach ar an acmhainn in aoisghrúpa 12 (85%).

4.5.2.2 Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamfhocal + alt

Mar a léiríonn Graf 3.33, tagann méadú os cionn 14% ar fheidhmiú na gclaochluithe tosaigh idir aoisghrúpa 12 agus aoisghrúpa 16.

Tábla 4.41 Claochluithe Tosaigh agus Easpa Claochluithe Tosaigh tar éis Réamhfhocal Lom agus Réamhfhocal + alt

Cainteoir	Claochluithe tosaigh	Easpa Claochluithe tosaigh
Fa16	*ar dhuine*; *i nGaeilge*; *sa m*background.	*ar taobh na láimhe deise*
Fb16	*ar dheis*; *ar chlé*; *ar an gcuntas*.	*i coláiste Gaeilge*; *ar comórtas*; *sa comórtas*; *ar an príomhbhóthar*.
Fc16	*ar chlé*; *taobh thiar den chathaoir*; *ar an mbóthar*.	*ar gasúir*; *thar an buachaill*.
Fd16	*ar chlé*; *taobh thiar den chathaoir*; *sa ngarraí*.	*faoin cairpéad*; *ón foireann eile*.
Ba16	*ar Chóilín*; *sa gcúigiú bliain*; *leis an nGaeilge*.	*i fear an tí*; *an bainisteoir den foireann eile*.
Bb16	*faoi chairde*; *ar an mbóthar*.	
Bc16	*ar dheis*; *faoin bpluid*; *ar an mBéarla*.	*ar clé*; *thar droim an chai*[*lín*].
Bd16	*taobh thiar den chathaoir*; *ar an mbus*.	*as an Clochán*

4.5.2.3 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal Ainmneach

Áirítear anseo (i) séimhiú ar ainmfhocal baininscneach tar éis an ailt, (ii) séimhiú ar aidiacht tar éis ainmfhocail bhaininscnigh agus (iii) an marcóir inscne *t*- tar éis an ailt agus roimh ainmfhocal firinscneach dar tús guta.

Tábla 4.42 Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal

Cainteoir	Alt + Séimh A Bain	Aid Bhain Séimh	Alt + *t*- A Fir
Fa16	*an ghealach*	*cluais chlé*; *gruaig dhonn*; *gruaig dhubh*.	
Fb16			
Fc16	*an bhó*; *an ghealach*.		*an t-airgead*
Fd16	*an ghlúin*; *an chearc*; *an ghealach*.	*gruaig dhonn*; *gruaig dhubh*.	*an t-airgead*
Ba16	*an bhean*; *an fhuinneoig*.	*cluais chlé*; *cluais dheas*; *láimh dheas*.	*an t-am*
Bb16	*an bhean*	*lámh chlé*; *gruaig bhán*.	

Cainteoir	Alt + Séimh A Bain	Aid Bhain Séimh	Alt + *t*- A Fir
Bc16	*an bhó*; *an chearc*; *an mhuic*; *an ghealach.*		*an t-uan*; *an t-ard*; *an t-airgead.*
Bd16	*an bhó*; *an mhuic*; *an bhean*; *an fhuinneoig.*		*an t-airgead*

Tábla 4.43 Easpa Claochluithe Tosaigh sa Bhuntuiseal

Cainteoir	Alt + Séimh A Bain	Aid Bhain Séimh	Alt + *t*- A Fir
Fa16	*an fuinneog*	*suim mór*	
Fb16	*an cathair*; *an cuid*; *an Gaeilge.*		
Fc16	*an Gaeilge*; *an bean.*[115]	*gruaig donn*; *gruaig dubh*; *gruaig bán*; *an teanga céanna.*	*an uan*
Fd16	*an bean*; *an bó*; *an gualainn*; *an muic.*	*láimh clé*	*an uan*
Ba16	*an Gaeilge*	*gruaig donn*; *gruaig dubh*; *gruaig fionn.*	
Bb16		*gruaig donn*; *gruaig dubh.*	
Bc16		*lámh clé*	
Bd16			

Údar suntais go bhfuil *an Gaeilge* **ən ge:lg′ə** ag triúr (Fb16, Fc16, Ba16 le fáil in IA, fochaibidil 3.6) agus *an bean* **ən b′æ:N** ag beirt (Fc16, Fd16). Ach an oiread le haoisghrúpa 12, tá malartaíocht sna haidiachtaí a leanann *lá*(*i*)*mh* agus *gruaig*. Is cosúil nach bhfuil aon phatrún catagóireach de réir cainteora maidir leis an séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal baininscneach. Mar shampla, tá *gruaig bhán* agus *gruaig donn* ag Bb16.

4.5.2.4 An Forainm Sealbhach mo + Séimhiú agus An Forainm Sealbhach mo + Guta

Ceithre shampla den easpa séimhithe ar fhocal dar tús consain i ndiaidh an fhorainm shealbhaigh *mo* a fuaireas ag aoisghrúpa 16. Sin iad *i mo múinteoir* agus *mo dearthár* ag Fb16, *mo seanscoil ag* Bb16 agus *mo cuid obair baile* ag Bc16. Tógadh

[115] *An bean* **ən b′æ:N** a dúirt sé ar thrí ócáid i gcaint struchtúrtha.

sampla amháin de bhéim an Bhéarla ar an bhforainm, in áit na hiarmhíre treise, .i. ***mo*** *rang* ag Ba16.[116] Tógadh sampla amháin d'úsáid chuí na hiarmhíre treise — *mo theachsa* ag Fc16.

4.5.3 Briathra

4.5.3.1 Leicséim Bhriathartha Bhéarla + -áil / -ál-

Níor tógadh an oiread céanna leicséimí briathartha Béarla + *-áil* ó aoisghrúpa 16 agus a tógadh ó na haoisghrúpaí eile. Tá cineál na leicséimí a mbaineann aoisghrúpa 16 feidhm astu éagsúil leis na samplaí ó na haoisghrúpaí eile freisin. Is féidir cuid acu a thuiscint i gcomhthéacs an tsaoil a bhíonn ag an duine óg tipiciúil san aoisghrúpa sin. Is ó chúigear den ochtar a tógadh samplaí.

- Fa16: *ag* jump-*áil*; *ag* block-*áil*;
- Fb16: *ag* juggle-*áil*;
- Fc16: *ag* mess-*áil*; ag jog-áil; *ag* hang-*áil* (*thart leob*);
- Bc16: *ag* yawn-*áil*;
- Bd16: *ag* buzz-*áil* [.i. i gcás beacha].

4.5.3.2 Briathra Neamhthraidisiúnta eile

Faoi aois 16, tá struchtúr níos traidisiúnta ar ghramadach na mbriathra, i gcomparáid leis na haoisghrúpaí is óige. Marab ionann agus na haoisghrúpaí eile, níor tógadh aon sampla de thamhan an bhriathar in áit an bhriathair infhillte chuí. Is é an tríú pearsa uatha den bhriathar *beir* an t-aon sampla den infhilleadh nuálach a tógadh ón aoisghrúpa seo. Sampla an duine a tógadh ó chúigear:

- Fb16 agus Fc16: *bhreith sé* [.i. rug sé];
- Fd16: *bhéar sé* [.i. rug sé];
- Bc16 agus Bd16 : *bheir sé* [.i. rug sé]. Féach IA, fochaibidlí 5.243–45.

[116] Tógadh sampla amháin den nuáil seo ó mháthair Fa16 a raibh ainmfhocal Béarla faoi réir *mo* béimithe.

4.5.4 An Phragmataic

4.5.4.1 Marcóirí Dioscúrsa / Intriachtaí Gaeilge agus Béarla sa Ghaeilge

Cé go bhfuil níos lú marcóirí dioscúrsa trí chéile i gcaint aoisghrúpa 16, deimhníonn an fhaisnéis forcheannas na marcóirí dioscúrsa Béarla ina gcuid Gaeilge. Ceathrar (Fc16, Fd16, Ba16 agus Bc16) a bhaineann feidhm as marcóirí dioscúrsa Gaeilge. Is ag Ba16 (53) atá an líon is mó marcóirí dioscúrsa Béarla. Is ag Fa16 (16) atá an dara líon is mó agus is ag Bb16 atá an líon is lú ar fad (4).

- Fa16: Is iad just agus like na MD Béarla is mó atá aige, m.sh. … *faoi thada* …just; *an oscailt mhór* like; *is i nGaeilge* actually *a dhéanaim an chuid is mó*.
- Fb16: Is iad just agus like na MD Béarla is mó atá aige, m.sh. *suas an* driveway *agus* just … *sin mo theach*; just *tá sé an-mór*; like *píosa fada* ... like.
- Fc16: Baineann sé feidhm as an MD Gaeilge *cineál* ar thrí ócáid. Ar cheann de na hócáidí sin, baineann sé feidhm as MD Béarla roimh an MD Gaeilge agus aidiacht Bhéarla ag deireadh an fhriotail, .i. so *tá sé cineál* handy. Is iad just agus like na MD Béarla is mó atá aige, m.sh. *asam féin* like; just *le í* (*le* (*h*)*aghaidh*?) *a bheith aici*.
- Fd16: Baineann sé feidhm as an MD Gaeilge *tá mé ag ceapadh* ar dhá ócáid agus an MD Gaeilge *i ndáiríre* ar ócáid amháin. Is é all right an MD Béarla is mó atá aige. Is cosúil go mbaineann sé feidhm as mar dhearbhú ginearálta ar ráitis an taighdeora.
- Ba16: Baineann sí feidhm as *cineál* ar cheithre ócáid agus *sórt* ar ócáid amháin. Is iad just agus like na MD Béarla is mó atá aici trí chéile. Léiríonn friotal samplach amháin an líon as cuimse MD Béarla sa Ghaeilge atá aici i gcomparáid lena comhaoisigh, .i. *Ní úsáideann mo mhamó* anyway *aon Béarla* like *focla ar nós* like *atá mise i gcónaí a(g) rá*.
- Bb16: Is é just an MD Béarla is mó atá aici, m.sh. *is dóigh* just ...; just *bhí muid ag cloisteáil rudaí*; just *d'fhan muid*.
- Bc16: Tá *cineál* aici ar ócáid amháin. Is é just an MD Béarla is mó atá aici, m.sh. just *síos*; just *corr-rud*.

- Bd16: Is iad just agus like na MD Béarla is mó atá aici, m.sh. just *beirt*; just *cleachtadh*; *rinne mé* work experience … so; so *tá sé handy*.

4.5.4.2 Yeah agus no sa Ghaeilge / Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach

I gcomparáid leis na haoisghrúpaí eile, ní léir aon tréith shuntasach sa chaoi a mbaineann aoisghrúpa 16 feidhm as yeah agus no sa Ghaeilge ná i líon na bhfreagraí traidisiúnta sa bhriathar substainteach atá acu. Ach an oiread leis na haoisghrúpaí eile, baintear feidhm as yeah agus no mar fhreagra ar bhriathra Gaeilge, ar an gcopail, mar dhearbhú agus mar dhiúltú ar ráiteas Gaeilge, ar ráiteas ceisteach Gaeilge agus mar mharcóir dioscúrsa. Marar freagra sa bhriathar substainteach atá acu, is iondúil gur yeah, no, *ní fhios a'm* nó intriacht neamhléacsach fearacht *mm hm* atá acu. Léiríonn Bb16 míshuaimhneas agus drogall chun cainte go minic sa seisiún taifeadta agus is féidir gurb in ceann de na cúiseanna le laghad na samplaí a tógadh uaithi.

4.5.5 Códmheascadh

17.6 ócáid chódmheasctha is ea an meánfhigiúr in aoisghrúpa 16. Tá líon mór ag Ba16 (63) agus líon beag ag Bb16 (5). 12.5 ócáid chódmheasctha ar an meán a tógadh ó na tuismitheoirí. Códmheascann máithreacha Fa16 agus Bb16 níos minice ná a gclann. Níor tógadh samplaí ón aoisghrúpa seo den fhorchódmheascadh ná de theanga fhormheasctha.

Tábla 4.44 Códmheascadh agus Códmheascadh Máthar

Cainteoir	Códmheascadh	Códmheascadh Máthar
Fa16	*Gaeilge i gcónaí* unless *go raibh mé ag dul isteach* (*go*) *Gaillimh*; Just *ní raibh* clue *a'm*; *Tá fhios a'm cén t-ainm atá air* but *tá sé cinnte orm*.	Not *chuile Dé Domhnaigh*; *Níl Eoin chomh* keen *ar* [chlár teilifíse Béarla]; *Sin é atá mé ag rá* you see, yeah, whereas *léi seo anois* … .
Fb16	Oh, not *fataí* sorry *caireáid*; *Bhí mé* unconscious; *Dhá* match, *bhí* draw *ann*;	

Cainteoir	Códmheascadh	Códmheascadh Máthar
Fc16	Oh yeah, no problem, *tá sé sin* sound; Unless *go mbeadh duine eicínt nach raibh aithne a'm air*; *Ei*, five past one ... *ei*, twelve ... no, five past eleven go dtí twenty five past eleven.	
Fd16	*Aon sport* really; *Bhi sé* fractured; Connemara ponies, *fireann agus baineann*.	
Ba16	*Tá sí ina* goody-goody *ach ciúin ciontach* really 'cos *bíonn suim aici i fear an tí*; Actually *tá sé* fine; *Dá mbreathnódh aon duine air* [.i. clár teilifíse Gaeilge], *bheadh siad* what the*?*	God! *Tharla go leor rudaí*; All right, OK guys, OK point taken!; Different strokes for different folks!
Bb16	Oh I don't know; *Bhí sé* all right like; Just *bhí muid ag cloisteáil rudaí*.	Oh my God, *rinne sí job maith*; *Ní raibh fadhb ar bith a'm é* [.i. Béarla] *a fhoghlaim* especially ... *ag dul ag an meánscoil*; *Théis a trí* anyways.
Bc16	*Dé hAoine*, free day *atá ann*; *Bíonn siad* thick *leat*; *Tá sé cineál* ... handy.	
Bd16	*Bíonn siad sin* mostly *ag labhairt Gaeilge*; *Gaeilge* … I think; I think *go bhfuil sé* [.i. an Ghaeilge] *ag athrú i gcónaí*; *Rinne mé* work experience ... so.	

4.5.6 Comhthéacs Sochtheangeolaíochta

Marab ionann agus na haoisghrúpaí eile, pléadh cúrsaí feasachta teanga le haoisghrúpa 16 (féach fochaibidil 2.3.3), na difríochtaí teanga idir an dá ghnéas ina measc. Tá léargas meititheangeolaíochta ábhartha le fáil i gcuid den phlé sin, chomh fada is a bhaineann sé le feidhmiúlacht shealbhú teanga amháin le hais na teanga

eile. Is féidir gur imir paradacs an fhaireora tionchar ar an méid a bhí le rá ag na faisnéiseoirí faoin nGaeilge. Ar an láimh eile de, is féidir gur fháiltigh siad roimh an deis a gcuid smaointe féin a chur in iúl go macánta do strainséir.

4.5.6.1 Fa16

Deir máthair Fa16 nach raibh Béarla ag Fa16 nó gur thosaigh sé sa naíonra. Thug sí faoi deara go raibh labhairt an Bhéarla aige dhá lá tar éis dó tosú ann. Meascán den dá theanga a bhí aige an t-am sin, a deir sí. Tugann sé sin le fios go raibh Béarla fulangach aige nó a shealbhú aige roimhe sin, ón teilifís agus ón tsochaí mhór. Béarla amháin atá ag na comharsana béal dorais, atá ar chomhaois leis. Dar le Fa16, gur Gaeilge a labhraíonn sé an chuid is mó den am ach amháin nuair atá sé páirteach sa tsochaí mhór. 'Gaeilge a labhraimse ach le focal Béarla anseo is ansiúd. Sin é an chaoi a bhímse anyway,' a deir sé féin. Is i nGaeilge a deir sé, a bhíonn sé ag brionglóidí, ag eascainí agus ag comhaireamh uimhreacha.[117] Gaeilge den chuid is mó, a deir sé, a chuireann sé ag obair ar Facebook — gréasán idirlín a bhfuil sé an-tógtha leis. I gcás meáin leictreonaigh eile, an teileafón póca, deir sé go bhfuil na teachtaireachtaí téacs a sheolann sé chuig cairde níos faide i mBéarla ná i nGaeilge. Cosnaíonn sé níos mó airgid téacs a sheoladh i nGaeilge, mar gheall ar charachtair bhreise ar nós sínte fada. Maidir lena chomhaoisigh, deir Fa16 gur mó Gaeilge a labhraíonn na buachaillí ná na cailíní.

4.5.6.2 Fb16

Is foghlaimeoir í máthair Fb16 agus is cainteoir athdhúchais é an t-athair. Seo é an t-aon fhaisnéiseoir ar de bhunadh na Galltachta a mhuintir. Caint chúramach atá ag an athair agus níor tógadh aon sampla den chódmheascadh uaidh. Deir Fb16, gur labhair a mháthair go leor Béarla leis ó bhí sé ina naíonán. Dar le Fb16 féin, Gaeilge is mó a labhraíonn sé, .i. 85% den am. Gaeilge a labhraíonn an chuid is mó dá chairde. Maidir lena bhfuil i ndán don Ghaeilge, deir sé go bhfuil an teanga á marú ag focail Bheárla. Deir sé gurb iad na cailíní is mó a labhraíonn Béarla, go háirithe nuair a bhíonn siad ag caint ar an teileafón póca le chéile. Ceapann sé go bhfuil an

[117] Féach Lenoach (2012: 27) don tábhacht a bhaineann le gníomhartha spontánacha agus neamhdheonacha.

Ghaeilge mar ábhar scoile ag éirí ró-éasca. Táthar á múineadh cosúil le teanga iasachta ar nós na Fraincise, a deir sé.

4.5.6.3 Fc16

Deir Fc16 go bhfuil sé áisiúil an dá theanga a bheith aige ach gur Gaeilge is mó a labhraíonn sé. Is i mBéarla a bhíonn sé ag bríonglóidí, a deir sé, mar gheall ar an teilifís. Is i mBéarla a bhíonn sé ag eascainí freisin mar, dar leis, 'níl an oiread sin acub ann i nGaeilge.' Níl aon chleachtadh aige, a deir sé, ar Ghaeilge gan Bhéarla. Deir sé go mbíonn a sheanmháthair féin ag cur Béarla sa Ghaeilge. Tá coimhthíos aige le Gaeilge gan Béarla nuair a chloiseann sé í i gcúinsí foirmeálta. Deir sé go bhfuil sé 'cineál aisteach, an Gaeilge ceart acub ar chuile fhocal.' Deir sé gur Béarla a labhraíonn an chuid is mó de na cailíní ina measc féin, ach gur Gaeilge a labhraíonn na buachaillí ar fad. Gaeilge a labhraíonn sé féin leis na cailíní a bhfuil sé mór leo, ach Béarla a labhraíonn sé le cailíní (Gaeltachta) nach bhfuil an oiread sin aithne aige orthu.

4.5.6.4 Fd16

Deir Fd16 gur Gaeilge den chuid is mó a labhraíonn sé. Uaireanta, Béarla a labhraíonn sé lena dheartháireacha, a deir sé. Tá neart daoine a tháinig ó Shasana sa cheantar agus is Béarla a labhraíonn sé leosan. Labhraíonn sé Béarla níos minice leis na cailíní ná leis na buachaillí. Tá an Ghaeilge tábhachtach, a deir sé, mar gheall 'go bhfuil sí san Ardteist.' Comhartha oidhreachta dó atá inti freisin 'labhair mo mhuintir í, tá sé chomh maith í a choinneáil beo.' I mBéarla, a deir sé, a bhíonn sé ag brionglóidí, mar gheall ar an teilifís. I mBéarla a bhíonn sé ag eascainí den chuid is mó freisin ach i nGaeilge a bhíonn sé ag comhaireamh. Gaeilge gan Bhéarla atá ag a sheanmháthair agus tá a chuid Gaeilge féin éagsúil le Gaeilge a mhuintire, a deir sé. Deir sé go bhfuil níos mó Béarla aige féin agus nach bhfuil a chuid Gaeilge chomh láidir le Gaeilge a mhuintire. Tá 'Gaeilge ag fáil níos laige' sa phobal agus 'b'fhéidir gheobhaidh sí níos laige agus ansin tiocfaidh sí ar ais arís,' a deir sé.

4.5.6.5 Ba16

Deir máthair Ba16 gur Gaeilge agus Béarla a labhair sí le Ba16 ó bhí sí ina naíonán. Deir Ba16 gur Gaeilge a labhraíonn sí 80% den am. I nGaeilge a bhíonn sí ag brionglóidí agus ag eascainí, a deir sí. Deir sí go labhraíonn na cailíní níos mó Béarla

ná na buachaillí. Níl cuid de na múinteoirí ina scoil ar a gcompord ag teagasc trí Ghaeilge a deir sí. Níl mórán Béarla ag a seanmháthair agus ní chuireann sí aon Bhéarla ina cuid Gaeilge, marab ionann agus í féin, a deir sí. Tugann an t-athfhriotal seo a leanas le fios go gceapann sí gur féidir le teanga amháin bonn níos láidre a chur faoi theanga eile 'Cabhraíonn an mBéarla, cabhraíonn an Bhéarla leis an Gaeilge, an Gaeilge a thabhairt ar aghaidh.' [118]

4.5.6.6 Bb16

Gaeilge a labhair a muintir le Bb16 ón gcliabhán, a deir an mháthair. Ar scoil, ón gcuid eile den chlann agus ó strainséirí a shealbhaigh sí Béarla. Deir Bb16 gur Gaeilge a labhraíonn sí 70% nó 75% den am. Gaeilge a labhraíonn sí lena muintir agus le cuid dá cairde, a deir sí. Béarla a labhraíonn sí den chuid is mó lena cairde. I mBéarla is mó a bhíonn sí ag brionglóidí ach amháin nuair ag brionglóidí faoina muintir atá sí. Sa dá theanga a bhíonn sí ag eascainí. Ceapann sí go labhraíonn na buachaillí níos mó Gaeilge ná Béarla. Níl aon chleachtadh aici, a deir sí, ar Ghaeilge gan Bhéarla. Deir sí go gcuireann a seanmháthair féin Béarla ina cuid Gaeilge. Dúirt an mháthair gur Béarla a labhraíonn máithreacha óga an cheantair agus nach mbíonn Gaeilge ná Béarla ag a gclánn mar go mbíonn an dá theanga measctha ag na páistí.

4.5.6.7 Bc16

Gaeilge den chuid is mó a labhraíonn Bc16 — 80% nó 90% den am, a deir sí. Níl aon chara aici a labhraíonn sí Béarla leis nó léi. Deir sí go mbíonn sí ag códmheascadh i ngan fhios di féin. Uaireanta, i mBéarla a thosaíonn sí abairt, a deir sí, agus i nGaeilge a chríochnaíonn sí í. Deir sí nach bhfuil mórán difríochta idir a cuid Gaeilge féin agus Gaeilge a muintire, seachas 'focal nó dhó.' I nGaeilge a bhíonn sí ag brionglóidí agus ag comhaireamh. Sa dá theanga a bhíonn sí ag eascainí. 'Cuid mhaith den dream óg, b'fhearr leob an Béarla,' a deir sí. Ní chloiseann sí aon difríocht idir cailíní agus buachaillí i dtaca le hiompar teanga de.

[118] Léirítear sa litríocht gur féidir le teanga amháin tacú le sealbhú teanga eile, ach nuair is tionchar mórtheanga ar mhionteanga i gcomhthéacs pobail atá i gceist, is féidir tionchar dealaitheach nó míbhuntáisteach a bheith ann chomh maith.

4.5.6.8 Bd16

Gaeilge den chuid is mó a labhraíonn Bd16, a deir sí. Gaeilge amháin a labhraíonn sí sa bhaile. Labhraíonn sí Béarla le roinnt cairde, mar gurb in í an teanga atá sa bhaile acu. Tá sé tábhachtach agus áisiúil, a deir sí, an dá theanga a bheith ag duine. Tá roinnt focal sna hábhair scoile nach dtuigeann sí i nGaeilge ach a thuigeann sí i mBéarla. Maidir le Gaeilge na nglún roimhe seo, dúirt sí nár thuig sí céard a bhí a seanmháthair a rá ar ócáid amháin roinnt laethanta roimh an taifeadadh. Ceapann sí go bhfuil athrú ag teacht ar an nGaeilge: ‘I think *go bhfuil sé* [.i. an Ghaeilge] *ag athrú i gcónaí*.’ Síleann sí go labhraíonn níos mo buachaillí Gaeilge ná cailíní.

4.6. Conclúid

Tá sé de thairbhe ag an tuairisc ar an bhfaisnéis sa chaibidil seo sracléargas sioncronach a thabhairt dúinn ar na próisis agus na himoibrithe éagsúla atá ar bun sa Ghaeilge i nGaeltacht Chonamara ag tráth ar leith sa chointeanóid teangeolaíochta agus sochtheangeolaíochta (2010–11) agus an fhaisnéis a chuimsiú go réasúnta dlúth in aon áit amháin. Ina dhiaidh sin féin, bíodh is gur sracíomhánna iad na táblaí ar fad thuas, tugann an fhaisnéis a chuimsíonn siad mórléargas iltoiseach dúinn ar staid na teanga i ndálaí an dátheangachais aontreoch dhealaithigh. I gCaibidil 5 a leanas seo, pléitear impleachtaí na faisnéise a shoilsítear i gCaibidlí 3 agus 4.

5. ACHOIMRÍ AGUS TÁTAL

Sa chaibidil dheireanach seo, déantar achoimre ar thorthaí an taighde, agus pléitear an tátal agus a gcuireann an taighde lena bhfuil ar eolas cheana.

5.1 Achoimrí

5.1.1 Achoimre ar Ábhar na gCaibidlí

Sa Réamhrá, leagadh amach aidhm, hipitéis agus comhthéacs an tsaothair thaighde, an leas a d'fhéadfaí a bhaint as agus na ceisteanna taighde atá le cur agus le freagairt tríd síos.

- I gCaibidil 1: An Léirmheas Litríochta, rinneadh measúnú ar shaothair eile i dtaca leis an sealbhú neamhiomlán sa dátheangachas agus ar a gconclúidí.
- I gCaibidil 2: An Mhodheolaíocht, míníodh na bealaí ar tugadh faoin taighde seo, idir obair pháirce agus obair shaotharlainne.
- I gCaibidil 3: Na hAthróga, leagadh amach trí bhíthin léaráidí agus staidrimh cainníocht na n-athróg teangeolaíochta agus sochtheangeolaíochta a tógadh ó na faisnéiseoirí.
- I gCaibidil 4: An Tuairisc, leagadh amach trí bhíthin táblaí agus samplaí cáilíocht na n-athróg teangeolaíochta agus sochtheangeolaíochta.

5.1.2 Achoimre ar na Ceisteanna Taighde agus an Tátal

1. Cén chaoi a gcuirtear an dátheangachas i láthair sa léann comhaimseartha? Is é an tuiscint is mó a léiríonn lucht léinn nach bhfuil dátheangachas cothrom ann, fiú sna cúinsí is optamaí, agus go bhfuil teanga lag agus teanga láidir ag an dátheangaí. Léiríonn na cás-staidéir idirnáisiúnta nuair is mionteanga–mórtheanga atá i gceist, gur fiartha go mór i dtreo na mórtheanga atá an sealbhú dátheangach. Is í an mhórtheanga is feidhmiúla i sóisialú an duine óig agus mar sin is sealbhú iomlán a dhéantar ar fhoclóir, ar ghramadach agus ar fhoghraíocht na mórtheanga. Lena ais sin, agus feidhmiúlacht na mionteanga ag imeacht as, bíonn tréithe na hiomarcaíochta le sonrú ar fhorás an fhoclóra, na gramadaí agus na foghraíochta sa teanga sin. Ainneoin an

próiseas seo a bheith sa tsiúl i bpobail mhionteanga–mórtheanga, dá dhlúithe an pobal agus dá fhaid é ón mórphobal, is ea is lú an laghdú a thagann ar an mionteanga.

2. Cén cumas teanga sa Ghaeilge atá ag an dátheangaí óg sa Ghaeltacht chomhaimseartha — le hais a chumais Bhéarla — i bhfianaise dhinimic na mionteanga in iomaíocht shóisialta leis an mórtheanga? Léiríonn an fhaisnéis i gcás nach mór gach cainteoir gur chun deiridh ar a chumas Béarla atá cumas Gaeilge an dátheangaí óig. Tá trasnú i gceist i ndiaidh aois 4, ach ina dhiaidh sin scarann an cumas sa dá theanga óna chéile go buan. Léirítear i bhfochaibidil 3.2.3 gur aois agus leibhéal sóisialaithe Gaeilge an dá athróg neamhspleácha a léiríonn tionchar ar chumas Gaeilge. Má ghlactar le 50% mar theorainn chumais, is ceithre athróg spleácha a léiríonn cumas os cionn 50% Ghaeilge (< 50%) ar an meán (trí cinn acu idir 50% agus 60%):

    - Foclóir Iomlán: 55.5%[119]
    - Aidiachtaí Comparáideacha: 57%
    - An Forainm Sealbhach *mo* + Séimhiú: 80%
    - Alt + *t*- Ainmfhocal Firinscneach Gaeilge: 56%

    Léiríonn na hathróga spleácha eile (16) cumas íseal sa Ghaeilge. Tugtar thíos na hathróga Gaeilge ar féidir céatadán (> 50%) a chur leo:

    - Claochluithe Tosaigh: 42%
    - Alt + Séimhiú Ainmfhocal Baininscneach: 37%
    - Aidiacht Bhaininscneach + Séimhiú: 26%
    - Marcóirí Dioscúrsa Gaeilge sa Ghaeilge: 13%[120]
    - Freagraí Traidisiúnta sa Bhriathar Substainteach: 46%

    I ngeall ar a fhoclóir teoranta agus a líon foirmeacha míchuí, is féidir a rá go bhfuil cumas íseal Gaeilge ag an dátheangaí óg.

3. Cé na leibhéil fhoráis, laghdaithe agus chúitimh ón mBéarla (i dtéarmaí na Gaeilge Traidisiúnta) atá le sonrú i nGaeilge na ndaoine óga ó aoisghrúpa go

[119] 70% atá i gceist sa Bhéarla.

[120] Le hais 77% sa Bhéarla

haoisghrúpa? Léiríonn an fhaisnéis go bhfanann leibhéil fhoráis na Gaeilge faoi bhun leibhéil an Bhéarla i bhformhór na n-aoisghrúpaí. Tá na línte treochta sealbhaithe Gaeilge thíos faoin mBéarla sna graif ábhartha i gCaibidil 3, agus sa mhéid sin is féidir a rá gur minic is fotheanga, nó scáth-theanga, an Bhéarla í an Ghaeilge sa dátheangachas. Tagann laghdú ar an bhforás Gaeilge idir aois 4 agus aois 8 ach tosaíonn sé ag ardú ina dhiaidh sin. Mar a léiríonn na hathróga cuí, cúitítear na heasnaimh sa Ghaeilge leis an mBéarla i ngach aoisghrúpa.[121] Mar sin, is féidir a rá gur forás mall a thagann ar an nGaeilge, teanga lag an phéire.

4. Cén chaoi a sealbhaíonn páistí i dteaghlaigh Ghaeilge an Béarla a chéaduair? Léiríonn an fhaisnéis go bhfuil foinsí éagsúla ann agus go bhfuil siad ar fad coitianta i saol an duine óig:

    - an teilifís agus meáin leictreonacha eile sa teach cónaithe,
    - ábhar scríofa
    - siblíní níos sine atá ar scoil,
    - gaolta óga eile,
    - comharsana óga,
    - comharsana fásta nach de bhunadh na Gaeltachta iad,
    - an córas scolaíochta,
    - caithimh aimsire agus ócáidí soch-chultúrtha,
    - an baile mór,
    - forais na sochaí móire.

5. Cé na dinimicí sochtheangeolaíochta is cúis leis seo? Léirítear san fhaisnéis gur ag mórtheanga an Bhéarla is mó atá feidhm shóisialta sa Ghaeltacht. Mar sin, tá bac sochtheangeolaíochta — seachas bac teangeolaíochta as féin — ar pháistí Gaeltachta an Ghaeilge a shealbhú go hiomlán, cé gur páistí iad atá ag forbairt go tipiciúil ar gach bealach eile. Go fiú i gcás na gcainteoirí óga is mó cumas sa Ghaeilge, tá bac orthu a gcuid Gaeilge réasúnta bisiúil a chur ag obair cheal deiseanna aschuir. Gaeilge ghlacach nó chéasta, mar sin, atá inti

[121] Is iad na hathróga atá i gceist leicséim bhriathartha Bhéarla + *-áil* / *-ál*, marcóirí dioscúrsa Béarla sa Ghaeilge, yeah agus no sa Ghaeilge agus códmheascadh.

mar nach bhfuil feidhm bhisiúil léi i ngarthimpeallacht daoine óga, ina ngréasáin shóisialta ná i ndiméin oifigiúla, seachas i gcúinsí teoranta ar scoil. Tuigeann na cainteoirí óga is cumasaí sa Ghaeilge nach féidir leo a bheith comhtháite sa chomhluadar sóisialta i nGaeilge bhisiúil. Caithfidh siad Gaeilge Neamhiomlán nó Béarla a labhairt. Ní léir an fiúntas a bhaineann le bheith cumasach inti. Tá an bac feidhme bisiúla ar an nGaeilge ar cheann de na mórdhinimicí faoi mheath na Gaeilge mar, tar éis an tsaoil, ní call do chainteoirí óga í a shealbhú ach go dtí leibhéal feidhme íseal.

5.2. Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge: Tátal Sochtheangeolaíochta

Mar shlat tomhais, léiríonn Graf 3.25 go dtagann forás níos mó ar an mBéarla ná ar an nGaeilge agus gurb é príomhtheanga na gcainteoirí T1 Gaeilge seo é, ó thaobh foclóra de, tar éis aois 4 ar aghaidh. Tar éis na haoise sin, is léir go ndlúthaíonn an Béarla é féin go tréan in inchinn na n-óg. San fhoclóir is bunúsaí, dealraíonn sé nach bhfuil sé de mhianach ag mionteanga na Gaeilge cos a choinneáil leis an mBéarla.

Is féidir a hipitéisiú gur Gaeilge den chuid is mó a shealbhaíonn an cainteoir idir a bhreith agus dhá bhliain d'aois mar gur i gcomhluadar a mhuintire is mó a bhíonn sé i gcaitheamh na mblianta sin. Ó aois 2 ar aghaidh, trí mheán na teilifíse den chuid is mó a thagann an Béarla isteach ina shaol. Is féidir go dtugann an t-ardú ar shealbhú an fhoclóra Gaeilge idir aois 8 agus aois 12 le fios go bhfuil an páiste ag tabhairt na Gaeilge leis go hoideachasúil ón scoil agus cuid den am ó dhaoine fásta ceannasacha i bhforais agus i ngréasáin fhoirmiúla eile (m.sh. cumainn spóirt). Tugann an easpa foráis ar an acmhainn Ghaeilge idir aois 12 agus aois 16 le fios, áfach, go dtagann deireadh leis an tréimhse réasúnta bisiúil Gaeilge sin agus daoine óga isteach sna déaga, agus go deimhin gur buaicthréimhse sealbhaithe Gaeilge í aois 12. Faoin aois sin, agus an duine óg ag dul isteach sa scoil dara leibhéal, is minic is ríléir dó an éagothroime ábhalmhór idir an Ghaeilge agus an Béarla mar mheáin chumarsáide fhorleathana agus mar mheáin léinn. As sin amach, mar a léiríonn an bhearna san acmhainn idir an dá theanga, is é an Béarla is mó a chuireann siad ag obair, go fulangach agus go bisiúil araon. I dTábla 5.1, hipitéisítear ón bhfaisnéis (go háirithe Graf 3.25) go bhfuil ceann den dá theanga níos láidre ó thaobh an tsealbhaithe de ag tréimhsí éagsúla.

Tábla 5.1 Sealbhú Hipitéiseach i gCróineolaíocht na Teanga is Láidre

0–4	Gaeilge	baile (muintir, siblíní, gaolta eile)
2–4	Béarla	teilifís
4–8	Béarla	teilifís, gréasáin shóisialta scaoilte (comhaoisigh)
8–12	Gaeilge	baile (muintir), scoil (foghlaim oideachasúil), gréasáin shóisialta fhoirmiúla (ceannsaithe fásta, cumainn)
12–16	Béarla	gréasáin shóisialta (comhaoisigh), forais oifigiúla an tsaoil mhóir, na meáin (teilifís, idirlíon), ábhair scoile ilghnéitheacha

Ainneoin na miondifríochta sna slata tomhais aoise, tagann an hipitéis sin le graf hipitéise Uí Churnáin (2012: 353–4) ina leagtar amach ceannas na mionteanga ag an aois is óige (trí bliana), an trasnú sa sealbhú ag thart ar aois 6, agus an meath (díshealbhú) ar an mionteanga agus an forás ar an mórtheanga idir aois 6 agus aois 12.

Ainneoin an mheatha ghinearálta, tá comhartha na 'hacmhainne chun gnímh'[122] san fhaisnéis. Má tá cainteoirí níos cumasaí sa Ghaeilge ná sa Bhéarla roimh aois 4 agus má thagann borradh áirithe faoi shealbhú na Gaeilge idir 8 aois agus aois 12, tugann sin le fios gur féidir sainiarrachtaí idirghabhála a dhéanamh idir aois 4 agus aois 8 féachaint le sealbhú na Gaeilge sna blianta sin a threisiú agus a chosaint ar dhealaitheacht an Bhéarla.

Tá féidearthacht eile fós ann, áfach. Ní gá go léiríonn an fhaisnéis go dtagann feabhas ar Ghaeilge na n-óg idir aois 8 agus aois 12. Is féidir go léiríonn sé go bhfuil Gaeilge aoisghrúpa 8 a rugadh i 2002 / 2003 níos neamhiomláine ná an Ghaeilge a bhí ag aoisghrúpa 12 nuair a bhí siadsan ocht mbliana d'aois i 1998 /1999. Thabharfadh sé sin le fíos go bhfuil an Ghaeilge ag pointe níos foircní ar an gcointeanóid mheatha i 2011 ná a bhí i 2007.

5.2.1 Aoisghrúpa 4

Is léir nach bhfuil dlús ná iltoise optamach sna himeachtaí sóisialaithe Gaeilge a bhíonn ar bun ag cainteoirí Gaeilge tar éis aois 4 leis an teanga a chosaint ar an mBéarla. Go fiú agus sáriarrachtaí á ndéanamh ag a muintir, briseann foinsí na mórtheanga isteach orthu idir an teilifís, meáin leictreonacha uileláithreacha eile,

[122] Féach lgh. 46–7.

chomhaoisigh, agus ghréasáin agus fhorais na sochaí móire timpeall orthu. B'fhéidir go léiríonn an bhearna idir iompar códmheasctha na bpáistí agus a máithreacha an fás a tháinig ar thionchar na bhfoinsí sin idir an dá ghlúin. Cé nach bhfuil na teorainneacha idir an dá theanga soiléir ina n-inchinn go fóill, tugann códmheascadh aontreoch a bhformhóir le fíos, is cosúil, go bhfuil míshealbhú nó díshealbhú na Gaeilge ar bun cheana féin. Chomh maith leis sin, tá impleachtaí tromchúiseacha don Ghaeilge i gcineál agus i gcáilíocht an chódmheasctha atá ar bun acu. Is i mBéarla atá an chuid is mó den phragmataic agus de na focail a thugann eochair chéille an fhriotail i gcaint an aosa óig. Agus an treocht sin faoina n-iompar teanga, is mó de dhíshealbhú ar an nGaeilge agus d'fhorshealbhú ar an mBéarla a dhéanfas cainteoirí óga de réir mar a théann siad in aois.

5.2.2 Aoisghrúpa 8

Má ghlactar le haois 8 mar thréimhse chriticiúil i sealbhú teanga, tugann an fhaisnéis le fios go bhfuil sealbhú na Gaeilge ag an bpointe is ísle ar fad ag tráth a gátair is mó. Tugann an fhaisnéis le fios gur ceannródaithe teanga iad lucht aois 8 i dtaca le líon na nuálacha agus na struchtúr neamhthraidisiúnta atá á dtabhairt isteach sa Ghaeilge acu. Is féidir go leathfaidh na nuálacha sin chuig cainteoirí óga eile ach is dóichí nach bhfuil sé d'am, de spás ná de dhlús ag mionteanga na Gaeilge glacadh le nuálacha teanga ar bhonn forleathan fadtéarmach.

Léiríonn próifílí sóisialta na gcainteoirí in aoisghrúpa 8 go bhfuil an Ghaeilge cúlaithe isteach sa teaghlach agus gur lena muintir (máthair, athair, seanmháthair, seanathair, uncailí, aintíní agus roinnt gaolta óga cuid den am) is mó a labhraíonn siad í. Ní hin le rá gur dún daingean Gaeilge é an teach cónaithe, áfach. Is é an Béarla teanga fheidhmiúil na meán leictreonach, cluichí ríomhaireachta agus na teilifíse ach go háirithe. Bíonn cuid de na faisnéiseoirí ag spraoi le Béarlóirí comhaoiseacha sa teach agus dealraíonn sé gur Béarla a labhraíonn siad le gaolta óga (col ceathracha agus siblíní) cuid mhór den am. Taobh amuigh den teach, dealraíonn sé gurb é an Béarla príomhtheanga shóisialta na scoile agus na ngréasán a eascraíonn as.

Fiú i measc na gcainteoirí a ndéanann a muintir a ndícheall an t-ionchur Gaeilge a choinneáil ag leibhéal coibhneasta ard, tá guagacht agus íogaire na teanga le sonrú. Mar shampla, i gcás Fa8, an dara cainteoir is mó in aoisghrúpa 8 a bhfuil acmhainn

aige ar an bhfoclóir Gaeilge agus an té is mó a bhfuil na claochluithe tosaigh Gaeilge aige, léiríonn sé móreaspa acmhainne ar réimsí eile den teanga. Níl acmhainn aige ar na haidiachtaí comparáideacha, tá neart leicséimí briarthartha Béarla, briathra neamhthraidisiúnta agus marcóirí dioscúrsa Béarla aige, agus códmheascann sé go minic.[123] Mar sin, ní leor ionchur mór foclóra sa mhionteanga ag aois óg le go gcoinneoidh sí cos leis an mórtheanga. Níl an phreab chéanna i lingchlár na Gaeilge is atá i lingchlár an Bhéarla (féach fochaibidil 3.2 agus Bates agus Goodman 1999).

5.2.3 Aoisghrúpa 12

Tagann an fhaisnéis maidir leis an gcódmheascadh in aoisghrúpa 12 leis an hipitéis i dTábla 5.1. Tagann laghdú ar na hócáidí códmheasctha agus méadú ar shealbhú an fhoclóra Gaeilge i gcomparáid leis an mBéarla idir aois 8 agus aois 12.

Léirítear an patrún sóisialaithe ginearálta céanna in aoisghrúpa 8 agus in aoisghrúpa 12. Tugann go leor de na tuismitheoirí le fios gur cor cinniúnach i dtaca le teanga a gclainne de iad ag dul isteach sa chóras scolaíochta. Tá go leor páistí nár chaith a mblianta tosaigh sa Ghaeltacht sna scoileanna sin agus arb é an Béarla a dteanga dhúchais agus / nó a bpríomhtheanga. Is Béarla a labhraíonn muintir na bpáistí sin leo sa bhaile, fiú tuismitheoirí arb as an gceantar ó dhúchas iad. Tá na faisnéiseoirí ag sóisialú leis na páistí sin taobh amuigh den scoil freisin agus tá cuid acu tiontaithe ar an mBéarla sa bhaile agus iad ag labhairt lena siblíní. Mar léiriú ar thréine mheath na Gaeilge, tugann roinnt tuismitheoirí faoi deara go bhfuil Gaeilge a bpáistí féin éagsúil le chéile. Fiú agus gan an oiread sin de bhearna aoise eatarthu, tá níos mó Béarla ag an dream is óige agus níos mó de thionchar an Bhéarla ar a gcuid Gaeilge.

Ina dhiaidh sin féin, tá an laghdú ar an gcódmheascadh agus an méadú ar shealbhú an fhoclóra Gaeilge le míniú. Hipitéisítear anseo go dtagann méadú ar na foinsí Gaeilge (chomh maith leis na foinsí Béarla) i saol an duine óig idir aois 8 agus aois 12. Gaeilge a labhraíonn a muintir leo sa bhaile i gcónaí; treisíonn an fhoghlaim oideachasúil — idir an Ghaeilge mar ábhar scoile agus roinnt ábhar eile trí mheán na Gaeilge; agus is mó páirt a ghlacann na páistí i ngréasáin shóisialta fhoirmiúla — ar nós cumainn spóirt — a bhfuil daoine fásta a labhraíonn Gaeilge ina mbun. Gan

[123] Léiríonn cainteoirí in aoisghrúpaí eile, Bb12 agus Bc16 mar shampla, an patrún céanna.

amhras, níl na foinsí Gaeilge institiúideacha chomh láidir leis na foinsí Béarla, go háirithe an sóisialú comhaoiseach, ach is dálaí fabhracha don Ghaeilge iad.

5.2.4 Aoisghrúpa 16

Críochphointe an tsealbhaithe sa taighde seo is ea aois 16. Léiríonn an laghdú a thagann ar an acmhainn Ghaeilge i gcomparáid leis an mBéarla go méadaíonn agus go neartaíonn foinsí Béarla na gcainteoirí óga as an nua idir aois 12 agus aois 16. Hipitéisítear anseo gur dlúithe a éiríonn na gréasáin shóisialta idir chomhaoisigh sna blianta seo, gur mó teagmháil atá acu le forais an tsaoil mhóir, go dtreisíonn an fheidhm a bhaineann siad as na meáin leictreonacha agus gur i mBéarla freisin a dhéantar cuid mhór den fhoghlaim oideachasúil.

Léiríonn an dírinsint go bhfuil tuiscint níos forbartha ag lucht aoisghrúpa 16 ar chúrsaí feasachta teanga ná ag na cainteoirí sna haoisghrúpaí is óige, agus bheifí ag súil go bhfuil an teorainn idir Gaeilge agus Béarla níos forbartha ina n-inchinn. Ní hin le rá, áfach, go mbeidh an teorainn idir an dá theanga chomh forbartha céanna — i gcúinsí meatha mionteanga — i measc lucht na n-aoisghrúpaí eile faoin am a mbeidh siadsan 16 bliana. Is féidir go mbeidh Gaeilge aoisghrúpa 4, nuair a bheas siad 16 bliana i 2022, níos easnamhaí ná Gaeilge aoisghrúpa 8 nuair a bheas siadsan 16 bliana i 2018, agus aoisghrúpa 12 nuair a bheas siadsan 16 bliana i 2014. Más cruinn na difríochtaí idir iompar teanga cailíní agus buachaillí a thuairiscíonn na faisnéiseoirí iad féin agus más cruinn an treocht sna graif maidir le gnéas i gCaibidil 3, is lú Gaeilge (nó is mó Gaeilge Neamhiomláine) a bheidh ag na cailíní.

5.3 Achoimre ar Léargais Nua a eascraíonn ón Taighde

Is léir ón achoimre ar na haoisghrúpaí thuas go gcothaíonn an mhoill aoise ar shealbhú na mionteanga easpa feidhme na mionteanga. Tá an mhoill agus an easpa feidhme fite fuaite ina chéile ó tá sealbhú mall na mionteanga ag titim amach taobh amuigh de na gnáthchúinsí ama a bhaineann le feidhm teanga. Go deimhin, tacaíonn an staidreamh agus an tsuntasacht staitistiúil a bhaineann le hathróg na haoise leis an áiteamh gur deacra mionteanga T1 ná mórtheanga T2 a shealbhú faoi réir cúinsí sochtheangeolaíochta an dátheangachais dhealaithigh. Déantar achoimre anseo ar na léargais nua a eascraíonn ón taighde, agus dírítear ach go háirithe ar athróg na haoise i bpointí 1–6:

- Tá trasnú áirithe idir an Ghaeilge agus an Béarla ag aois 4 agus sin an uair dheireanach a bhíonn cumas sa dá theanga chomh gar sin dá chéile.
- Thar aon ghrúpa eile, is lucht aoisghrúpa 8 is mó a léiríonn an t-easnamh Gaeilge agus an tréansealbhú a dhéanann daoine óga ar an mBéarla i gcomparáid leis an nGaeilge. Dá bharr sin, is dócha, is iad is mó a léiríonn nuálacha idirtheanga.
- Tagann an cumas sa dá theanga níos cóngaraí dá chéile ag aois 12. Léiríonn Graf 3.22 an tsuntasacht staitistiúil a bhaineann leis an mbearna idir aoisghrúpaí 8 agus 12.
- Tá an difríocht sa chumas idir an dá theanga mórán mar a chéile ag aois 12 agus atá ag aois 16, deireadh an phróisis sealbhaithe.
- Léiríonn Graif 3.23 agus 3.24 go míníonn aois 45% den athraitheacht i méid an fhoclóra Gaeilge agus 54% den athraitheacht i méid an fhoclóra Béarla Deimhníonn an p-luach (< 0.0001) iontaofacht an toraidh.
- Nuair a chuirtear aois, sóisialú i nGaeilge agus teilifís le chéile mar fhachtóirí, léirítear go míníonn siad 54% den athraitheacht i méid an fhoclóra Gaeilge, ach gurb í aois i gcónaí an fachtóir is suaithinsí. Arís, deimhníonn an p-luach (< 0.004) iontaofacht an toraidh.
- Tá focail áirithe chomh neamhchoitianta i nGaeilge gach aoisghrúpa go bhfuil mós meath iomlán tagtha orthu. Áiritear ina measc *fabhraí*, *carbad*, *bainbh* agus *ulchabhán*, mar shampla.
- Léiríonn Graf 3.31 go míníonn méid an fhoclóra Gaeilge 82% den athraitheacht i dtáirgeadh aidiachtaí comparáideacha, thar aois agus shóisialú i nGaeilge. Deimhníonn an p-luach (< 0.0001) iontaofacht an toraidh.
- Ainneoin a bhfuil i nGraf 3.31, ní leor ionchur tréan foclóra ag aois óg le cumas gramadaí a chinntiú mar a léiríonn Fa8, mar shampla, a bhfuil neart foclóra aige ach acmhainn íseal ar an ngramadach.
- Tá cáilíocht agus cainníocht an chódmheasctha cosúil le chéile ó aoisghrúpa go haoisghrúpa tríd is tríd (taobh amuigh d'aoisghrúpa 8).
- Tá an forchódmheascadh tagtha chun cinn go mór in aoisghrúpa 8.
- Labhraíonn níos mó cailíní ná buachaillí Béarla ag aois 16.

5.4. Clabhsúr

Ní mór ar deireadh achoimre a dhéanamh ar an siondróm sochtheangeolaíochta is sealbhú neamhiomlán ann mar a cuireadh i láthair é i gcás na Gaeilge sa taighde seo. Leagtar amach an siondróm idir shocheolaíocht agus theangeolaíocht i dTábla 5.2.

Tábla 5.2 Siondróm an tSealbhaithe Neamhiomláin (T1 Gaeilge)

Socheolaíocht	Teangeolaíocht
Mionlú na teanga sa phobal dúchais féin	Forás mall ar shealbhú na mionteanga i gcomparáid le forás bisiúil tréan ar an mórtheanga
Creimeadh ar dhlús an phobail urlabhra	Acmhainn theoranta ar fhoclóir bunúsach na mionteanga le hais mhéid an fhoclóra sa mhórtheanga
Laige agus scáinteacht na ngréasán teanga a bhfuil an sealbhú iomlán feidhmiúil iontu	Easnaimh sa mhionteanga cúititheag struchtúir na mórtheanga i ngach réimse teangeolaíochta
Laghdú ar fheidhm na mionteanga ag aois an-óg	Aonstíleachas sa mhionteanga
Moill agus bac ar phróiseas sealbhaithe na mionteanga le hais na mórtheanga i gcúinsí easpa feidhme	Bisiúlacht na pragmataice cumarsáide sa mhórtheanga i gcomparáid le heaspa mós iomlán na pragmataice sa mhionteanga
Teorainn ar acmhainn an teaghlaigh seachadadh idirghlúineach na mionteanga a chinntiú	Forleithne uilechatagóireach an chódmheasctha aontreoch
Teorainn ar acmhainn na bhforas tacaíochta pobail — go háirithe na scoileanna — próiseas sealbhaithe na mionteanga a neartú nó cúiteamh suntasach a dhéanamh ar na laigí socheolaíochta	Teacht chun cinn an fhorchódmheasctha agus idirtheangú na mionteanga ar chointeanóid an aistrithe teanga iomláin

Mar sin, ní aicsím fhorghinearálta an athraithe teanga a thagann as an staidéar seo, ach torthaí sealbhaithe mionteanga, arb ionann é agus easnamhú teanga sna dálaí sár-iarnua-aoiseacha comhaimseartha. Tá an Ghaeilge ag athrú mar go bhfuil na heasnaimh sa sealbhú tosaigh, láir agus deiridh á líonadh ag Béarla. Is é sin ní féidir léi ach a bheith ag athrú i dtreo an Bhéarla go príomha — athrú paiteolaíoch seachas athrú tipiciúil. Ní mór an t-idirdhealú sin a chur i bhfeidhm agus taighde sochtheangeolaíochta ar bun i leith na Gaeilge comhaimseartha. Tugann an fhaisnéis sa taighde seo le fios go bhfuil an Ghaeilge ina teanga réasúnta láidir ag roinnt dátheangaithe óga ag tráthanna áirithe dá saol, go háirithe ag aois 4 agus ag aois 12 agus d'fhéadfaí taighde sainspriocaithe a thionscnamh ar conas mar is féidir an

Ghaeilge a fhorthreisiú ag na haoiseanna sin ionas nach mbeidh a feidhm imeallaithe faoi aois 8 agus aois 16.[124] Is léiriú beag ar an bhféidearthacht sin an sealbhú atá déanta sa naíonra is cosúil ar *ulchabhán* ag triúr as an gceathrar in aoisghrúpa 4. Beirt as an ochtar in aoisghrúpa 16 a léiríonn acmhainn ar an bhfocal sin. In éagmais an fhorthreisithe, is féidir gur méadú ar líon na ndátheangaithe glacacha an chéad chéim eile sa phróiseas dealaitheach — daoine óga a thuigeann Gaeilge Neamhthraidisiúnta nó Neamhiomlán ach nach labhraíonn ach mórtheanga an Bhéarla sa tsochaí.

[124] Dar ndóigh, baineann an forthreisiú le hábhar i gcás na n-aoisghrúpaí eile.

TAGAIRTÍ

Allen, S. E. M., Crago, M. & Pesco, D. (2006) 'The Effect of Majority Language Exposure on Minority Language Skills: The Case of Inuktitut' *The International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* 9 (5). 578–96.

Auer, P. (1998) 'Introduction: Bilingual Conversation Revisited' i P. Auer (eag.) *Code-Switching in Conversation: Language, interaction and identity*. Londain / Nua Eabhrac: Routledge. 1–24.

Baker, C. (2003) 'Education as a Site of Language Contact' *Annual Review of Applied Linguistics* 23. 95-112.

Baker, C. (2006, an chéad eagrán 1993) *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism*. Clevedon: Multilingual Matters.

Bates, E. & Goodman, J. (1999) 'On the Emergence of Grammar from the Lexicon' i B. MacWhinney (eag.) *The Emergence of Language*. Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum. 29–79.

Bavin, E. L. (eag.) (2009) *The Cambridge Handbook of Child Language*. Cambridge: Cambridge University Press.

Bialystok, E. (2001) *Bilingualism in Development*: *Language, Literacy, and Cognition*. Cambridge: Cambridge University Press.

Bowern, C. (2008) *Linguistic Fieldwork*: *A Practical Guide*. Hampshire / Nua Eabhrac: Palgrave Macmillan.

Caldas, S. J. (2006) *Raising Bilingual-Biliterate Children in Monolingual Cultures*. Clevedon: Multilingual Matters.

Crystal, D. (2000) *Language Death*. Cambridge: Cambridge University Press.

Crystal, D. (2005) *How Language Works*. Londain: Penguin.

Cummins, J. (2000) *Language, Power and Pedagogy: Bilingual children in the crossfire*. Clevedon: Multilingual Matters.

Cummins, J. (2001) 'Bilingual Children's Mother Tongue' *Sprogforum 19*:

inet.dpb.dpu.dk/infodok/sprogforum/Espr19/CumminsENG.pdf

Daller, M., Yıldız, C., de Jong, N. H., Kan, S. & Başbagi, R. (2010) 'Language dominance in Turkish-German bilinguals: methodological aspects of measurements in structurally different languages' *International Journal of Bilingualism* 15 (2). 215–36.

de Bhaldraithe, T. (1977, an chéad eagrán 1953) *Gaeilge Chois Fhairrge: An deilbhíocht*. BÁC: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

de Houwer, A. (2007) 'Parental Language Input Patterns and Children's Bilingual Use' *Applied Psycholinguistics* 28. 411–24.

Dorian, N. C. (1981) *Language Death: The life cycle of a Scottish Gaelic dialect*. Philadelphia: University of Pennsylvania Press.

Dressler, W. U. (1996) 'Language Death' i R. Singh (eag.) *Towards a Critical Sociolinguistics*. Amstardam: John Benjamins. 195–210.

Dubois, S. & Melançon, M. (1997) 'Cajun is Dead – Long Live Cajun: Shifting from a linguistic to a cultural community' *Journal of Sociolinguistics* 1/1. 63–97.

Eilers, R. E., Pearson, B. Z. & Cobo-Lewis, A. B. (2006) 'Social Factors in Bilingual Development: The Miami Experience', i E. Hoff & P. McCardle (eag.í) *Childhood Bilingualism: Research on Infancy through School Age*. Multilingual Matters. Clevedon / Buffalo / Toronto. 28–90.

Fishman, J. A. (1991) *Reversing Language Shift*. Clevedon: Multilingual Matters.

Fletcher, P. & MacWhinney B. (eag.í) (1996) *The Handbook of Child Language Acquistion*. MA: Blackwell.

Francis, N. (2005) 'Research Findings on Early First Language Attrition: Implications for the discussion on critical periods in language acquisition' *Language Learning* 55 (3). 491–531.

García, O. (2008) *Bilingual Education in the 21st Century: A global perspective*. MA: Wiley-Blackwell.

Gathercole, V. & Thomas, E. M. (2005). 'Minority language survival: Input factors influencing the acquisition of Welsh' i J. Cohen, K. T. McAlister, K. Rolstad & J. McSwan (eag.í) *ISB4: Proceedings of the 4th International Symposium on Bilingualism*. Somerville, MA: Cascadilla Press. 852–74.

Gathercole, V. & Thomas, E. M. (2009) 'Bilingual first-language development: Dominant language takeover, threatened minority language take-up' *Bilingualism: Language and Cognition* 12 (2). 213–37.

Goodluck, H., Guilfoyle, E. & Harrington, S. (2001) 'Acquiring Subject and Object Relatives: Evidence from Irish' *Journal of Celtic Language Learning* 6. 21–33.

Hagège, C. (2009, an chéad eagrán (Fraincise) 2000) *On the Death and Life of Languages*. New Haven / Londain: Yale University Press.

Harris, J., Forde, P., Nic Fhearaile, S. & O'Gorman, M. (2006) *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí náisiúnta fadtéarmacha in inniúlacht / Irish in Primary Schools: Long-term national trends in achievement.* BÁC: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Hart, B. & Risley, T. R. (1995) *Meaningful Differences in the Everyday Experiences of Young American Children*. Baltimore, MD: Paul H. Brookes.

Hart, B. & Risley, T. R. (1999) *The Social World of Children Learning to Talk*. Baltimore, MD: Paul H. Brookes.

Hickey, T. (1990) 'The acquisition of Irish: a study of word order development' *Child Language* 17. 17–41.

Hickey, T. (1992) 'The acquistion of Irish as first language: what do we know?' i D. Ó Baoill (eag.) *Insealbhú na Gaeilge mar chéad teanga* BÁC: Irish Association for Applied Linguistics. 1–25.

Hickey, T. (1993) 'Identifying formulas in first language acquisition' *Child Language* 20. 27– 41.

Hickey, T. (1999) *Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta & Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Hickey, T. (2009) 'Code-switching and borrowing in Irish' *Journal of Sociolinguistics* 13 (5). 670–88.

Hobsbawm, E. (2007) *Globalisation, Democracy and Terrorism*. Londain: Little, Brown.

Kerswill, P. (1996) ‘Milton Keynes and dialect levelling in south-eastern British English’ i D.Graddol, D. Leith & J. Swann (eag.í) *English: History, Diversity and Change*. Londain: Routledge. 292–300.

Koven, M. (2007) *Selves in Two Languages: Bilinguals’ verbal enactments of identity in French and Portuguese*. Amstardam: John Benjamins.

Krauss, M. (1992) ‘The World’s Languages in Crisis’ *Language* 68 (1). 4–24.

Labov, W. (2001) *Principles of Linguistic Change: Social Factors*. Oxford: Blackwell

La Morgia, F. (2010) *Bilingual First Language Acquisition: The Nature of the Weak Language and the Role of the Input*. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Lenoach, C. (2009) *Próifíl Shocheacnamaíoch agus Dhéimeagrafaíoch de Thoghroinn an Turlaigh (Ros Muc), Contae na Gaillimhe*. Neamhfhoilsithe.

Lenoach, C. (2012) ‘An Ghaeilge Iarthraidisiúnta agus a Dioscúrsa’ i C.Lenoach, C. Ó Giollagáin & B. Ó Curnáin (eag.í) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas.* Indreabhán: Leabhar Breac. 19–109.

Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. & Ó Curnáin, B. (eag.í) (2012) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas.* Indreabhán: Leabhar Breac.

Mac Con Raoi, C. (2011) ‘Mo Scéal Féin i mo Dhá Theanga Féin’: Teanga, Códmheascadh, Pearsa agus Féiniúlacht i Reacaireacht Dátheangóirí Óga as Gaeltacht Thír Chonaill. Tráchtas neamhfhoilsithe MA. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha A. & Ní Mhainnín, T. (2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Maschler, Y. (1998) ‘On the transition from code-switching to a mixed code’ i P.Auer (eag.) *Code-Switching in Conversation: Language, interaction and identity*. Londain / Nua Eabhrac: Routledge. 125–49.

McCarty, T. L., Romero-Little, M. E., Warhol, L. & Zepeda, O. (2009) 'Indigenous Youth as Language Policy Makers' *Journal of Language, Identity and Education* 8. 291–306.

Mesthrie, R., Swann, J., Deumert, A. & Leap, W. L. (2000) *Introducing Sociolinguistics*. Dún Éideann: Edinburgh University Press.

Montrul, S. A. (2008) *Incomplete Acquisition in Bilingualism: Re-examining the Age Factor*. Amstardam / Philadelphia: John Benjamins.

Myers-Scotton, C. (2007, an chéad eagrán 1997) 'Code-switching' i F. Coulmas (eag.) *The Handbook of Sociolinguistics*. MA: Blackwell. 217–37.

Nic Cionnaith, P. (2012) 'Loiceadh Córas: Léargas Tuismitheoirí ar an gCóras Oideachais sa Ghaeltacht', i C. Lenoach, C. Ó Giollagáin & B. Ó Curnáin (eag.í) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas.* Indreabhán: Leabhar Breac. 144–70.

Ní Chonchúir, A. (2012) 'Feasacht Sochtheangeolaíochta agus Riachtanais Siollabais Chainteoirí Dúchais na Gaeltachta', i C. Lenoach, C. Ó Giollagáin & B. Ó Curnáin (eag.í) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas.* Indreabhán: Leabhar Breac. 110–43.

Ní Laoire, S. (2012) 'Teangacha i dteagmháil: Códmhalartú, Piseanú agus Criólú' i T. Ó hIfearnáin & M. Ní Neachtain (eag.í) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. BÁC: Cois Life.

Ó Baoill, D. (1992) 'Developmental Stages in the Acquisition of Irish Phonology and Initial Mutations' i D. Ó Baoill (eag.) *Insealbhú na Gaeilge mar chéad teanga* BÁC: Irish Association for Applied Linguistics. 54–73.

Ó Curnáin, B. (2007) *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*. BÁC: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Curnáin, B. (2009) 'Mionteangú na Gaeilge' i B. Ó Catháin (eag.) *Sochtheangeolaíocht na Gaeilge: Léachtaí Cholm Cille* 39. Maigh Nuad: An Sagart. 90–153.

Ó Curnáin (2012) 'An Ghaeilge Iarthraidisiúnta agus an Phragmataic Chódmheasctha Thiar agus Theas' i C. Lenoach, C. Ó Giollagáin & B. Ó

Curnáin (eag.í) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas.* Indreabhán: Leabhar Breac. 284–364.

Ó Flatharta, P. (2007) *Struchtúr Oideachais na Gaeltachta*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Giollagáin, C. (2002) 'Scagadh ar Rannú Cainteoirí Comhaimseartha Gaeltachta: Gnéithe d'antraipeolaíocht teangeolaíochta phobal Ráth Cairn' *The Irish Journal of Anthropology* 6. 25–56.

Ó Giollagáin, C. (2005) 'Gnéithe d'Antraipeolaíocht Theangeolaíoch Phobal Ros Muc, Co. na Gaillimhe' i J. Kirk & D. Ó Baoill (eag.í), *Legislation, Literature and Sociolinguistics: Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland*. Belfast Studies in Language, Culture and Politics 13. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona. 138–62.

Ó Giollagáin, C. (2008) 'Linguistic Dimensions of the Globalised Frontier: Old and New Minorities in Contact and in Context' *International Journal of Anthropology*, 23 (3–4). 247–60.

Ó Giollagáin, C. (2012) 'An Mionteangachas agus na hEolaíochtaí Teanga' i C. Lenoach, C. Ó Giollagáin & B. Ó Curnáin (eag.í) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas.* Indreabhán: Leabhar Breac. 193–236.

Ó Giollagáin, C. (2014a) 'Unfirm ground: a re-assessment of language policy in Ireland since independence' *Language Problems & Language Planning* 38 (1).

Ó Giollagáin, C. (2014b) 'From Revivalist to Undertaker: new developments in official policies and attitudes to Ireland's first language' *Language Problems & Language Planning* 38 (2).

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O'Brien, M. (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil chríochnaitheach*. BÁC: Oifig an tSoláthair.

Ó Giollagáin, C. & Charlton, M. (2014) *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch*: *2006–2011*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

Ó Riagáin, P. (1997) *Language Policy and Social Reproduction, Ireland 1893–1993*. Oxford: Oxford University Press.

O'Toole, C. & Fletcher, P. (2008) 'Developing assessment tools for bilingual and minority language acquisition' *Journal of Clinical Speech and Language Studies.* 16. 12–27.

Paradis, J., Tremblay, A. & Crago, M. (2008). 'Bilingual children's acquisition of English inflection: The role of language dominance and task type' i H. Chan, H. Jocob & E. Kapia (eag.í) *Boston University Conference on Language Development 32 Proceedings*. Somerville, MA: Cascadilla Press. 378–89.

Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J. (2014) *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach*: *An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Pearson, B. Z., Fernández, S. C., Lewedeg, V. & Oller, K. (1997) 'The Relation of Input Factors to Lexical Learning by Bilingual Infants' *Applied Psycholinguistics* 18. 41–58.

Pyers, J. E., Gollan, T. H. & Emmorey, K. (2009) 'Bimodal bilinguals reveal the source of tip-of-the-tongue states' *Cognition* 112. 323–9.

Ross, M. (2007) 'Calquing and Metatypy' *Journal of Language Contact* – THEMA 1. http://citeseerx.ist.psu.edu/viewdoc/download?doi=10.1.1.112.1557&rep=rep1&type=pdf

Scheele, A. F., Leseman, P. P. M. & Mayo, A. Y. (2010) 'The home language environment of monolingual and bilingual children and their language proficiency' *Applied Psycholinguistics* 31. 117–40.

Schmid, M. S. (2010) 'Languages at Play: The relevance of L1 attrition to the study of bilingualism' *Bilingualism: Language and Cognition* 13 (1). 1–7.

Schmidt, A. (1985) *Young People's Dyirbal: An example of language death from Australia*. Cambridge: Cambridge University Press.

Schmitt, E. (2010) 'When Boundaries are Crossed: Evaluating language attrition data from two perspectives' *Bilingualism: Language and Cognition* 13 (1). 63–72.

Sherkina-Lieber, M., Perez-Le Roux, A. T. & Johns, A. (2011) 'Grammar without speech production: The case of Labrador Inuttitut heritage receptive bilinguals' *Bilingualism: Language and Cognition* 14 (3). 301–17.

Sneath, D. (1994) 'The Impact of the Cultural Revolution in China on the Mongolians of Inner Mongolia' *Modern Asian Studies* 28 (2). 409–30.

Steinberg, D. D. & Sciarini, N. V. (2006) *An Introduction to Psycho-linguistics*.Harlow: Pearson Longman.

Stolberg, D. & Münch, A. (2010) '"Die Muttersprache Vergisst man nicht" – or do you? A case study in L1 attrition and its (partial) reversal' *Bilingualism*: *Language and Cognition* 13 (1). 19–31.

Tagliamonte, S. A. & D'Arcy, A. (2009) 'Peaks beyond Phonology: Adoslescence, Incrementation and Language Change' *Language* 85 (1). 58–108.

Tomasello, M. (1992) 'The Social Bases of Language Acquisition' *Social Development* 1 (1). 67–87.

Torres, L. (2011) 'Spanish in the United States: Bilingual Discourse Markers' i M. Diaz-Campos (eag.) *The Handbook of Spanish Sociolinguistics*. MA: Blackwell. 493– 503.

Trudgill, P. (1983, an chéad eagrán 1974) *Sociolinguistics: An Introduction to Language and Society*. Londain: Penguin.

Wright, S. C., Taylor, D. M. & Macarthur, J. (2000) 'Subtractive Bilingualism and the Survival of the Inuit Language: Heritage- Versus Second-Language Education' Journal of Educational Psychology 92 (1). 63–84.

Yuzhu, B. (2008) 'A Study of Language Contact and Shift in Harqin of Ningcheng County, Inner Mongolia' *Chinese Education and Society*, 41(6). 71–93.

AGUISÍN 1: Cód na bhFaisnéiseóirí

F = fireann; B = baineann.

Is ionann an uimhir i ngach cód agus aois an fhaisnéiseora.

Tugtar aois i mblianta agus míonna idir na lúibíní.

Aoisghrúpa 4	**Aoisghrúpa 8**	**Aoisghrúpa 12**	**Aoisghrúpa 16**
Fa4 (4;11)	Fa8 (8;1)	Fa12 (11;3)	Fa16 (15;5)
Ba4 (4;0)	Fb8 (8;2)	Fb12 (12;1)	Fb16 (16;6)
Bb4 (4;6)	Fc8 (7;4)	Fc12 (11;7)	Fc16 (17;6)
Bc4 (4;0)	Fd8 (8;3)	Fd12 (11;3)	Fd16 (16;4)
	Fe8 (8;4)	Ba12 (11;7)	Ba16 (16;6)
	Ff8 (7;11)	Bb12 (12;2)	Bb16 (15;11)
	Ba8 (8;1)	Bc12 (12;5)	Bc16 (17;2)
	Bb8 (8;3)	Bd12 (11;6)	Bd16 (17;0)
	Bc8 (8;0)	Be12 (11;3)	
	Bd8 (7;9)	Bf12 (11;2)	
	Be8 (7;8)		

AGUISÍN 2.1: Litir chuig stiúrthóir naíonra

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Áras Uí Chadhain

An Cheathrú Rua

Co na Gaillimhe.

Re: Taighde in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

A Stiúrthóir, a chara,

Beannachtaí! Is mian liom do chomhoibriú a iarraidh ort. Tá mise, Ciarán Lenoach, ag tabhairt faoi thráchtas dochtúireacha in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir leis an dátheangachas sa nGaeltacht chomhaimseartha. Chuige sin, ba mhian liom samplaí teanga a fháil ó roinnt gasúr i do naíonra ionas gur féidir liom anailís a dhéanamh ar a n-acmhainn Gaeilge agus Béarla araon i bhfianaise chúinsí nua-aoiseacha teanga na Gaeltachta. Ba mhian liom labhairt le deichniúr gasúr (cúigear cailíní agus cúigear buachaillí) idir trí bliana agus ceithre bliana d'aois.

Ní mór, i gcás gach duine de na gasúir, gurb í an Ghaeilge an teanga baile atá acu. Tá súil agam, le caoinchead uaitse, labhairt leis na gasúir ar láthair an naíonra agus sa mbaile le linn an togra taighde seo.

Dar ndóigh, ní mór cead a fháil ó thuismitheoirí na ngasúr sular féidir tús a chur le taighde den tsórt seo. Chuige sin, tá bileog eolais agus foirm cheada iniata leis seo. Cuirfidh mé an líon cuí ar fáil duit in am trátha agus d'iarrfainn ort, tar éis duit na daltaí a roghnú, iad a chur ar fáil do na tuismitheoirí.

Ar mhiste leat cruinniú a shocrú idir an bheirt againn ionas gur féidir liom a bhfuil i gceist aige leis an taighde a mhíniú níos mine duit agus leis na socruithe cuí a dhéanamh? Tá mo chuid sonraí teagmhála thíos.

Bheinn go mór faoi do chomaoin thú a bheith toilteanach comhoibriú leis an tionscadal seo.

Le dea-ghuí,

Ciarán Lenoach

Teileafón: 087*******

Ríomhphost: c.lenoach1@nuigalway.ie

AGUISÍN 2.2: Litir chuig príomhoidí bunscoile

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Áras Uí Chadhain

An Cheathrú Rua

Co na Gaillimhe.

Re: Taighde in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

A Phríomhoide, a chara,

Beannachtaí! Is mian liom do chomhoibriú a iarraidh ort. Tá mise, Ciarán Lenoach, ag tabhairt faoi thráchtas dochtúireacha in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir leis an dátheangachas sa nGaeltacht chomhaimseartha. Chuige sin, ba mhian liom samplaí teanga a fháil ó roinnt gasúr i do scoilse ionas gur féidir liom anailís a dhéanamh ar a n-acmhainn Gaeilge agus Béarla araon i bhfianaise chúinsí nua-aoiseacha teanga na Gaeltachta. Ba mhian liom labhairt le

1. Deichniúr gasúr (cúigear cailíní agus cúigear buachaillí) idir seacht agus ocht mbliana d'aois
2. Deichniúr eile (cúigear cailíní agus cúigear buachaillí) idir aon bhliain déag agus dhá bhliain déag d'aois.

Ní mór, i gcás gach duine de na gasúir, gurb í an Ghaeilge an teanga baile atá acu. Tá súil agam, le caoinchead uaitse, labhairt leis na gasúir ar láthair na scoile agus sa mbaile linn an togra taighde seo.

Dar ndóigh, ní mór cead a fháil ó thuismitheoirí na ngasúr sular féidir tús a chur le taighde den tsórt seo. Chuige sin, tá bileog eolais agus foirm cheada iniata leis seo. Cuirfidh mé an lion cuí ar fáil duit in am trátha agus d'iarrfainn ort, tar éis duit na daltaí a roghnú, iad a chur ar fáil do na tuismitheoirí.

Ar mhiste leat cruinniú a shocrú idir an bheirt againn ionas gur féidir liom a bhfuil i gceist aige leis an taighde a mhíniú níos mine duit agus leis na socruithe cuí a dhéanamh? Tá mo chuid sonraí teagmhála thíos.

Bheinn go mór faoi do chomaoin thú a bheith toilteanach comhoibriú leis an tionscadal seo.

Le dea-ghuí,

Ciarán Lenoach

Teileafón: 087*******

Ríomhphost: c.lenoach1@nuigalway.ie

AGUISÍN 2.3: Litir chuig príomhoide meánscoile (1)

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Áras Uí Chadhain

An Cheathrú Rua

Co na Gaillimhe.

Re: Taighde in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

A Phríomhoide, a chara,

Beannachtaí! Is mian liom do chomhoibriú a iarraidh ort. Tá mise, Ciarán Lenoach, ag tabhairt faoi thráchtas dochtúireacha in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir leis an dátheangachas sa nGaeltacht chomhaimseartha. Chuige seo, ba mhian liom samplaí teanga a fháil ó roinnt gasúr i do scoilse ionas gur féidir liom anailís a dhéanamh ar a n-acmhainn Gaeilge agus Béarla araon i bhfianaise chúinsí nua-aoiseacha teanga na Gaeltachta. Ba mhian liom labhairt le

1. Deichniúr gasúr (cúigear cailíní agus cúigear buachaillí) idir seacht agus ocht mbliana d'aois

2. Deichniúr eile (cúigear cailíní agus cúigear buachaillí) idir aon bhliain déag agus dhá bhliain déag d'aois.

Ní mór, i gcás gach duine de na gasúir, gurb í an Ghaeilge an teanga baile atá acu. Tá súil agam, le caoinchead uaitse, labhairt leis na gasúir ar láthair na scoile agus sa mbaile le linn an togra taighde seo.

Dar ndóigh, ní mór cead a fháil ó thuismitheoirí na ngasúr sular féidir tús a chur le taighde den tsórt seo. Chuige sin, tá bileog eolais agus foirm cheada iniata leis seo. Cuirfidh mé an lion cuí ar fáil duit in am trátha agus d'iarrfainn ort, tar éis duit na daltaí a roghnú, iad a chur ar fáil do na tuismitheoirí.

Ar mhiste leat cruinniú a shocrú idir an bheirt againn ionas gur féidir liom a bhfuil i gceist aige leis an taighde a mhíniú níos mine duit agus leis na socruithe cuí a dhéanamh? Tá mo chuid sonraí teagmhála thíos.

Bheinn go mór faoi do chomaoin thú a bheith toilteanach comhoibriú leis an tionscadal seo

Le dea-ghuí,

Ciarán Lenoach

Teileafón: 087*******

Ríomhphost: c.lenoach1@nuigalway.ie

AGUISÍN 2.4: Litir chuig príomhoide meánscoile (2)

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Áras Uí Chadhain

An Cheathrú Rua

Co na Gaillimhe.

Re: Taighde in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

A Phríomhoide, a chara,

Beannachtaí! Is mian liom do chomhoibriú a iarraidh ort. Tá mise, Ciarán Lenoach, ag tabhairt faoi thráchtas dochtúireacha in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir leis an dátheangachas sa nGaeltacht chomhaimseartha. Chuige seo, ba mhian liom samplaí teanga a fháil ó roinnt gasúr i do scoilse ionas gur féidir liom anailís a dhéanamh ar a n-acmhainn Gaeilge agus Béarla araon i bhfianaise chúinsí nua-aoiseacha teanga na Gaeltachta. Ba mhian liom labhairt le deichniúr gasúr (cúigear cailíní agus cúigear buachaillí) idir sé bliana déag agus seacht mbliana déag d'aois.

Ní mór, i gcás gach duine de na gasúir, gurb í an Ghaeilge an teanga baile atá acu. Tá súil agam, le caoinchead uaitse, labhairt leis na gasúir ar láthair na scoile agus sa mbaile le linn an togra taighde seo.

Dar ndóigh, ní mór cead a fháil ó thuismitheoirí na ngasúr sular féidir tús a chur le taighde den tsórt seo. Chuige sin, tá bileog eolais agus foirm cheada iniata leis seo.

Cuirfidh mé an lion cuí ar fáil duit in am trátha agus d'iarrfainn ort, tar éis duit na daltaí a roghnú, iad a chur ar fáil do na tuismitheoirí.

Ar mhiste leat cruinniú a shocrú idir an bheirt againn ionas gur féidir liom a bhfuil i gceist aige leis an taighde a mhíniú níos mine duit agus leis na socruithe cuí a dhéanamh? Tá mo chuid sonraí teagmhála thíos.

Bheinn go mór faoi do chomaoin thú a bheith toilteanach comhoibriú leis an tionscadal seo.

Le dea-ghuí,

Ciarán Lenoach

Teileafón: 087*******

Ríomhphost: c.lenoach1@nuigalway.ie

AGUISÍN 2.5: Litir chuig tuismitheoirí

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Áras Uí Chadhain
An Cheathrú Rua
Co na Gaillimhe.

Re: Taighde in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

A thuismitheoir, a chara,

Beannachtaí! Is mian liom do chomhoibriú a iarraidh ort. Tá fúm, Ciarán Lenoach, tabhairt faoi thráchtas dochtúireacha in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir leis an dátheangachas i nGaeltacht na linne seo.

Ba mhian liom labhairt le do ghasúrsa ós í an Ghaeilge an teanga baile atá agaibh. Tá súil agam, le caoinchead uaitse, labhairt le do ghasúr ar láthair an naíonra ar feadh tuairim is leathuair a chloig.

Tá bileoga eolais duitse agus do do ghasúr chomh maith le foirm cheada iniata leis seo. Dar ndóigh, is féidir labhairt liom uair ar bith faoina bhfuil i gceist. Tá mo chuid sonraí teagmhála ar fad ar fáil ag bun na bileoige eolais.

Bheinn go mór faoi do chomaoin thú a bheith toilteanach comhoibriú leis an tionscadal seo agus an fhoirm cheada a sheoladh ar ais chuig stiúrthóir an naíonra.

Le dea-ghuí,

Ciarán Lenoach

AGUISÍN 2.6: Eolas do thuismitheoirí

Eolas do Thuismitheoirí

Teideal an Staidéir: Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge mar T1 sa Dátheangachas

Réamhrá:

Tá cuireadh ag do ghasúr páirt a ghlacadh sa staidéar seo maidir leis an sealbhú teanga sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Tabharfaidh an bhileog seo eolas duit ar aidhmeanna an staidéir agus ar an méid a iarrfar ar do ghasúr a dhéanamh. Má tá tú sásta cead a thabhairt do do ghasúr páirt a ghlacadh sa staidéar, seol an fhoirm cheada agus é síníthe chuig príomh-oide na scoile, más é do thoil é. B'fhiú duit an bhileog eolais seo a choinneáil freisin. Má tá ceist ar bith agat i dtaobh an staidéir, féadfaidh tú labhairt leis an taighdeoir uair ar bith is mian leat. Beidh sé iomlán sásta ceist ar bith atá agat a fhreagairt. Tá a chuid sonraí teagmhála ar fáil ag bun na bileoige seo.

Aidhm an Staidéir:

Tá sé mar aidhm ag an staidéar anailís a dhéanamh ar an gcaoi a sealbhaíonn cainteoirí dúchais Gaeilge sa nGaeltacht chomhaimseartha an Ghaeilge agus an Béarla sna cúinsí dátheangacha ina maireann siad. Tá suim ar leith ag an taighdeoir comparáid a dhéanamh idir an Ghaeilge mar a shealbhaigh an tseanghúin í agus an Ghaeilge mar a shealbhaíonn daoine óga í i gcomhthéacs fhorleithne an Bhéarla sa saol nua-aoiseach. Tá fianaise ann go bhfuil sé an-deacair ar ghasúir an Ghaeilge

Thraidisiúnta a shealbhú anois mar gheall ar an mbrú atá orthu Béarla a úsáid i mbeagnach gach earnáil dá saol. Ainneoin an Ghaeilge a bheith sa mbaile acu, a bhuíochas sin duitse, is léir go bhfuil laghdú tagtha ar na deiseanna sóisialta a bhíonn acu taobh amuigh den teach cónaithe an Ghaeilge a chloisteáil agus a labhairt le hais na ndeiseanna a bhíodh ag an tseanghlúin. Is mian leis an taighdeoir an t-athrú mór seo i gcúinsí sealbhaithe na Gaeilge sa nGaeltacht a thaifeadadh agus a mhíniú. Tá súil aige go gcuideoidh torthaí an taighde seo le lucht pleanála teanga straitéisí eolaíocha a thionscú leis an nGaeilge sa Ghaeltacht a chosaint.

Cén fáth ar roghnaíodh do ghasúr?

Roghnaíodh do ghasúrsa agus tuairim de bharr gurb í an Ghaeilge a t(h)eanga baile. Chomh maith leis sin, tá do ghasúr ag aois chinniúnach, chomh fada is a bhaineann sé le gnéithe áirithe den sealbhú teanga.

Céard a chaithfeas do ghasúr a dhéanamh?

Tá sé i gceist ag an taighdeoir na gasúir a thaifeadadh i mbun cainte le go bhfuighidh sé samplaí sainiúla dá gcuid Gaeilge agus dá gcuid Béarla. Clostaifeadadh amháin a bheas i gceist agus ní úsáidfear fístaifeadán. Tá súil ag an taighdeoir na gasúir ar fad a thaifeadadh ar scoil ar dtús agus, le caoinchead uaitse, sa mbaile ina dhiaidh sin. Ar an gcaoi seo, gheobhaidh an taighdeoir samplaí ó na gasúir agus iad ag caint le duine fásta agus lena muintir.

Ar scoil:

1. Taispeánfar pictiúir do na gasúir agus cuirfear ceisteanna sonracha orthu a bheas dírithe ar struchtúir theanga ar leith a aimsiú.
2. Iarrfar orthu labhairt go ginearálta ar ábhair a bhfuil suim acu iontu.

Sa mbaile:

Iarrann an taighdeoir ortsa, an tuismitheoir, cead a thabhairt dó cuairt a thabhairt ar do theach cónaithe tráthnóna éigin ar feadh cúpla uair a chloig le samplaí de theanga do ghasúir a thaifeadadh sa gcomhthéacs baile, go háirithe agus é / í i mbun idirghníomhaíochta leis an tuismitheoir. Ba mhaith leis an taighdeoir sibh a thaifeadadh agus saorchaint ar bun agaibh. Tuigtear don taighdeoir go mbeadh níos mó de chur isteach i gceist anseo ná a bheadh sa scoil. Is féidir leat cead a dhiúltú don chuid seo den taighde ach fós cead a thabhairt don taighde a dhéanamh ar scoil gan cúis a thabhairt agus gan aon argóint.

Tuismitheoirí amháin:

Ba mhaith leis an taighdeoir labhairt leatsa mar thuismitheoir maidir le hiompar teanga do ghasúir ós tú is mó a chloiseann ag caint é / í. Mar shampla, cé na comhthéacsanna ina labhraíonn do ghasúr Gaeilge agus cén uair a labhraíonn sé / sí Béarla. Ba mhian leis an taighdeoir a fháil amach freisin cé na deacrachtaí a bhíonn agatsa mar thuismitheoir gasúr a thógáil le Gaeilge agus mórtheanga an Bhéarla mórthimpeall oraibh. Chuirfeadh freagraí na gceisteanna sin go mór leis an tuiscint ar chineál an dátheangachais i measc daoine óga sa nGaeltacht.

An gá do mo ghasúr páirt a ghlacadh sa staidéar?

Is fút féin atá sé cinneadh a dhéanamh an ceart do do ghasúr páirt a ghlacadh sa staidéar seo. Má shocraíonn tú gan cead a thabhairt do do ghasúr páirt a ghlacadh ann, glacfar le do chinneadh gan argóint. Má tá tú sásta cead a thabhairt, sínigh an fhoirm cheada más é do thoil é agus seol ar ais é chuig an bpríomh-oide é. Má thugann tú cead agus má athraíonn tú d`intinn is féidir leat do ghasúr a tharraingt amach as an staidéar ag am ar bith gan cúis a thabhairt agus gan argóint.

Cén leas a d`fhéadfadh sé a dhéanamh don ghasúr?

Níl leas díreach ar bith do do ghasúr trí pháirt a ghlacadh sa staidéar. Ina dhiaidh sin féin, cuirfidh an staidéar seo leis an tuiscint atá againn ar shealbhú na Gaeilge agus le straitéisí a dhréachtadh an teanga a chosaint sa gcomhthéacs dátheangach.

An bhfuil aon mhíbhuntáiste ag baint leis?

Níl baol sláinte dá laghad sa staidéar seo do do ghasúr. D`fhéadfadh sé go mbeadh do ghasúr cúthaileach ar dtús os comhair strainséara.

An mbeidh torthaí an taighde faoi rún?

Ní úsáidfear ainm do ghasúir in aon tuairisc ná foilseachán (foilsithe nó neamhfhoilsithe) agus cinnteofear nach mbeidh sé / sí inaitheanta ar aon bhealach. Tabharfar uimhir do chuile ghasúr agus is ag an taighdeoir amháin a bheidh a fhios cén uimhir a bhaineann le cén gasúr. Tá súil go bhfoilseofar torthaí an staidéir i bhfoirm ailt in iris acadúil nó i bhfoirm leabhair acadúil i gceann roinnt blianta. Arís, ní úsáidfear ainm do ghasúir in aon tuairisc ná foilseachán (foilsithe nó neamhfhoilsithe) agus cinnteofear nach mbeidh sé / sí inaitheanta ar aon bhealach.

Má theastaíonn uait cóip a fháil den staidéar críochnaithe, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an taighdeoir.

Cé a rinne léirmheas ar an staidéar?

Rinne Coiste Eiticí-Taighde Ollscoil na hÉireann, Gaillimh léirmheas ar an bplean taighde agus tá cead eiticiúil tugtha ag baill an choiste.

Cé leis a ndéanfaidh tú teagmháil le níos mó sonraí a fháil?

Má tá aon cheist eile agat déan teagmháil leis an taighdeoir nó lena stiúrthóirí ollscoile. Tá na sonraí teagmhála thíos.

Sonraí Teagmhála:

Taighdeoir: Ciarán Lenoach

Teileafón: 087*******

Ríomhphost: c.lenoach1@nuigalway.ie

Stiúrthóir 1: An Dr Stanislava Anotonijević

Ríomhphost: stanislava.antonijevic@nuigalway.ie

Stiúrthóir 2: An Dr Conchúr Ó Giollagáin

Ríomhphost: conchur.ogiollagain@nuigalway.ie

Má bhíonn aon imní ort faoin staidéar seo agus má theastaíonn uait dul i dteagmháil le duine neamhspleách, is féidir labhairt le Cathaoirleach Choiste Eiticí Taighde Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

An Cathaoirleach

An Coiste Eiticí Taighde

An Oifig Thaighde

Áras na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta Innealtóireachta
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
Ríomhphost: ethics@nuigalway.ie

AGUISÍN 2.7: Eolas do na gasúir is óige (dhá ghrúpa)

Eolas do Ghasúir

Céard a bheas le déanamh agat?

Iarrfaidh an fear ort breathnú ar roinnt pictiúr / DVD agus roinnt ceisteanna éasca a fhreagairt.

Ansin iarrfaidh an fear ort scéal gearr a inseacht dó agus labhairt leis faoi eachtraí a tharla duit.

Déanfaidh an fear taifeadadh ar na scéalta ionas gur féidir leis éisteacht leo arís.

Is féidir leat stopadh am ar bith.

An bhfuil sé seo ceart go leor leat?

Tá? Níl?

Síniú.....

<u>Do Thuismitheoirí:</u>

Is é aidhm na bileoige eolais seo ná cuidiú leat agus tú ag míniú do do ghasúr céard a bheas le déanamh aige / aici. Más é do thoil é, bí cinnte go bhfuil a fhios ag do ghasúr go bhfuil cead aige / aici stopadh ag am ar bith i rith an staidéir.

AGUISÍN 2.8: Eolas don tríú dream is óige

Eolas do Ghasúir

Teideal an Staidéir: Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge mar T1 sa Dátheangachas

Réamhrá:

Tá cuireadh agat páirt a ghlacadh sa staidéar seo faoin nGaeilge sa nGaeltacht. Tabharfaidh an bhileog seo eolas duit ar an staidéar agus ar na rudaí a iarrfar ort a dhéanamh. Má tá ceist ar bith agat i dtaobh an staidéir, féadfaidh tú labhairt le do mhúinteoir nó leis an taighdeoir uair ar bith is mian leat. Beidh siad iomlán sásta ceist ar bith atá agat a fhreagairt.

Aidhm an Staidéir:

Tá sé mar aidhm ag an staidéar eolas a fháil ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn cainteoirí dúchais Gaeilge — cosúil leat féin — an Ghaeilge agus an Béarla

Cén fáth ar roghnaíodh tusa?

Roghnaíodh tusa de bharr gurb í an Ghaeilge do theanga baile.

Céard a chaithfeas tú a dhéanamh?

Tá sé i gceist ag an taighdeoir labhairt least cuid den chaint a dhéanfas muid a thaifeadadh. Tá súil ag an taighdeoir thú a thaifeadadh ar scoil ar dtús agus sa mbaile ina dhiaidh sin.

Ar scoil:

Tá sé i gceist thú a thaifeadadh agus tú ag caint leis an taighdeoir i nGaeilge agus i mBéarla faoi ábhair éagsúla. Taispeánfaidh an taighdeoir roinnt pictiúr duit agus cuirfidh sé roinnt ceisteanna éasca ort. Ansin, labhróidh muid le chéile faoi ábhair éagsúla.

Sa mbaile:

Tá súil ag an taighdeoir cuairt a thabhairt ar do theach cónaithe tráthnóna éigin ar feadh cúpla uair a chloig le labhairt leat féin agus le do mhuintir. Taifeadfar tuilleadh cainte uait ansin.

An gá dom páirt a ghlacadh sa staidéar?

Is fút féin agus faoi do mhuintir atá sé cinneadh a dhéanamh páirt a ghlacadh sa staidéar seo nó gan páirt a ghlacadh ann. Má athraíonn tú d`intinn is féidir leat tarraingt amach as an staidéar uair ar bith is mian leath

An mbeidh torthaí an staidéir faoi rún?

Coinneofar an t-eolas ar fad a bhaileofar go hiomlán faoi rún. Ní úsáidfear d'ainm in aon áit.

Tá / Níl mé ag iarraidh páirt a ghlacadh sa staidéar thuas.

Síniú.....

AGUISÍN 2.9: Eolas do na déagóirí

Eolas do Ghasúir

Teideal an Staidéir:

Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge mar T1 sa Dátheangachas

Réamhrá:

Tá cuireadh agat páirt a ghlacadh sa staidéar seo maidir le sealbhú na Gaeilge i nGaeltacht na linne seo. Tabharfaidh an bhileog seo eolas duit ar aidhmeanna an staidéir agus ar an méid a iarrfar ort a dhéanamh. B'fhiú duit an bhileog eolais seo a choinneáil. Má tá ceist ar bith agat i dtaobh an staidéir, féadfaidh tú labhairt leis an taighdeoir uair ar bith is mian leat. Beidh sé iomlán sásta ceist ar bith atá agat a fhreagairt. Tá a chuid sonraí teagmhála ar fáil ag bun na bileoige seo.

Aidhm an Staidéir:

Tá sé mar aidhm ag an staidéar eolas a fháil ar an gcaoi a sealbhaíonn cainteoirí dúchais Gaeilge — cosúil leat féin — an Ghaeilge agus an Béarla Tá suim ar leith ag an taighdeoir comparáid a dhéanamh idir an Ghaeilge mar a shealbhaigh an tseanghúin í agus an Ghaeilge mar a shealbhaíonn daoine óga sa saol nua-aoiseach í. Tá fianaise ann go bhfuil sé an-deacair ar ghasúir cosúil leat féin an Ghaeilge Thraidisiúnta a úsáid anois mar gheall ar chomh forleathan is atá an Béarla. Is mian

leis an taighdeoir na coinníollacha réasúnta nua seo a mhíniú.

Cén fáth ar roghnaíodh tusa?

Roghnaíodh tusa de bharr gurb í an Ghaeilge do theanga baile. Chomh maith leis sin, tá tú ag aois chinniúnach, chomh fada is a bhaineann sé le gnéithe áirithe den sealbhú teanga.

Céard a chaithfeas tú a dhéanamh?

Tá súil ag an taighdeoir thú a thaifeadadh ar scoil ar dtús agus, le caoinchead uaitse, sa mbaile ina dhiaidh sin. Ar an gcaoi seo, gheobhaidh an taighdeoir samplaí uait agus tú ag caint le duine fásta agus le do mhuintir.

Ar scoil:

Cuirfidh an taighdeoir ceisteanna sonracha ort maidir le gnéithe áirithe den dá theanga agus labhróidh muid faoi ábhair éagsúla ina dhiaidh sin.

Sa mbaile:

Tá súil ag an taighdeoir cuairt a thabhairt ar do theach cónaithe tráthnóna éigin ar feadh cúpla uair a chloig le samplaí teanga a fháil uait sa gcomhthéacs baile agus tú ag caint le do mhuintir.

An gá dom páirt a ghlacadh sa staidéar?

Is fút féin agus faoi do mhuintir atá sé cinneadh a dhéanamh páirt a ghlacadh sa staidéar seo. Má shocraíonn tú gan páirt a ghlacadh ann, glacfar leis sin gan argóint. Má tá tú sásta páirt a ghlacadh ann agus má athraíonn tú d`intinn is féidir leat tarraingt amach as an staidéar ag am ar bith gan cúis a thabhairt agus gan argóint.

Cén leas a d`fhéadfadh sé a dhéanamh dom?

Níl leas díreach ar bith ann duit. Ina dhiaidh sin féin, cuirfidh an staidéar seo leis an tuiscint atá againn ar shealbhú na Gaeilge agus le straitéisí a thionscnu leis an teanga a chosaint sa gcomhthéacs dátheangach.

An bhfuil aon mhíbhuntáiste ag baint leis?

Níl baol sláinte dá laghad sa staidéar seo duit.

An mbeidh torthaí an taighde faoi rún?

Ní úsáidfear d'ainm in aon tuairisc ná foilseachán (foilsithe nó neamhfhoilsithe) agus cinnteofear nach mbeidh sé / sí inaitheanta ar aon bhealach. Tabharfar uimhir do chuile ghasúr agus is ag an taighdeoir amháin a bheidh a fhios cén uimhir a bhaineann le cén gasúr. Tá súil go bhfoilseofar torthaí an staidéir i bhfoirm ailt in iris acadúil no i bhfoirm leabhair acadúil i gceann roinnt blianta. Arís, ní úsáidfear d'ainm in aon tuairisc ná foilseachán (foilsithe nó neamhfhoilsithe). Má theastaíonn uait cóip a fháil den staidéar críochnaithe, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an taighdeoir.

Cé a rinne léirmheas ar an staidéar?

Rinne Coiste Eiticí-Taighde Ollscoil na hÉireann, Gaillimh léirmheas ar an bplean taighde agus tá cead eiticiúil tugtha acu.

Cé leis a ndéanfaidh tú teagmháil le níos mó sonraí a fháil?

Má tá aon cheist eile agat déan teagmháil leis an taighdeoir nó lena stiúrthóirí ollscoile. Tá na sonraí teagmhála thíos.

Sonraí Teagmhála:

Taighdeoir: Ciarán Lenoach

Teileafón: 087*******

Ríomhphost: c.lenoach1@nuigalway.ie

Stiúrthóir 1: An Dr Stanislava Anotonijević

Ríomhphost: stanislava.antonijevic@nuigalway.ie

Stiúrthóir 2: An Dr Conchúr Ó Giollagáin

Ríomhphost: conchur.ogiollagain@nuigalway.ie

1. Dearbhaím gur léigh mé an bhileog eolais a théann leis an staidéar seo, dátaithe ..... , (leagan.....) agus gur tugadh deis dom ceisteanna a chur ina thaobh. ☐

2. Tá mé sásta go dtuigim an t-eolas a cuireadh ar fáil dom agus go raibh mo dhóthain ama agam mo mhachnamh a dhéanamh air. ☐

3. Tuigim gur páirtíocht dheonach atá i gceist agus go bhfuil cead agam tarraingt amach as an staidéar uair ar bith gan aon chúis a thabhairt agus gan aon chur isteach ar mo chearta dlíthiúla. ☐

4. Ta mé sásta páirt a ghlacadh sa staidéar thuas. ☐

Síniú.....

Dáta.....

AGUISÍN 2.10: Foirm cheada na dtuismitheoirí

FOIRM CHEADA

Teideal an Staidéir: Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge mar T1 sa Dátheangachas

Ainm an Taighdeora: Ciarán Lenoach

Scríobh túslitreacha d'ainm agus do shloinne sna boscaí, m.sh. MNC (Máire Ní Chúláin) srl.

1. Dearbhaím gur léigh mé an bhileog eolais a théann leis an staidéar seo, dátaithe ..... , (leagan.....) agus gur tugadh deis dom ceisteanna a chur ina thaobh. ☐

2. Tá mé sásta go dtuigim an t-eolas a cuireadh ar fáil dom agus go raibh mo dhóthain ama agam mo mhachnamh a dhéanamh air. ☐

3. Tuigim gur páirtíocht dheonach atá i gceist agus go bhfuil cead agam mo ghasúr a tharraingt amach as an staidéar uair ar bith gan aon chúis a thabhairt agus gan aon chur isteach ar mo chearta dlíthiúla. ☐

4. Ceadaím do mo ghasúr páirt a ghlacadh sa staidéar thuas. ☐

An bhfuil an Ghaeilge mar theanga dhúchais ag do ghasúr? Tá ____ / Níl ____

An bhfuil fadhb éisteachta ag do ghasúr? Tá ____ / Níl ____

An bhfuil tú imníoch faoi fhorbairt teanga do ghasúir? Tá ___ / Níl ____

Má tá, tabhair sonraí le do thoil: _____

An bhfuair do ghasúr teiripe cainte agus teanga ariamh? Fuair __/ Ní bhfuair __

Aois an ghasúir (dáta breithe):_____

Ainm an Tuismitheora Dáta Síniú

Taighdeoir Dáta Síniú

AGUISÍN 2.11: Foirm cheada na ndéagóirí

OÉ Gaillimh
NUI Galway

FOIRM CHEADA DO DHÉAGÓIRÍ

1. Dearbhaím gur léigh mé an bhileog eolais a théann leis an staidéar seo, dátaithe ..... , (leagan.....) agus gur tugadh deis dom ceisteanna a chur ina thaobh. ☐

2. Tá mé sásta go dtuigim an t-eolas a cuireadh ar fáil dom agus go raibh mo dhóthain ama agam mo mhachnamh a dhéanamh air. ☐

3. Tuigim gur páirtíocht dheonach atá i gceist agus go bhfuil cead agam tarraingt amach as an staidéar uair ar bith gan aon chúis a thabhairt agus gan aon chur isteach ar mo chearta dlíthiúla. ☐

4. Ta mé sásta páirt a ghlacadh sa staidéar thuas. ☐

Síniú.....

Dáta.....

AGUISÍN 2.12: Foirm cheada príomhoide, stiúrthóir

Re: Taighde in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

A chara,

Ba mhaith liom a dhearbhú leis an litir seo go dtugaim cead do Chiarán Lenoach, taighdeoir, a bheith ar láthair na scoile chun taifid a dhéanamh, le cead a dtuismitheoirí, ar dhaltaí na scoile seo chun críche na n-aidhmeanna acadúla a bhaineann leo.

Dhearbhaigh an taighdeoir go gcloífidh sé le modhanna oibre eiticiúla, agus go gcloífidh sé leis na dea-chleachtais oibre a bhaineann le taighde den chineál seo.

Síniú: _____

Príomhoide

Dáta: _____

AGUISÍN 3.1: An Prótacal Taighde (pictiúir)

Tá Aguisín 3.1 ar dhlúthdhiosca leis seo

AGUISÍN 3.2: An Prótacal Taighde (déagóirí amháin)

Féiniúlacht agus Feidhmiúlacht (déagóirí amháin)

Bhí sé d'aidhm ag an gcuid seo den taighde leibhéal na tuisceana a bhí ag na deagóirí ar a bhféiniúlacht agus a n-eitniúlacht mar Ghaeil(geoirí) a phlé agus léiriú. Bhí sé i gceist go bhfaighfí léargas ar an mbac atá ar fheidhm na Gaeilge sa phobal agus ar an mbac atá ar an aos óg seilbh iomlán a ghabháil ar an nGaeilge. Tionscnaíodh an plé tríd an tsraithe ceisteanna seo:

1. Tá tusa dátheangach. Céard is brí leis sin duitse?
2. Cén uair a labhraíonn tú Béarla / Gaeilge (suíomh / comhthéacs sóisialta)?
3. Cén teanga is mó ina mbíonn tú ag caint, ag brionglóidí, ag eascainí, ag comhaireamh?
4. An dtuigeann tú códmheascadh?
5. An ndearna tú comhrá le duine a labhair Gaeilge 'ghlan' ariamh?
6. Dá mbeadh duine éigin sa rang / cara leat ag labhairt Gaeilge 'ghlan' an t-am ar fad, céard a cheapfá dó / di?
7. An raibh aon uair nár thuig tú Béarla / Gaeilge?
8. Cén fáth a gceapann tú go bhfuil do chuid Gaeilge éagsúil le Gaeilge do mhuintire?
9. Céard is brí le Gaeltacht?
10. Céard atá i ndán don Ghaeilge?

AGUISÍN 4.1: Páistí agus Tuismitheoirí sa bhaile

1. Na páistí, na tuismitheoirí agus an taighdeoir ag caint le chéile. D'éirigh an comhrá as na buncheisteanna seo:

    - Céard a rinne sibh faoi Nollaig?
    - An ndeachaigh sibh ar laethanta saoire le deireanaí?
    - An mbíonn sibh ag breathnú ar an teilifís le chéile? Cén clár? Céard atá ar bun sa gclár sin faoi láthair?
    - Céard a dhéanann sibh ar an deireadh seachtaine le chéile?
    - An bhfuil aon duine de na gasúir ag déanamh an Chéad Chomaoineach i mbliana?

2. Na tuismitheoirí amháin: Taispeánadh léaráid den chorp daonna dóibh (féach thíos) agus iarradh orthu na baill bheatha éagsúla a ainmniú (1–20).
3. Na tuismitheoirí amháin: Iarradh orthu scéal gairid a inseacht faoi eachtra a tharla dóibh a chuir ag gáire iad agus faoi eachtra a chuir faitíos orthu.
4. Na tuismitheoirí amháin: Labhraíodh leis na tuismitheoirí maidir le sealbhú Gaeilge agus Béarla an pháiste le go bhfaighfí léargas ar a n-ionchur agus aschur teanga. D'éirigh an comhrá as na buncheisteanna seo:

    - Cén comhthéacs sóisialta ina labhraíonn do ghasúr Gaeilge?
    - Cén comhthéacs sóisialta ina labhraíonn do ghasúr Béarla? (tuismitheoirí, seantuismitheoirí, deartháireacha agus deifiúracha, cairde, comharsana fásta, ar scoil, ionad gníomhaíochta ar bith).
    - Cén uair ar thug tú faoi deara ar dtús go raibh Béarla ag do ghasúr?
    - Cén aois a bhí do ghasúr nuair a thosaigh sé / sí ag labhairt Béarla go bisiúil?
    - Céard iad na dúshláin a chreideann tú a bhaineann le gasúr a thógáil le Gaeilge mar mhionteanga?

AGUISÍN 4.2: AN CORP



AGUISÍN 4.3: DIALANN[125]

AINM AN GHASÚIR: AOIS:

Duine a raibh sé ag caint nó ag spraoi leis	Cuir tic thíos	Aois	Fad (Nóiméid nó uair a chloig)	Gníomhaíocht (Spraoi le bréagáin, ag ithe béile, ag comhrá srl.)
Dearthár				
Deirfiúr				
Cara le Gaeilge ó dhúchas				
Cara le Gaeilge amháin				
Cara le Béarla amháin				
Mamaí		_____		
Deaidí		_____		
Mamó		_____		
Daideo		_____		
Comharsa fásta		_____		

[125] Seacht mbileog a bhí i gceist, ceann an lae.

AGUISÍN 5:

Tá Aguisín 5 ar dhlúthdhiosca leis seo

TRASCRÍOBH

RÉAMHRÁ

Tugtar san aguisín seo samplaí reacaireachta ón bhfaisnéis. Tugtar na sleachta is spéisiúla ó thaobh chumas Gaeilge agus na hidirtheanga de agus dírítear ar aoisghrúpa 8 ach go háirithe, ós is iad is mó a léiríonn nuálacha tríd síos san fhaisnéis. Mar eiseamláir chríochnúil, tugtar an chaint thaifeadta beagnach ar fad — idir scoil agus bhaile, idir Ghaeilge agus Bhéarla — a rinne cainteoir Bb8 agus a máthair leis an taighdeoir. Roghnaíodh Bb8 ina heiseamláir mar go bhfeictear dom gur cainteoir eadrána í idir na faisnéiseoirí a bhfuil forchódmheascadh acu agus na faisnéiseoirí is ciúine.

B'éigean na sleachta a leasú de bheagán agus codanna a fhágáil ar lár le hinaitheantacht daoine a cheilt agus na dualgais eitice a chomhlíonadh. Tá sé sin i gceist go minic ós dírscéalta pearsanta atá i gcuid mhór den fhaisnéis,. Go hachomair mar sin, is ar bhonn spéisiúlachta sochtheangeolaíochta agus ar bhonn neamh-inaitheantachta a roghnaíodh na sleachta. Cé is moite de Bb8, is ón gcaint a rinneadh ar scoil a tógadh na sleachta.

Mar gheall gur beirt nó triúr cainteoirí atá i gceist sna sleachta, tá na nósanna cló éagsúil leis an modh oibre a chuirtear i bhfeidhm sa chuid eile den tráchtas seo.

NODA CLÓ

Sleachta Gaeilge

Gaeilge an taighdeora	*Cló iodálach*
Gaeilge na bhfaisnéiseoirí	Cló rómhánach
Béarla sa Ghaeilge ag na faisnéiseoirí	Cló rómhánach folínithe
Béarla sa Ghaeilge ag an taighdeoir	*Cló iodálach folínithe*
Gaeilge mháthair Bb8	**Cló rómhánach trom**
Béarla sa Ghaeilge ag máthair Bb8	**Cló rómhánach trom folínithe**

Sleachta Béarla

Béarla an taighdeora	*Cló iodálach*
Béarla na bhfaisnéiseoirí	Cló rómhánach

Bb8 (Ar scoil)

Insigh dhom ar dtús, cén aois thú? ... Cén aois thú? ... Ei ... Bhuel, cén aois thusa?

Ei, ocht.

Tá tú ocht agus cá bhfuil tú i do chónaí?

Ei, [logainm].

Ea hea. Agus dhá, dhá ngabhfainn amach an doras anois, dhá mbeinn ag iarraidh a ghoil go dtí do theach cén chaoi a ngabhfainn ann?

Bhuel, gabhann tú síos ... ag an deireadh den bóthar agus gabhann tú an, an ei ... taobh sin agus ansin tá cnoc ... kind of cnoc ag gul suas agus ansin tá mo teach ansin.

Óó, an mar sin é? Anois ar dtús báire, an inseoidh tú dhom céard iad seo?

Ei, súile.

Ea hea. Céard iad seo?

Ei ... .

Na rudaí seo.

Ehm ... eyebrows.

'Sea. Céard iad seo?

Na lashes. *Céard iad seo?*

Cluasa.

Cé acub? Tá cluas, cl-, cluas chlé agus cluas dheas ann, nach bhfuil?

Tá.

Cé acub, cé acub, cé acub é sin?

An ... ei, cluas, ei ... an cluas ar clé.

Agus an ceann seo?

An cluas ar an ... .

Tá sin, is cuma, is cuma. Coinneoidh muid orainn, coinneoidh muid orainn, níl ann, níl ann ach ... rud beag. Cé-, cén láimh í sin? An láimh?

An lámh ei ... clé?

Sin é é! Anois, céard é seo?

Ei ... cos. *Ea hea. Agus cén chuide den chois í seo?*

... An ei ...

An bhfuil fhios a'd, an bhfeiceann tú an píosa sin?

Yeah.

Mm hmm ... Deacair a rá, an bhfuil?

Céard?

Tá sé deacair a rá, an bhfuil?

Tá.

Tá. Céard faoi seo? Céard é sin?

An ei ... an ei, an ei, an glúin?

'Sea. Gabh mo leithscéal anois, cuirfidh mé é seo ... [tgr. ag sioscarnach]. *An bhfuil tú in ann na pictiúir sin a fheiceáil, an bhfuil?*

Tá.

Tá. Céard é seo?

An ei ... an elbow.

'Sea. Céard faoi seo?

An ei ... an ... ehm ... an muineál.

'Sea. Agus céard é seo?

An ei ... an droim, nó [no?] ... .

Bhuel, cineál, sin é, sin é do dhroim ... agus an ceann seo? ... Is cuma, is cuma. Céard faoi seo?

Ei ... fiacail.

Agus é seo?

An gum.

'Sea. Maith an cailín! Anois, inis dhom cén dath gruaige atá ar na cailíní seo! Ei ... na daoine seo ... agus cuir an focal gruaig roimh an dath! Gruaig ...

Gruaig donn

... ea hea ...

Gruaig dubh, gruaig ei ... blonde

... ea hea ...

Gruaig rua.

Sin é é! Togha cailín! Togha cailín! Cé ... na hainmhithe seo anois ... céard é seo? Bó. *Céard é seo?*

Mmmmm ...

Sin, sin an mamaí.

Calf.

Céard é seo?

Ehm, tarbh.

Céard é seo?

Cearc ... agus cicín.

'Sea. Céard faoi seo?

Muc.

Agus céard iad ...?

Mucannaí.

'Sea. Sin é é! Céard faoi ... céard fúthub seo?

Caora, no ... yeah ... ceapaim.

Céard a dúirt tú, gabh mo leithscéal, níor chual-?

Caora.

'Sea. Céard faoi seo?

Ei ... caora ... beag.

'Sea. Agus an fear seo?

An ei ... an goat.

'Sea. Sin é é! An bhfuil tú in ann na pictiúir sin a fheiceáil, an bhfuil?

Tá.

Tá. Ní chaitheann tú spéaclaí, an gcaitheann?

No.

Ní chaitheann ... tá sin togha.

Ei ... fox ...

'Sea ...

Ei ... madra ... *'sea.*

Céard é sin atá ... atá sa ngob ... ag an éan? Céard atá ina béal aici?

An ... worm.

'Sea. Céard é seo?

Ei ... badger.

Agus an buachaill seo? Céard é sin?

Damhán alla.

Agus?

An ei ... slug.

Togha cailín! Togha cailín! Cuirfidh mé an microphone ansin beagáinín. Anois na héanachaí seo, cén sórt éin é sin?

Ehm ... an spideog.

'Sea.

An ei ... an blackbird.

'Sea.

An lach-, agus an ei ... owl.

'Sea. Agus céard atá taobh thiar dhó?

An gealach.

Togha cailín! Togha cailín! Anois ... anois gabh mo leithscéal anois. Ei anois, taispeánfaidh mé cúpla pictiúr dhuit den aimsir. Cén sort aimsire atá ansin ar an talamh? Céard a thuganns tú air sin?

Sneachta.

'Sea, cineál, *'sea. Bhí go leor dhó anseo ... le cúpla lá, nach raibh?*

Bhí.

Céard é seo?

Stoirm.

'Sea. Céard a thuganns tú ar na rudaí sin?

Ei ... lightning ... nó [no?] ...

'Sea, 'sea. Agus, an bhfeiceann tú iad seo anois? Céard atá ar bharr an uisce? Tá sé an-fhuar. Mar sin tá rud eicínt ar bharr an uisce.

Ei ...

Gabh mo leithscéal ...

Ó ... duilleogaí ... nó [no?] ...

'Sea, tá an chuma sin air nach bhfuil? Tá an chuma sin air. Cén sórt aimsire atá ansin againn?

Gaoithe.

Tá, tá. Agus anseo?

Ei ... báisteach.

'Sea. Ea hea. Céard a tharla ansin, meas tú? An bhfeiceann tú é sin?

Bhí go leor báisteach ann agus, agus ei ... cover sé suas an ... an áit uilig.

'Sea, 'sea. Breathnaigh ar an gcarr! Meas tú an bhfuil duine ar bith ann ... á thiomáint ...? Sin é é, anois. An bhfeiceann tú na cailíní seo agus na fir seo? An bhfuil tú in ann inseacht dhom céard atá orthub? Céard atá ar an gcailín seo anois? Ei ...

Céard atá uirthi ar chor ar bith? ... An bhfuil brón uirthi nó an bhfuil ...?

An bhfuil fearg nó an bhfuil sí kind of ... tá sí ag iarraidh fáil amach rud eicínt.

Tá is dóigh, 'sea, tá an chuma sin uirthi, nach bhfuil? Agus céard faoin bhfear seo? Céard atá air?

Tá sé ehm ... shocked.

Tá, go deimhin. Agus í seo?

Tá sí ehm .... kind of agn-, annoyed.

Tá, í sin?

Tá sí ehm ... tá sí ag breathnú shocked freisin.

Tá, tá. Tá an chuma sin uirthi. Agus ...?

Tá sé sásta.

Tá.

Agus tá brón uirthi.

Tá, tá. Tá rud eicínt uirthi, nach bhfuil?

Tá.

Tá, gabh mo leithscéal anois ... . Gabh mo leithscéal, tá rud eicínt ar an meaisín sin [.i. taifeadán an taighdeora]. *Anois ... anois, an bhfeiceann tú an duine sin? Sin tusa, sin, a* [ainm Bb8]. *Sin é do chomrádaí. Anois céard atá do chomrádaí a dhéanamh?*

Tá sé ag ... ei ... léim.

'Sea. Tá, tá agus sin tusa, mar sin tá sé ag léim?

... Tá sé ag léim ... thuas um ...

Togha, togha! Tá sé ag léim suas is dóigh, an bhfuil?

Yeah.

Tá sin togha, tá sin togha. Maith an cailín, maith an cailín! Anois. An maith leat an Nollaig, an maith?

'Sea.

Is maith.

Is maith.

'Sea. Céard a dhéananns tú Lá Nollag?

Ei ... bíonn mé ag oscail na bronntasaí.

An mbíonn? Céard atá tú a fháil i mbliana, meas tú?

Ei ... an ei [ainm earra brandáilte].

Mmm 'sea.

B'fhéidir ó Santie agus ei ... [ainm earra brandáilte].

Á 'sea.

Agus [ainm earra brandáilte].

Á 'sea, go deas. Agus ar scríobh tú litir chuig, chuig ei ... Deaidí na Nollag, ar scríobh?

Scríobh.

'Sea. Céard, céard a scríobh tú ann?

Ei scríobh mé ... ehm go hope-áil mé go raibh mé go maith agus ei ... agus scríobh mé na bronntasaí a bhí mé ag iarraidh.

Ó, ab shin é an chaoi? Mm hm. Agus ar chuir tú sa bpost é?

Yeah. Chuir Mamaí sa bpost é.

'Sea, 'sea. Chuir tú stampa air agus chuile shórt. Yeah.

Ea thar barr, thar barr. Bhuel, le cúnamh Dé anois, gheobhaidh tú, gheobhaidh tú an méid atá uait. Agus céard eile a dhéanann sibh Lá Nollag?

Ei, gabhann muid go dtí [gaolta] le haghaidh dinnéir mar bí an ... bíonn ehm an ei ... family uilig ann.

'Sea, agus cé atá sa mbaile? An bhfuil, bhfuil dearthháireachaí agus deirfiúrachaí agat, an bhfuil?

[Fágtar sliocht tuairim is 850 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

Ar tháinig sórt mearbhaill ort? An raibh tú cineál ... céard a thuganns tú air sin nuair a bhíonn tú áááhhhááá ag breathnú síos mar sin?

... Ei ... dizzy?

'Sea ... 'sea. An raibh, an raibh, an raibh sé sin ort, an raibh?

Yeah.

Bhí. Ach tháinig tú slán, buíochas le Dia!

Yeah. *Buíochas le Dia! 'Sea. Fair play dhuit! ... Anois ... tá cúpla ceist agam ort anseo freisin ... . 'Spéanfaidh mé cúpla pictiúr dhuit, marar mhiste leat. Céard atá an cailín sin a dhéanamh?*

Tá sí ag ei ... ag déanamh bualadh bos.

Tá. Céard atá an buachaill sin a dhéanamh?

Tá sé ag feadaíl.

Tá.

Ehm, tá sé ag ei ... stretch-áil.

Bhuel, tá ... tá sé tuirseach is dóigh mar sin

... yeah ...

tá sé ag [tgr. ag aisteoireacht]. *Céard é sin?*

Ag yawn-áil.

'Sea. Céard atá an buach-, an cailín sin a dhéanamh?

Tá sí ag sraofairt.

Céard atá an buachaill sin a dhéanamh?

Tá sé ag ei ... casáil.

Tá go deimhin, tá go deimhin. An-mhaith go deo! An-mhaith go deo! Anois, cupla pictiúr eile ... Céard atá ... cá ... gabh mo leithscéal ... cá bhfuil an buachaill sin?

Tá sé taobh thiar den cathaoir.

Tá. Cá bhfuil an cai-, an cailín sin?

Thíos faoin pluid.

An buachaill sin, céard atá sé a dhéanamh?

Ag ruith. *Ag ruith?*

Ehm ... ag ruith thar an líne.

Tá. Céard atá an buachaill sin a dhéanamh?

Ag léim thar a ... mamaí.

Tá. Céard atá an buachaill sin a dhéanamh?

Tá sé ag climb-áil suas ar an geata.

Agus céard atá sí seo a dhéanamh?

Tá sí ag phostáil litir san doras.

'Sea, tá. B'fhéidir chuig Deaidí na Nollag. Á 'sea, 'sea. Anois tá cúpla ceist ... 'sea ... ceist agam ort anseo anois, b'fhéidir go bhfuil sé seo níos deacra. Ach ... an bhfeiceann tú an bhean seo anois ...

'sea ...

tá sí ag oscailt an fhuinneog, nach bhfuil?

Yeah.

Agus osclaíonn sí an fhuinneog chuile lá. Nuair a éiríonn sí ar maidin, osclaíonn sí an fhuinneog. Mar sin, céard a rinne sí inné?

Ei, d'oscail sí an fuinneog.

'Sea, 'sea. Agus céard a dhéanfas sí amárach?

D' ... oscail sí an fuinneog.

'Sea. An fear seo anois, tá sé, tá sé ag iompar bord agus iompraíonn sé bord chuile lá. Céard a rinne sé inné?

Ó ... d'iompar sé an bord.

D'iompair agus céard a rinne ... céard a dhéanfas sé amárach?

Iompar sé an bord.

Agus céard a dhéanann sé chuile lá?

Iompar sé an bord.

Anois ... sin é é! An cailín seo, tá sí ag ithe úlla. Céard a rinne sí inné?

Ehm ... d'ith sí ...

'sea ...

úll.

’Sea. Céard a dhéanfas sí amárach?

Ithfidh sí úll.

Agus céard a dhéanann sí chuile lá?

Itheann sí úll.

Maith an cailín! Agus mar a chéile leis seo, an bhfeiceann tú ia-, na pictiúir seo anois? Just ... an ceann seo. Tá, tá an bhean seo, tá sí ... is bean í, feicim, tá sort péint ar na hiongachaí aici ...

ehm ...

tá sí ag fáil airgid ón mbanc. Céard a rinne sí inné?

Ei ... fuair sí airgead as an mbank.

’Sea agus céar-, cén, cén, céard a dhéanfas sí amárach?

Tógfaidh sí airgead ...

’sea ...

amach as an mbank.

Fuair, fuair sí airgead ... mar sin amárach? Fuair sí airgead. Amárach?

Agus fuair sí airgead.

’Sea, ’sea, ’sea. Gabh mo leithscéal! Tá sin togha. An bhfeiceann tú na cailíní seo anois?

’Sea.

Tá siad ag tabhairt bronntanais dá chéile. Céard a rinne siad inné?

Thug siad bronntanas dá chéile.

Agus céard a dhéanfas siad amárach?

Tabharfaidh siad bronntanas dá chéile.

’Sea. An bhfeiceann tú an fear seo? Tá sé ag breith ar an liathróid. Mar sin, céard a dhéan-, céard a rinne sé inné?

Bhreith sé ar an liathróid.

Agus céard a dhéanfas sé amárach?

Bhreithfidh sé ar an liathróid.

'Sea. Sin é é! An-mhaith! An-mhaith! Á tá tú an-mhaith. Tá tú an-mhaith. Anois tá mé ag goil ag léamh amach cupla abairt agus tá mé ag iarraidh ortsa iad a chríochnú dhom. An bhfuil fhios a'd? Agus críochnaíonn gach abairt le 'níos'*... rud eicínt.*

Níos.

'*Níos*' *rud eicínt. Mar shampla, tá an buachaill go maith ... ei ... ag an mata, tá sé go maith ag mata ach tá a dheartháir níos fearr. An bhfuil fhios a'd? Mar sin, agus ... mar sin ei ... má chríochnaíonn tusa gach abairt le* 'níos' *rud eicínt. An bhfuil fhios a'd?*

Mm hm.

Bíonn an aimsir go dona sa bhfómhar ach sa ngeimhreadh bíonn sí ...

níos dona.

Tá gruaig an chailín fada ach tá gruaig a mama ...

níos ... gile?

Bhuel, ag úsáid ... má úsáideann tú an focal 'fada' *arís. Tá gruaig an chailín fada ach tá gruaig a mama ...*

níos fada.

Tá gruaig Sheáin gearr ach tá gruaig a Dheaide ...

níos gearr.

Tá an scoil an-ard ach tá an séipéal ...

níos ard.

Tá an múinteoir sean ach tá mamó ...

níos sean.

Tá an buachaill ramhar ach tá a Dheaide níos ...

níos ramhar.

Sin é é! Maith an cailín! Maith an cailín! Anois, ehm tá mé ag goil ag, ag goil ag ... ei ...'speáint cuid de na picitúir céanna dhuit, ach an iarraidh seo, ach an babhta

seo iarrfaidh mé ort iad a rá, iad a inseacht dhom ei i mBéarla. An bhfuil sé sin maith go leor, an bhfuil?

Tá.

Casfaidh muid ar an mBéarla mar sin.

So, we, we, we'll turn to English now, if that's OK with you?

That's fine.

Yeah. OK. And you can tell me what these are.

Eyes.

These are?

Eyebrows.

Ah ha.

And these are eyelashes. These are ears ... and that's a hand.

OK ... and this here, what part of a foot is this?

Ah ...

You know that part, sometimes you hurt it when you're playing football and stuff.

Yeah, I have to tell you I'm not sure at all what that foot is.

OK. That's OK. That's no problem. What's this here?

It's a knee.

Ah ha.

And an elbow.

Ah ha.

A neck.

Ah ha.

And a ... part of a back.

I suppose it is yeah ... this part here. Yeah eh ... what's this?

A tooth.

Mm hm.

And a gum.

Yeah. Good girl! Just run through the colours of the hair there for me.

OK. That's brown hair, that's black hair, that's blonde hair ... .

Mm hm.

That's eh ... a kind of a reddy orange hair and that's grey hair.

Mm. And these animals ... we'll go through these as well.

They're, that's a cow ...

ah ha ...

that's a calf, that's a bull, that's a ...

That's OK, and what about this one?

It's a chicken.

Ah ha.

And that's a pig.

Ah ha.

And piglets.

Good girl! And these are?

Ahm ... sheep and a lamb.

Ah ha.

Eh ... goat.

OK.

A fox, puppies, a bird and a worm.

Mm hm.

A badger, a spider and a slug.

Good girl! These and these ehm, these birds here, what are they?

A robin, a blackbird, a duck and an owl.

Mm hmm. Excellent! Now *we'll just go through th-, the weather again there. And that ... on the ground.*

It's a ...

What's on the ground? It's ...

Snow.

Yeah, it's kind of ... it's not quite snow, is it, it's kind of ... if it were snow it would be a bit thicker, wouldn't it?

Yeah.

So what is it exactly, do you think?

It's kind of ... a mixture of ice and snow.

Yeah, that's it and what's this?

Ehm, lightning.

Good girl! Do you know what that is?

It's a ...

The picture isn't very clear actually.

It's kind of slates of ice on top of, eh, the water.

Yeah, exactly. What's this?

Wind.

Ah ha.

And rain.

What happened here, do you think?

Ehm, it got ove-, lots of rain came in, it got over-flooded.

Yeah ... and eh what's gon-, what, what, how are they gonna, how are they gonna fix that?

They're gonna have to wait until it all goes.

OK yeah. How will it all go, though?

Ehm ... if it eh ... when it stops raining, it'll all kind of go ... down.

Yeah, probably will, I'm not sure exactly. Now can you just explain to me, tell me how, how ehm I ge-, I would get to your house from here? If I were to go out the door, where would I, where would I ...?

Well ... at the bottom of a road ... then there's like a hill and you go up and then you go across.

OK. Is it far from here?

Ehm, no, not really.

Eh, can you tell me what these girls, what, what, what's wrong with these people or what's, what are they feeling?

She looks kind of like she's thinking about something or she's kind of angry.

I think that's a girl is it?

Yeah.

OK. What about this?

He looks kind of shocked.

Mm hm. And?

She looks annoyed.

She does indeed. Very annoyed. And this, this girl here?

Ehm, she's kind of shocked too.

Mm.

Ehm he's happy.

Yeah, he's the only one that's happy, isn't he?

And he's sad.

Yeah. He's the only one that's happy, that guy ... . But ehm, now I'm gonna ask you to tell me what you see, what these peo-, people are doing. You've done this already, but ... .

Eh she's clapping her hands and he's whistling. He's yawning and she's blowing her nose. And he's coughing.

Excellent! Brilliant stuff! Now, very good! Very good! Now ... I want you to try and think of something, and we spoke about this earlier on ... but can you tell me about anything that may have happened to you ... ehm ... or to anybody that you saw that made you laugh a lot, made you really laugh.

[Fágtar sliocht tuairim is 450 focal ar lár anseo ar chúiseannna inaitheantachta]

And are you looking forward to Christmas?

Yeah.

Yeah, yeah. Do you think it'll snow at Christmas?

Yeah, I was hoping that it would be snowing on Christmas Day.

Mm. And what would you do if it were?

Well, first I'd open all my presents and then I'd go outside and play. Hopefully it would have stopped after all that time ...

yeah ...

opening my presents ...

yeah. Have you ever made a snowman?

Ei ... I've made small snowmans but I've, there's never been enough snow to make a big snowman.

OK, yeah, yeah. I suppose there hasn't been, yeah. No, because you're right on the sea here, so ...

yeah ...

eh ... but in Dublin now today it's v-, lots of snow, a couple of inches of snow.

Tá sé sin go breá anois. Go raibh mile maith agat faoi ... thug tú an-chúnamh dhom inniu.

Fáilte romhat!

Tá, tá súil agam anois nár chuir mé isteach ort ...

ní ...

agus ei ... níor chuir? Agus nach ... agus ei thug tú an-chúnamh dhom. Agus beidh mé ag tío-, ag teacht ar cuairt chugat, chuig do theach freisin ...

*'*sea ...

le cúnamh Dé agus beidh muid ag caint ansin freisin.

'Sea. *Ei beidh tú, beidh tú ag caint isteach sa* <u>*microphone*</u> *sin arís ... ei le cúnamh Dé*.

'Sea.

An bhfuil sé sin maith go leor, an bhfuil?

Tá.

Bb8 (Sa bhaile)

Tá tú ag déanamh an Chéad Chomaoineach, an bhfuil, as seo go cea-, i gceann cúpla seachtain?

Beidh.

'Sea. *Agus ei ... an bhfuil an gúna ceannaithe, an bhfuil?*

Tá an gúna ceannaithe.

'Sea. *Cén áit ar cheannaigh sibh é?*

Cheannaigh muid ei ... [logainm] **an gúna**.

Á 'sea, 'sea.

Ach d'fhág muid na bróga písín eile ar fhaitíos go mbeadh na ... cosa méadaithe.

'Sea, go díreach, 'sea, 'sea!

[Fágtar sliocht tuairim is 70 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

'Sea. *Agus céard í ... céard atá sibh a ghoil a dhéanamh an lá sin?*

Tá muid ag fanacht sa mbaile, nach bhfuil?

<u>Yeah</u>.

Agus tá an ... ehm ... tá an ehm ... [ainmneacha gaolta] **... uilig ag tíocht**.

An bhfuil? Tá.

[Fágtar sliocht tuairim is 60 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

'S beidh do mhama, mar sin, beidh sí ag réiteach, beidh sí ag réiteach dinnéir dhóibh, an mbeidh?

Beidh.

Beidh sí busy an lá sin.

Mm.

Ea, beidh sé, beidh sé go deas ...

beidh, beidh ...

beidh sé go deas nuair a thaganns muid uilig le chéile.

'Sea, 'sea. Tá sin togha. Céard a rinne sibh Lá 'le Pádraig?

Ehm ... bhí muid ag siúl ehm sa ... paráid leis an scoil.

Ar an gCeathrú Rua.

Ar an gCeathrú Rua?

Yeah.

'Sea.

'Sea, 'sea. An raibh sibh ag siúl ann? Bhí sibh ...

Bhí ...

páirteach ann, an raibh? Yeah.

Bhí ...

ea hea ...

scoil bheag ...

Agus an raibh sibh gléasta, an raibh? Gléasta.

Ei bhí, bhí muid gléasta i glas.

'Sea, 'sea. Thar barr! Thar barr! An raibh an aimsir go deas an lá sin?

Bhí an lá go hálainn, bhí sé go deas, thosaigh sé amach go maith, bhí sé b'fhéidir beagáinín fuar ag deireadh an lae ach bhí ...

'sea ...

d'fhan sé tirim.

'Sea, 'sea.

Bhí muid breá sásta leis sin.

Anois, is ag caint leatsa roimh an Nollaig a bhí mé. An cuimhneach leat céard a rinne sibh faoi Nollaig? Nó ... cén chaoi ... bhí an aimsir go dona ar aon chuma. **Bhí an aimsir go dona agus ní raibh mé in ann, in ann a ghoil aon áit <u>so</u> d'fhan muid sa mbaile agus ag breathnú ar an teilifís ...**

'sea ...

agus rinne muid ... ag spraoi le go leor bréagáin.

An raibh, an raibh uisce agaibh, an raibh, nó, nó ...?

Bhí ...

an raibh na píopaí reoite, an raibh?

Ní raibh.

Ní raibh mm, hm.

Bhí uisce againne an t-am ar fad ...

ea, hea ...

buíochas le Dia!

Ea, hea.

Agus ... an t-aon rud a chuir as dhúinn ná tabhairt an chairr amach, ní raibh mé in ann an carr a thabhairt ar an mbóthar ... <u>so</u> bhí mé sáinnithe anseo.

Bheadh sé an-chontúirteach.

Bheadh, bheadh sé an-chontúirteach, bhí go leor sneachta ...

Tá mé in ann é a shamhlú, thar éis ... an bhfuil fhios a'd, mar ...

tuigim ...

'sea ... mar, m-,

ach ní raibh ... sin é an t-aon rud, bhí mé sáinnithe sa teach gan carr.

'Sea.

Ach thairis sin ...

'sea ...

bhí sé go deas.

'Sea, 'sea. Ach ní raibh tú, n-, ní, ní raibh tú stiúgthaí?

Ní raibh.

Bhí beatha agus chuile shórt sa gcófra.

Ó bhí, bhí neart le n-ithe agus le n-ól againn.

'Sea.

Céard é féin, a stór? [caint leataoibh]

Ach ei, bhí go leor daoine fágthaí gan uisce, nach raibh? Bhí ei ...

bhí, bhí, na créatúir ...

ar fud na tíre an bhfuil fhios a'd? Ní, ní an taobh seo tíre amháin.

Bhí sé uafásach.

Bhí, bhí.

Na créatúir.

Seandaoine agus mar sin, an bhfuil fhios a'd? Ach ehm ...

teastaíonn uisce sa teach.

An bhfuair tú a raibh uait don Nollaig? Bhí tú ag caint ar ...

Yeah ...

ar Dheaidí na Nollag. Céard a fuair tú?

[Fágtar sliocht tuairim is 200 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaithneantachta]

An mbíonn sibh ag breathnú ar an teilifís le chéile?

Bíonn ... uaireantaí.

Ea hea.

Uaireantaí, nuair a bhíonns mise anseo sa gcistineach, beidh, beidh an teilifís ar siúl.

'Sea. Cé hiad na clárachaí a mbíonn sibh ag brea-, a mbíonn sibh ag breathnú orthub?

[Fágtar sliocht tuairim is míle focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

'Sea! Ach is mó leabhartha ... Béarla anois a léann siad, faigheann siad níos éas-, ní ...

'sea ...

tá mé a cheapadh go bhfaigheann siad níos éasca an leabhar ... Béarla ná an leabhar ... Gaeilge.

'Sea, 'sea, 'sea, sin ...

mar tá sé deacair an Ghaeilge ... a labhranns tú ... a fháil scríobhta.

'Sea, 'sea.

Bíonn focla ann b'fhéidir nach ... <u>ehm</u> ... dtuigfeadh sí ... . Bíonn corr-leabhar ann ach ní ...

mm hm ...

labhrann siad, tá mé a cheapadh nuair a bhíonns tú á léamh ...

hm mm ...

b'fhéidir ar nós mé féin freisin ...

mm hm ...

bheinn á léamh trí ... go thógfadh sé písín orm tuiscint [doiléir] **céard atá mé thar éis a léamh.**

'Sea, 'sea. Bíonn corr-cheann ann a bhíonns go maith ina dhiaidh sin féin.

<u>Yeah</u>, bíonn.

Bíonn ... an bhfuil fhios a'd? Nuair a dhéanann siad iarracht ...

<u>yeah</u> ...

tá siad in ann é a dhéanamh. Agus tá fear amháin ann agus ... ehm ... scríobhann sé scéalta agus scríobhann sé sa, sa trí chanúint iad — i nGaeilge na Mumhan, i nGaeilge Chiarraí, i nGaeilge Dhún na nGall agus i nGaeilge Chonamara. An bhfuil fhios a'd?

Á tuigim, á tá sin go maith anois.

Tá. 'sea, ó tá, tá. Tá sampla agam dhó, is trua na-, nach dtug mé liom iad. Tá sampla agam den rud a dhéanann sé ... ei san oifig, an bhfuil fhios a'd? Ea ...

Tá fhios a'm go dtáinig ... ei ... ó cé ... ní-, níl mé in ann cuimhneamh cén t-ainm atá air, tháinig sé chuig an scoil píosa ó, roimh an Nollaig le 'speáint dhúinn na samplaí leabhartha Gaeilge ...

mm hm ...

a d'fhéadfadh muid a cheannacht ... *'*

sea ...

dá mbeadh muid ag iarraidh iad a cheannacht mar bhronntanais ...

mm ...

agus tá fhios a'm go raibh ceann amháin a thaitnigh liom ach ... tá mé a cheapadh go gcaithfinn é a ordú agus tá fhios a'd féin, just cupla seachtain roimh an Nollaig ...

'Sea, 'sea, go díreach, 'sea ...

mara raibh sé díreach éasca le fáil ...*'*

sea, 'sea ...

níor cheap mé gur bhac muid.

'Sea.

Ach tá ... cén t-ainm atá orthu? Clódóirí ... ehm ... Chonnacht, nach ea?

'Sea. Cló Iar-Chonnachta, 'sea ... bíonn ...

anois bíonn roinnt acub sin ...

ea, hea ... bíonn, bíonn roinnt, bíonn stuf maith acub sin, bíonn ...

yeah ...

le bheith fair-áilte anois, an bhfuil fhios a'd?

Dá dtógfainn an t-am le dhul isteach, b'fhéidir.

Cá bhfuil sí, cá ..., cá bhfuil sí?

Níl fhios a'm ... bailithe ar an gCeathrú Rua, b'fhéidir ach ... tá sí ar ais. *Á tá tú ar ais*. Tá.

[Fágtar sliocht tuairim is 250 focal ar lár anseor ar chúiseanna inaitheantachta]

Ó ... tá ceist eile agam oraibh. Agus cuirim an cheist seo ar chuile dhuine. Ní miste liom é a ... ní miste, ní miste libh é.

Go réidh. [caint leataoibh]

Ei ... céard a dhéanfadh sibh dá mbuafadh sibh an Lotto?

Céard a dhéanfadh muid?

Céar- céard a dhéanfása, céard a dhéanfása ar dtús, a, a ... ahm ... a [Bb8]*?*

Dúirt Mamaí dhá ghrúnn muid é ...

[Fágtar sliocht tuairim is 60 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

Níl fhios a'm céard a dhéanfadh muid. Just ... cheannódh muid ... bheadh laethanta saoire mór millteach againn. Braitheann sé céar-, cé mhéid a ghrúfainn. Dá ngrúfainn an ceann mór millteach is dóigh, roinnfinn é ar [ainmneacha daoine] **...**

mm hm ...

agus ansin ... bheadh teach eile ceannaithe a'm le haghaidh mo chuid laethanta saoire i gcónaí ...

[Fágtar sliocht tuairim is 60 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

Cá bhfios? Cá bhfios?

Á níl fhios a'm, tá mé ag cheapadh gur ceann de na daoiní mé ...

'sea, sea ...

a théanns ar aghaidh lá lá, ó lá go lá [doiléir] **...**

seasmhach ...

ní cheapfainn go bhfaighidh muid aon [doiléir] **...**

duine socair mar a déarfá, beidh tú socair go brách.

Ní cheapfainn go bhfaighidh muid an ...

'sea ...

<u>na milliúin</u>.

'Sea! Feicfidh muid linn!

Feicfidh muid linn!

Ní bheadh fhios a'd. Tá mé ag iarraidh or..., ag goil ag iarraidh ort freisin, a [máthair Bb8]*, murar mhiste leat ... . Tá, tá scéilín gearr agam anseo ... <u>ahm</u> ... níl aon fhocla ann, níl focla ar bith sa leabhar seo, níl ann ach pictiúir, tá ceithre leathanach ... ar mhiste leat é a léamh ... <u>ahm</u> ... do* [Bb8] *agus b'fhéidir go n-iarrfainn ortsa, a* [Bb8]*, má éisteann tú le do mhama, b'fhéidir go n-iarrfainn ortsa ina dhiaidh sin é a léamh ar ais. Scéal an bhus atá ann. Scéal faoi bhus.*

Scéal faoin bus.

'Sea.

Feicfidh muid ... agus féadfaidh mé breathnú ar an gcaoi seo.

'Sea. An bhfui- ...

an gcaithfidh, an gcaithfidh mé ...

an bhfuil tú in ann é a fheiceáil, an bhfuil?

Tá.

Tá, tá cheithre leathanach ann, mar a déarfá. Sin, sin uimhir a haon, tá súil agam, tá súil agam gurb in uimhir a haon ... 'sé, 'sé.

Lá ... <u>OK</u> ... lá amháin bhí an bus ... ag dul síos an bóthar agus bhí an ... fear istigh agus é ag tiomáint ach bhí go leor leor ... poill sa mbóthar agus thosaigh sé ag goil suas agus síos agus stop sé ansin mar bhris an bus ... síos ... ei ... faoin gc- . Chuaigh sé amach as an mbus ansin agus ... dúirt an bus 'Ha, ha, ha!' Dúirt an bus, 'Níl mise briste ar chor ar bith!' Agus óó, d'imigh sé leis, chaith go raibh draíocht ag an mbus sin agus bhí an fear a tháinig ... gei-, ... 'Tar ar ais anseo!'... Ansin, d'imigh an bus ... leis agus chonaic sé <u>train</u>. Ó, ó bhí olc ar an

train. 'Céard atá tusa a dhéanamh anseo?' a dúirt sé. 'Níl baint ar bith agatsa don áit seo!' 'Ó, tá mise in ann an rud céanna a dhéanamh leatsa, a ghoil an áit céanna leatsa.' 'Níl,' a dúirt sé 'tá mise in ann a ghoil isteach anseo, síos faoin talamh, níl tusa.' 'Mmm, ní maith liom é sin,' a dúirt an bus, d'imigh sé leis. Ansin bhí sé ag tíocht anuas an bóthar, thríd an sráid agus chonaic an Garda é agus dúirt sé 'Stop! Stop!' Bhí na daoine scantraithe. Céard atá siad... 'Bus draíochta,' a dúirt siad 'gan aon duine istigh ann!' 'Á ... céard atá ortsa?' D'imigh an bus leis, ní raibh aon duine in ann é a stopadh. Amach leis agus ... sa mbaile mór agus d'imigh sé leis amach faoin tuath. Ansin chonaic sé garraí, agus dúirt sé '[doiléir] **mé isteach anseo.' Suas leis! Agus ... suas an cnoc, chonaic an bhó é 'Múúúúúú!' a dúirt an bhó, 'céard é sin istigh i mo gharraísa?' 'Sé ... ó d'imigh sé síos le fána ann, síos an cnoc agus isteach sa loch uisce. 'Á há!', a dúirt an bus, 'céard atá tarlaithe, tá mé fliuch báite.' 'Ea, hea!', a dúirt an fea-, a dúirt an fear, 'tá tú i ngreim anois agam.' Isteach leis sa mbus agus thiomáin sé leis abhaile.**

Sin é é! Tá do mhama in ann scéal a inseacht, nach bhfuil? Tá sí an-mhaith, nach bhfuil, ag inseacht scéil? Tá.

An bhfuil tusa in ann é a inseacht ar ais dhom?

An bhfuil tusa in ann é a inseacht anois, an bhfuil?

Tá.

Ar do bhealach féin.

Ar do bhealach féin, 'sea.

Lá amháin, d'imigh an bus síos an bóthar ... d'imigh sé suas an bóthar agus síos an bóthar agus ansin stop sé. Cheap an fear go raibh an bus briste. D'imigh sé amach an bus. Ansin, d'imigh an bus síos an bóthar agus é ag gáirí .... ssss ... . Ahm ansin, d'imigh an bus, chonaic sé train ... gorm. Ní raibh an train an-deas. Dúirt an train ní raibh cead ag an bus a bheith ansin. Dúirt an bus tá cead aige a bheith ansin agus dúirt an train níl cead aige. Dúirt an bus 'Tá mise in ann déan aon rud atá tusa in ann déanamh.' Dúirt an bus níl sé in ann mar 'Tá mise in ann gul tríd ... é seo ... ea tríd an ... tríd ahm ... thíos faoin mballar agus níl thusa.' Ní, ní raibh an bus an-sásta. Dúirt, dúirt sé 'Slán!' leis an train agus d'imigh sé leis ... . D'imigh sé ... chonaic ... d'imigh sé síos an bóthar agus chonaic an Garda é. Dúirt an Garda leis stopadh. Bhí

na daoiní an-scantraithe ... . Ansin d'imigh an bus ... [doiléir] an bóthar. D'imigh sé thar an f-, d'imigh sé isteach sa garraí agus, agus ahm ... suas ... suas an garraí. Bhí an, bhí an bó ... thosaigh an bó ag gáirí. Cheap sé bhí sé seo an-funny. Ansin ...

mm hm ...

d'imigh an bus síos, síos an cnoc an-sciobthaí agus d'imigh sé isteach sa ... . Ansin ní raibh sé an-sásta. Fuair an fear é agus d'imigh sé isteach ann agus d'imigh siad síos an bóthar aríst. Ní raibh an bus an-sásta.

Maith an cailín! Maith an cailín!

An-mhaith, [Bb8]**!**

An-job! An-mhaith! An-mhaith!

An-deas! Maith an cailín!

Fair play dhuit! An-job! Anois, tá mé, tá, tá mé ag goil ag iarraidh ar do mhama rud eicínt eile a dhéanamh, má tá sí in ann.

An bhfuil mé ag iarraidh? [Doiléir]. **Níl mé ag rá go bhfuil mé in ann é a dhéanamh.**

An mbei-, an bhfui-, an mbeidh tusa in ann cuidiú léi, cúnamh a thabhairt di ... eam, a [Bb8]*?*

Beidh.[Gleo ard]

Anois.

Tá tart ort an bhfuil?

Tá.

Théis an scéal mór a inseacht.

Ei ... an bhfeiceann tú anois na ... ehm ... na páirteannaí den chorp? Dá bhféadfá iad sin ... díreach a ainmniú, marar mhiste leat ó, ó, ó, ó bharr go bun. N-, ní scrúdú é seo anois.

Mm.

Níl ann ach sórt ... gur, gur ag iarraidh foinse teanga, mar a déarfá, a aimsiú. Bheadh sin iontach.

Déanfaidh mise ar dtús é, ab ea?

'Sea. T-, tusa. 'Sea. Féadfaidh tú cuidiú, cúnamh a thabhairt di.

OK, a haon súil ...

mm hm ...

dó cluais ...

mm hm ...

feiceann tú cá bhfuil mé, [Bb8]**?**

Ei ...

trí srón ... tá ... ceathair béal, cúig smig, sé ... muineál, seacht ... gualainn, ocht ... níl fhios a'm c- ... ab in an áit a bheadh an croí, meas tú?

'Sea.

Nó brollach.

'Sea, 'sea.

Ea ... b'in a ocht ... naoi ... gualainn, an láimh agus uileann ... agu- ...

no, tá naoi ag point-áil síos ansin.

Bolg ... deich.

Ss céard atá, céard atá i lár an bhoilg?

Yea-ah!

Tá mé ag iarraidh cuimhneamh ach belly-button atá mise ag [doiléir] **freisin** [gáire] **... ahm ... tá sé imithe as mo chloigeann ... gabh mo leithscéal, yeah.**

Tá tú togha, tá tú togha.

Ei ... cá bhfuil mé?

Deich.

Deich uileann ... agus haondéag ... [gleo ard] **... fan s- ... deich taobh ... haondéag taobh ...** [gleo ard]. **Dó dhéag ... do riosta ...**

mm hm ...

agus trí déag do láimh. Ceathair déag do méarachaí ... cúig déag ... do ... [gleo ard] **... corróg. A haondéag corróg, meas tú, do hip? Cúig déag ceathrú ... nó sé déag ceathrú? Glúin ... agus ... c-, céard** [sioscarnach] **...**

mhiss-áil tú ... *'*

sea ...

tá tú seacht ... ag ahm ...

go raibh maith agat!

Tá tú ag seacht déag ...

do rúitín seacht déag, do rúitín.

'Sea.

Agus ocht déag sáil agus naoi déag do chois. Sin fiche ... [doiléir]. [Gleo ard]

Sin é é!

Níl mé in ann cuimhneamh air.

Tá sin togha ... [doiléir] *ar an rud sa lár, ab ea?*

'Sea.

I lár do bhoilg ... imleacán.

Á ... [cneadadh]**. Imleacán.**

'Sea, 'sea, 'sea.

Is dóigh ... tá, tá ... cleachtadh sa ... deir tú an focal Béarla ...

'sea go díreach. Sin é é go díreach ...

an focal Gaeilge scaití.

[Fágtar tuairim is 80 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

Tá mé, tá mé ag iarraidh ar do mham anois, a [Bb8], *scéal a inseacht dhom, dhom ... má, má fhéadfaidh sí ... ahm faoi rud eicínt a tharla di i gcaitheamh a saoil, i gcaitheamh a saoil go dtí seo, rud eicínt ... b'fhéidir, rud eicínt a tharla di a chuir faitíos uirthi nó a scantraigh í.*

Oh yeah, dúirt tú é sin liomsa ...

'sea ...

nuair a bhí tú ag caint liomsa in oifig na scoile.

Bhí, bhí.

Céard a chuir faitíos orm?

'Sea, rud eicínt a chonaic tú nó rud eicínt a tharla dhuit ó bhí, b'fhéidir nuair a bhí tú óg nó ...

ummm ... níl mé cinnte ...

[Fágtar tuairim is 350 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

Ach a mhalairt ar fad anois ... ei ... an bhfuil tú in ann cuimhneamh ar thada a chuir ... ag sciotaíl thú? Sciotaíl gáire. Ag pléascadh amach ag gáire, rud ar bith a chonaic tú nó ...

rud ar bith a dhéananns mo ghasúir. [Gach duine ag gáire].

'Sea, go díreach.

Ó, rud ar bith a dhéananns mo ghasúir ó lá go lá ...

'sea ...

scaití déanann siad rud eicínt, níl mé in ann cuimhneamh ar rud amháin ...

'sea, 'sea ...

ach bíonn siad ...

[Fágtar tuairim is 100 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

Ach ei ... sin é é anois. Níl ach cupla rud eile, cupla ceist eile agam ortsa, ei ..., a [máthair Bb8]. *Agus sin é ... ahm ... tá fhios a'd féin, nuair a ... tá fhios a'd féin mar tá an ... tá an dá theanga ag, ag na, ag na gasúir ach ...*

tá ...

maidir le, maidir le [Bb8] *... cén uair, cén uair ar thug tú faoi deara ar dtús go raibh, go raibh Béarla aici, an bhfuil fhios a'd, go raibh, go raibh ...*

'sea, thosaigh [Bb8] **le Gaeilge ...**

mm hm ...

agus bhí Gaeilge ag [Bb8] **suas go dtí ... tá mé a cheapadh nuair a thosaigh sí ag cur suim i teilifís agus b'fhéidir ... 'séard a tharla ná ...**

[Fágtar tuairim is 130 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

... agus ansin ón teilifís a thosaigh sí ar an mBéarla agus ansin ... labharfadh sí Béarla agus d'fhreagrófá i nGaeilge í nó scaití ...

'sea, 'sea, 'sea ...

d'fhreagrófá i mBéarla í nó cé bí ...

'sea, 'sea ...

rud a cheap tú a[doiléir]**.**

'Sea, 'sea.

Ach sin é é!

Agus cé, cé hiad na háiteachaí anois agus cé leis, mar a déarfá, ehm ... a ... an mbíonn sí ag labhairt Gaeilge agus cé leis an mbíonn sí ag labhairt Béarla, an bhfuil fhios a'd, ar an ... ar an taobh eile?

Ei ... ag an scoil labharfadh sí Gaeilge agus b'fhéidir le mo ... mo mhuintirsa ... *'sea ...*

labharfadh sí Gaeilge leo mar ...

'sea ... 'sea ...

is Gaeilge atá acub agus tá mé a cheapadh dá labharfadh duine Gaeilge, dá gceapfadh sí gur Gaeilge a bhí ... ag duine agus nach raibh aon Bhéarla, mórán Béarla, labharfadh sí Gaeilge ...

'sea, 'sea ...

ach labhrann sí go leor ... Béarla freisin.

Cén áit, cé leis an labhrann sí Béarla?

Ag spraoi, labhrann sí Béarla, nuair a bhíonn an ceathrar acub ag spraoi le chéile, is Béarla a labharfaidh siad.

An ceathrar ag spraoi le chéile?

'Sea, 'sea. Agus ... sin é é, labharfadh sí Béarla dá mbeadh sí amuigh le ...

leis na gasúir eile timpeall na háite, ab ea?

Le gasúir eile, yeah!

Mm hm ... **dá mbeadh ehm ... is Béarla a cheapfainn is mó a dhéanann siad nuair a bhíonn siad ag spraoi.**

Mm hm.

Tagann Gaeilge isteach ann ...

mm hm ...

tá mé cinnte, corrfhocal Gaeilge.

'Sea, 'sea, 'sea.

Sin an uair is mó a d'úsáid siad Béarla.

'Sea, 'sea. Agus ei ... an bhfuil, ar, ar daoin-, ar gasúir iad seo a tógadh le Gaeilge freisin?

A tógadh le Gaeilge freisin, 'sea.

'Sea, 'sea! Mm hm.

Is iad na cairde ag an scoil, bíonn siad ei ... Béarla a labhrann sí ...

Tá tú mór le Liam, nach bhfuil? [le Bb8]

Tá.

Tá. An mbíonn tú ag labhairt Gaeilge nó Béarla leis?

Ahm, ahm, uairean-, ... ahm go leor uaireantaí bíonn muid ag labhairt Béarla ach uaireantaí labhrann muid Gaeilge le chéile freisin.

'Sea, 'sea, 'sea. Agus cé hiad na cairde eile atá a-, atá agat thart timpeall anseo?

Ea ... well ... ehm ... tá cairde scoile a'm ach cónaíonn siad thar an bóthar ansin so ... *'sea ...*

bíonn muid just ag spraoi ag scoil agus nuair a tugann Mamaí cead dhom gul go dtí teach leothub ach ahm ... go leor uaireanta bíonn muid just ag spraoi ag an bóthar le mo cairde Pól agus Liam.

'Sea, 'sea. Sin ... Liam ...

agus Deirdre ...

agus Deirdre. Ó 'sea, 'sea. Cé, cé hiad sin anois?

Tá siad ... sin ...

Tá, tá Liam anseo sa teach seo ... agus ansin tá, tá ...

Pól agus Deirdre sa teach ...

Pól agus Deirdre sa teach lena dtaobh.

Á 'sea.

[Fágtar tuairim is 100 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

Agus ansin, na daoine eile a bheadh tú ag spraoi leob ná Eimear b'fhéidir agus ...

yeah ...

Eoin ...

uaireantaí ligeann Mamaí teacht, teacht go dtí teach liomsa agus gabhann mise go dtí teach leob. Eimear agus Eoin agus Máirín ...

tá siad sin ag an scoil.

'Sea. Tá, tá, tá aithne agam orthub sin mar bhí mé ag caint le hEimear an tseachtain seo caite ... .

Yeah.

[Fágtar tuairim is 80 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

Ach is, is ... .

An bhfuil sé deacair, mar sin, meas tú, ei, a [ainm mháthair Bb8]*, ansin ... gasúir a thógáil le Gaeilge, an bhfuil fhios a'd, agus iad a choinneáil ag labhairt Gaeilge nó ...?*

Níl fhios a'm an bhfuil sé deacair ...

'sea ...

ach tá sé deacair gan ... Gaeilge a bheith acu i gcónaí but ...

'sea, 'sea ...

mar, mar <u>ahm</u> ... tá siad, dhá mbeadh gan teilifís acub ...

'sea ...

chuile sheans bheadh seans níos fearr agat gan aon Bhéarla a bheith ...

'sea, 'sea ...

á úsáid i gcónaí acub.

Mm.

Ach corruair. Ach ei, is, is ... ach tá fhios a'm go bhfuil an Gaeilge acu agus níl aon faitíos orm ...

'sea ... **go gcaillfidh siad í.**

Gaei-, ná ní bhei- ...

beidh sí acub i gcónaí.

Mm, mm.

Agus ...

mm ... **thairis sin, nuair bhí mise anois ag fás aníos, is Gaeilge uilig a bhí againn.**

'Sea, 'sea.

agus is Gaeilge a labhradh muid nuair a bhíodh muid ag spraoi.

Mm, hm.

Ach si-, sin é é mar sin.

Ach tá di- ...

am difriúil ...

'sea, am difriúil a bhí ann ... 'sea.

'Sea.

Cé nach bhfuil sé chomh fada sin ó shin i ndáiríre.

'Sea ach ... ag an am céanna ...

'sea ...

ní raibh an, ní raibh an oiread ... suim, b'fhéidir, sa teilifís againn, is b'fhéidir nach raibh sé an oiread, ní raibh sé againn ar tús, b'fhéidir ...

'sea ...

nuair a bhí muid beag ...

'sea, 'sea ...

so b'fhéidir go raibh muid níos sine nuair a f- ...

'sea,'sea ...

nuair a fuair muid é agus a thosaigh muid ag breathnú air ...

nuair a fuair sibh é, 'sea 'sea ... agus seans nach raibh an pobal, tá an pobal cineál níos meascthaí anois, ...

tá ...

nach bhfuil?

Ó, tá.

ná a bhí nuair a bhí tú féin ag teacht suas.

B'fhéidir, ní ghlaofainn strainséaraí ach ... daoine a bhí imithe go Meirice ...

'sea ...

nó go Sasana ...

'sea ...

tá siad tagthaí abhaile agus ansin ag tógáil a gclann anois anseo.

bó tá, tá ... 'sea, 'sea ... nó daoine ...

nó daoine eile nach as an áit ar chor bith.

'Sea, 'sea, 'sea ... nó daoin-, nó daoine eile, mar a déarfá, arb as an áit a muintir ach iad féin ... a tógadh ...

a tógadh ...

thall ... nó i Meiriceá nó i Sasana iad ... 'sea. Ea, tuigim, tuigim. Tá sin togha. **Tuigim ach ...**

mar sin ...

níl aon ehm ...

mm hm?

Tá mé sásta go bhfuil ... b'fhéidir scaití cloisfidh tú iad ag caint Gaeilge agus tá beagáinín ... ahm ... ní-, níl sé chomh ... láidir b'fhéidir agus a bhíodh mo Ghaeilgesa nó Gaeilge ...

'sea, 'sea ...

linne ...

'sea ...

ach ansin tá sé go deas freisin go bhfuil ...

'sea ...

Béarla agus an Gaeilge acu.

'Sea, 'sea.

Ní bheadh tú ag iarraidh iad a bheith ...

gan Bhéarla ...

sa Gaeltacht ...

'sea, 'sea ...

go brách.

'Sea, 'sea. Go díreach.

Is níor mhaith leat gan an Béarla ...

níos mó roghannaí acu amach, amach sa saol.

Tá.

[Fágtar tuairim is 70 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

Díreach, tá, tá iarratas amháin eile agam ort, ei, a [máthair Bb8], *agus ní choinneoidh mé thú. Má tá tú in ann é seo a dhéanamh, tá foirm anseo agam ... ea ... má tá tú in ann é a dhéanamh ... like ní scéal, ní scéal rómhór é agus má tá tú in ann é a dhéanamh, ei, tá sin togha agus mara bhfuil tú in ann é a dhéanamh, sin, tá sin togha freisin ach níl ann, tá sórt dia-, dialann agam anseo, an bhfuil fhios a'd? Ei Luan go Domhnach ... ei ... dá bhféadfá ... ei ... díreach tuairim nó barúil a thabhairt dhom de na, de na, de na, sn-, de na rudaí a bhíonns ar bun ... ag* [Bb8] *agus cé leis*

a mbíonn sí ag caint agus ag spraoi, an bhfuil fhios a'd? Mar shampla, an bhfeiceann tú ansin é ... ahm ... ei ... mar ... deartháir ...

duine a raibh sí ag caint leis b'fhéidir.

'Sea. Abair, deartháir ...

'sea ...

tic anseo, cén aois é an deartháir, an bhfuil fhios a'd? Ei, cén t-achar a raibh sí ag caint leis an duine sin ... agus ei céard a bhí sí a dh-, céard a bhí sí a dhéanamh, an bhfuil fhios a'd? Ní ... s-, sórt ... díreach barúil, ní gá dhó a bheith róphointeáilte ná tada den tsórt sin, an bhfuil fhios a'd ... tá, tá go leor ar do chúram agat ...

ceart go leor ...

agus díreach le go mb-, le go bhfaighinn barúil, an bhfuil fhios a'd, ó lá go lá cén sórt seachtaine a chaitheann sí, an bhfuil fhios a'd?

Agus an bhfuil tú ag iarraidh orm é sin a dhéanamh anois nó an bhfuil tú ag iarraidh ...

Nó, nó, nó ...

tósú ...

to-, tosaí hé, hé bí cén uair atá tú in ann, an bhfuil fhios a'd? Abair, amárch nó an lá, an lá dar gcionn nó Dé Luain seo chugainn nó ... níl aon deifir leis mar tá ... an oiread sin teaghlach le, le, le déanamh agam, an bhfuil fhios a'd ... go gcaithfidh ... nach mbeidh mé in ann é a bhailiú ar aon chuma go ceann, go gceann tamaill eile ...

ea tá sin ceart go leor ...

an bhfuil fhios a'd? Nó féadfaidh mé é a bhailiú anseo uait nó féadfaidh tú é ... a fhágáil ag an scoil, an bhfuil fhios a'd, hé bí cén, hé bí cén rud is feiliúnaí agus ach ...

ceart go leor ...

ach, ach ei déanfaidh mé teagmháil leat arís, an bhfuil fhios a'd, ei, ei maidir leis. **Ceart go leor.**

Ma, na ... ei ... cuid acub seo, ní bhaineann siad le hábhar, an bhfuil fhios a'd? Ní bhaineann siad, mar shampla, ehm *... ó 'sea, 'sea, cara le Gaeilge amháin ...*

le Gaeilge amháin.

Bhuel, bhuel, ní cara le Gaeilge amháin atá aici, is dóigh, is ... le haghaidh na, le haghaidh na ngasúr is óige atá sé seo, an bhfuil fhios a'd?

'Sea.

Anois, mar shampla, ní ... ei, í seo, an bhfuil fhios a'd, sin, sin dearthár*le Gaeilge amháin ...*

'sea ...

an bhfuil fhios a'd, mar níl an Béarla aige fós.

Ní bheadh.

An bhfuil fhios a'd? Ach ehm *...*

ceart go leor ...

ehm, *mar sin ... an bhfuil fhios a'd?*

'Sea ... má tá tú in ann.

Yeah ... ea beidh.

Agus níl, níl ann ach barúil agus si-, sin an méid, is sórt ... aríst is cineál bealach é leis an, leis na foinsí teanga atá aici a thomhais agus a mheas, 'sea. *So, sin é é, tá sin togha. Go raibh míle maith agaibh.*

Tá fáilte romhat.

[Fágtar tuairim is 200 focal ar lár anseo ar chúiseanna inaitheantachta]

Bc8

I think tá mo mhamaí mmm surprise party níl fhios a'm ... . Yeah. Mar gheall, b'fhéidir try-álfaidh sí hide-áil chuile shórt so ní fheicfidh mé é. Sin é a tharlaíonns amantaí nuair a dhéanann sí an surprise party ... . Tiocfaidh mé amach as an gcisteanach. Sin an áit a bhíonn mo bhirthday cake ag ... agus chuile shórt ... . Bhuel, the last time, ní lig [X] fheiceáil an cáca mar gheall ... b ... b ... surprise a bhí ann ... . Bhí sé ... is maith liom cáca.

'Sea.

Bhí an cáca deas, bhí sé ar nós chocolates ... only ... bhí sé pink agus bhí picitiúir de na ... 'bhfuil fhios a'd ... [x] ann ... only ... [x], bhí sí first a'm mar sin í an ceann atá ar an DVD ar dtús ... Agus ehm mo mhamaí bhí sí happy dom ... mar gheall bhí muid have ... bhí muid ag spraoi, bhí muid ag goil isteach sa seomra ag watch-áil videos, have-áil musical statues ... bhí muid in ann tóg deochannaí aon am atá muid ag iarraidh. Bhí chead a'm, fuair Oisín, mo friend dhom, fuair sé rud Hannah Montana [doiléir]. Bhí leabhar agus glitter agus paint-eáilte agus marker leis ... frei- ... agus glitter ar nós ... tá sé kinda like ... [doiléir]... glittery, kind of glittery ceann a bhí ann ... . Bhí tú in ann cuir ar rudaí é agus paint ... . Cuid den paint bhí sé glittery ... . Agus nuair a bhí mé, nuair a bhí mé ehm ... nuair a bhí mé sé ar mo bhirthday cheannaigh sé capall [x] dhom le [x] agus má tharraing tú an gruaig nó rud eicínt abann sé [aithris ar sheitreach mar dhea] agus pretend-ann sé go bhfuil sé ithe. Even mar sheo, tá tú in ann flap-áil wings agus déanann sí torann ... agus amantaí déanann sé amhrán. Agus tá tú in ann tarraing an tail freisin agus tá tú in ann oscail a mbéal mar shin so ag sé, abair sé cuid de rudaí agus fuair sé ceann purple dhom. An ceann purple is deise mar gheall ... an ceann pink bhí glitter le ceann purple níos deise mar gheall ... bhí sé ar nós gruaig purple agus uilig purple ... . Except súile blue a bhí ann.

Bc8

It's the small yellow house ... down there with the big gate and you can see a bit of grass in the corner there and a wall there and kinda grey, grey greenish path not really green, kinda grey.

OK!

And a grey path, kind of black path as well, and my house it has, d'ya know, em it has a very big gate that's green and kinda at the end there it has s ... some curls and stuff like that around it. And when you see it you can see like a pi ... a kinda turning up in a gate and you see a gate up there and a little shed. D'ya ... The one up the purple shed down there. And the wall that's next to the garden that the shed's next to ... the wall at the end down there, past that wall where the thing, the wood is around, that's where my dog is going. I get to visit him when they're over in the garden anytime I want.. And we put the l ... gate around it so just in case they go ... go in the rocks 'cos there's lots of thorns and stuff there.

Bd8

An bhfuil peata agat sa mbaile, an bhfuil?

Ei, tá mada.

An bhfuil? Cén t-ainm atá air?

Tá sé Rover.

Rover an t-ainm atá air?

Yeah.

'Sea, cén fáth a dt-, an dtug sibh é sin air?

Níl fhios a'm, ach just ... ei bhí sé called Rover.

'Sea, agus cé a thuganns aire dhó?

Ei, tógann mise agus mo auntie agus mo mamaí.

Ei bhuel, 'speáin dhom anois an bealach an bhfuil cónaí ort agus an ...

ei gabhann tú síos ansin ...

'sea ...

ansin casann tú an bealach sin ...

'sea ...

agus ansin just coinníonn tú goil agus ansin just gabhann tú síos aríst agus ansin just coinníonn tú goil ...

mm ...

agus ei tá teach mise ar an bealach sin agus tá Deirdre mo friend ... ei ... cónaí an bealach eile until beidh teach new í sin críochnaithe ...

mm hm ...

agus beidh sí in ann tioc ag mo theach.

An dtéann tú ag spraoi léi?

Ei, yeah.

Mm hm. Cén sort stuif ... céard a, céard a dhéanann tú nuair a théann tú abhaile ... oh *... tráthnóna? Tá fhios a'm, déanann tú obair baile, nach ndéanann?*

'Sea.

Céard eile a dhéanann tú?

Agus ansin scaití we-, ehm ... bíonn mé ag breathnú ar an telly.

Mm hm.

Agus ansin scaití tiocann Deirdre agus bíonn muid spraoi ag mo theach mar tá nós teachaín beag a'm agus bím ag spraoi café.

Café?

Yeah.

Céard é sin?

Agus anois tá go leor ice ann ...

'sea ...

so tá sé handy ...

'sea ... 'sea ...

mar gheall, mar bhí sé go leor uisce ann.

'Sea, ó 'sea ... . Cén chaoi, cén chaoi, cén chaoi a mbíonn tú ag spraoi café?

Oh well, just bíonn go leor mud a'inn agus bíonn muid use-áil rudaí agus uisce ... *mm hm ...*

agus ansin just cuireann muid ar rudaí é agus bíonn sé ... ansin ... mm thar barr. *Agus* ehm *... an bhfuil tú in ann cuimhneamh ar thada anois a tharla dhuit go dtí seo i do shaol ...* ehm *... ei ... a chuir ag gáirí thú, a chuir ag pléascadh amach ag gáirí thú, rud eicínt a chonaic tú nó rud eicínt a tharla ...*

hmm ...

a chuir ag gáirí thú?

Mm ... Mm ... Níl mé in ann cuimhneamh ... hmm ... *ach tá mé cinnte go raibh tú ... tá mé cinnte go raibh tú ag gáirí faoi rud eicínt.*

Bhí, ach just níl mé in ann cuimhneamh faoi iad.

An bhfuil tú in ann cuimhneamh, mar sin, ar rud eicínt a chuir faitíos ort?

Ei bhuel, bhuel l-, lá amháin, nuair a bhí muid .... ehm ... caithfidh mise agus mo mamaí fanacht ag teach mo friend ag tabh- aire don mada, agus ... ei .... bhí scoil a'm agus ní raibh's a'm an raibh an scoil dur [dul?] tóg mé ag an, mar bhí muid ag dul ar sc-, sc-, school tour agus ní raibh's a'm at first goil tóg mé liom ... a'm ... mar fé-, mar chaith mise mar bhí, tá an scoil i [logainm] agus bhí muide i [logainm].

'Sea.

So ansin chaith[e?] mise fanacht ag an, an siopa ann agus ansin ehm le muintir Majella ... *mm hm* ... agus ansin phioc siad suas muid. Bhí sé scary.

Be8

An bhfuil dearthaireachaí agus deirfiúrachaí agat?

Ceann amháin dearthair, ceann amháin deirfiúr.

'Sea. Cén t-ainm atá orthub?

Séamus agus Aoife.

Agus cé hé Spot*?*

Spot, sin é mo mada tá sé only ceann amháin.

Tá sé céard?

He jus' ... dhá biain aois.

Dhá bhliain d'aois. Agus cé a thuganns aire do Spot, cé a thuganns aire dhó?

Mise, mise agus mamaí only.

'Sea. An mbí-, an mbíonn tú ag tabhairt beath-, ... an mbíonn tú ag tabhairt beatha dhó?

Bíonn.

Agus ehm *... céard a dhéananns tú sa mbai-, nuair a théann tú abhaile tráthnóna ... ei... théis na scoile? An mbíonn tú ag spraoi?*

Bíonn mé ag spraoi le Spot 'is Pepsi agus ... nuair atá mo ...

Agus cé hí Pepsi?

Tá Pepsi mo cat agus nuair atá mé bored ...

mm hm ...

bhuel, tá Pepsi ag goil ag fáil babies ...

'sea, 'sea ...

ea, agus nuair atá mé bored ag spraoi le iad agus tá sé ag fáil dorcha ch-, gabh[faidh / -ann?] mé taobh istigh, beathnóidh mé ar an telly agus then spraoi[faidh / -ann?] mé le mo toys, agus an-, beathnú ar the Simpsoms agus nuair a ocht a clog gabhann mé a chodladh le story deas.

'Sea, 'sea. Agus ansin Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh, céard a dhéananns tú, nuair nach mbíonn tú ar scoil?

Um, well... gabh[faidh / -ann?] mé Gaillimh nó gabh[faidh / -ann?] mé ag teach le Paula. Tá Paula anseo i mo scoil, tá sí just i naíonán beaga.

Tá sí céard?

I mean naíonán móra. Tá sí ag mo scoil, tá sí just naíonán móra ... ei níl sé i mo rang ach tá sé i naíonán móra istigh sa scoil seo.

Agus céard a dhéanann sibh lá Nollag?

Ehm, bíonn muid ... well bíonn muid ag goil Gaillimh agus bíonn muid ehm ... ag goil mo cousins teach agus abair Happy Christmas agus ag tabhairt presents dó iad ... *'sea* ...

agus bíonn siad ag tabhairt presents dom freisin agus bíonn muid oscail na presents. T-am eile tug mo Daddy deartháir present mór millteach liom ... bhí mé die-áil le oscail é, bhí sé chomh mór le haghaidh an Christmas tree, caith mu-, caith muid cur thío faoin staighre é ansin.

Bf12

Bíonn go leor sweets a'inn, loads of sweets ar maidin ... ei éiríonn muid ag like a cúig a chlog ar maidin le haghaidh mo present(s?) a fháil.

Mm hmm!

Bhuel, b'fhéidir go bhfanfaidh muid sa leaba písín, má éiríonn muid róluath ach just, ach just níl muid in ann fanacht so ... eventually gabhann muid síos agus bíonn muid like ... yaaaaaaaaaaay ag goil síos an staighre ...

'sea ... agus ag scream-áil ag a chéile 'Éirigh, éirigh, éirigh!' agus ag scream-áil ... [Bf12 ag gáire] ... agus ag scream-áil ag a chéile ...

'sea, 'sea, 'sea. ...

'Céard a bhfuair tú? Céard a bhfuair mise?'

'Sea, 'sea, 'sea.

Usually bíonn na presents ag an fireplace agus bíonn siad like boscaí chomh mór sin agus má tá aon rud níos mó, boscaí chomh mór sin.

'Sea, 'sea.

[Bf12 ag gáire].

Agus ei bíonn loads of goodies stuffed síos an stoca.

Well, I mean ní féidir leat keyboard a stuff-áil síos an stoca ...

'sea ...

beag bídeach atá chomh mór sin.

'Sea, 'sea!

Wow! Bhí mé ag caint go leor. [Bf12 ag gáire]

'Sea bhí, ach nach cuma?

Ach ehm ... ach tá mé in ann ... ach just nuair a thosaíonns mé ag caint ... like nuair atá rud eicínt interesting atá mé ag caint faoi ...

'sea ...

just ní féidir liom stopadh like ...

'sea ...

because tá an oiread ... cainte le déanamh a'm. [Bf12 ag gáire]

'Sea, sure nach cuma?

Tá mé cineál mar chatterbox.

Anois ... an bhfuil tú in ann inseacht dhom faoi eachtra a tharla i do shaol, rud eicínt a tharla i do shaol a chuir ag gáirí thú?

Oh yeah!

An bhfuil tú in ann inseacht dhom faoi rud eicínt a tharla dhuit?

Ehm ... well ... ehm well, bhí muid ag turas ... ar turas scoile i rang ... a ... ceathair ... *mm hmm ...*

go dtí áit eicínt darbh ainm [X] ...

mm hm ...

kind of adventure ... place ...

ó 'sea ...

agus bhí mé ar quad bike agus chua-, bhí mé go maith go dtí gur bhump-áil mé isteach sa ... na tyres agus then chuaigh an quad bike cineál wooo ... voo voo agus then ... agus then just plop-áil mé isteach sa mud agus bhí sé sin like chomh funny agus I think go raibh an quad bike cineál fós ag goil vuuuh vuuuh vuuuh ar na tyres.

Dáiríre? Agus an raibh tú gortaithe?

Agus bhí ... agus bhí mé sort of ag caoineadh agus ... ach ní raibh mé gortaithe ar chor ar bith, just geit ó ... baineadh asam agus ehm ... ei ... nuair a bhí mé ... ag níocháin mé féin just chuimhnigh mé siar ar an rud a tharla dhom ...

'sea ...

agus then just thosaigh mé ag gáirí because bhí sé funny.

Bf12

We have a big feast ...

ah, ha ...

full of chocolate.

Mm hm.

We wake up at ... the kids wake at about five — me, Cathal, Cormac and Síofra and we rush downstairs screaming at each other ah ... and we go like 'What have you got? What have I got?' [Bf12 ag gáire]

Yeah!

'And what's this thing and ... [Bf12 ag gáire] what's that thing?'

OK!

And 'Wake up, wake up, wake up, it's Christmas.' [Bf12 ag gáire]. Well some Christmases we go up to [logainm] and we ... and we get our faces painted and we get presents from the Santa Claus who knows everything ... .

Yeah, OK! Excellent! Yeah ... *and ... and ... and excellent.*

But sometimes he gives us presents that are a bit lame.

Oh! How so?

Like last year he only gave me a [ainm earra].

OK!

Like what use is that? It's only a stupid [ainm earra]. [Bf12 agus tgr. ag gáire]. Yeah! This year I'm hoping he won't give me any lame presents ...

OK! ...

because he just ... because I just wrote that down.

OK!

Maybe he might know that.

OK!

Last year he sent Siobhán, like, my cousin Siobhán likes [carachtar finnscéalaíochta] and she does ...

OK! ...

so it's kinda true.

OK! Well I suppose ...

ehm ... and I want to be catching on to doing grown-up and teenager stuff.

OK!

You know.

OK! What age are you n-?

That's the point in getting an [ainm earra] and a [ainm earra] and an [ainm earra]. *OK!*

And maybe even a mini-laptop a bit later ...

OK! OK! ...

when I'm thirteen or something, I suppose.

But what age are you now?

Eleven.

OK! So you ... you've a bit of a way to go, haven't you?

Yaaah!

You're not quite grown up yet. [Bf12 agus tgr. ag gáire]

OK! OK! But you're looking forward to Christmas anyway. We got a ... it's about a ... it's about a month and a half away, I think isn't it? ... And can you tell me then ... ehm ... eh ... we spoke earlier on about things that have happened to you in your life ... eh ... maybe something that happened that made you laugh, really burst out laughing. Can you think of something, can you think of something to tell me that happened in ... happened in your li-, in your life like that?

Ehm on my school tour when I went quad-biking and I was doing fine ...

mm hmm ...

’til, ’til I accidentally kind of accelerated a bit too much and then ... the thing ... and then ... uh the bike went vvvvvVVVV and then, and then I went aaaaaah [doiléir] and then I kind of g-, went vvvvvv, vvvvvv, VVVVV ... and then up on the tyres.

OK!

[Bf12 ag gáire].

And then I just fell into a puddle of mud.

Fa16

Is Gaeilge i gcónaí a labhair mise ...

mm hm ...

go hiondúil sa mbaile, go leor dhó ag an scoil ...

'sea ...

ach ansin tá áiteannaí eile ann, 'is téann tú ann, 'is ní bhíonn Gaeilge ar bith acub ...

mm hm ...

agus nuair atá an Béarla agat, ansin téann siad, téann siad go maith le chéile ...

mm hm, mm hm. Tá tú, tá tú in ann an dá cheann a chur ag obair nuair is mian leat?

Yeah, tá.

Ach cén uair anois i do shaol ó lá go lá, cén uair a labhrann tú Béarla agus cén uair a labhrann tú Gaeilge?

Gaeilge i gcónaí sa mbaile ...

mm hm ...

agus go leor daoine ag an scoil Gaeilge i gcónaí ...

mm hm.

Ansin, tá daoine áirthid ann, is Béarla a labharfainn leob.

Ar scoil? 'Sea.

Agus taobh amuigh den scoil, cén áit, cén áit a labhrann tú Béarla agus Gaeilge?

Gaeilge i gcónaí gcónaí ...

'sea ...

taobh amuigh den scoil, unless go raibh mé théis dhul isteach go Gaillimh nó in éi-, in éineacht le mo chairde nó rud eicínt mar sin ...

'sea, 'sea, 'sea, 'sea ...

mar tá go leor acub 'is nach bhfuil Gaeilge acu, an bhfuil fhios a'd, ní as Éirinn iad agus ...

'sea, 'sea ... níl siad i bhfad anseo, sin é é.

Agus d-, nuair a bhíonn tú ar an ríomhaire, nuair a bhíonn tú ar Facebook, mar shampla, glacaim leis gur Béarla a bhíonn tú ... ag cur ag obair.

Is i nGaeilge actually ...

is i nGaeilge ...

a dhéanaim an chuid is mó dhó ...

'sea, 'sea ...

ag léamh teachtaireachtaí 's rudaí is i nGaeilge a bh-, a dhéanaim iad.

'Sea, 'sea. Agus an bhfuil aon, an bhfuil tú in ann leathanach Gaeilge a fháil?

Tá. Tá tú in ann chuile shórt atá ar Facebook a athrú go Gaeilge nó aon leathanach tá tú ag iarraidh.

An bhfuil sin déanta agat?

Tá mé in ann é a dhéanamh.

Ea ... an bhfuil sé déanta agat?

No.

Bíonn sé ... ní bhím air móran.

'Sea, 'sea ...

so ...

'sea, tuigim, tuigim. Tá sin togha, tá sin togha. Agus ei ... dá mbeifeá ... an bhfuil aon chlub sóisialta thart anseo a mbíonn tú ag dul chuige nó ... an mbíonn tú ag ...?

No, ní bhíonn, just ní bhíonn aon suim a'm iontub.

'Sea, 'sea.

Club óige ann, tá sin ann oíche Dé hAoine ach ní théann aon duine de mo chuid cairde ann, so ní théimse ann.

'Sea ... ei, ei, ea, ea, an mbíodh tú ag dul ann?

Chuaigh mé ann feadh ... coicís, trí seachtainí sa chéad bhliain ach níor thaitnigh sé liom.

'Sea, 'sea.

Stop mé ansin ...

Yeah, is mó Gaeilge a labhranns na buachaillí ag an scoil anseo ...

'sea ...

ar aon nós.

'Sea ... agus na cailíní?

Béarla.

'Sea, 'sea. Tuige sin, meas tú? Cén fáth?

Níl fhios a'm, bhuel, na, na buachaillí a bhí i mo rangsa anuraidh, is Gaeilge i gcónaí like ...

mm hm ...

bhí Béarla, ní raibh Béarla mhaith acub ar chor ar bith ...

'sea, 'sea ...

agus ...

Cérbh as na leaids sin?

As an gceantar ...

'sea, 'sea ...

taobh amuigh de, bhí, bhí leaid amháin agus níorbh as an áit é agus cineál ní raibh fhios aige céard a bhí siad a rá.

Mm hm.

Ach na cailíní ansin i gcónaí is i mBéarla a bhíonn sé.

Fd16

Bhuel ei ... is dóigh san Ardteist bíonn Gaeilge mar cheann de na hábhair ... ba cheart a bheadh agat agus is dóigh gurb in an fáth.

Mm hm.

Tá sé tábhachtach go mbeadh an Ghaeilge a'm.

'Sea. *An bhfuil sé tábhachtach ar ... ar bhealach níos pearsanta ná sin?*

Bhuel yeah, is dóigh mar ... ss ... labhair mo mhuintir é agus a muintir sin, tá sé chomh maith é a choinneáil beo.

'Sea, 'sea.

An chaoi a bheidh sé ann.

'Sea, 'sea. Tá sin togha, tá *sin togha*. *Agus cén teanga is mó ina mbíonn tú ag caint? Thú fein, an bhfuil a fhios a'd*. *Chuile lá*.

Ag an scoil 'is sa mbaile?

'Sea, 'sea, chuile áit, mar a déarfá, 'sea.

Is dóigh Gaeilge.

'Sea.

Gaeilge an chuid is mó, b'fhéidir.

Gaeilge sa mbaile ar aon chuma.

Oh yeah, Gaeilge sa mbaile.

An bhfuil tú ... an Gaeilge a bhí ... a labhrann tú le do dhearthaireachaí?

Ahm, amantaí bímse ag labhairt Béarla, amantaí labhraim Béarla leob, ach is dóigh Gaeilge an chuid is mó.

'Sea, 'sea. Agus ehm ... abair anois sa scoil freisin? Cé atá taobh amuigh ansin? [Fd16 ag gáire]

Hea? Ah no, níl, níl.

Ehm. *Cé ehm ... ehm ... cén teanga is mó a mbíonn tú ... a mbíonn tú ag labhairt thart anseo, an bhfuil fhios a'd, sa gclós, agus mar sin?*

Ehm ... bím ag labhairt Gaeilge le ... an chuid is mó de mo chairde ach ...

'sea ...

ach labhraim Gaeilge le ch-, le na cairde uilig a bhí a'm ón mbunscoil ...

'sea.

'Gus cupla duine nach ... raibh aithne a'm orthub roimhe seo. Má fhaighim amach bíonn siad as Sasana ...

'sea, 'sea, 'sea ...

nó tháinig siad as Sasana nuair a bhí siad óg is dóigh labhraim Béarla leob.

'Sea, 'sea.

Den chuid is mó.

Go díreach, go díreach. Agus ú, ei ... cailíní agus buachaillí ei ... an mbíonn tú, an bhfuil difríocht idir ... cailíní agus buachaillí sa méid sin?

Ei ...

na cailíní cén ...

b'fhéidir go labhraim Béarla níos mó le na cailiní, b'fhé-, ...

'sea,'sea ...

an chuid is mó de na cailíní.

Cén fáth, meas tú? Tuige?

Níl fhios a'm, is dóigh ... tá mé níos compordach ...

'sea ...

timpeall na leaids, is dóigh.

Bc16

Dá mbeadh tú ag caint le duine eicínt, mara mbeadh aon Ghaeilge acub ...

mm hm ...

tá an Béarla agat le haghaidh, an bhfuil fhios a'd ...

'sea, 'sea, 'sea ...

labhairt leo. Nó mara mbeadh tú in ann rud eicínt a mhíniú i teanga amháin, bheadh an teanga eile a'd le haghaidh é a mhíniú.

'Sea, 'sea.

Tá sé cineál ... handy, you know, an bhfuil fhios a'd ...

'sea, 'sea, 'sea ...

ar bhealach.

Agus thú féin anois, ei, ó lá go lá, cén teanga is mó an mbíonn tú, an mbíonn tú ag labhairt?

Gaeilge.

Gaeilge. An bhfuil tú in ann ... cén méid, cén méid den am ... fich- ... n-, n-, ochtó faoin gcéad, seachtó faoin gcéad Gaeilge nó ...?

Ochtó, naocha faoin gcéad den am, Gaeilge.

Gaeilge ... 'sea, agus ehm, cén uair mar sin an mbíonn tú ag labhairt Béarla?

Dhá mbeadh mé ag obair anois, mura mbeadh ...

mm hm ...

tá fhios a'd ... formhór na ndaoine nach mbeadh Gaeilge acu ...

'sea, 'sea ...

agus just corr-rud, dá mbeadh tú sa scoil, abair i rang mBéarla nó ...

mm ...

dá mbeadh rud eicínt, mara mbeadh tú in ann é a mhíniú ...

'sea, 'sea ...

bheadh sé ...

'sea, 'sea ...

níos éasca.

Agus anois ehm ... agus le do chairde thart anseo, mar a déarfá, is i ... is i nGaeilge a labhranns tú leob?

Gaeilge is mó, 'sea.

Gaeilge is mó?

Yeah.

Agus an bhfuil aon ... an bhfuil aon ... aon chara agat anseo, mar a déarfá, a labhrann t-, a labhrann tú Béarla leis nó léi?

Níl i ndáiríre.

Níl ... hm ... níl. Agus an dtugann tú faoi deara daoine ag labha-, daoine áirithe ag labhairt Béarla, daoine áirithe ag labhairt Gaeilge ... thart anseo?

Tugann, tá sé ... amantaí thosá féin ar an mBéarla agus chríochná ar an nGaeilge, nó ...

'sea, 'sea ...

thosá ar an nGaeilge agus chríochná ar an mBéarla ...

'sea, 'sea, 'sea, 'sea, go díreach. 'Sea, sin an chaoi a mbíonn sé nuair a bhíonns an dá theanga a'd ...

nádúrach ea ...

'sea, 'sea. Agus ehm ... cen teanga is mó, abair, nuair a théann tú a chodladh san oíche, cén teanga is mó a mbíonn tú ag briong-, ina mbíonn tú ag brionglóidí, an gceapann tú?

Gaeilge, cheapfainn.

Gaeilge, 'sea, 'sea ...

chomh fada le mo chuimhne.

'Sea, 'sea ... ní, ní, ní, níl sé éasca cuimhneamh ...

'sea.

Ei ... nuair a bhíonns tú ag eascainí, abair, cén ... níl mé ag rá go mbíonn tú ag eascainí, ach bíonn muid ar fad ag eascainí ó am go chéile?

Á, an dá theanga.